C/2024/4018

17.7.2024

P9_TA(2023)0253

An Rialachán nua maidir le Táirgí Foirgníochta

Leasuithe a ghlac Parlaimint na hEorpa an 11 Iúil 2023 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos coinníollacha comhchuibhithe maidir le táirgí foirgníochta a mhargú, lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1020 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 305/2011 (COM(2022)0144 – C9-0129/2022 – 2022/0094(COD)) [1]

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

(C/2024/4018)

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) Chun go gcuirfear táirge foirgníochta ar an margadh, tá sé d'oibleagáid ar an monaróir dearbhú feidhmíochta a tharraingt don táirge sin. Glacann an monaróir an fhreagracht air féin as comhréireacht an táirge leis an bhfeidhmíocht dhearbhaithe sin. ***Déantar foráil maidir le díolúintí*** áirithe ón oibleagáid sin.	(2) Chun go gcuirfear táirge foirgníochta ar an margadh ***atá cumhdaithe ag sonraíocht theicniúil chomhchuibhithe***, tá sé d'oibleagáid ar an monaróir dearbhú feidhmíochta a tharraingt ***suas*** don táirge sin. Glacann an monaróir an fhreagracht air féin as comhréireacht an táirge leis an bhfeidhmíocht dhearbhaithe sin. ***Ba cheart táirgí*** áirithe ***a dhíolmhú*** ón oibleagáid sin***, amhail táirgí a mhonaraítear go leithleach nó táirgí saincheaptha***.

[1] Tarchuireadh an ní ar ais chuig an gcoiste freagrach le haghaidh idirbheartaíocht idirinstitiúideach de bhun Riail 59(4), an ceathrú fomhír (A9-0207/2023).

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(4) Is gá sreafaí faisnéise a fheidhmíonn go maith a bhunú, lena n-áirítear trí mhodhanna leictreonacha, chun a áirithiú go mbeidh faisnéis chomhleanúnach agus thrédhearcach ar fáil feadh an tslabhra soláthair. Meastar go méadóidh sé sin trédhearcacht agus go bhfeabhsófar éifeachtúlacht i dtéarmaí aistrithe faisnéise. Dá n-áiritheofaí rochtain dhigiteach ar fhaisnéis chuimsitheach faoi tháirgí foirgníochta, rannchuideofaí le digitiú earnáil na tógála ar fad, rud a d'fhágfadh go mbeadh an creat oiriúnach don ré dhigiteach. Chiallódh rochtain ar fhaisnéis iontaofa bhuan freisin nach gcuirfeadh oibreoirí eacnamaíocha ná gníomhaithe eile le neamhchomhlíonadh a chéile	(4) Is gá sreafaí faisnéise a fheidhmíonn go maith a bhunú, lena n-áirítear trí mhodhanna leictreonacha ***agus i bhformáid mheaisín-inléite***, chun a áirithiú go mbeidh faisnéis chomhleanúnach agus thrédhearcach ar fáil feadh an tslabhra soláthair. Meastar go méadóidh sé sin trédhearcacht agus go bhfeabhsófar éifeachtúlacht i dtéarmaí aistrithe faisnéise. Dá n-áiritheofaí rochtain dhigiteach ar fhaisnéis chuimsitheach faoi tháirgí foirgníochta, rannchuideofaí le digitiú earnáil na tógála ar fad, rud a d'fhágfadh go mbeadh an creat oiriúnach don ré dhigiteach. Chiallódh rochtain ar fhaisnéis iontaofa bhuan freisin nach gcuirfeadh oibreoirí eacnamaíocha ná gníomhaithe eile le neamhchomhlíonadh a chéile

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(7) Agus ***na*** spriocanna comhshaoil á saothrú, lena n-áirítear an comhrac i gcoinne an athraithe aeráide, is gá oibleagáidí nua comhshaoil a bhunú agus ***an bealach a réiteach*** d'fhorbairt agus ***do*** chur i bhfeidhm ***modha measúnaithe*** chun inbhuanaitheacht chomhshaoil táirgí foirgníochta a ríomh. Ar an gcúis chéanna, is gá raon na n-oibreoirí eacnamaíocha rialáilte a leathnú, ós rud é go bhfuil ról le himirt ag dáileoirí, ag soláthróirí agus ag monaróirí uile maidir le hinbhuanaitheacht chomhshaoil in earnáil na tógála a ríomh. Ba cheart, dá bhrí sin, dhá threo a dhéanamh den raon sin, ó dháileoirí go dtí na hoibreoirí eacnamaíocha atá ag ullmhú athúsáide agus athmhonaraithe táirgí foirgníochta agus réamhtheachtacha	(7) Agus spriocanna comhshaoil á saothrú, lena n-áirítear an comhrac i gcoinne an athraithe aeráide ***agus an t-aistriú i dtreo geilleagar ciorclach***, is gá oibleagáidí nua comhshaoil a bhunú***, gan méadú díréireach a dhéanamh ar mhaorlathas*** agus ***costais*** d'***oibreoirí eacnamaíocha, go háirithe do FBManna, agus modh measúnaithe a*** fhorbairt agus ***a*** chur i bhfeidhm chun inbhuanaitheacht chomhshaoil táirgí foirgníochta a ríomh ***bunaithe ar EN 15804 agus ar Dhearbhuithe Comhshaoil do Tháirgí ('EPDanna') atá á n-úsáid go forleathan ag monaróirí táirgí foirgníochta. Tá sé sin bunriachtanach chun ríomh ceart an tionchair*** ar an ***gcomhshaol ar leibhéal na tógála a áirithiú de réir EN 15978. Ar an*** gcúis chéanna, is gá raon na n-oibreoirí

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
ón monaróir thar sholáthraithe táirgí idirmheánacha agus/nó amhábhar. Ina theannta sin, ní mór d'oibreoirí áirithe a thagann chun cinn i gcomhthéacs táirgí úsáidte nó codanna eile d'oibreacha foirgníochta a dhíchóimeáil nó oibreoirí áirithe a athmhonarú agus a n-athúsáid rannchuidiú le dara saol sábháilte táirgí foirgníochta.	eacnamaíocha rialáilte a leathnú, ós rud é go bhfuil ról le himirt ag dáileoirí, ag soláthróirí agus ag monaróirí uile maidir le hinbhuanaitheacht chomhshaoil in earnáil na tógála a ríomh. Ba cheart, dá bhrí sin, dhá threo a dhéanamh den raon sin, ó dháileoirí go dtí na hoibreoirí eacnamaíocha atá ag ullmhú athúsáide agus athmhonaraithe táirgí foirgníochta agus réamhtheachtacha ón monaróir thar sholáthraithe táirgí idirmheánacha agus/nó amhábhar. Ina theannta sin, ní mór d'oibreoirí áirithe a thagann chun cinn i gcomhthéacs táirgí úsáidte nó codanna eile d'oibreacha foirgníochta a dhíchóimeáil nó oibreoirí áirithe a athmhonarú agus a n-athúsáid rannchuidiú le dara saol sábháilte táirgí foirgníochta.

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(8) Chun sábháilteacht agus feidhmiúlacht táirgí foirgníochta agus, ***trí leathnú***, oibreacha foirgníochta a áirithiú, ***is gá a sheachaint go gcuirfear ar an margadh mar tháirgí foirgníochta ítimí nach bhfuil ceaptha ag a monaróirí mar tháirgí foirgníochta. Dá bhrí sin, ba cheart d'allmhaireoirí, do dháileoirí agus d'oibreoirí eacnamaíocha iartheachtacha eile a áirithiú nach ndíoltar na táirgí foirgníochta sin mar tháirgí foirgníochta. Ina theannta sin,*** níor cheart do sholáthraithe seirbhíse áirithe***,*** amhail soláthraithe ***seirbhísí*** comhlíonta ***nó soláthraithe seirbhísí priontála 3D,*** cur le neamhchomhlíonadh oibreoirí eacnamaíocha eile. Is gá, dá bhrí sin, forálacha ábhartha a dhéanamh infheidhme freisin maidir leis na seirbhísí sin agus maidir lena soláthraithe.	(8) Chun sábháilteacht agus feidhmiúlacht táirgí foirgníochta agus, ***ag leanúint as sin***, ***sábháilteacht agus feidhmiúlacht*** oibreacha foirgníochta***, chomh maith le hoibrithe agus tomhaltóirí,*** a áirithiú, níor cheart do sholáthraithe seirbhíse áirithe amhail soláthraithe ***seirbhíse*** comhlíonta cur le neamhchomhlíonadh oibreoirí eacnamaíocha eile. Is gá, dá bhrí sin, forálacha ábhartha a dhéanamh infheidhme freisin maidir leis na seirbhísí sin agus maidir lena soláthraithe.

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(9) D'fhéadfadh ***oibreoirí eacnamaíocha*** éagsúla ***tacar sonraí 3D, meaisín nó múnla clódóireachta 3D a chur ar fáil, agus an t-ábhar atá le húsáid ann a chur ar fáil, rud a d'fhágfadh nach mbeadh aon cheann de na hoibreoirí sin freagrach as sábháilteacht ná feidhmíocht iomchuí an táirge 3D-phriontáilte. Chun rioscaí sábháilteachta a d'fhéadfadh a bheith ann i ndáil leis sin a sheachaint, is gá,*** dá bhrí sin, ***forálacha a leagan síos*** maidir le tacair sonraí ***clódóireachta 3D,*** ábhair ***a bheartaítear a úsáid le haghaidh cló-chló 3D agus le haghaidh seirbhísí clódóireachta 3D a cheadaíonn cló ó 3D ar tháirgí foirgníochta, ionas, trí na forálacha sin a urramú, go sroicheann na hoibreoirí eacnamaíocha, i gcomhpháirt, leibhéal sábháilteachta atá cosúil leis an leibhéal sábháilteachta a áirithítear do ghnáththáirgí foirgníochta***.	(9) D'fhéadfadh ***daoine nádúrtha nó dlítheanacha*** éagsúla ***táirgí foirgníochta áirithe a phriontáil in 3T.*** Dá bhrí sin, ***is gá a shoiléiriú gur cheart go gcomhlíonfadh duine nádúrtha nó dlítheanach a dhéanann táirgí foirgníochta a phriontáil in 3T na hoibleagáidí atá ar mhonaróirí, agus táirgí do chliaint á gcur ar an margadh aige. Ina theannta sin, is gá a áirithiú go n-úsáideann an duine sin na tacair sonraí 3T iomchuí, agus go ndeachaigh na hábhair a úsáideadh faoi na nósanna imeachta is infheidhme*** maidir le ***táirgí agus go bhfuil an fhaisnéis a sholáthair monaróir an*** tacair sonraí ***3T agus an fhaisnéis a sholáthair monaróir an*** ábhair ***priontála ag teacht le chéile***.

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 10

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(10) ***D'fhonn sábháilteacht agus cosaint an chomhshaoil a áirithiú agus chun lúb ar lár rialála a dhúnadh a bheadh ann murach sin, is gá a shoiléiriú go bhfuil táirgí foirgníochta a mhonaraítear ar an láithreán foirgníochta lena n-ionchorprú láithreach sna hoibreacha foirgníochta faoi réir na rialacha céanna le táirgí foirgníochta eile. Is minic, áfach, go ndéanann micrifhiontair táirgí a mhonarú agus a shuiteáil ar an láthair agus iad ina n-aonar.*** Dá gcuirfí ***na*** micrifhiontair ***sin*** faoi gach uile chúinse faoi réir na rialacha céanna a bheadh ag fiontair eile, bheadh tionchar díréireach aige sin ar na micrifhiontair sin. Is gá, dá bhrí sin, a chur ar chumas na mBallstát díolúine a thabhairt do mhicrifhiontair ó dhearbhú feidhmíochta a tharraingt suas i gcásanna sonracha, i gcás nach ndéantar difear do leasanna Ballstát eile.	(10) Dá gcuirfí micrifhiontair faoi gach uile chúinse faoi réir na rialacha céanna a bheadh ag fiontair eile, bheadh tionchar díréireach aige sin ar na micrifhiontair sin. Is gá, dá bhrí sin, a chur ar chumas na mBallstát díolúine a thabhairt do mhicrifhiontair ó dhearbhú feidhmíochta a tharraingt suas i gcásanna sonracha, i gcás nach ndéantar difear do leasanna Ballstát eile. ***Ba cheart na sásraí maoiniúcháin is gá a chur ar fáil d'údaráis áitiúla chun cabhrú le micrifhiontair rochtain a fháil ar an margadh táirgí inbhuanaithe agus a bheith mar chuid de.***

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 11

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(11) Trí shaorghluaiseacht ***trealamh nó cóimeálacha de tháirgí*** foirgníochta ar an margadh inmheánach a áirithiú, beidh tairbhí inbhraite ann do shaoránaigh, do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí, go háirithe. ***Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil, áfach, ba cheart comhdhéanamh na sonraíochtaí sin a shainiú go cruinn i sonraíochtaí teicniúla comhchuibhithe nó i ndoiciméid um measúnú Eorpach.***	(11) Trí shaorghluaiseacht ***an trealaimh táirgí*** foirgníochta ar an margadh inmheánach a áirithiú, beidh tairbhí inbhraite ann do shaoránaigh, do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí, go háirithe.

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 12

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(12) D'fhéadfadh sé go laghdófaí praghas tithíochta agus go mbeadh tionchar dearfach sóisialta agus eacnamaíoch ag margadh an Aontais do thithe beaga réamhdhéanta aonteaghlaigh. Is tosaíocht i gcónaí í cothroime do thomhaltóirí, go háirithe ach níl sé teoranta d'inacmhainneacht tithíochta a áirithiú i gcomhthéacs an aistrithe ghlais, i gcomhréir leis an Togra le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le haistriú cothrom i dtreo neodracht na haeráide a áirithiú [40]***, go háirithe moltaí 7 a)-c). Is gá, dá bhrí sin, rialacha comhchuibhithe a leagan síos do thithe beaga den sórt sin. Mar sin féin, is oibreacha tógála iad tithe beaga freisin, a bhfuil na Ballstáit inniúil ina leith. Ós rud é go bhféadfadh sé nach mbeadh sé indéanta na ceanglais náisiúnta go léir maidir le tithe beaga teaghlaigh réamhdhéanta aon-teaghlaigh réamhdhéanta a chomhtháthú go carnach sna sonraíochtaí teicniúla comhchuibhithe amach anseo, ba cheart go mbeadh sé de cheart ag na Ballstáit diúltú do chur i bhfeidhm na rialacha atá le cur i bhfeidhm maidir leis na tithe teaghlaigh réamhdhéanta sin.***	***scriosta***

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
([40]) *[40]**Togra le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le haistriú cothrom i dtreo neodracht aeráide a áirithiú COM(2021)801 final (NLE)***	

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 14

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(14) Níor cheart táirgí foirgníochta a ndearnadh measúnú orthu cheana agus a athúsáidtear a bheith faoi réir na rialacha a bhfuil feidhm acu maidir le táirgí foirgníochta nua. Mar sin féin, ba cheart go mbeadh táirgí foirgníochta nár cuireadh ar mhargadh an Aontais riamh roimhe sin faoi réir na rialacha céanna a bhaineann le táirgí foirgníochta nua, ós rud é nár measúnaíodh táirgí den sórt sin riamh.	(14) Níor cheart táirgí foirgníochta a ndearnadh measúnú orthu cheana agus a athúsáidtear a bheith faoi réir na rialacha a bhfuil feidhm acu maidir le táirgí foirgníochta nua. Mar sin féin, ba cheart go mbeadh táirgí foirgníochta nár cuireadh ar mhargadh an Aontais riamh roimhe sin faoi réir na rialacha céanna a bhaineann le táirgí foirgníochta nua, ós rud é nár measúnaíodh táirgí den sórt sin riamh. ***Baineann sé sin le táirgí foirgníochta a mhonaraítear ar an láithreán tógála lena n-ionchorprú láithreach sna hoibreacha foirgníochta.***

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 15

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(15) D'fhonn a áirithiú go gcosnófar sábháilteacht agus feidhmiúlacht táirgí foirgníochta, ba chóir go mbeadh feidhm freisin ag rialacha is infheidhme maidir le táirgí foirgníochta nua maidir le táirgí foirgníochta úsáidte i gcás ina n-athraítear an úsáid bheartaithe, seachas chun críocha maisiúcháin, le haghaidh táirgí foirgníochta úsáidte le húsáid tosaigh dhoiléir, le haghaidh táirgí foirgníochta úsáidte a ndearnadh próiseas tábhachtach claochlaitheach orthu ***agus*** le haghaidh táirgí foirgníochta úsáidte a mhaíonn oibreoir eacnamaíoch go bhfuil saintréithe breise acu nó go gcomhlíonann siad ceanglais an táirge.	(15) D'fhonn a áirithiú go gcosnófar sábháilteacht agus feidhmiúlacht táirgí foirgníochta, ba chóir go mbeadh feidhm freisin ag rialacha is infheidhme maidir le táirgí foirgníochta nua maidir le táirgí foirgníochta úsáidte i gcás ina n-athraítear an úsáid bheartaithe, seachas chun críocha maisiúcháin, le haghaidh táirgí foirgníochta úsáidte le húsáid tosaigh dhoiléir, le haghaidh táirgí foirgníochta úsáidte a ndearnadh próiseas tábhachtach claochlaitheach orthu***,*** le haghaidh táirgí foirgníochta úsáidte a mhaíonn oibreoir eacnamaíoch go bhfuil saintréithe breise acu nó go gcomhlíonann siad ceanglais an táirge ***agus le haghaidh táirgí foirgníochta úsáidte agus iad á gcur ar an margadh den chéad uair ag an oibreoir eacnamaíoch***.

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 17

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(17) Is minic a allmhairítear táirgí foirgníochta a chuirtear ar an margadh sna réigiúin is forimeallaí den Aontas Eorpach ó thíortha comharsanachta, agus dá bhrí sin ní bhíonn siad faoi réir ceanglas atá leagtha síos i ndlí an Aontais. Bheadh costas díréireach ag baint leis na táirgí foirgníochta sin a chur faoi réir na gceanglas sin. Ag an am céanna, is ar éigean a scaiptear táirgí foirgníochta a mhonaraítear sna réigiúin is forimeallaí i mBallstáit eile. Dá réir sin, ba cheart go mbeadh an deis ag na Ballstáit táirgí foirgníochta a chuirtear ar an margadh ***nó atá suiteáilte go díreach*** sna réigiúin is forimeallaí den Aontas Eorpach a dhíolmhú ó na ceanglais sin.	(17) Is minic a allmhairítear táirgí foirgníochta a chuirtear ar an margadh sna réigiúin is forimeallaí den Aontas Eorpach ó thíortha comharsanachta, agus dá bhrí sin ní bhíonn siad faoi réir ceanglas atá leagtha síos i ndlí an Aontais. Bheadh costas díréireach ag baint leis na táirgí foirgníochta sin a chur faoi réir na gceanglas sin. Ag an am céanna, is ar éigean a scaiptear táirgí foirgníochta a mhonaraítear sna réigiúin is forimeallaí i mBallstáit eile. Dá réir sin, ba cheart go mbeadh an deis ag na Ballstáit táirgí foirgníochta a chuirtear ar an margadh sna réigiúin is forimeallaí den Aontas Eorpach a dhíolmhú ó na ceanglais sin.

Leasú 12

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 18

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(18) D'fhonn iarracht a dhéanamh an oiread comhleanúnachais rialála agus is féidir a bhaint amach, ba cheart go gcuirfeadh an Rialachán seo, a mhéid is féidir, leis an gcreat cothrománach dlí, sa chás seo, eadhon Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. ***Leanann sé an treocht le déanaí i*** reachtaíocht táirgí réiteach cúltaca ***a fhorbairt*** i gcás ***nach soláthraíonn na hEagraíochtaí Eorpacha um Chaighdeánú caighdeáin chomhchuibhithe ar féidir iad a lua san Iris Oifigiúil***. Ós rud é nach bhféadfaí aon chaighdeáin chomhchuibhithe do tháirgí foirgníochta a lua san Iris Oifigiúil ó dheireadh 2019 agus nach bhféadfaí ach dosaen a lua ó tháinig Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 i bhfeidhm, ba cheart ***na cumhachtaí cúltaca nua*** don Choimisiún a ***bheith níos cuimsithí fós, rud a d'fhágfadh*** go mbeifí in ann aschur foriomlán na sonraíochtaí teicniúla a bharrfheabhsú ionas go mbreathnófar ar an moill a bhaineann leis an oiriúnú don dul chun cinn teicniúil.	(18) D'fhonn iarracht a dhéanamh an oiread comhleanúnachais rialála agus is féidir a bhaint amach, ba cheart go gcuirfeadh an Rialachán seo, a mhéid is féidir, leis an gcreat cothrománach dlí, sa chás seo, eadhon Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. ***I gcomhréir le*** reachtaíocht ***eile maidir le*** táirgí***, áfach, déantar foráil sa Rialachán seo maidir le*** réiteach cúltaca i ***gcásanna eisceachtúla agus dea-shainithe i*** gcás ***ina bhfuil cur i bhfeidhm gnímh reachtaigh i mbaol***. Ós rud é nach bhféadfaí aon chaighdeáin chomhchuibhithe do tháirgí foirgníochta a lua san Iris Oifigiúil ó dheireadh 2019 agus nach bhféadfaí ach dosaen a lua ó tháinig Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 i bhfeidhm, ba cheart don Choimisiún***, i gcomhar le heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú, réiteach inoibrithe*** a ***bhunú lena bhfágfaí*** go mbeifí in ann aschur foriomlán na sonraíochtaí teicniúla a bharrfheabhsú ionas go mbreathnófar ar an moill a bhaineann leis an oiriúnú don dul chun cinn teicniúil.

Leasú 13

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 19

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(19) I gcás ina leagtar síos le caighdeáin chomhchuibhithe na rialacha maidir le measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht i ndáil leis na buntréithe is ábhartha do chóid tógála na mBallstát, ba cheart go leanfadh caighdeáin chomhchuibhithe de bheith éigeantach, ***ós rud é nach mbaineann ach*** caighdeáin ***éigeantacha amach*** an sprioc ***go gceadófar*** saorchúrsaíocht táirgí, agus a áirithiú ag an am céanna go mbeidh ar chumas na mBallstát ***sábháilteacht*** agus ***an comhshaol*** a iarraidh, lena n-áirítear saintréithe ***táirgí*** a bhaineann leis an aeráid, i bhfianaise a ***gcúinsí*** náisiúnta ***sonracha***. Nuair a shaothraítear le chéile iad, éilíonn an dá sprioc sin go ndéanfar measúnú ar tháirgí trí aon mhodh measúnaithe amháin, dá bhrí sin ní mór an modh a bheith éigeantach. Mar sin féin, is féidir caighdeáin	(19) I gcás ina leagtar síos le caighdeáin chomhchuibhithe na rialacha maidir le measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht i ndáil leis na buntréithe is ábhartha do chóid tógála na mBallstát, ba cheart go leanfadh caighdeáin chomhchuibhithe de bheith éigeantach ***chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm***, ***toisc gurb iad na*** caighdeáin ***sin amháin a shroicheann*** an sprioc ***maidir le*** saorchúrsaíocht táirgí ***a cheadú***, agus a áirithiú ag an am céanna go mbeidh ***sé*** ar chumas na mBallstát ***saintréithe táirgí sábháilteachta*** agus ***comhshaoil*** a iarraidh, lena n-áirítear saintréithe ***an táirge*** a bhaineann leis an aeráid, i bhfianaise ***na ndifríochtaí atá eatarthu*** a ***bhaineann leis an aeráid, leis an ngeolaíocht agus leis an tíreolaíocht agus dálaí eile atá i réim i staid*** náisiúnta ***ar leith na mBallstát***. Nuair a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
dheonacha a úsáid chun ceanglais táirgí a dhéanamh, arna sonrú don aicme táirgí ábhartha nó don chatagóir táirgí ábhartha le Gníomhartha Tarmligthe, níos nithiúla fós, tar éis chonair Chinneadh 768/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. I gcomhréir le Cinneadh 768/2008, ba cheart go mbeadh na caighdeáin sin in ann toimhde comhréireachta a chur ar fáil leis na ceanglais a chumhdaítear leo.	shaothraítear le chéile iad, éilíonn an dá sprioc sin go ndéanfar measúnú ar tháirgí trí aon mhodh measúnaithe amháin, dá bhrí sin ní mór an modh a bheith éigeantach. Mar sin féin, is féidir caighdeáin dheonacha a úsáid chun ceanglais táirgí a dhéanamh, arna sonrú don aicme táirgí ábhartha nó don chatagóir táirgí ábhartha le Gníomhartha Tarmligthe, níos nithiúla fós, tar éis chonair Chinneadh 768/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. I gcomhréir le Cinneadh 768/2008, ba cheart go mbeadh na caighdeáin sin in ann toimhde comhréireachta a chur ar fáil leis na ceanglais a chumhdaítear leo.

Leasú 14

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 20

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(20) Chun cur le cuspóirí an ***Mhargaidh Eorpaigh Ghlas agus*** an Phlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach***,*** agus chun táirgí foirgníochta sábháilte a áirithiú, ós rud é go bhfuil sábháilteacht ar cheann de na spriocanna atá le saothrú sa reachtaíocht atá bunaithe ar Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), tá gá le ceanglais bhunúsacha táirgí a bhaineann le sábháilteacht, feidhmiúlacht agus cosaint an chomhshaoil, lena n-áirítear an aeráid. Agus na ceanglais sin á socrú aige, ***cuirfidh an Coimisiún san áireamh*** a rannchuidiú ***féideartha chun cuspóirí*** aeráide, comhshaoil agus éifeachtúlachta fuinnimh an Aontais ***a bhaint amach***. Ní le feidhmíocht táirgí foirgníochta amháin a bhaineann na ceanglais sin. Murab ionann agus an Treoir a tháinig roimhe, Treoir 89/106/CE, ní dhéantar foráil i Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 maidir leis an bhféidearthacht ceanglais bhunúsacha táirgí den sórt sin a bhunú. Mar sin féin, i gcaighdeáin chomhchuibhithe áirithe le haghaidh táirgí foirgníochta tá na buncheanglais táirgí sin a d'fhéadfadh baint a bheith acu leis an gcomhshaol, le sábháilteacht nó le dea-fheidhmiú an táirge	(20) Chun cur le cuspóirí an ***Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip,*** an Phlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach agus ***an Phlean Gníomhaíochta maidir le Truailliú Nialasach agus*** chun táirgí foirgníochta sábháilte a áirithiú, ós rud é go bhfuil sábháilteacht ar cheann de na spriocanna atá le saothrú sa reachtaíocht atá bunaithe ar Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), tá gá le ceanglais bhunúsacha táirgí a bhaineann le sábháilteacht, feidhmiúlacht agus cosaint an chomhshaoil, lena n-áirítear an aeráid. Agus na ceanglais sin á socrú aige, ***ba cheart don Choimisiún aghaidh*** a ***thabhairt ar na rioscaí sábháilteachta agus aird a thabhairt ar a mhéid a d'fhéadfadh na ceanglais*** rannchuidiú ***le baint amach chuspóirí*** aeráide, comhshaoil agus éifeachtúlachta fuinnimh an Aontais. Ní le feidhmíocht táirgí foirgníochta amháin a bhaineann na ceanglais sin. Murab ionann agus an Treoir a tháinig roimhe, Treoir 89/106/CE, ní dhéantar foráil i Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 maidir leis an bhféidearthacht ceanglais bhunúsacha táirgí den sórt sin a bhunú. Mar sin féin, i gcaighdeáin chomhchuibhithe áirithe

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
amháin. Léirítear leis na caighdeáin sin go bhfuil gá praiticiúil le ceanglais den sórt sin maidir le sábháilteacht, maidir leis an gcomhshaol nó díreach maidir le feidhmiú táirgí. Le hAirteagal 114 CFAE, mar bhunús dlí an Rialacháin seo, forchuirtear freisin ardleibhéal cosanta don chomhshaol, don tsláinte agus do shábháilteacht an duine. Dá bhrí sin, ba cheart go dtabharfaí isteach nó go mbailíochtófaí ceanglais bhunúsacha na dtáirgí leis an Rialachán seo. ***Cé gur gá don reachtóir na ceanglais sin a leagan síos, is gá iad a shonrú do bhreis is 30 teaghlach táirgí, agus roinnt catagóirí ag gach ceann acu.*** Dá bhrí sin, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na ceanglais a shonrú don aicme nó don chatagóir táirgí foirgníochta lena mbaineann.	le haghaidh táirgí foirgníochta tá na buncheanglais táirgí sin a d'fhéadfadh baint a bheith acu leis an gcomhshaol, le sábháilteacht nó le dea-fheidhmiú an táirge amháin. Léirítear leis na caighdeáin sin go bhfuil gá praiticiúil le ceanglais den sórt sin maidir le sábháilteacht, maidir leis an gcomhshaol nó díreach maidir le feidhmiú táirgí. Le hAirteagal 114 CFAE, mar bhunús dlí an Rialacháin seo, forchuirtear freisin ardleibhéal cosanta don chomhshaol, don tsláinte agus do shábháilteacht an duine. Dá bhrí sin, ba cheart go dtabharfaí isteach nó go mbailíochtófaí ceanglais bhunúsacha na dtáirgí leis an Rialachán seo. Dá bhrí sin, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na ceanglais ***sin*** a shonrú don aicme nó don chatagóir táirgí foirgníochta lena mbaineann.

Leasú 15

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 21

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(21) Tá monarú agus dáileadh táirgí foirgníochta ag éirí níos casta i gcónaí, rud a fhágann go dtagann oibreoirí speisialaithe nua chun cinn, amhail soláthraithe seirbhísí comhlíonta. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart oibleagáidí cineálacha áirithe, lena n-áirítear comhar leis na húdaráis, a bheith infheidhme maidir leo siúd uile a bhfuil baint acu leis an slabhra soláthair, le monarú, le dáileadh, le lipéadú féinbhranda***, leis an athphacáistiú*** nó leis an trádáil thánaisteach, le suiteáil, le díshuiteáil lena hathúsáid nó lena hathmhonarú, agus leis an athmhonarú féin. Thairis sin, ba cheart go mbeadh sé d'oibleagáid ar sholáthraithe comhoibriú le húdaráis faireachais margaidh chun críocha measúnú inbhuanaitheachta comhshaoil. Ar na cúiseanna	(21) Tá monarú agus dáileadh táirgí foirgníochta ag éirí níos casta i gcónaí, rud a fhágann go dtagann oibreoirí speisialaithe nua chun cinn, amhail soláthraithe seirbhísí comhlíonta. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart oibleagáidí cineálacha áirithe, lena n-áirítear comhar leis na húdaráis, a bheith infheidhme maidir leo siúd uile a bhfuil baint acu leis an slabhra soláthair, le monarú, le dáileadh, le lipéadú féinbhranda nó leis an trádáil thánaisteach, le suiteáil, le díshuiteáil lena hathúsáid nó lena hathmhonarú, agus leis an athmhonarú féin. Thairis sin, ba cheart go mbeadh sé d'oibleagáid ar sholáthraithe comhoibriú le húdaráis faireachais margaidh chun críocha measúnú inbhuanaitheachta comhshaoil. Ar na cúiseanna sin agus

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
sin agus chun athdhéanamh na n-oibleagáidí a sheachaint, ba cheart an téarma 'oibreoir eacnamaíoch' a shainmhíniú go forleathan, lena gcuimsítear na gníomhaithe sin uile ionas gur féidir oibleagáidí cineálacha bunúsacha a bhunú i stailc amháin dóibh uile.	chun athdhéanamh na n-oibleagáidí a sheachaint, ba cheart an téarma 'oibreoir eacnamaíoch' a shainmhíniú go forleathan, lena gcuimsítear na gníomhaithe sin uile ionas gur féidir oibleagáidí cineálacha bunúsacha a bhunú i stailc amháin dóibh uile. ***Níor cheart an chiall a bhaint as leathnú raon feidhme oibleagáidí den sórt sin i ndáil le soláthraithe seirbhíse, áfach, go bhfuil oibleagáid á cur ar na soláthraithe seirbhíse sin nach bhfuil baint acu ach le suiteáil táirgí a bhfuil lipéad CE orthu agus atá á láimhseáil acu i dtaca lena ngairm. Is ar an monaróir amháin, nó aon duine nádúrtha nó dlítheanach atá ag gníomhú thar a cheann, a bheidh an oibleagáid sin i gcónaí.***

Leasú 16

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 23

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(23) D'fhonn ***an*** deimhneacht dhlíthiúil a fheabhsú agus d'fhonn ilroinnt mhargadh an AE do tháirgí foirgníochta a mhaolú mar gheall ar cheanglais agus marcanna náisiúnta a bheith ann, is gá an limistéar a rialáiltear ar leibhéal an AE a shainmhíniú go soiléir, an 'crios comhchuibhithe' mar a thugtar air, seachas na gnéithe atá fós faoi shainchúram réimse rialála náisiúnta na mBallstát.	(23) D'fhonn deimhneacht dhlíthiúil a fheabhsú agus d'fhonn ilroinnt mhargadh an AE do tháirgí foirgníochta a mhaolú mar gheall ar cheanglais agus marcanna náisiúnta a bheith ann, is gá an limistéar a rialáiltear ar leibhéal an AE a shainmhíniú go soiléir, an 'crios comhchuibhithe' mar a thugtar air, seachas na gnéithe atá fós faoi shainchúram réimse rialála náisiúnta na mBallstát.

Leasú 17

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 23 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(23a) Is iad na Ballstáit a shocraíonn an leibhéal sábháilteachta le haghaidh oibreacha foirgníochta ar bhonn na bhfreagrachtaí atá orthu i leith a gcuid saoránach agus is é an tAontas a chinneann na coinníollacha creata le haghaidh an mhargaidh inmheánaigh. Is ag na Ballstáit atá an inniúlacht i gcónaí forálacha maidir le hoibreacha foirgníochta a ghlacadh. Leis na buncheanglais le haghaidh oibreacha foirgníochta a leagtar amach in Iarscríbhinn I, Cuid A den Rialachán seo, bunaítear na naisc leis na táirgí foirgníochta a bhfuil gá leo go teicniúil agus is bonn iad na buncheanglais sin chun iarrataí ar chaighdeánú a chur faoi bhráid na n-eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú d'fhonn caighdeáin a fhorbairt le haghaidh táirgí foirgníochta agus d'fhonn Doiciméid um Measúnú Eorpach agus gníomhartha tarmligthe comhfhreagracha a fhorbairt.

Leasú 18

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 23 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(23b) Ba cheart feidhm a bheith ag an gcrios comhchuibhithe freisin maidir le conarthaí poiblí, deontais nó dreasachtaí dearfacha eile cé is moite de dhreasachtaí fioscacha.

Leasú 19

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 24

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(24) Ag an am céanna, ***d'fhonn*** cothromaíocht a bhaint amach idir ilroinnt an mhargaidh agus ***leasanna dlisteanacha*** na mBallstát ***a mhaolú chun*** oibreacha foirgníochta a rialáil, is gá foráil a dhéanamh maidir le sásra chun riachtanais na mBallstát a chomhtháthú níos fearr i bhforbairt sonraíochtaí teicniúla comhchuibhithe. Ar an gcúis ***chéanna***, ba cheart sásra a bhunú lena gceadófaí do na Ballstáit ceanglais bhreise do tháirgí foirgníochta ***a leagan síos,*** bunaithe ar mhórchúiseanna sláinte, sábháilteachta nó cosanta comhshaoil.	(24) Ag an am céanna, ***chun*** cothromaíocht a bhaint amach idir ilroinnt an mhargaidh ***a mhaolú*** agus ***inniúlacht*** na mBallstát oibreacha foirgníochta a rialáil, is gá foráil a dhéanamh maidir le sásra chun riachtanais na mBallstát a chomhtháthú níos fearr i bhforbairt ***na*** sonraíochtaí teicniúla comhchuibhithe. ***Is iad na Ballstáit atá freagrach as na ceanglais sábháilteachta, chomhshaoil agus fuinnimh a bhfuil feidhm acu maidir le foirgnimh agus oibreacha innealtóireachta sibhialta.*** Ar an gcúis ***sin***, ba cheart sásra a bhunú lena gceadófaí do na Ballstáit ceanglais bhreise ***a leagan síos*** do tháirgí foirgníochta ***atá*** bunaithe ar mhórchúiseanna sláinte, sábháilteachta nó cosanta comhshaoil ***chun gur féidir leis na Ballstáit freagra a thabhairt ar imthosca speisialta ar a gcríoch féin***.

Leasú 20

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 25

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(25) Is féidir geilleagar ciorclach, príomhghné an Phlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach, a chur chun cinn trí chórais aisíocaíochta éarlaise éigeantacha agus tríd an oibleagáid táirgí nár úsáideadh a thógáil ar ais. Dá bhrí sin, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit bearta ***den sórt sin*** a dhéanamh.	(25) Is féidir geilleagar ciorclach, príomhghné an Phlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach, a chur chun cinn trí chórais aisíocaíochta éarlaise éigeantacha agus tríd an oibleagáid táirgí ***a úsáideadh nó táirgí neamh-sheancheaptha*** nár úsáideadh a thógáil ar ais. Dá bhrí sin, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit bearta a dhéanamh ***chun cosc a chur ar dhíothú neamhriachtanach táirgí foirgníochta***.

Leasú 21

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 26

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(26) D'fhonn an tsoiléireacht dhlíthiúil a fheabhsú agus an t-ualach riaracháin ar na hoibreoirí eacnamaíocha a laghdú, is gá a sheachaint go mbeidh táirgí foirgníochta faoi réir measúnuithe iolracha maidir leis an ngné chéanna de shláinte, de shábháilteacht nó de chosaint an chomhshaoil, lena n-áirítear an aeráid, faoi reachtaíocht éagsúil an Aontais. Deimhníodh an méid sin in ardán REFIT inar moladh go dtabharfadh an Coimisiún tús áite d'aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna a bhaineann le ceanglais fhorluiteacha agus atriallacha. ***Ba cheart,*** dá bhrí sin, ***go mbeadh an Coimisiún*** in ann na coinníollacha a chinneadh faoina ***gcomhlíonfaidh*** comhlíonadh na n-oibleagáidí faoi dhlí eile de chuid an Aontais oibleagáidí áirithe ***den Rialachán*** seo freisin***, i gcás ina ndéanfaí an ghné chéanna de shláinte, de shábháilteacht nó de chosaint an chomhshaoil, lena n-áirítear an aeráid, a mheasúnú i gcomhthráth faoin Rialachán seo agus faoi dhlí eile an Aontais***.	(26) D'fhonn an tsoiléireacht dhlíthiúil a fheabhsú agus an t-ualach riaracháin ar na hoibreoirí eacnamaíocha a laghdú, is gá a sheachaint go mbeidh táirgí foirgníochta faoi réir measúnuithe iolracha maidir leis an ngné chéanna de shláinte, de shábháilteacht nó de chosaint an chomhshaoil, lena n-áirítear an aeráid, faoi reachtaíocht éagsúil an Aontais. Deimhníodh an méid sin in ardán REFIT inar moladh go dtabharfadh an Coimisiún tús áite d'aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna a bhaineann le ceanglais fhorluiteacha agus atriallacha. Dá bhrí sin, ***ba cheart don Choimisiún a bheith*** in ann na coinníollacha a chinneadh faoina ***gcomhlíonann*** comhlíonadh na n-oibleagáidí faoi dhlí eile de chuid an Aontais oibleagáidí áirithe ***de chuid an Rialacháin*** seo freisin.

Leasú 22

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 27

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(27) Thairis sin, ***d'fhonn*** cleachtais ***éagsúla na mBallstát*** agus na ***n-oibreoirí*** eacnamaíocha ***a sheachaint***, ba cheart ***go dtabharfaí de*** chumhacht ***don Choimisiún*** gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir le ***hAirteagal 290 CFAE*** chun a chinneadh an ***bhfuil*** táirgí foirgníochta ***áirithe*** faoin sainmhíniú ar tháirge foirgníochta.	(27) Thairis sin, ***chun nach mbeadh*** cleachtais ***dhifriúla ag na Ballstáit*** agus na ***hoibreoirí*** eacnamaíocha, ***arna iarraidh sin ag aon Bhallstát amháin nó níos mó,*** ba cheart ***an*** chumhacht gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir le ***hAirteagal 290 CFAE a thabhairt don Choimisiún*** chun a chinneadh an ***dtagann*** táirgí ***áirithe*** foirgníochta faoin sainmhíniú ar tháirge foirgníochta.

Leasú 23

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 28

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(28) ***Go háirithe,*** i gcás táirgí a bhaineann le fuinneamh a áirítear i bpleananna oibre éicidhearthóireachta ar táirgí foirgníochta iad freisin agus i gcás táirgí idirmheánacha, seachas stroighin, tabharfar tosaíocht do [ESPR] maidir le ceanglais inbhuanaitheachta a leagan síos. ***Ba cheart an cás a bheith amhlaidh, mar shampla, i gcás*** téitheoirí, coirí, teaschaidéil, fearais téimh uisce agus spáis, gaothráin, córais fhuaraithe agus aerála agus táirgí fótavoltacha, seachas painéil fhótavoltacha foirgnimh. D'fhéadfadh an Rialachán seo idirghabháil a dhéanamh fós ar bhealach comhlántach nuair is gá, go príomha i ndáil le gnéithe sábháilteachta agus reachtaíocht eile de chuid an Aontais maidir le táirgí amhail fearais gháis, voltas íseal, agus innealra á cur san áireamh freisin. I gcás táirgí eile, d'fhonn ualach nach bhfuil gá leis ar oibreoirí eacnamaíocha a sheachaint, d'fhéadfadh sé go n-eascródh an gá amach anseo chun na coinníollacha a chinneadh faoina gcomhlíonfaidh comhlíonadh oibleagáidí faoi dhlí eile de chuid an Aontais oibleagáidí áirithe faoin Rialachán seo freisin. Ba cheart go dtabharfaí de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE chun na coinníollacha sin a chinneadh.	(28) I gcás táirgí a bhaineann le fuinneamh a áirítear i bpleananna oibre éicidhearthóireachta ar táirgí foirgníochta iad freisin agus i gcás táirgí idirmheánacha, seachas stroighin, tabharfar tosaíocht do [ESPR] maidir le ceanglais inbhuanaitheachta a leagan síos. ***Is iad na táirgí idirmheánacha lena mbaineann ná*** téitheoirí, coirí, teaschaidéil, fearais téimh uisce agus spáis, gaothráin, córais fhuaraithe agus aerála agus táirgí fótavoltacha, seachas painéil fhótavoltacha foirgnimh. D'fhéadfadh an Rialachán seo idirghabháil a dhéanamh fós ar bhealach comhlántach nuair is gá, go príomha i ndáil le gnéithe sábháilteachta agus reachtaíocht eile de chuid an Aontais maidir le táirgí amhail fearais gháis, voltas íseal, agus innealra á cur san áireamh freisin. I gcás táirgí eile, d'fhonn ualach nach bhfuil gá leis ar oibreoirí eacnamaíocha a sheachaint, d'fhéadfadh sé go n-eascródh an gá amach anseo chun na coinníollacha a chinneadh faoina gcomhlíonfaidh comhlíonadh oibleagáidí faoi dhlí eile de chuid an Aontais oibleagáidí áirithe faoin Rialachán seo freisin. Ba cheart go dtabharfaí de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE chun na coinníollacha sin a chinneadh.

Leasú 24

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 33

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(33) D'fhonn an t-ualach ar oibreoirí eacnamaíocha agus go háirithe ar mhonaróirí a laghdú, ba cheart d'oibreoirí eacnamaíocha a eisíonn dearbhuithe feidhmíochta agus dearbhuithe comhréireachta na dearbhuithe sin a sholáthar ar mhodh leictreonach, ba cheart iad a údarú chun na dearbhuithe sin a sholáthar trí permalink chuig doiciméad do-úsáidte nó chun ciorcail ar dhoiciméid dho-leasaithe a áireamh sna dearbhuithe sin.	(33) D'fhonn an t-ualach ar oibreoirí eacnamaíocha agus go háirithe ar mhonaróirí a laghdú, ba cheart d'oibreoirí eacnamaíocha a eisíonn dearbhuithe feidhmíochta agus dearbhuithe comhréireachta na dearbhuithe sin a sholáthar ar mhodh leictreonach, ba cheart iad a údarú chun na dearbhuithe sin a sholáthar trí permalink chuig doiciméad do-úsáidte nó chun ciorcail ar dhoiciméid dho-leasaithe a áireamh sna dearbhuithe sin. ***Chun cumarsáid sa slabhra soláthair a shimpliú, ba cheart dearbhuithe feidhmíochta agus dearbhuithe comhréireachta a chur ar fáil freisin i bhformáid mheaisín-inléite. Chuirfeadh sé sin ar chumas an úsáideora trí aip comhréireacht le rialacha iarratais an Bhallstáit ina n-úsáidtear an táirge a sheiceáil. Réamhriachtanas tábhachtach le haghaidh dearbhuithe meaisín-inléite is ea formáid chaighdeánaithe TF, a bhfuil gá léi le haghaidh gach sonraíochta teicniúla comhchuibhithe. Le Comhaontú Ceardlainne CEN 17316 'Smart CE marking for construction products' [Marcáil Chliste CE le haghaidh táirgí foirgníochta], soláthraítear bunús le formáidí XML comhchuibhithe a fhorbairt le haghaidh dearbhuithe feidhmíochta, a d'fhéadfaí a úsáid chun caighdeáin chomhchuibhithe agus sonraíochtaí teicniúla comhchuibhithe a chomhlánú dá réir sin.***

Leasú 25

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 33 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(33a) Go dtí go ndéanfar athbhreithniú ar na sonraíochtaí teicniúla comhchuibhithe i gcomhréir leis an Rialachán seo, d'fhéadfadh buan-naisc a bheith sna dearbhuithe feidhmíochta agus comhréireachta chuig dearbhuithe comhshaoil do tháirgí nach féidir a leasú nó chuig doiciméid dho-leasaithe eile ina bhfuil an fhaisnéis a iarradh.

Leasú 26

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 35

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(35) D'fhonn teacht ar ailíniú le reachtaíocht eile maidir le táirgí agus faoi réir phrionsabail ghinearálta Rialachán (CE) Uimh. 765/2008, ba cheart an mharcáil CE a ghreamú de tháirgí foirgníochta a bhfuil dearbhú feidhmíochta nó comhréireachta dréachtaithe ag an monaróir ina leith. Glacfaidh an monaróir an fhreagracht air féin dá bhrí sin as an táirge a bheith i gcomhréir leis an bhfeidhmíocht dhearbhaithe agus leis na ceanglais maidir leis an táirge is infheidhme.	(35) D'fhonn teacht ar ailíniú le reachtaíocht eile maidir le táirgí agus faoi réir phrionsabail ghinearálta Rialachán (CE) Uimh. 765/2008, ba cheart an mharcáil CE a ghreamú de tháirgí foirgníochta a bhfuil dearbhú feidhmíochta nó comhréireachta dréachtaithe ag an monaróir ina leith. Glacfaidh an monaróir an fhreagracht air féin dá bhrí sin as an táirge a bheith i gcomhréir leis an bhfeidhmíocht dhearbhaithe agus leis na ceanglais maidir leis an táirge is infheidhme. ***Ba cheart an mharcáil CE a bheith ina chruthúnas leordhóthanach ar chomhréireacht táirge leis na saintréithe agus na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo. Dá bhrí sin, níor cheart do na Ballstáit aon bhacainní ar a margaí a thabhairt isteach bunaithe ar shaintréithe agus ceanglais nach gcumhdaítear leis an gcrios comhchuibhithe.***

Leasú 27

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 35 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(35a) Marcálacha seachas an mharcáil CE, lena n-áirítear cinn phríobháideacha, d'fhéadfadh faisnéis bhreise a bheith iontu a d'fhéadfadh cabhrú le húsáideoirí rogha eolasach a dhéanamh faoin táirge is oiriúnaí do riachtanais a gcuid oibreacha foirgníochta.

Leasú 28

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 35 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(35b) Ba cheart cearta nós imeachta na n-oibreoirí eacnamaíocha ar fad agus na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha atá ag gníomhú thar a gceann i dtaca le bearta, cinntí nó orduithe arna ndéanamh ag údaráis inniúla náisiúnta a áirithiú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/1020. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil nósanna imeachta achomhairc leormhaithe i bhfeidhm i gcoinne na mbeart, na gcinntí nó na n-orduithe sin.

Leasú 29

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 36

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(36) Chun sábháilteacht, feidhmiúlacht agus inbhuanaitheacht táirgí foirgníochta a áirithiú, agus trí shíneadh oibreacha foirgníochta, ba cheart do na hoibreoirí eacnamaíocha uile a dhéanann idirghabháil sa slabhra soláthair ***agus dáilte*** bearta iomchuí a dhéanamh chun a áirithiú nach gcuirfidh siad ar an margadh nó nach gcuirfidh siad ar fáil ar an margadh ach táirgí foirgníochta a chomhlíonann ceanglais cheangailteacha an Aontais. Chun an tsoiléireacht dhlíthiúil a fheabhsú, is gá oibleagáidí na n-oibreoirí eacnamaíocha a leagan síos go sainráite.	(36) Chun sábháilteacht, feidhmiúlacht agus inbhuanaitheacht táirgí foirgníochta a áirithiú, agus trí shíneadh oibreacha foirgníochta, ba cheart do na hoibreoirí eacnamaíocha uile a dhéanann idirghabháil sa slabhra soláthair bearta iomchuí a dhéanamh chun a áirithiú nach gcuirfidh siad ar an margadh nó nach gcuirfidh siad ar fáil ar an margadh ach táirgí foirgníochta a chomhlíonann ceanglais cheangailteacha an Aontais. Chun an tsoiléireacht dhlíthiúil a fheabhsú, is gá oibleagáidí na n-oibreoirí eacnamaíocha a leagan síos go sainráite.

Leasú 30

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 38

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(38) Chun éilimh mhíthreoracha a sheachaint, ba cheart go mbeadh aon éilimh a dhéanfaidh monaróirí táirgí foirgníochta bunaithe ar mhodh measúnaithe atá i sonraíochtaí teicniúla comhchuibhithe nó, i gcás nach bhfuil modh measúnaithe den sórt sin ann, ar mhodhanna a léiríonn na teicnící is fearr atá ar fáil, i gcás nach ann do mhodh measúnaithe den sórt sin arna sholáthar i sonraíocht theicniúil chomhchuibhithe.	***scriosta***

Leasú 31

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 39

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(39) Le doiciméadacht theicniúil maidir le táirgí foirgníochta, arna dtarraingt ag an monaróir, éascaítear fíorú na dtáirgí sin ag údaráis agus ag comhlachtaí dá dtugtar fógra i gcoinne cheanglais an Aontais. D'fhonn rochtain ar fhaisnéis chuimsitheach a fheabhsú, ba cheart go n-áireofaí sa doiciméadacht theicniúil sin ***measúnú ar inbhuanaitheacht chomhshaoil*** an táirge foirgníochta.	(39) Le doiciméadacht theicniúil maidir le táirgí foirgníochta, arna dtarraingt ag an monaróir, éascaítear fíorú na dtáirgí sin ag údaráis agus ag comhlachtaí dá dtugtar fógra i gcoinne cheanglais an Aontais. D'fhonn rochtain ar fhaisnéis chuimsitheach a fheabhsú, ba cheart go n-áireofaí sa doiciméadacht theicniúil sin ***na buntréithe a bhaineann le saolré*** an táirge foirgníochta.

Leasú 32

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 40

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(40) D'fhonn trédhearcacht a chruthú d'úsáideoirí táirgí foirgníochta agus d'fhonn úsáid mhíchuí na dtáirgí sin a sheachaint, ba cheart don mhonaróir táirgí foirgníochta agus a n-úsáid bheartaithe a shainaithint go beacht. ***Ar an gcúis chéanna, ba chóir*** go gcuirfeadh an monaróir in iúl go soiléir cé acu d'úsáid ghairmiúil amháin, ***nó d'***úsáid ***tomhaltóirí freisin, atá na táirgí foirgníochta beartaithe. D'fhonn*** a áirithiú gur féidir táirgí foirgníochta a rianú siar, ba cheart monaróirí a léiriú ar an táirge nó, i gcás nach féidir sin a dhéanamh, ***e.g.*** de bharr mhéid nó dhromchla an táirge, ar a phacáistíocht nó, i gcás nach féidir é sin a dhéanamh, i ndoiciméad a ghabhann leis.	(40) D'fhonn trédhearcacht a chruthú d'úsáideoirí táirgí foirgníochta agus d'fhonn úsáid mhíchuí na dtáirgí sin a sheachaint, ba cheart don mhonaróir táirgí foirgníochta agus a n-úsáid bheartaithe a shainaithint go beacht. go gcuirfeadh an monaróir in iúl go soiléir cé acu d'úsáid ghairmiúil amháin, ***go háirithe i gcás ina bhfuil gá le saineolas chun an táirge a*** úsáid***. Chun*** a áirithiú gur féidir táirgí foirgníochta a rianú siar, ba cheart ***faisnéis lenar féidir*** monaróirí a ***shainaithint a*** léiriú ar an táirge nó, i gcás nach féidir ***é*** sin a dhéanamh, de bharr mhéid nó dhromchla an táirge, ar a phacáistíocht nó, i gcás nach féidir é sin a dhéanamh, i ndoiciméad a ghabhann leis.

Leasú 33

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 42

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(42) Chun an leas is fearr is féidir a bhaint as cuspóirí an ***Mhargaidh Eorpaigh Ghlas*** agus an Phlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach, ba cheart ***go mbeadh sé d'***oibleagáid ar na monaróirí ***leibhéal cothrom inbhuanaitheachta*** comhshaoil a ***bhaint amach, dá*** dtáirgí ***agus dá monarú araon***. Ceanglaítear leis an oibleagáid sin cinntí comhbhabhtála idir gnéithe éagsúla comhshaoil agus idir gnéithe comhshaoil agus gnéithe sábháilteachta, agus d'fhéadfadh baint a bheith ag gnéithe comhshaoil agus gnéithe sábháilteachta araon leis an táirge mar sin nó leis na hoibreacha foirgníochta. Chun cinnteacht a thabhairt do mhonaróirí maidir leis an mbealach chun na cinntí sin a dhéanamh maidir le comhbhabhtáil, ba cheart rialacha soiléire maidir le comhbhabhtáil a leagan amach sa Rialachán seo.	(42) Chun an leas is fearr is féidir a bhaint as cuspóirí an ***Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip*** agus an Phlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach, ba cheart oibleagáid ***a bheith*** ar na monaróirí ***a áirithiú go ndéanfaidh a dtáirgí agus a monaraíocht araon rannchuidiú suntasach le cuspóirí aeráide agus*** comhshaoil ***an Aontais trí lorg comhshaoil*** a dtáirgí ***a fheabhsú go substaintiúil***. Ceanglaítear leis an oibleagáid sin cinntí comhbhabhtála idir gnéithe éagsúla comhshaoil agus idir gnéithe comhshaoil agus gnéithe sábháilteachta, agus d'fhéadfadh baint a bheith ag gnéithe comhshaoil agus gnéithe sábháilteachta araon leis an táirge mar sin nó leis na hoibreacha foirgníochta. Chun cinnteacht a thabhairt do mhonaróirí maidir leis an mbealach chun na cinntí sin a dhéanamh maidir le comhbhabhtáil, ba cheart rialacha soiléire maidir le comhbhabhtáil a leagan amach sa Rialachán seo.

Leasú 34

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 43

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(43) ***D'fhonn*** inbhuanaitheacht agus marthanacht táirgí foirgníochta a áirithiú, ba cheart do mhonaróirí a áirithiú gur féidir táirgí a úsáid ***ar feadh tréimhse an-fhada***. Éilíonn úsáid fhada den sórt sin dearadh leordhóthanach, úsáid comhpháirteanna iontaofa, in-athdheisitheacht táirgí, infhaighteacht faisnéise maidir le páirteanna athsholáthair a dheisiú agus rochtain orthu.	(43) ***Agus é mar sprioc*** inbhuanaitheacht agus marthanacht táirgí foirgníochta a áirithiú, ba cheart do mhonaróirí a áirithiú gur féidir táirgí a úsáid ***chomh fada agus is féidir***. Éilíonn úsáid fhada den sórt sin dearadh leordhóthanach, úsáid comhpháirteanna iontaofa, in-athdheisitheacht táirgí, infhaighteacht faisnéise maidir le páirteanna athsholáthair a dheisiú agus rochtain orthu.

Leasú 35

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 44

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(44) D'fhonn ciorclaíocht táirgí foirgníochta a fheabhsú, i gcomhréir le spriocanna an Phlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach, ba cheart go ***mbeadh monaróirí i bhfabhar*** a ***dtáirgí a athúsáid, a athmhonarú agus a*** athchúrsáil. Ní mór dearadh ***áirithe a dhéanamh*** chun ***(ullmhú)*** athúsáid, athmhonarú agus athchúrsáil a dhéanamh, eadhon trí dheighilt comhpháirteanna agus ábhar a éascú ag céim níos déanaí den athchúrsáil agus ábhair ***mheasctha, chumaisc nó chasta*** a sheachaint. Ós rud é nach gá go sroichfidh na treoracha úsáide is gnách do na hoibreoirí eacnamaíocha a bhfuil sé de chúram orthu iad a athúsáid, a athmhonarú agus a athchúrsáil ***(ullmhú)***, ba cheart an fhaisnéis is gá ina leith sin a chur ar fáil ***i mbunachair sonraí táirgí nó i gcórais táirgí*** agus ar shuíomhanna gréasáin an mhonaróra, ***de*** bhreis ar na treoracha úsáide.	(44) D'fhonn ciorclaíocht táirgí foirgníochta a fheabhsú, i gcomhréir le spriocanna an Phlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach ***agus an t-ordlathas dramhaíola***, ba cheart ***do mhonaróirí giniúint dramhaíola a chosc trí dheisiú, athúsáid agus athmhonaraíocht a éascú agus tosaíocht a thabhairt dóibh. Ba cheart do mhonaróirí éifeachtúlacht acmhainní a mhéadú trí úsáid iomchuí a bhaint as fotháirgí agus ba cheart dóibh a áirithiú, nuair a thiocfaidh deireadh lena saolré,*** go ***ndéanfar*** a ***gcuid táirgí a*** athchúrsáil. Ní mór ***roghanna sonracha maidir le*** dearadh chun athúsáid, athmhonarú agus athchúrsáil a dhéanamh ***(chun ullmhú dóibh)***, eadhon trí dheighilt ***táirgí,*** comhpháirteanna agus ábhar a éascú ***tráth a dhíshuiteála, a dhí-thógála agus a scartála agus*** ag céim níos déanaí den athchúrsáil agus ábhair ***agus substaintí arb údar imní iad atá measctha, cumaiscthe nó casta*** a sheachaint. Ós rud é nach gá go sroichfidh na treoracha úsáide is gnách do na hoibreoirí eacnamaíocha a bhfuil sé de chúram orthu iad a ***(ullmhú)*** athúsáid, a athmhonarú agus a athchúrsáil, ba cheart an fhaisnéis is gá ina leith sin a chur ar fáil ***sa Phas Táirge Digiteach*** agus ar shuíomhanna gréasáin an mhonaróra ***nó trí chóid QR***, ***sa*** bhreis ar na treoracha úsáide.

Leasú 36

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 45

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(45) Chun táirgí foirgníochta atá sábháilte, feidhmiúil agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a chur ar fáil, is gá oibleagáidí cuimsitheacha inbhuanaitheachta agus sábháilteachta a bhunú do mhonaróirí. I bhfianaise a thábhachtaí atá na hoibleagáidí sin agus ***i bhfianaise na cothromaíochta cearta*** a bhaint amach idir an fheidhmiúlacht, an tsábháilteacht agus an inbhuanaitheacht, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún na coinníollacha a chinneadh faoina gcomhlíontar, i gcás fine nó ***catagóire*** táirgí ar leith***, na coinníollacha faoina gcomhlíontar na hoibleagáidí sin nó faoina dtoimhdítear go bhfuil siad comhlíonta***.	(45) Chun táirgí foirgníochta atá sábháilte, feidhmiúil agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a chur ar fáil, is gá oibleagáidí cuimsitheacha inbhuanaitheachta agus sábháilteachta a bhunú do mhonaróirí. I bhfianaise a thábhachtaí atá na hoibleagáidí sin***, ba cheart go mbeadh feidhm maidir le gach monaróir ag ceanglais ghinearálta maidir le feidhmíocht chomhshaoil a fheabhsú de réir a chéile, úsáid tosaíochta a bhaint as ábhair atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, na hoibleagáidí maidir le hábhar athchúrsáilte*** agus ***infhaighteacht na faisnéise maidir le húsáid, deisiú, athmhonaraíocht nó athchúrsáil táirgí. Chun na ceanglais sin*** a ***shonrú maidir le haicmí áirithe táirgí nó catagóirí áirithe táirgí chomh maith le ceanglais bhreise a leagan síos agus an chothromaíocht cheart a*** bhaint amach idir an fheidhmiúlacht, an tsábháilteacht agus an inbhuanaitheacht, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún na coinníollacha a chinneadh ***trí ghníomhartha tarmligthe*** faoina gcomhlíontar ***na hoibleagáidí sin***, ***nó faoina dtoimhdítear iad a bheith comhlíonta,*** i gcás fine nó ***catagóir*** táirgí ar leith.

Leasú 37

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 47

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(47) D'fhonn a bheith in ann roghanna eolasacha a dhéanamh, ba cheart úsáideoirí táirgí foirgníochta a bheith ar an eolas a ndóthain maidir le feidhmíochtaí comhshaoil táirgí, maidir lena gcomhréireacht le ceanglais chomhshaoil agus maidir lena mhéid atá oibleagáidí comhshaoil an mhonaróra á gcomhlíonadh ina leith sin. Dá bhrí sin, ***ba cheart a thabhairt*** de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a bhunú ***i ndáil le ceanglais lipéadaithe shonracha a bhféadfadh lipéadú solais tráchta atá sothuigthe a bheith ar áireamh iontu***.	(47) D'fhonn a bheith in ann roghanna eolasacha a dhéanamh, ba cheart úsáideoirí táirgí foirgníochta a bheith ar an eolas a ndóthain maidir le feidhmíochtaí comhshaoil táirgí, maidir lena gcomhréireacht le ceanglais chomhshaoil agus maidir lena mhéid atá oibleagáidí comhshaoil an mhonaróra á gcomhlíonadh ina leith sin. Dá bhrí sin, ***tugtar*** de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ***ghlacadh chun ceanglais shonracha maidir le lipéadú a*** bhunú.

Leasú 38

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 50

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(50) Maidir le hoibreoir eacnamaíoch a ***mhodhnaíonn*** táirge ar bhealach lena bhféadfaí difear a dhéanamh dá fheidhmíocht nó dá shábháilteacht, ba cheart dó a bheith faoi réir oibleagáidí na monaróirí chun a áirithiú go bhfíorófar cibé acu atá feidhmíocht nó sábháilteacht an táirge fós mar an gcéanna. ***Níor cheart, áfach, an oibleagáid sin a fhorchur ar oibreoir eacnamaíoch a dhéanann táirgí a athphacáistiú chun iad a chur ar fáil i mBallstát eile, mar mura ndéanfaí amhlaidh chuirfí bac ar shaorchúrsaíocht táirgí agus níor cheart, i bprionsabal, go ndéanfadh athphacáistiú difear d'fheidhmíocht ná do shábháilteacht an táirge foirgníochta. Mar sin féin, agus é mar aidhm feidhmíocht agus sábháilteacht táirgí a chaomhnú, ba cheart don oibreoir eacnamaíoch atá i mbun an athphacáistithe a bheith freagrach as na hoibríochtaí sin a chur i gcrích i gceart chun a áirithiú nach ndéanfar damáiste don táirge agus go gcuirtear na húsáideoirí ar an eolas i gceart sa teanga dá bhforálann an Ballstát ina gcuirtear na táirgí ar fáil.***	(50) Maidir le hoibreoir eacnamaíoch a ***dhéanann*** táirge ***a stóráil nó a mhodhnú*** ar bhealach lena bhféadfaí difear a dhéanamh dá fheidhmíocht nó dá shábháilteacht, ba cheart dó a bheith faoi réir oibleagáidí na monaróirí chun a áirithiú go bhfíorófar cibé acu atá feidhmíocht nó sábháilteacht an táirge fós mar an gcéanna.

Leasú 39

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 51

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(51) Chun comhlíonadh na n-oibleagáidí faoin Rialachán seo a mhéadú i measc monaróirí agus chun rannchuidiú le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh agus chun an faireachas margaidh a fheabhsú, ba cheart a thabhairt de chumhacht do sholáthraithe seirbhíse, d'ionaid mhargaidh ar líne agus do bhróicéirí ***saintréithe áirithe atá infhioraithe go héasca de chuid táirgí agus*** a ***monaróirí a*** fhíorú, ***amhail cineál táirge a chinneadh agus*** doiciméadacht theicniúil ***chuimsitheach a tharraingt suas***, agus ba cheart dóibh rannchuidiú go gníomhach lena áirithiú nach mbaineann ach táirgí comhlíontacha na húsáideoirí amach.	(51) Chun comhlíonadh na n-oibleagáidí faoin Rialachán seo a mhéadú i measc monaróirí agus chun rannchuidiú le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh agus chun an faireachas margaidh a fheabhsú, ba cheart a thabhairt de chumhacht do sholáthraithe seirbhíse ***comhlíonta***, d'ionaid mhargaidh ar líne***, do dhíoltóirí*** agus do bhróicéirí a fhíorú, ***ar leibhéal doiciméadachta, gur chomhlíon monaróirí a gcuid oibleagáidí maidir le*** doiciméadacht theicniúil, agus ba cheart ***an méid sin a iarraidh orthu, agus ba cheart*** dóibh rannchuidiú go gníomhach lena áirithiú nach mbaineann ach táirgí comhlíontacha na húsáideoirí amach.

Leasú 40

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 52

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(52) Chun nach ***n-úsáidfear priontáil 3D chun dul*** timpeall ar na hoibleagáidí faoin Rialachán seo, ba cheart ***oibleagáidí faisnéise áirithe a bheith ar sholáthraithe seirbhíse priontála 3D***.	(52) Chun nach ***rachfar*** timpeall ar na hoibleagáidí faoin Rialachán seo ***i gcásanna ina bhféadfadh roinnt gníomhaithe éagsúla a rannchuidíonn le dearadh agus monarú táirge foirgníochta a bheith i gceist leis an teicneolaíocht táirgthe, mar shampla priontáil 3T, is gá ról an mhonaróra a shainmhíniú go soiléir.*** Ba cheart ***don duine nádúrtha agus dlítheanach a bhfuil táirge foirgníochta á phriontáil aige freagracht a ghlacadh as an táirge ar fad faoin Rialachán seo, mura bhfuil duine eile ann a chuireann an táirge ar an margadh faoina ainm nó faoina thrádmharc nó a ghlacann freagracht as an táirge trí dhearbhú feidhmíochta agus comhréireachta a eisiúint***.

Leasú 41

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 54

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(54) Braitheann feidhmíocht agus sábháilteacht táirgí freisin ar na comhpháirteanna a úsáideann agus ar na seirbhísí a sholáthraíonn calabróirí nó soláthraithe seirbhíse eile dá ndearadh agus dá monarú. Ar na cúiseanna sin, ba cheart oibleagáidí áirithe a bhunú le haghaidh soláthróirí comhpháirteanna agus soláthraithe seirbhíse a bhfuil baint acu le monarú táirgí. I gcás ina bhféadfadh sé gurbh é comhpháirt nó seirbhís áirithe de chuid oibreora eacnamaíoch ar leith ba chúis le neamhchomhlíonadh nó riosca, ba cheart don soláthróir nó don soláthraí seirbhíse a chliaint eile a bhfuil an chomhpháirt nó an tseirbhís chéanna faighte acu a chur ar an eolas, ionas gur féidir dul i ngleic go héifeachtach le neamhchomhlíonadh agus le rioscaí i gcás táirgí eile freisin.	***scriosta***

Leasú 42

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 55

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(55) Tá ilchuspóirí féideartha ag míreanna áirithe a úsáidtear chun tógála. Ba cheart é a bheith de shaoirse ag a monaróirí cinneadh a dhéanamh an bhfuil na hítimí sin ceaptha lena dtógáil nó nach bhfuil, chun a sheachaint freisin go mbeadh orthu dul faoi fheidhmíocht agus faoi mheasúnú comhréireachta nuair nach gá sin. Mar sin féin, má chinneann siad nach bhfuil ítim áirithe beartaithe ***lena tógáil*** ach go bhféadfaí í a úsáid ***ina*** haghaidh ***("táirge bréige")***, ba cheart do na monaróirí agus d'oibreoirí eacnamaíocha eile a áirithiú nach n-úsáidtear í in oibreacha foirgníochta. Murach sin, thiocfadh deireadh le tógáil roinnt de na hítimí agus gan ceanglais an Rialacháin seo á gcomhlíonadh acu.	(55) Tá ilchuspóirí féideartha ag míreanna áirithe a úsáidtear chun tógála. Ba cheart é a bheith de shaoirse ag a monaróirí cinneadh a dhéanamh an bhfuil na hítimí sin ceaptha lena dtógáil nó nach bhfuil, chun a sheachaint freisin go mbeadh orthu dul faoi fheidhmíocht agus faoi mheasúnú comhréireachta nuair nach gá sin. Mar sin féin, má chinneann siad nach bhfuil ítim áirithe beartaithe ***don fhoirgníocht*** ach go bhféadfaí í a úsáid ***lena*** haghaidh, ba cheart ***í a mharcáil mar 'ná húsáidtear don fhoirgníocht' agus ba cherart*** do na monaróirí agus d'oibreoirí eacnamaíocha eile a áirithiú nach n-úsáidtear í in oibreacha foirgníochta. Murach sin, thiocfadh deireadh le tógáil roinnt de na hítimí agus gan ceanglais an Rialacháin seo á gcomhlíonadh acu.

Leasú 43

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 58

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(58) Tá teicneolaíochtaí digiteacha, lena gcuirtear acmhainneacht shuntasach ar fáil chun ualach riaracháin agus costais a laghdú d'oibreoirí eacnamaíocha agus d'údaráis phoiblí, ag forbairt go tapa, agus deiseanna agus samhlacha gnó nuálacha agus nua á gcothú ag an am céanna. Trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha, rannchuideofar go mór freisin le baint amach chuspóirí an tSábháil Athnuachana, lena n-áirítear éifeachtúlacht fuinnimh, measúnuithe saolré agus faireachán agus stoc na bhfoirgneamh. ***Dá réir sin, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún deiseanna breise maidir le digitiú a thapú trí ghníomhartha cur chun feidhme.***	(58) Tá teicneolaíochtaí digiteacha, lena gcuirtear acmhainneacht shuntasach ar fáil chun ualach riaracháin agus costais a laghdú d'oibreoirí eacnamaíocha agus d'údaráis phoiblí, ag forbairt go tapa, agus deiseanna agus samhlacha gnó nuálacha agus nua á gcothú ag an am céanna. Trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha, rannchuideofar go mór freisin le baint amach chuspóirí an tSábháil Athnuachana, lena n-áirítear éifeachtúlacht fuinnimh, measúnuithe saolré agus faireachán agus stoc na bhfoirgneamh.

Leasú 44

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 59

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(59) Mar chaighdeáin chomhchuibhithe a forbraíodh do tháirgí foirgníochta (dá ngairfear anseo feasta: Tá caighdeáin maidir le táirgí foirgníochta éigeantach den chuid is mó, chun deimhneacht dhlíthiúil a chruthú, ba cheart go mbeadh na caighdeáin sin ní hamháin i gcomhréir leis na hiarrataí ábhartha ar chaighdeánú agus leis an Rialachán seo, ach i gcomhréir le prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais freisin.	***scriosta***

Leasú 45

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 60

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(60) D'fhonn a áirithiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh go ndéanfar tagairtí do chaighdeáin maidir le táirgí foirgníochta a lua go tráthúil, ba cheart go dtabharfaí de chumhacht don Choimisiún Eorpach teorainn a chur le raon feidhme nó le caighdeáin atá easnamhach ó thaobh na rialacha de chun críocha éifeachtaí dlíthiúla faoin Rialachán seo trí ghníomh cur chun feidhme seachas diúltú a gcuid tagairtí a lua san Iris Oifigiúil.	***scriosta***

Leasú 46

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 61 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(61a) Agus treoirlínte á bhforbairt aige maidir le foirm agus ábhar iomchuí na gcaighdeán, ba cheart don Choimisiún cur leis an obair thábhachtach a rinneadh cheana féin i dTreoirlínte an Choimisiúin maidir le caighdeáin Eorpacha chomhchuibhithe faoin Rialachán maidir le Táirgí Foirgníochta (28 Meitheamh 2018) a thíolaic an Coimisiún faoi chuimsiú an Tionscnaimh Chomhpháirtigh maidir le Caighdeánú.

Leasú 47

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 65

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(65) D'fhonn freagairt do chéatadán suntasach d'fhógraí a bhí bunaithe ar mheasúnuithe neamhiomlána nó earráideacha, go háirithe i gcás inar tugadh fógra do chomhlachtaí dlíthiúla nach bhfuil inniúlacht theicniúil inmheánach acu, is gá cumas acmhainní na n-údarás a thugann fógra a neartú, eadhon trí íoscheanglais a bhunú; ceanglais ar chomhlachtaí dá dtugtar fógra a dhéanamh níos beaichte, eadhon maidir lena neamhspleáchas, an tarmligean chuig eintitis dhlíthiúla eile agus a gcumas féin feidhmiú; A cheangal go ***mbeidh*** foireann cháilithe ***leordhóthanach*** ag na comhlachtaí dá dtugtar fógra ***agus leordhóthanacht an tsoláthair foirne a fhíorú***, a ***bhfuil sé léirithe go bhfuil an uirlis le haghaidh maitríse cáilíochta is éifeachtúla ina leith; a*** áirithiú ***agus a fhíorú*** go bhfuil foireann***, nósanna imeachta, critéir*** agus ***cinnteoireacht an chomhlachta dá dtugtar fógra á rialú go héifeachtach*** ag an gcomhlacht dá dtugtar fógra, agus ***nach bhfuil sé ina fhochonraitheoir, ina fhochuideachta ná ina chuideachta eile ar leis*** an ***teaghlach céanna cuideachtaí í; agus an*** doiciméadacht atá le soláthar ag comhlachtaí a mhéadú agus iarratas á dhéanamh acu ar ainmniú mar chomhlacht dá dtugtar fógra chun bonn níos doimhne agus níos cothroime a chur ar fáil do na húdaráis a thugann fógra.	(65) D'fhonn freagairt do chéatadán suntasach d'fhógraí a bhí bunaithe ar mheasúnuithe neamhiomlána nó earráideacha, go háirithe i gcás inar tugadh fógra do chomhlachtaí dlíthiúla nach bhfuil inniúlacht theicniúil inmheánach acu, is gá cumas acmhainní na n-údarás a thugann fógra a neartú, eadhon trí íoscheanglais a bhunú; ceanglais ar chomhlachtaí dá dtugtar fógra a dhéanamh níos beaichte, eadhon maidir lena neamhspleáchas, an tarmligean chuig eintitis dhlíthiúla eile agus a gcumas féin feidhmiú; a cheangal go ***mbeadh*** foireann cháilithe ***leormhaith*** ag na comhlachtaí dá dtugtar fógra, a áirithiú go bhfuil foireann ***leordhóthanach*** agus ***neamhspleách*** ag an gcomhlacht dá dtugtar fógra, agus an doiciméadacht atá le soláthar ag comhlachtaí a mhéadú agus iarratas á dhéanamh acu ar ainmniú mar chomhlacht dá dtugtar fógra chun bonn níos doimhne agus níos cothroime a chur ar fáil do na húdaráis a thugann fógra.

Leasú 48

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 68

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(68) D'fhonn rannpháirtíocht idir foireann na gcomhlachtaí dá dtugtar fógra agus na monaróirí a sheachaint, ba cheart ***do*** na comhlachtaí dá dtugtar fógra uainíocht a ***áirithiú*** idir an pearsanra a chuireann cúraimí éagsúla um measúnú comhréireachta i gcrích.	(68) D'fhonn rannpháirtíocht idir foireann na gcomhlachtaí dá dtugtar fógra agus na monaróirí a sheachaint, ba cheart ***go bhféadfadh*** na comhlachtaí dá dtugtar fógra uainíocht a ***cheadú*** idir an pearsanra a chuireann cúraimí éagsúla um measúnú comhréireachta i gcrích.

Leasú 49

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 71

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(71) D'fhonn cothrom iomaíochta a chruthú do chomhlachtaí dá dtugtar fógra agus do mhonaróirí, ba cheart an comhordú idir comhlachtaí dá dtugtar fógra a fheabhsú. Ós rud é nach mbíonn ach leath de na comhlachtaí reatha dá dtugtar fógra rannpháirteach, ar a dtionscnamh féin, i ngníomhaíochtaí ghrúpa comhordaithe an chomhlachta dá dtugtar fógra atá ann faoi láthair, ba cheart rannpháirtíocht ina leith a ***bheith éigeantach dá bhrí sin***.	(71) D'fhonn cothrom iomaíochta a chruthú do chomhlachtaí dá dtugtar fógra agus do mhonaróirí, ba cheart an comhordú idir comhlachtaí dá dtugtar fógra a fheabhsú. Ós rud é nach mbíonn ach leath de na comhlachtaí reatha dá dtugtar fógra rannpháirteach, ar a dtionscnamh féin, i ngníomhaíochtaí ghrúpa comhordaithe an chomhlachta dá dtugtar fógra atá ann faoi láthair, ba cheart ***do na Ballstáit*** rannpháirtíocht ina leith a ***áirithiú, go díreach nó trí bhíthin ionadaithe ainmnithe***.

Leasú 50

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 72

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(72) Ní raibh na hiarrachtaí nósanna imeachta simplithe ***d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide*** a bhunú i Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 agus, dá bhrí sin, an t-ualach agus na costais ar FBManna agus ar mhicrifhiontair a laghdú go hiomlán éifeachtach agus is minic nár úsáideadh iad mar gheall ar easpa feasachta nó easpa soiléireachta maidir lena gcur i bhfeidhm. Trí aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a ***sainaithníodh agus*** na rialacha a bunaíodh roimhe seo á bhforbairt, ***tá sé mar aidhm ag an Rialachán seo*** a gcur i bhfeidhm a shoiléiriú agus a éascú agus, dá bhrí sin, an cuspóir ***maidir le tacaíocht*** a ***thabhairt do FBManna a*** bhaint amach agus feidhmíocht, sábháilteacht agus inbhuanaitheacht chomhshaoil táirgí foirgníochta á n-áirithiú ag an am céanna.	(72) Ní raibh na hiarrachtaí nósanna imeachta simplithe ***do mhicrifhiontair*** a bhunú i Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 agus, dá bhrí sin, an t-ualach agus na costais ar FBManna agus ar mhicrifhiontair a laghdú go hiomlán éifeachtach agus is minic nár úsáideadh iad mar gheall ar easpa feasachta nó easpa soiléireachta maidir lena gcur i bhfeidhm. Trí aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a ***sainaithníodhagus*** na rialacha a bunaíodh roimhe seo á bhforbairt, ***is gá*** a gcur i bhfeidhm a shoiléiriú agus a éascú agus, dá bhrí sin, an cuspóir a bhaint amach ***maidir le tacú le micrifhiontair*** agus feidhmíocht, sábháilteacht agus inbhuanaitheacht chomhshaoil táirgí foirgníochta á n-áirithiú ag an am céanna.

Leasú 51

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 74

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(74) Chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú i gcás fadhbanna sábháilteachta nó feidhmíochta, níor cheart aitheantas den sórt sin a cheadú ach amháin i gcás ina ***ngeallann an*** dá ***oibreoir eacnamaíocha lena mbaineann agus an dá chomhlacht dá*** dtugtar fógra ***lena mbaineann comhoibriú*** agus ***ina bhfuil an t-oibreoir eacnamaíoch a fhaigheann deimhniú i gceannas teicniúil ar an táirge.***	(74) Chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú i gcás fadhbanna sábháilteachta nó feidhmíochta, níor cheart aitheantas den sórt sin a cheadú ach amháin i gcás ina ***gcomhaontaíonn na hoibreoirí eacnamaíocha measúnaithe agus fíoraithe comhoibriú leis an gcomhlacht aitheanta*** dá dtugtar fógra***,*** agus ***na sonraí a roinnt leis,***

Leasú 52

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 75

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(75) Léiríodh sa mheastóireacht go bhfuil éagsúlacht mhór idir na gníomhaíochtaí faireachais margaidh a dhéantar ar an leibhéal náisiúnta, ó thaobh cáilíochta agus éifeachtachta de. Sa bhreis ar na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo ar mhaithe le faireachas margaidh níos fearr, ba cheart comhlíonadh an Rialacháin seo ag oibreoirí eacnamaíocha, comhlachtaí agus táirgí a éascú trí dheis a thabhairt do thríú páirtithe, amhail an deis a bheith ag aon duine nádúrtha nó dlítheanach faisnéis a chur isteach maidir le neamhchomhlíonadh ***a d'fhéadfadh a bheith ann*** trí thairseach um ghearáin.	(75) Léiríodh sa mheastóireacht go bhfuil éagsúlacht mhór idir na gníomhaíochtaí faireachais margaidh a dhéantar ar an leibhéal náisiúnta, ó thaobh cáilíochta agus éifeachtachta de. Sa bhreis ar na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo ***agus faoi dhlíthe ábhartha an Aontais*** ar mhaithe le faireachas margaidh níos fearr, ba cheart comhlíonadh an Rialacháin seo ag oibreoirí eacnamaíocha, comhlachtaí agus táirgí a éascú trí dheis a thabhairt do thríú páirtithe ***freisin***, amhail an deis a bheith ag aon duine nádúrtha nó dlítheanach faisnéis a chur isteach maidir le neamhchomhlíonadh trí thairseach um ghearáin ***arna bunú agus arna cothabháil ag an gCoimisiún***.

Leasú 53

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 76

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(76) Chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh maidir leis an bhfaireachas margaidh faoi Rialachán (AE) Uimh. 305/2011, ba cheart tuilleadh cumhachtuithe a thabhairt d'údaráis na mBallstát agus don Choimisiún leis an Rialachán seo, rud ba cheart a chur ar chumas na n-údarás gníomhú i ngach imthoisc fhadhbach a d'fhéadfadh a bheith ann.	(76) Chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh maidir leis an bhfaireachas margaidh faoi Rialachán (AE) Uimh. 305/2011, ba cheart tuilleadh cumhachtuithe a ***bhfuil bonn cirt leo a*** thabhairt d'údaráis na mBallstát agus don Choimisiún leis an Rialachán seo, rud ba cheart a chur ar chumas na n-údarás gníomhú i ngach imthoisc fhadhbach a d'fhéadfadh a bheith ann.

Leasú 54

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 78

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(78) Forfheidhmiú éifeachtach an Rialacháin seo a áirithiú agus faireachas margaidh a neartú sna Ballstáit, agus ailíniú leis an Rialachán maidir le hÉicidhearthóireacht do Tháirgí Inbhuanaithe, lena bhforáiltear go mbeidh an deis ag an gCoimisiún ceanglais a bhunú i dtéarmaí líon íosta seiceálacha a bheidh le déanamh ag na húdaráis faireachais margaidh ar ghrúpa sonrach táirgí nó ar aicme shonrach táirgí nó i ndáil le ceanglais shonracha agus chun íoscheanglais acmhainní a bhunú.	***scriosta***

Leasú 55

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 79

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(79) Ina theannta sin, chun acmhainní ***laga ar an meán*** na n-údarás faireachais margaidh a neartú ***i dtéarmaí faireachais*** margaidh agus chun tuilleadh ailínithe a dhéanamh leis an Rialachán maidir le hÉicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe, is gá tacaíocht chomhordaithe riaracháin níos mionsonraithe a chur ar fáil agus an ceart a thabhairt dóibh costais ***iniúchtaí*** agus tástála a aisghabháil ó oibreoirí eacnamaíocha.	(79) Ina theannta sin, chun acmhainní na n-údarás faireachais margaidh ***atá lag ar an meán*** a neartú ***ó thaobh faireachas*** margaidh ***de*** agus chun tuilleadh ailínithe a dhéanamh leis an Rialachán maidir le hÉicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe, is gá tacaíocht chomhordaithe riaracháin níos mionsonraithe a chur ar fáil agus an ceart a thabhairt dóibh costais ***na n-iniúchtaí*** agus ***na*** tástála a aisghabháil ó oibreoirí eacnamaíocha ***má tá táirgí neamhchomhlíontacha ina seilbh acu***.

Leasú 56

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 81

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(81) Chun freastal níos fearr ar oibreoirí eacnamaíocha, ba cheart go n-éireodh na pointí teagmhála do tháirgí tógála níos éifeachtaí agus, dá bhrí sin, ba cheart dóibh tuilleadh acmhainní a fháil. D'fhonn obair oibreoirí eacnamaíocha a éascú, ba cheart mionchoigeartú agus síneadh a chur le cúraimí na bPointí Teagmhála Táirgí don Fhoirgníocht ionas go n-áireofaí faisnéis faoi fhorálacha an Rialacháin seo a bhaineann le táirgí agus faoi ghníomhartha a ghlactar dá réir.	(81) Chun freastal níos fearr ar oibreoirí eacnamaíocha, ba cheart go n-éireodh na pointí teagmhála do tháirgí tógála níos éifeachtaí agus, dá bhrí sin, ba cheart dóibh tuilleadh acmhainní a fháil. D'fhonn obair oibreoirí eacnamaíocha a éascú, ba cheart mionchoigeartú agus síneadh a chur le cúraimí na bPointí Teagmhála Táirgí don Fhoirgníocht ionas go n-áireofaí faisnéis faoi fhorálacha an Rialacháin seo a bhaineann le táirgí agus faoi ghníomhartha a ghlactar dá réir. ***Ba cheart do na Ballstáit feasacht oibreoirí eacnamaíocha ar na pointí teagmhála táirgí le haghaidh tógáil laistigh dá gcríoch a ardú freisin.***

Leasú 57

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 84

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(84) Nuair a dhéantar faisnéis faoi tháirgí a chlárú ***go láraithe*** cuirtear leis an trédhearcacht ar mhaithe le sábháilteacht táirgí agus ***chun an comhshaol*** agus ***sláinte*** an duine ***a chosaint*** agus, ag an am céanna, laghdaítear an t-ualach riaracháin agus na costais ***d'***oibreoirí eacnamaíocha. Dá réir sin, ba cheart ***go dtabharfaí de*** chumhacht ***don Choimisiún*** gníomhartha ***cur chun feidhme*** a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 291 CFAE chun ***bunachar nó córas lárnaithe*** táirgí foirgníochta ***de chuid an Aontais*** a bhunú. ***Ag an bpointe seo, ní féidir buntáistí agus míbhuntáistí na réiteach a d'fhéadfadh a bheith ann a mheas, dá bhrí sin, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún dul i mbun aon cheann de na conairí sin, de réir mar is iomchuí.***	(84) Nuair a dhéantar faisnéis faoi tháirgí a chlárú***,*** cuirtear leis an trédhearcacht ar mhaithe le sábháilteacht táirgí agus ***le cosaint an chomhshaoil*** agus ***shláinte*** an duine agus, ag an am céanna, laghdaítear an t-ualach riaracháin agus na costais ***arna gcur ar*** oibreoirí eacnamaíocha. Dá réir sin, ba cheart ***an*** chumhacht ***chun*** gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 291 CFAE ***a tharmligean chuig an gCoimisiún*** chun ***pas táirge digiteach foirgníochta agus clárlann pas*** táirgí foirgníochta a bhunú.

Leasú 58

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 87

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(87) Is de réir a chéile a éiríonn gnó ar tháirgí foirgníochta de réir a chéile ach níos mó agus níos idirnáisiúnta de réir a chéile. Dá bhrí sin, tagann cásanna chun cinn inar gá cur i gcoinne neamhchomhlíonadh oibreoirí eacnamaíocha atá bunaithe lasmuigh den Aontas freisin. Ós rud é gur ar éigean atá tríú tíortha réidh chun tacú le forfheidhmiú dhlí an Aontais ina gcríoch i gcás nach ndéanann an tAontas foráil maidir leis an bhféidearthacht cabhrú leo, ba cheart foráil a dhéanamh sa Rialachán seo ***do roinnt cumhachtuithe le haghaidh comhair*** idirnáisiúnta.	(87) Is de réir a chéile a éiríonn gnó ar tháirgí foirgníochta de réir a chéile ach níos mó agus níos idirnáisiúnta de réir a chéile. Dá bhrí sin, tagann cásanna chun cinn inar gá cur i gcoinne neamhchomhlíonadh oibreoirí eacnamaíocha atá bunaithe lasmuigh den Aontas freisin. Ós rud é gur ar éigean atá tríú tíortha réidh chun tacú le forfheidhmiú dhlí an Aontais ina gcríoch i gcás nach ndéanann an tAontas foráil maidir leis an bhféidearthacht cabhrú leo, ba cheart foráil ***áirithe*** a dhéanamh sa Rialachán seo ***ionas gur féidir leis an gCoimisiún dul i mbun comhar*** idirnáisiúnta.

Leasú 59

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 88

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(88) Cuireann líon áirithe tríú tíortha i bhfeidhm reachtaíocht an Aontais maidir le táirgí nó ar a laghad a aithníonn deimhnithe a eisítear i gcomhréir léi, bíodh sé sin ar bhonn comhaontuithe idirnáisiúnta nó go haontaobhach, ar chun leasa an Aontais iad araon. Chun dreasacht a thabhairt do na tríú tíortha sin leanúint den chleachtas sin agus chun go bhféadfaidh tríú tíortha an rud céanna a dhéanamh, ba cheart féidearthachtaí áirithe breise a chur ar fáil do thríú tíortha a bhfuil reachtaíocht táirge an Aontais á cur i bhfeidhm acu nó a aithníonn deimhnithe a eisítear i gcomhréir leis an reachtaíocht sin. Ar an gcúis sin, ba cheart go bhféadfaí tacú leis na tríú tíortha sin atá go háirithe ***comhoibritheach*** trí chead a thabhairt dóibh páirt a ghlacadh ***in oiliúint*** áirithe agus páirt a ghlacadh i mbunachar sonraí ***nó i gcóras*** táirgí foirgníochta ***an AE, leis an gcóras*** faisnéise le haghaidh ***cinnteoireachta comhchuibhithe*** agus ***leis an malartú*** faisnéise i measc na n-údarás. Ina theannta sin, ar an gcúis chéanna, ba cheart go bhféadfaí na tríú tíortha sin atá an-chomhoibríoch a chur ar an eolas faoi tháirgí neamhchomhlíontacha nó rioscúla.	(88) Cuireann líon áirithe tríú tíortha i bhfeidhm reachtaíocht an Aontais maidir le táirgí nó ar a laghad a aithníonn deimhnithe a eisítear i gcomhréir léi, bíodh sé sin ar bhonn comhaontuithe idirnáisiúnta nó go haontaobhach, ar chun leasa an Aontais iad araon. Chun dreasacht a thabhairt do na tríú tíortha sin leanúint den chleachtas sin agus chun go bhféadfaidh tríú tíortha an rud céanna a dhéanamh, ba cheart féidearthachtaí áirithe breise a chur ar fáil do thríú tíortha a bhfuil reachtaíocht táirge an Aontais á cur i bhfeidhm acu nó a aithníonn deimhnithe a eisítear i gcomhréir leis an reachtaíocht sin. Ar an gcúis sin, ba cheart go bhféadfaí***, tar éis dul i gcomhairle leis na Ballstáit,*** tacú leis na tríú tíortha sin atá ***comhoibritheach*** go háirithe trí chead a thabhairt dóibh páirt a ghlacadh ***i gcúrsaí*** áirithe ***oiliúna*** agus páirt a ghlacadh i mbunachar sonraí ***AE le haghaidh*** táirgí foirgníochta***, sa chóras*** faisnéise le haghaidh ***cinnteoireacht chomhchuibhithe*** agus ***sa mhalartú*** faisnéise i measc na n-údarás. Ina theannta sin, ar an gcúis chéanna, ba cheart go bhféadfaí na tríú tíortha sin atá an-chomhoibríoch a chur ar an eolas faoi tháirgí neamhchomhlíontacha nó rioscúla.

Leasú 60

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 90

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(90) Chun feabhas a chur ar úsáid táirgí foirgníochta inbhuanaithe agus saobhadh an mhargaidh a sheachaint ag an am céanna agus chun teacht ar ailíniú leis an Rialachán maidir le hEicidhearthóireacht i gcomhair Táirgí Inbhuanaithe, ba cheart go mbeadh cleachtas soláthair phoiblí na mBallstát dírithe ar na táirgí comhlíontacha is inbhuanaithe. ***Ba cheart*** ceanglais is infheidhme maidir le conarthaí soláthair phoiblí a leagtar amach ***trí ghníomhartha cur chun feidhme*** a bhunú ***i gcomhréir le critéir*** oibiachtúla, thrédhearcacha agus neamh-idirdhealaitheacha.	(90) Chun feabhas a chur ar úsáid táirgí foirgníochta inbhuanaithe agus saobhadh an mhargaidh a sheachaint ag an am céanna agus chun teacht ar ailíniú leis an Rialachán maidir le hEicidhearthóireacht i gcomhair Táirgí Inbhuanaithe, ba cheart go mbeadh cleachtas soláthair phoiblí na mBallstát dírithe ar na táirgí comhlíontacha is inbhuanaithe. ***Na*** ceanglais is infheidhme maidir le conarthaí soláthair phoiblí a ***thairgtear go sonrach mar chonarthaí soláthair phoiblí ghlais a*** leagtar amach ***i ngníomhartha tarmligthe, ba cheart don Choimisiún iad*** a bhunú ***bunaithe ar chritéir*** oibiachtúla, thrédhearcacha agus neamh-idirdhealaitheacha***, agus srianta sonracha na n-údarás áitiúil beag agus riachtanais FBManna á gcur san áireamh***.

Leasú 61

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 91

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(91) Is ionann soláthar poiblí agus 14 % de OTI an Aontais. Chun rannchuidiú leis an gcuspóir maidir le ***neodracht aeráide*** a bhaint amach, éifeachtúlacht fuinnimh agus acmhainní a fheabhsú agus aistriú chuig geilleagar ciorclach lena gcosnaítear ***sláinte*** phoiblí agus ***bithéagsúlacht***, ba cheart ***a cheangal ar*** údaráis chonarthacha agus ***ar*** eintitis chonarthacha, i gcás inarb iomchuí, a ***gcuid soláthair*** a ailíniú le ***critéir nó spriocanna sonracha don*** soláthar poiblí glas, atá le leagan amach sna gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo. ***Ba cheart*** na critéir nó na ***spriocanna*** a leagtar síos le gníomhartha tarmligthe ***do ghrúpaí*** sonracha táirgí a ***chomhlíonadh***, ní hamháin nuair a fhaightear na táirgí sin go díreach i gconarthaí soláthair	(91) Is ionann soláthar poiblí agus 14 % de OTI an Aontais. Chun rannchuidiú leis an gcuspóir maidir le ***haeráidneodracht*** a bhaint amach, éifeachtúlacht fuinnimh agus acmhainní a fheabhsú agus aistriú chuig geilleagar ciorclach lena gcosnaítear ***an tsláinte*** phoiblí agus ***an bhithéagsúlacht***, ba cheart údaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha ***a spreagadh***, i gcás inarb iomchuí, ***chun*** a ***soláthar*** a ailíniú ***leis na critéir sonracha*** le ***haghaidh*** soláthar poiblí glas, atá le leagan amach sna gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo. ***D'fhéadfadh*** na critéir ***inbhuanaitheachta a bheith i bhfoirm sonraíochtaí teicniúla éigeantacha*** nó ***i bhfoirm leibhéal feidhmíochta éigeantacha, nó, de réir mar is iomchuí, i bhfoirm critéir***

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
phoiblí ach freisin i gconarthaí oibreacha poiblí nó seirbhísí poiblí i gcás ina n-úsáidfear na táirgí sin le haghaidh gníomhaíochtaí arb iad ábhar na gconarthaí sin iad. ***I gcomparáid le cur chuige deonach, áiritheofar le critéir nó spriocanna éigeantacha go n-uasmhéadófar giaráil an chaiteachais phoiblí chun borradh a chur faoin éileamh ar tháirgí a fheidhmíonn níos fearr.*** Ba cheart go mbeadh na critéir sin trédhearcach, oibiachtúil agus neamh-idirdhealaitheach.	***roghnúcháin, critéir dhámhachtana nó clásail feidhmíochta conartha, agus ag an am céanna cead a thabhairt d'údaráis chonarthacha lánrogha a dhéanamh maidir le cinneadh a dhéanamh maidir leis*** na ***critéir ina n-iomláine is gá don soláthar poiblí. D'fhéadfaí na critéir inbhuanaitheachta*** a leagtar síos le gníomhartha tarmligthe ***le haghaidh grúpaí*** sonracha táirgí a ***úsáid***, ní hamháin nuair a fhaightear na táirgí sin go díreach i gconarthaí soláthair phoiblí ach freisin ***nuair a fhaightear iad*** i gconarthaí oibreacha poiblí nó seirbhísí poiblí i gcás ina n-úsáidfear na táirgí sin le haghaidh gníomhaíochtaí arb iad ábhar na gconarthaí sin iad. Ba cheart go mbeadh na critéir sin trédhearcach, oibiachtúil agus neamh-idirdhealaitheach.

Leasú 62

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 92

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(92) Chun dul chun cinn teicniúil agus eolas ar fhianaise eolaíoch nua a chur san áireamh, chun dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú, chun rochtain ar an bhfaisnéis a éascú agus chun cur chun feidhme aonchineálach rialacha a áirithiú, ba cheart an chumhacht ***chun*** gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le ***hAirteagal 290*** den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i ndáil le forálacha agus ceanglais theicniúla atá sonrach ó thaobh an táirge de a bhunú ***agus a leasú***; na córais ***measúnaithe*** agus fíoraithe is infheidhme a ***shainiú***; lena gcinnfear na coinníollacha faoina gcomhlíonann oibleagáidí faoi dhlí eile an Aontais oibleagáidí áirithe den Rialachán seo; an dearbhú feidhmíochta agus an múnla dearbhaithe comhréireachta a leasú; oibleagáidí breise a ***bhunú do mhonaróirí***; rialacha nós imeachta a athbhreithniú agus a fhorlíonadh maidir le doiciméid um measúnú Eorpach a fhorbairt; ceanglais ***íosta*** a ***leagan síos d'údaráis faireachais margaidh; bunachar nó córas táirgí foirgníochta de chuid an Aontais a*** bhunú***; ceanglais soláthair phoiblí ghlais a bhunú*** agus ***pionóis íosta a shainiú***. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr ([41]). Go háirithe, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na	(92) Chun dul chun cinn teicniúil agus eolas ar fhianaise eolaíoch nua a chur san áireamh, chun dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú, chun rochtain ar an bhfaisnéis a éascú agus chun cur chun feidhme aonchineálach rialacha a áirithiú, ba cheart an chumhacht gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le ***hAirteagal 290*** den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i ndáil le forálacha agus ceanglais theicniúla atá sonrach ó thaobh an táirge de a bhunú; na córais ***mheasúnaithe*** agus fíoraithe is infheidhme a ***shonrú, ar córais iad a leagtar amach in Iarscríbhinn V***; lena gcinnfear na coinníollacha faoina gcomhlíonann oibleagáidí faoi dhlí eile an Aontais oibleagáidí áirithe den Rialachán seo; an dearbhú feidhmíochta agus an múnla dearbhaithe comhréireachta a leasú; oibleagáidí breise ***comhshaoil*** a ***shainiú le haghaidh monaróirí***; rialacha nós imeachta a athbhreithniú agus a fhorlíonadh maidir le doiciméid um measúnú Eorpach a fhorbairt; ceanglais ***maidir le soláthar poiblí glas*** a bhunú***. Ba cheart an cumhachtú sin a theorannú don mhéid is gá chun riachtanais na mBallstát a chomhlíonadh, ar riachtanais iad a shainaithnítear*** agus ***a áirítear sa phlean oibre***. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr ([41]). Go

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.	háirithe, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe. ***Agus na gníomhartha sin á bhforbairt aige, ba cheart go mbeadh sé d'aidhm ag an gCoimisiún an t-ualach riaracháin ar chuideachtaí a laghdú agus riachtanais FBManna a chur san áireamh.***
([41]) IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.	([41]) IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

Leasú 63

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 93

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(93) Chun coinníollacha comhionanna a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún***. sonraí a chur ar fáil maidir leis an gcaoi le hoibleagáidí agus cearta oibreoirí eacnamaíocha a fhorghníomhú***; formáid an mheasúnaithe theicniúil Eorpaigh a ghlacadh; ***na hacmhainní is lú a theastaíonn ó chomhlachtaí dá dtugtar fógra a bhunú*** agus rochtain a thabhairt ***d'údaráis tríú tíortha ar na córais faisnéise le haghaidh cinnteoireachta comhchuibhithe ar bhunachar sonraí nó ar chóras táirgí foirgníochta an AE agus ar oiliúint*** i gcomhthéacs an Rialacháin seo. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([42]).	(93) Chun coinníollacha comhionanna a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún ***na modhanna a leagan síos chun faisnéis a tharchur***; formáid an mheasúnaithe theicniúil Eorpaigh a ghlacadh; agus rochtain a thabhairt ***ar chúrsaí oiliúna*** i gcomhthéacs an Rialacháin seo. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([42]).

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
([42]) Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).	([42]) Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

Leasú 64

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 98

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(98) Chun ardleibhéal comhlíonta leis an Rialachán seo a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit rialacha a leagan síos maidir leis na pionóis is infheidhme maidir le neamhchomhlíonadh agus ba cheart dóibh a áirithiú go bhforfheidhmeofar na rialacha sin. Ba cheart go mbeadh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. ***D'fhonn na spriocanna sin agus pionóis chomhchuibhithe a áirithiú, ba cheart go dtabharfaí de chumhacht don Choimisiún pionóis íosta a bhunú trí ghníomhartha arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.***	(98) Chun ardleibhéal comhlíonta leis an Rialachán seo a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit rialacha a leagan síos maidir leis na pionóis is infheidhme maidir le neamhchomhlíonadh agus ba cheart dóibh a áirithiú go bhforfheidhmeofar na rialacha sin. Ba cheart go mbeadh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

Leasú 65

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 100

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(100) Chun deimhneacht dhlíthiúil a chruthú, ba cheart a shoiléiriú cá fhad a fhéadfaidh táirgí a chuirtear ar an margadh ar bhonn doiciméid um measúnú Eorpach arna nglacadh faoi Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 fanacht sa slabhra dáileacháin agus, ar an gcaoi sin, iad a chur ar fáil ar an margadh tuilleadh. Ar aon dul leis an gcleachtas faoi reachtaíocht táirgí eile, meastar gur cúig bliana tar éis don mheasúnú teicniúil Eorpach dul in éag, ar cuireadh ar an margadh iad ar a bhonn, a bheidh an tréimhse iomchuí. Ar an mbealach sin, sé bliana tar éis theacht i bhfeidhm sonraíochta teicniúla comhchuibhithe arna glacadh faoin Rialachán seo, comhlíonfaidh gach táirge a dhíoltar le húsáideoirí an tsonraíocht theicniúil chomhchuibhithe sin agus an Rialachán seo.	***scriosta***

Leasú 66

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Bunaítear leis an Rialachán seo rialacha comhchuibhithe maidir le táirgí foirgníochta a chur ar fáil ar an margadh ***agus a shuiteáil go díreach***, is cuma cé acu faoi chuimsiú seirbhíse ***a dhéantar iad*** nó nach ***dtugtar***, trí na nithe seo a leanas a bhunú:	Bunaítear leis an Rialachán seo rialacha comhchuibhithe maidir le táirgí foirgníochta a chur ar ***an margadh agus a chur ar*** fáil ar an margadh, is cuma cé acu ***a dhéantar iad*** faoi chuimsiú seirbhíse nó nach ***ndéantar***, trí na nithe seo a leanas a bhunú:

Leasú 67

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) rialacha maidir le conas feidhmíocht chomhshaoil agus sábháilteachta táirgí foirgníochta a chur in iúl i ndáil lena mbuntréithe;	(a) rialacha ***comhchuibhithe*** maidir le conas feidhmíocht chomhshaoil***, lena n-áirítear measúnú saolré,*** agus ***feidhmíocht*** sábháilteachta táirgí foirgníochta a chur in iúl i ndáil lena mbuntréithe;

Leasú 68

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) ceanglais chomhshaoil, ***lena n-áirítear ceanglais aeráide, ceanglais*** fheidhmiúla agus ceanglais maidir le táirgí sábháilteachta do tháirgí foirgníochta.	(b) ceanglais chomhshaoil, fheidhmiúla agus ceanglais maidir le táirgí sábháilteachta do tháirgí foirgníochta.

Leasú 69

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Bunaítear leis an Rialachán seo freisin oibleagáidí atá ar oibreoirí eacnamaíocha a dhéileálann le táirgí foirgníochta nó lena gcomhpháirteanna nó ***le*** táirgí a ***d'fhéadfaí a mheas mar tháirgí foirgníochta ach nach bhfuil sé beartaithe ag a monaróir gur táirgí foirgníochta iad***.	Bunaítear leis an Rialachán seo freisin oibleagáidí atá ar oibreoirí eacnamaíocha a dhéileálann le táirgí foirgníochta nó lena gcomhpháirteanna nó ***a bhfuil*** táirgí ***úsáide dúbailte acu, lena n-áirítear na táirgí sin*** a ***dhíshuiteáil agus a athúsáid***.

Leasú 70

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Rannchuidíonn an Rialachán seo le feidhmiú éifeachtúil an mhargaidh inmheánaigh trí shaorghluaiseacht táirgí foirgníochta sábháilte agus inbhuanaithe a áirithiú san Aontas agus trí chuspóirí an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh a bhaint amach trí thionchar táirgí foirgníochta ar an gcomhshaol agus ar shláinte agus ar shábháilteacht daoine a chosc agus a laghdú.

Leasú 71

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 2 – mír 1 – fomhír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) ***Tacair sonraí 3D a chuirtear ar an margadh chun go bhféadfar*** táirgí foirgníochta ***3D a chumhdaítear leis an Rialachán seo agus táirgí foirgníochta clóbhuailte agus múnlaí 3D a phriontáil***;	(a) Táirgí foirgníochta ***priontáilte in 3T***;

Leasú 72

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 2 – mír 1 – fomhír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) ábhair a bheartaítear a úsáid chun táirgí foirgníochta a phriontáil i 3D ar an láithreán foirgníochta nó gar dó nó chun múnlaí a mhonarú ar an láithreán foirgníochta nó gar dó;	***scriosta***

Leasú 73

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 2 – mír 1 – fomhír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) táirgí foirgníochta a mhonaraítear ar an láithreán foirgníochta lena n-ionchorprú láithreach in oibreacha foirgníochta, gan aon ghníomh tráchtála ar leith lena gcur ar an margadh;	***scriosta***

Leasú 74

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 2 – mír 1 – fomhír 1 – pointe f

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(f) fearais nó cóimeálacha, i gcás ina bhfuil a gcomhdhéanamh sonraithe i sonraíochtaí teicniúla comhchuibhithe nó i ndoiciméid um measúnú Eorpach (DEManna) agus clúdaithe ag na sonraíochtaí sin;	***scriosta***

Leasú 75

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 2 – mír 1 – fomhír 1 – pointe g

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(g) tithe aon teaghlaigh réamhdhéanta de níos lú ná 180 m² de spás urláir dromchla ag a bhfuil urlár amháin nó níos lú ná 100 m² spás urláir dromchla ar dhá urlár.	***scriosta***

Leasú 76

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 2 – mír 1 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh gan an Rialachán seo a chur i bhfeidhm i gcás na dtithe dá dtagraítear i litir (g) trí fhógra a thabhairt don Choimisiún.	***scriosta***

Leasú 77

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 2 – mír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) i gcás ina n-athróidh an t-oibreoir eacnamaíoch úsáid bheartaithe na dtáirgí foirgníochta nó na ***n-ítimí*** sin a úsáideadh, ón úsáid a bhí beartaithe agus a shann an monaróir tosaigh do na táirgí nó ***ítimí*** foirgníochta sin ar bhealach seachas trí laghdú i dtéarmaí feidhmíochta nó trí na húsáidí atá beartaithe nó chun críocha maisiúcháin amháin***, agus sainítear na críocha sin trí aon fheidhm struchtúrach a bheith in easnamh le haghaidh na n-oibreacha foirgníochta***;	(b) i gcás ina n-athróidh an t-oibreoir eacnamaíoch úsáid bheartaithe na dtáirgí foirgníochta nó na ***hearraí*** sin a úsáideadh, ón úsáid a bhí beartaithe agus a shann an monaróir tosaigh do na táirgí nó ***earraí*** foirgníochta sin ar bhealach seachas trí laghdú i dtéarmaí feidhmíochta nó trí na húsáidí atá beartaithe nó chun críocha **'**maisiúcháin**'** amháin;

Leasú 78

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 2 – mír 2 – pointe d a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(da) go bhfuil an t-oibreoir eacnamaíoch ag cur táirge foirgníochta úsáidte ar an margadh den chéad uair;

Leasú 79

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 2 – mír 2 – pointe d b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(db) nach gcomhlíontar oibleagáidí na n-oibreoirí eacnamaíocha a dhéanann táirgí úsáidte a dhíshuiteáil nó a láimhseáil le haghaidh athúsáide;

Leasú 80

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 2 – mír 3 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) ***coirí, píopaí, umair*** agus ***foghabhálacha*** agus táirgí eile a bheartaítear a bheith i ***dtadhall*** le huisce atá ceaptha do thomhaltas an duine;	(b) ***cáilíocht na gcoirí, na bpíobán, na n-umar*** agus ***na bhfoghabhálacha a bhaineann le sláinteachas*** agus táirgí eile a bheartaítear a bheith i ***dteagmháil*** le huisce atá ceaptha do thomhaltas an duine;

Leasú 81

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 2 – mír 3 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) córais a chóireáiltear fuíolluisce;	***scriosta***

Leasú 82

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 2 – mír 3 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) fearais sláintíochta;	***scriosta***

Leasú 83

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 2 – mír 3 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) táirgí comhartha tráchta.	***scriosta***

Leasú 84

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 2 – mír 3 – pointe e a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ea) táirgí soilsithe atá faoi réir Threoir 2014/35/AE, Threoir 2014/53/AE nó Threoir 2001/95/CE;

Leasú 85

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 2 – mír 3 – pointe e b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(eb) táirgí leictreacha agus leictreonacha faoi réir Threoracha 2014/35/AE, 2014/30/AE, 2014/53/AE, na Treorach maidir le Srian ar Shubstaintí Guaiseacha nó [XXX] an Rialacháin maidir le hÉicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe.

Leasú 86

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 2 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Beidh feidhm ag an Rialachán seo freisin maidir le seirbhísí clódála 3D táirgí foirgníochta agus ítimí a chumhdaítear leis an Rialachán seo. Áirítear ar sheirbhísí clódóireachta 3D meaisíní 3D a fháil ar cíos a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh táirgí foirgníochta agus ítimí a chumhdaítear leis an Rialachán seo. ***Beidh feidhm ag an Rialachán seo freisin maidir le seirbhísí a bhaineann leis na nithe seo a leanas:*** ***— monarú agus tráchtálú táirgí foirgníochta agus ítimí a chumhdaítear leis an Rialachán seo, agus*** ***— táirgí foirgníochta úsáidte nó ítimí a chumhdaítear leis an Rialachán seo a dhíshuiteáil, a ullmhú lena n-athúsáid, a athmhonarú agus a láimhseáil.***	***scriosta***

Leasú 87

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 2 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Féadfaidh na Ballstáit táirgí foirgníochta ***agus ítimí*** a chumhdaítear leis an Rialachán seo agus a chuirtear ar an margadh ***nó a shuiteáiltear go díreach*** sna réigiúin is forimeallaí den Aontas Eorpach de réir bhrí Airteagal 349 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a dhíolmhú ó chur i bhfeidhm an Rialacháin seo. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún Eorpach agus do na Ballstáit eile faoi na rialacháin lena bhforáiltear do na díolúintí sin. Áiritheoidh siad nach mbeidh an ***comhartha*** CE ar tháirgí foirgníochta díolmhaithe ***ná ar ítimí foirgníochta díolmhaithe*** i gcomhréir le hAirteagal 16. Táirgí foirgníochta ***nó ítimí*** a chuirtear ar an margadh ***nó a shuiteáiltear go díreach*** ar bhonn díolúine den sórt sin, ní mheasfar iad a bheith curtha ar an margadh ***ná a bheith suiteáilte go díreach*** san Aontas de réir bhrí an Rialacháin seo.	5. Féadfaidh na Ballstáit táirgí foirgníochta a chumhdaítear leis an Rialachán seo agus a chuirtear ar an margadh sna réigiúin is forimeallaí den Aontas Eorpach de réir bhrí Airteagal 349 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a dhíolmhú ó chur i bhfeidhm an Rialacháin seo. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún Eorpach agus do na Ballstáit eile faoi na rialacháin lena bhforáiltear do na díolúintí sin. Áiritheoidh siad nach mbeidh an ***mharcáil*** CE ar tháirgí foirgníochta díolmhaithe i gcomhréir le hAirteagal 16. ***Maidir le*** táirgí foirgníochta a chuirtear ar an margadh ar bhonn díolúine den sórt sin, ní mheasfar iad a bheith curtha ar an margadh san Aontas de réir bhrí an Rialacháin seo.

Leasú 88

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 3 – mír 1 – pointe 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) Ciallaíonn 'táirge foirgníochta' aon ***ítim fhisiceach atá foirmithe nó atá gan chruth, lena n-áirítear a pacáistíocht*** agus a ***treoracha úsáide, nó trealamh nó cóimeáil ina bhfuil na hítimí sin le chéile, a*** chuirtear ar an margadh nó a ***tháirgtear*** lena chorprú ar bhealach buan in oibreacha foirgníochta nó i gcodanna díobh laistigh den Aontas, ***cé is moite d'ítimí nach mór a chomhtháthú ar dtús i gcóimeáil, i dtrealamh nó i dtáirge foirgníochta eile sula n-ionchorpraítear iad ar bhealach buan in oibreacha foirgníochta***;	(1) ciallaíonn 'táirge foirgníochta' aon ***táirge nó fearas a tháirgtear*** agus a chuirtear ar an margadh nó a ***sholáthraítear don láithreán foirgníochta*** lena chorprú ar bhealach buan in oibreacha foirgníochta nó i gcodanna díobh laistigh den Aontas, ***lena n-áirítear táirgí 3T-phriontáilte nó earraí eile a chumhdaítear leis an Rialachán seo i gcomhréir le hAirteagal 2(1) go (3)***;

Leasú 89

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 3 – mír 1 – pointe 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) Ciallaíonn 'buan' ***ar feadh dhá bhliain nó níos faide***;	(2) ciallaíonn 'buan' ***go bhfuil rud suiteáilte nó greamaithe sa chaoi go bhféadfadh sé difear suntasach a dhéanamh do na buncheanglais oibre agus go bhfuil sé beartaithe fanacht san obair thógála nó i gcodanna di agus nach féidir é a bhaint gan uirlisí ná fórsa meicniúil tar éis an próiseas tógála nó athchóirithe a thabhairt chun críche***;

Leasú 90

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 3 – mír 1 – pointe 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(3) Ciallaíonn 'táirge' táirge foirgníochta nó ítim eile a chumhdaítear leis an Rialachán seo i gcomhréir le hAirteagal 2(1) go (3);	***scriosta***

Leasú 91

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 3 – mír 1 – pointe 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(5) Ciallaíonn 'suiteáil dhíreach' táirge a shuiteáil in obair thógála cliaint gan é a chur ar fáil ar an margadh nó gan teach aon-teaghlaigh a chumhdaítear leis an Rialachán seo a shuiteáil, bíodh sé faoi chuimsiú seirbhís a chur ar fáil nó ná bíodh;	***scriosta***

Leasú 92

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 3 – mír 1 – pointe 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(7) Ciallaíonn 'buntréithe' na saintréithe sin den táirge a bhaineann leis na buncheanglais le haghaidh oibreacha foirgníochta mar a ***leagtar amach in*** Iarscríbhinn I***, Cuid A, Pointe 1 a ghabhann*** leis ***an Rialachán seo nó a liostaítear in*** Iarscríbhinn I***, Cuid A, Pointe 2***;	(7) ciallaíonn 'buntréithe' na saintréithe sin den táirge a bhaineann leis na buncheanglais le haghaidh oibreacha foirgníochta mar ***atá leagtha amach i gCuid*** A ***d'***Iarscríbhinn I ***nó*** leis ***na saintréithe comhshaoil atá liostaithe i gCuid B d'***Iarscríbhinn I;

Leasú 93

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 3 – mír 1 – pointe 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(8) Ciallaíonn 'ceanglais maidir le táirge' leibhéal tairsí nó saintréith eile nach mór do tháirge a chomhlíonadh ***sular féidir*** é a chur ar an margadh ***nó a shuiteáil go díreach, lena n-áirítear na ceanglais sin a bhaineann le lipéadú agus treoracha úsáide nó faisnéis eile atá le soláthar***;	(8) ciallaíonn 'ceanglais maidir le táirge' leibhéal tairsí nó saintréith eile ***a leagtar amach in Iarscríbhinn I, Cuid C 1 agus Cuid C 2, agus a shonraítear i gcomhréir le hAirteagal 5 agus*** nach mór do tháirge ***foirgníochta*** a chomhlíonadh ***sula bhféadfar*** é a chur ar an margadh;

Leasú 94

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 3 – mír 1 – pointe 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(9) ciallaíonn 'oibreoir eacnamaíoch' an monaróir, an t-ionadaí údaraithe, an t-allmhaireoir, an dáileoir, an soláthraí seirbhíse comhlíonta, an ***soláthraí seirbhíse clódóireachta 3D,*** monaróir, ***allmhaireoir*** nó dáileoir ***ábhar*** atá beartaithe do ***chló 3D táirgí***, díoltóir ar líne, an bróicéir, an soláthróir, an soláthraí seirbhíse, an lipéadóir ***branda féin,*** nó aon duine nádúrtha nó dlítheanach eile***, nach údaráis iad, dá dtugtar fógra, comhlachtaí measúnaithe teicniúla agus pointí teagmhála le haghaidh táirgí foirgníochta*** atá faoi réir an Rialacháin seo maidir le monarú, díshuiteáil ***le haghaidh athúsáide***, ***ath-mhonarú*** nó ***athphacáistiú táirgí, nó*** na táirgí sin a chur ar fáil ar an margadh ***nó a shuiteáil go díreach*** i gcomhréir leis an Rialachán seo***, agus oibreoirí eacnamaíocha mar a shainítear in Airteagal 3, pointe (13) de Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*** ([44]);	(9) ciallaíonn 'oibreoir eacnamaíoch' an monaróir, an t-ionadaí údaraithe, an t-allmhaireoir, an dáileoir, an soláthraí seirbhíse comhlíonta, an monaróir, ***an t-allmhaireoir*** nó ***an*** dáileoir ***ábhair*** atá beartaithe do ***tháirgí priontáilte in 3T***, díoltóir ar líne, an bróicéir, an soláthróir, an soláthraí seirbhíse, an lipéadóir ***féinbhranda*** nó aon duine nádúrtha nó dlítheanach eile atá faoi réir an Rialacháin seo maidir le monarú, díshuiteáil ***táirgí lena n-athúsáid***, ***lena n-athmhonarú,*** nó ***maidir leis*** na táirgí sin a chur ar fáil ar an margadh i gcomhréir leis an Rialachán seo;

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(44) Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le faireachas margaidh agus comhlíonadh táirgí agus lena leasaítear Treoir 2004/42/CE agus Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 agus Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 (IO L 169, 25.6.2019, lch. 1).	

Leasú 95

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 3 – mír 1 – pointe 10

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(10) Ciallaíonn "soláthraí seirbhíse 3D" aon duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil, le linn gníomhaíochta tráchtála, ceann de na seirbhísí seo a leanas á thairiscint aige: Clódóirí 3D a ghlacadh ar cíos nó a léasú, tacair sonraí clódóireachta 3D a phriontáil amach, nó bróicéireacht a dhéanamh ar cheann de na seirbhísí sin, is cuma cé acu a sholáthraíonn an duine sin an t-ábhar priontála nó nach soláthraíonn;	***scriosta***

Leasú 96

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 3 – mír 1 – pointe 15

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(15) ciallaíonn 'foirgnimh' saoráidí, seachas coimeádáin, lena dtugtar foscadh do dhaoine, d'ainmhithe nó do réada, atá ceangailte go buan leis an talamh nó nach féidir a iompar ach le cabhair ó threalamh speisialta agus spás urláir dromchla 20m² ar a laghad ar leibhéal amháin nó níos mó;	***scriosta***

Leasú 97

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 3 – mír 1 – pointe 16

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(16) Ciallaíonn 'leibhéal' ***toradh an mheasúnaithe ar fheidhmíocht táirge i ndáil lena bhuntréithe, arna shloinneadh mar luach uimhriúil***;	(16) ciallaíonn 'leibhéal' ***léiriú feidhmíochta gan feidhmíocht fhéideartha a aicmiú nó gan íosmhéid nó uasmhéid sonraithe***;

Leasú 98

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 3 – mír 1 – pointe 17

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(17) Ciallaíonn 'aicme' ***raon leibhéal, arna dteorannú ag íosluach agus uasluach, de chuid feidhmíochta táirge***;	(17) ciallaíonn 'aicme' ***léiriú feidhmíochta laistigh de roinnt chórasach feidhmíochtaí ionchasacha***;

Leasú 99

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 3 – mír 1 – pointe 22

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(22) ***Ciallaíonn 'tionól' sraith de dhá ítim ar leith ar a laghad, ar táirge ceann acu;***	***scriosta***

Leasú 100

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 3 – mír 1 – pointe 24 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) nach raibh sé faoi réir próiseas a théann thar dheisiú, glanadh ná cothabháil rialta, mar a shonraigh an monaróir bunaidh sna treoracha úsáide atá aige nó mar a aithnítear go bhfuil gá leis de réir eolais ***chomhchoitinn*** innealtóireachta ***sibhialta***;	(a) nach raibh sé faoi réir próiseas a théann thar dheisiú, glanadh ná cothabháil rialta, mar a shonraigh an monaróir bunaidh sna treoracha úsáide atá aige nó mar a aithnítear go bhfuil gá leis de réir ***an*** eolais innealtóireachta ***is cothrom le dáta a bhaineann go sonrach le hábhar***;

Leasú 101

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 3 – mír 1 – pointe 25

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(25) Ciallaíonn '***an*** úsáid atá beartaithe' an úsáid atá beartaithe ag an monaróir***, lena n-áirítear na coinníollacha úsáide,*** mar a ***leagtar amach i ndoiciméadacht*** theicniúil ***iad, ar lipéid, i dtreoracha úsáide, nó in ábhar poiblíochta, agus tá na húsáidí nach luaitear ach i gceann amháin díobh ina gcuid cheana féin den 'úsáid atá beartaithe'***;	(25) ciallaíonn 'úsáid atá beartaithe' an úsáid atá beartaithe ***arna chinneadh*** ag an monaróir ***don táirge foirgníochta*** mar a ***shainmhínítear í sa tsonraíocht*** theicniúil ***chomhchuibhithe is infheidhme***;

Leasú 102

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 3 – mír 1 – pointe 26

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(26) Ciallaíonn 'deisiú' an próiseas ***arb é*** atá ann ***coinníoll a chur ar ais*** maidir le táirge lochtach ***ar a bhfuil sé in ann*** an úsáid atá beartaithe ***dó*** a chomhlíonadh;	(26) ciallaíonn 'deisiú' an próiseas atá ann maidir le táirge lochtach ***a shocrú nó comhpháirteanna lochtacha*** an ***táirge a athsholáthar, chun an táirge a chur i riocht inar féidir leis an táirge a*** úsáid atá beartaithe a chomhlíonadh;

Leasú 103

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 3 – mír 1 – pointe 27

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(27) Ciallaíonn 'cothabháil' gníomhaíocht a dhéantar chun táirge a choinneáil i riocht ***inar féidir leis*** feidhmiú ***de réir mar is gá***;	(27) ciallaíonn 'cothabháil' gníomhaíocht a dhéantar chun táirge a choinneáil i riocht ***ina bhfuil sé in ann*** feidhmiú ***mar a shonraítear***;

Leasú 104

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 3 – mír 1 – pointe 31

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(31) Ciallaíonn 'cineál táirge' samhail theibí na dtáirgí aonair, ***arna chinneadh*** leis an ***úsáid atá beartaithe agus tacar saintréithe, nach n-eisiatar aon éagsúlacht maidir le feidhmíocht nó comhlíonadh na gceanglas maidir le táirgí a leagtar amach sa Rialachán seo nó i gcomhréir leis, a tháirgtear i bpróiseas sonrach táirgthe ina n-úsáidtear teaglaim áirithe amhábhar nó comhpháirteanna, agus baineann ítimí comhionanna de mhonaróirí éagsúla le cineálacha éagsúla táirgí freisin***;	(31) ciallaíonn 'cineál táirge' samhail theibí na dtáirgí aonair, ***a shainmhínítear*** leis an ***tsraith chéanna feidhmíochtaí dearbhaithe***;

Leasú 105

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 3 – mír 1 – pointe 32

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(32) Ciallaíonn '***an*** úrscothacht' bealach chun sprioc áirithe a bhaint amach atá ar an gceann is éifeachtaí agus is forbartha nó is gaire di agus, dá bhrí sin, os cionn mheán na mbealaí is féidir a roghnú;	(32) ciallaíonn 'úrscothacht' bealach chun sprioc áirithe a bhaint amach atá ar an gceann is éifeachtaí agus is forbartha nó is gaire di agus, dá bhrí sin, os cionn mheán na mbealaí is féidir a roghnú ***nó feidhmíocht ar léiriú í ar an méid atá indéanta ag úsáid teicneolaíochtaí coiteanna, bíodh sin ar an réiteach is fearr ó thaobh na teicneolaíochta de nó ná bíodh***;

Leasú 106

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 3 – mír 1 – pointe 38

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(38) Ciallaíonn 'crios comhchuibhithe' an réimse a chumhdaítear go comhpháirteach leis an Rialachán seo, leis na sonraíochtaí teicniúla comhchuibhithe, agus leis na gníomhartha ***de*** infheidhmeacht ghinearálta ón gCoimisiún ***a ghlactar*** de bhun an Rialacháin seo;	(38) ciallaíonn 'crios comhchuibhithe' an réimse a chumhdaítear go comhpháirteach leis an Rialachán seo, leis na sonraíochtaí teicniúla comhchuibhithe, agus leis na gníomhartha ***d'***infheidhmeacht ghinearálta ón gCoimisiún ***maidir le táirgí foirgníochta arna nglacadh*** de bhun an Rialacháin seo;

Leasú 107

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 3 – mír 1 – pointe 39

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(39) Ciallaíonn "dlí an Aontais" CAE, CFAE, prionsabail ghinearálta dlí, gníomhartha infheidhmeachta ginearálta dá dtagraítear sa dara mír, sa tríú mír agus sa cheathrú mír d'Airteagal 288 CFAE agus aon chomhaontuithe idirnáisiúnta a bhfuil an tAontas ina pháirtí iontu nó a bhfuil an tAontas agus a Bhallstáit ina bpáirtithe iontu;	***scriosta***

Leasú 108

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 3 – mír 1 – pointe 42

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(42) Ciallaíonn 'monarú ar leithligh', de bharr shonraíochtaí an chliaint, ***go bhfuil éagsúlacht sa mhodh monaraíochta*** i gcomparáid le gach táirge eile ***arna dtáirgeadh*** do chliaint eile ***ag an oibreoir eacnamaíoch atá i gceist***;	(42) ciallaíonn 'monarú ar leithligh' ***go bhfuil gá***, de bharr shonraíochtaí an chliaint, ***leis an trealamh táirgthe don mhonarú a athchoigeartú*** i gcomparáid le gach táirge eile ***a tháirgeann an t-oibreoir eacnamaíoch i gceist*** do chliaint eile;

Leasú 109

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 3 – mír 1 – pointe 44

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(44) Ciallaíonn 'saincheaptha', de bharr shonraíochtaí an chliaint, go bhfuil éagsúlacht i dtéarmaí méide nó ábhair i gcomparáid le gach táirge eile arna dtáirgeadh do chliaint eile ag an oibreoir eacnamaíoch atá i gceist.	***scriosta***

Leasú 110

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 3 – mír 1 – pointe 45 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(45a) ciallaíonn 'iompróir sonraí' siombail bharrachóid línigh, siombail dhéthoiseach nó meán gabhála sonraí eile um shainaithint uathoibríoch is féidir a léamh le feiste;

Leasú 111

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 3 – mír 1 – pointe 46

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(46) Ciallaíonn 'sonraíochtaí teicniúla comhchuibhithe' caighdeáin ***táirgí*** foirgníochta ***a bhunaítear*** i gcomhréir le hAirteagal 4(2) agus ***ar foilsíodh tagairt dóibh san Iris Oifigiúil i gcomhréir le hAirteagal 34 agus ar tugadh éigeantach iad dá bhrí sin chun críocha chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, agus*** gníomhartha tarmligthe arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 4(3) agus (4), le hAirteagal 5(***2***), nó le hAirteagal 22(4) ***ina*** bhfuil ***oidis theicniúla***;	(46) ciallaíonn 'sonraíochtaí teicniúla comhchuibhithe' caighdeáin ***do tháirgí*** foirgníochta ***arna mbunú*** i gcomhréir le hAirteagal 4(2) agus gníomhartha tarmligthe arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 4(3) agus (4), le hAirteagal 5(***1***), nó le hAirteagal 22(4) ***a*** bhfuil ***saintreoracha teicniúla iontu***;

Leasú 112

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 3 – mír 1 – pointe 48

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(48) Ciallaíonn 'táirge úsáide dúbailte' táirge a bhfuil a mhonaróir beartaithe lena úsáid mar tháirge ***agus mar mhír*** ag a bhfuil úsáid bheartaithe eile a bheadh lasmuigh de raon feidhme an Rialacháin seo dá mba rud é nach raibh ach an úsáid eile a beartaíodh dó;	(48) Ciallaíonn 'táirge úsáide dúbailte' táirge a bhfuil a mhonaróir beartaithe lena úsáid mar tháirge ***nó mar earra*** ag a bhfuil úsáid bheartaithe eile a bheadh lasmuigh de raon feidhme an Rialacháin seo dá mba rud é nach raibh ach an úsáid eile a beartaíodh dó;

Leasú 113

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 3 – mír 1 – pointe 51

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(51) Ciallaíonn 'coibhéis lánaimseartha' an chumhacht oibre atá ag duine amháin atá fostaithe go lánaimseartha mar atá sainithe ag an mBallstát lena mbaineann nó cumhacht oibre roinnt daoine atá fostaithe go páirtaimseartha ag obair le chéile an líon céanna uaireanta an chloig in aghaidh an lae nó na seachtaine;	***scriosta***

Leasú 114

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 3 – mír 1 – pointe 57

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(57) Ciallaíonn 'bróicéir' aon duine nádúrtha nó dlítheanach a sholáthraíonn seirbhís idirghabhála chun táirgí a chur ar an margadh ***nó a shuiteáil go díreach***;	(57) ciallaíonn 'bróicéir' aon duine nádúrtha nó dlítheanach a sholáthraíonn seirbhís idirghabhála chun táirgí a chur ar an margadh;

Leasú 115

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 3 – mír 1 – pointe 69

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(69) Ciallaíonn 'údarás' an Coimisiún Eorpach, a ghníomhaireachtaí, agus aon údarás a thugann fógra, údarás ainmniúcháin nó údarás um fhaireachas margaidh, mura sonraítear a mhalairt san fhoráil faoi seach: Is cuma cén Ballstát ina bhfuil sé lonnaithe;	***scriosta***

Leasú 116

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 3 – mír 1 – pointe 70

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(70) Ciallaíonn 'táirge a bhfuil riosca ag baint leis' táirge a d'fhéadfadh tionchar bunúsach a imirt ar shláinte agus ar shábháilteacht daoine, ar an gcomhshaol nó ar chomhlíonadh ceanglas bunúsach maidir le hoibreacha foirgníochta nuair a chorpraítear sna hoibreacha sin é, go feadh méid, agus an úrscothacht á chur san áireamh, a mhéid a théann sé, agus an úrscothacht á chur san áireamh, thar a bhfuil réasúnach agus inghlactha i ndáil leis an úsáid atá beartaithe dó agus faoi ghnáthdhálaí úsáide nó faoi dhálaí úsáide a bhfuil coinne réasúnta leo;	(70) ciallaíonn 'táirge a bhfuil riosca ag baint leis' táirge a d'fhéadfadh tionchar bunúsach a imirt ar shláinte agus ar shábháilteacht daoine, ar an gcomhshaol nó ar chomhlíonadh ceanglas bunúsach maidir le hoibreacha foirgníochta nuair a chorpraítear sna hoibreacha sin é, go feadh méid, agus an úrscothacht á chur san áireamh, a mhéid a théann sé, agus an úrscothacht á chur san áireamh, thar a bhfuil réasúnach agus inghlactha i ndáil leis an úsáid atá beartaithe dó agus faoi ghnáthdhálaí úsáide nó faoi dhálaí úsáide a bhfuil coinne réasúnta leo;

Leasú 117

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 3 – mír 1 – pointe 71 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(71a) ciallaíonn 'chun críocha maisithe' críocha a shainmhínítear in éagmais aon fheidhme struchtúraí nó buncheanglas le haghaidh na n-oibreacha foirgníochta a líostaítear in Iarscríbhinn I;

Leasú 118

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 3 – mír 1 – pointe 71 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(71b) ciallaíonn 'fotháirge' 'fotháirge' de réir bhrí Airteagal 5 de Threoir 2008/98/CE;

Leasú 119

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 3 – mír 1 – pointe 71 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(71c) ciallaíonn 'in-athchúrsáilteacht' an cumas dramhábhair nó dramhtháirgí a dheighilt, a bhailiú, a shórtáil agus a chomhiomlánú go héifeachtach agus go héifeachtúil mar shruthanna dramhaíola sainithe agus iad á n-ullmhú don athchúrsáil, agus ansin iad a athchúrsáil trí phróisis thionsclaíocha ábhartha agus a athphróiseáil ina n-ábhair nó ina dtáirgí athchúrsáilte, agus caillteanais cháilíochta nó feidhmiúlachta i gcomparáid leis an ábhar bunaidh nó leis an táirge bunaidh á n-íoslaghdú ag an am céanna.

Leasú 120

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 4 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Beidh na buncheanglais le haghaidh oibreacha foirgníochta, a leagtar amach in Iarscríbhinn I Cuid A***, Pointe 1*** ina mbonn le haghaidh iarrataí ar chaighdeánú agus sonraíochtaí teicniúla comhchuibhithe a ullmhú.	1. Beidh na buncheanglais le haghaidh oibreacha foirgníochta, a leagtar amach in Iarscríbhinn I Cuid A ina mbonn le haghaidh ***shainaithint na saintréithe bunriachtanacha ag táirgí foirgníochta. Déanfaidh an Coimisiún buntréithe táirgí foirgníochta a shainaithint agus riachtanais rialála na mBallstát, mar aon le cuspóirí sábháilteachta, comhshaoil, ciorclaíochta agus aeráide an Aontais, á gcur san áireamh. Is iad na buntréithe sainaitheanta, mar aon leis na buntréithe comhshaoil a liostaítear i gCuid B d'Iarscríbhinn I, a bheidh mar bhonn chun*** iarrataí ar chaighdeánú agus sonraíochtaí teicniúla comhchuibhithe a ullmhú.

Leasú 121

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 4 – mír 2 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Déanfar na buntréithe a ***shonraítear*** i gcomhréir le mír 1 nó ***atá liostaithe*** in Iarscríbhinn I, Cuid ***A, Pointe 2*** agus na modhanna ***lena measúnú*** a leagan síos i gcaighdeáin a ***chuirfear i gcrích go sainordaitheach*** chun críocha chur i bhfeidhm an Rialacháin seo (***dá ngairfear anseo feasta: Sainaithneofar saintréithe sár-riachtanacha táirgí i bhfianaise bhuncheanglais na n-oibreacha foirgníochta, agus riachtanais rialála na mBallstát á gcur san áireamh***.	Déanfar na buntréithe a ***shainaithnítear*** i gcomhréir le mír 1 nó ***na buntréithe comhshaoil a liostaítear*** in Iarscríbhinn I, Cuid ***B*** agus na modhanna ***chun iad*** a ***mheasúnú a*** leagan síos i gcaighdeáin a ***bheidh,*** chun críocha chur i bhfeidhm an Rialacháin seo***, éigeantach trí bhíthin gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 6a*** (***9***).

Leasú 122

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 4 – mír 2 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Féadfaidh an Coimisiún iarrataí ar chaighdeánú a eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán (AE) 1025/2012 lena leagtar síos na bunphrionsabail agus na clocha coirnéil chun na ***saintréithe sár-riachtanacha*** sin agus a modhanna measúnaithe a bhunú.	***Chun críocha na chéad fhomhíre den mhír seo, déanfaidh*** an Coimisiún iarrataí ar chaighdeánú a eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán (AE) 1025/2012 lena leagtar síos na bunphrionsabail agus na clocha coirnéil chun na ***buntréithe*** sin agus a modhanna measúnaithe a bhunú. ***Féadfar a áireamh leis na hiarrataí ar chaighdeánú sin iarraidh ar leibhéil tairsí agus aicmí feidhmíochta a chinneadh i ndáil leis na buntréithe agus cé acu de na buntréithe a fhéadfaidh monaróirí a dhearbhú nó a dhearbhóidh monaróirí; Sa chás sin, cinnfidh an Coimisiún na ceanglais a bheidh le comhlíonadh chun na leibhéil tairsí, na haicmí feidhmíochta agus na saintréithe sainordaitheacha a bhunú san iarraidh ar chaighdeánú.***

Leasú 123

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 4 – mír 2 – fomhír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Beidh measúnú tionchair ag gabháil leis na hiarrataí ar chaighdeánú a bhaineann leis na leibhéal tairsí agus na haicmí feidhmíochta a chinneadh, i gcomhréir le mír 13 de Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

Leasú 124

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 4 – mír 2 – fomhír 2 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Eiseoidh an Coimisiún iarrataí ar chaighdeánú chun ceanglais shonracha a leagan síos maidir le buntréithe do tháirgí foirgníochta úsáidte. Eiseofar na hiarrataí sin ar chaighdeánú i gcomhréir leis an bplean oibre arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 93a.

Leasú 125

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 4 – mír 2 – fomhír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Féadfar a áireamh sna hiarrataí ar chaighdeánú faoi seach iarraidh go gcinnfidh an eagraíocht Eorpach um chaighdeánú, sna caighdeáin shainordaitheacha dá dtagraítear sa chéad fhomhír, na leibhéil tairsí deonacha nó éigeantacha agus na haicmí feidhmíochta i ndáil leis na buntréithe agus cé acu de na buntréithe a fhéadfaidh nó a dhearbhóidh monaróirí. Sa chás sin, déanfaidh an Coimisiún na bunphrionsabail agus na clocha coirnéil a leagan síos chun na leibhéil tairsí, na haicmí tairsí agus na saintréithe sainordaitheacha a bhunú san iarraidh ar chaighdeánú.	***scriosta***

Leasú 126

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 4 – mír 2 – fomhír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Fióróidh an Coimisiún go bhfuil na bunphrionsabail agus na clocha cúinne, agus dlí an Aontais, á n-urramú sna caighdeáin éigeantacha sula bhfoilseofar an tagairt dóibh san Iris Oifigiúil i gcomhréir le hAirteagal 34.	***scriosta***

Leasú 127

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 4 – mír 3 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. De ***mhaolú ar mhír 2 agus chun riachtanais rialála na mBallstát a chumhdach agus chun spriocanna Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a shaothrú, tugtar de*** chumhacht don Choimisiún ***an Rialachán seo a fhorlíonadh trí bhíthin*** gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 87, trí bhuntréithe ***bunúsacha*** deonacha nó éigeantacha ***agus*** a ***modhanna measúnaithe a*** bhunú, ***do theaghlaigh*** agus ***do chatagóirí*** táirgí ***áirithe, in*** aon cheann de na ***cásanna*** seo a leanas:	3. ***Cé go dtabharfar tosaíocht d'fhorbairt caighdeán, tabharfar*** de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe ***a ghlacadh*** i gcomhréir le hAirteagal 87, ***lena bhforlíontar an Rialachán seo*** trí bhuntréithe deonacha nó éigeantacha a bhunú, ***i gcás tacar*** agus ***catagóirí áirithe*** táirgí***, mar*** aon ***lena modhanna measúnaithe i gcás nár seachadadh aon chaighdeán comhchuibhithe lena gcumhdaítear na buntréithe ábhartha de bhun iarrata a rinneadh i gcomhréir leis an gcéad fhomhír de mhír 2 den Airteagal seo agus nach bhfuiltear ag súil go seachadfar aon chaighdeán den sórt sin laistigh de thréimhse réasúnta ama agus, ina theannta sin, i gcás ina gcomhlíonfar aon*** cheann de na ***coinníollacha*** seo a leanas:

Leasú 128

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 4 – mír 3 – pointe -a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(-a) gur iarr an Coimisiún ar cheann amháin nó níos mó de na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú caighdeán comhchuibhithe a dhréachtú do na ceanglais agus nár ghlac aon cheann de na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú leis an iarraidh sin;

Leasú 129

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 4 – mír 3 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) go bhfuil moill mhíchuí ar ghlacadh caighdeán ***éigeantach*** áirithe ag na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú, agus go dtugtar moill mhíchuí i gcás nach dtíolacfaidh an eagraíocht Eorpach um chaighdeánú caighdeán laistigh den tréimhse ama a leagtar amach san iarraidh ar chaighdeánú;	(a) go bhfuil moill mhíchuí ***agus gan údar maith*** ar ghlacadh caighdeán áirithe ***dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 4(2)*** ag na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú, agus go dtugtar moill mhíchuí i gcás nach dtíolacfaidh an eagraíocht Eorpach um chaighdeánú caighdeán laistigh den tréimhse ama a leagtar amach san iarraidh ***ach tráth nach faide ná 2 bhliain tar éis an iarraidh*** ar chaighdeánú ***a fháil***;

Leasú 130

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 4 – mír 3 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) tá práinn ann maidir le sonraíochtaí teicniúla níos comhchuibhithe a ghlacadh, ar sonraíochtaí iad nach féidir a mheaitseáil le caighdeáin éigeantacha amháin;	***scriosta***

Leasú 131

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 4 – mír 3 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) buntréith amháin nó níos mó ***a thagraíonn*** do bhuncheanglais oibre a leagtar amach ***in*** Iarscríbhinn I ***Cuid A, Pointe 1*** nó a áirítear ***in*** Iarscríbhinn I ***Cuid A, Pointe 2, ní chumhdaítear iad*** leis na caighdeáin ***shainordaitheacha*** a ***bhfuil a*** dtagairtí ***foilsithe*** cheana san Iris Oifigiúil;	(c) ***nach gcumhdaítear*** buntréith amháin nó níos mó ***lena dtagraítear*** do bhuncheanglais oibre a leagtar amach ***i gCuid A d'***Iarscríbhinn I nó a áirítear ***i gCuid B d'***Iarscríbhinn I leis na caighdeáin ***dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 4(2) ar foilsíodh*** a dtagairtí cheana san Iris Oifigiúil ***agus inar dhiúltaigh na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú an caighdeán ábhartha a athbhreithniú nó a leasú in am trátha***;

Leasú 132

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 4 – mír 3 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) go meastar, ar chúiseanna eile, nach leor na caighdeáin éigeantacha chun riachtanais rialála na mBallstát nó riachtanais na n-oibreoirí eacnamaíocha a chumhdach;	***scriosta***

Leasú 133

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 4 – mír 3 – pointe d a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(da) gur gá athbhreithniú nó leasú a dhéanamh ar an gcaighdeán dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 4(2) chun riachtanais rialála na mBallstát a chumhdach, nó chun iad a ailíniú le cuspóirí sábháilteachta, comhshaoil, ciorclaíochta agus aeráide an Aontais, agus gur dhiúltaigh na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú nó nach raibh siad in ann an caighdeán ábhartha a athbhreithniú nó a leasú in am trátha;

Leasú 134

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 4 – mír 3 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) nach bhfuil na caighdeáin dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 4(2) i gcomhréir le reachtaíocht agus uaillmhian an Aontais maidir leis an aeráid agus leis an gcomhshaol;	***scriosta***

Leasú 135

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 4 – mír 3 – pointe f

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(f) ***ní*** féidir ***tagairtí do chaighdeáin éigeantacha*** a fhoilsiú san Iris Oifigiúil ***ar na cúiseanna a leagtar amach in Airteagal 34(4) ná ar chúiseanna dlíthiúla eile***;	(f) ***gur gá caighdeán nó cuid de chaighdeán a oiriúnú, caighdeán atá glactha ag eagraíocht Eorpach um chaighdeánú ach nach*** féidir a fhoilsiú san Iris Oifigiúil ***i gcomhréir le hAirteagal 6a(8)***;

Leasú 136

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 4 – mír 3 – pointe g

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(g) rinneadh tagairtí do chaighdeáin éigeantacha a tharraingt siar ón Iris Oifigiúil nó foilsíodh iad le srian.	***scriosta***

Leasú 137

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 4 – mír 4 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Chun riachtanais rialála na mBallstát a chumhdach agus chun ***na spriocanna*** comhshaoil, sábháilteachta agus comhchuibhithe ***atá in*** Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a ***shaothrú, tugtar de chumhacht don Choimisiún*** an ***Rialachán seo a fhorlíonadh, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 87, tríd an*** méid seo a leanas a chinneadh***, i gcás fine*** agus ***catagóirí áirithe*** táirgí:	4. ***Cé go dtabharfar tosaíocht d'fhorbairt na gcaighdeán, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 87*** chun ***an Rialachán seo a fhorlíonadh chun*** riachtanais rialála ***phráinneacha*** na mBallstát a chumhdach agus chun ***cuspóirí*** comhshaoil, sábháilteachta agus comhchuibhithe Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a ***bhaint amach. Sa chás sin, féadfaidh*** an ***Coimisiún an*** méid seo a leanas a chinneadh ***do thacair sonracha táirgí*** agus ***do chatagóirí sonracha*** táirgí:

Leasú 138

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 4 – mír 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	4a. Sula n-ullmhóidh sé gníomh tarmligthe, cuirfidh an Coimisiún in iúl don choiste dá dtagraítear in Airteagal 22 de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 go measann sé go bhfuil na coinníollacha i mír 3 agus mír 4 comhlíonta.

Leasú 139

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 4 – mír 4 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	4b. Agus an gníomh tarmligthe á ullmhú aige, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le heagraíochtaí Eorpacha ábhartha um chaighdeánú agus le heagraíochtaí geallsealbhóirí Eorpacha a fhaigheann maoiniú ón Aontas faoi Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012.

Leasú 140

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 4 – mír 4 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	4c. I gcás ina nglacfaidh eagraíocht Eorpach um chaighdeánú caighdeán comhchuibhithe agus ina bhfuil sé éigeantach trí bhíthin gníomh tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 6a(9), aisghairfidh an Coimisiún na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i mír 3 nó i mír 4 den Airteagal seo, nó na codanna sin díobh lena gcumhdaítear na ceanglais chéanna.

Leasú 141

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 4 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. ***Tugtar*** de chumhacht ***don Choimisiún Iarscríbhinn I Cuid A a leasú trí bhíthin*** gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 87 d'***fhonn í*** a oiriúnú ***don*** dul chun cinn teicniúil agus chun rioscaí nua agus gnéithe nua ***comhshaoil*** a chumhdach.	5. ***Tabharfar*** de chumhacht ***an Choimisiúin*** gníomhartha tarmligthe ***a ghlacadh*** i gcomhréir le hAirteagal 87 ***lena leasaítear Cuid A*** d'***Iarscríbhinn I chun na tosaíochtaí caighdeánaithe arna mbunú de bhun Airteagal 93a(2)*** a ***chomhlíonadh, chun é a*** oiriúnú ***chun*** dul chun cinn teicniúil ***a léiriú*** agus chun rioscaí nua agus gnéithe ***comhshaoil*** nua a chumhdach.

Leasú 142

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 4a ***Ceanglais maidir le faisnéis faoin táirge*** ***Maidir leis na táirgí foirgníochta go léir a chumhdaítear leis an Rialachán seo sula gcuirfear ar an margadh iad, comhlíonfaidh siad na ceanglais maidir le faisnéis faoin táirge atá leagtha amach i gCuid C3 d'Iarscríbhinn I.*** ***Féadfar na ceanglais maidir le faisnéis faoin táirge a leagtar amach in Iarscríbhinn I, Cuid C3, a shonrú don aicme táirgí nó don chatagóir faoi seach trí bhíthin gníomhartha tarmligthe arna nglacadh ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 87 nó trí bhíthin caighdeán tar éis iarraidh ar chaighdeánú arna dhéanamh ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 4(2).*** ***Déanfar na ceanglais maidir le faisnéis faoin táirge a leagtar síos i gCuid C3 d'Iarscríbhinn I a sholáthar do gach táirge foirgníochta ar phacáistíocht an táirge nó i gceangal leis seo i gcomhréir le hAirteagal 21(5). I gcás na dtáirgí foirgníochta a fholaítear le ceanglais faisnéise do shonraíocht theicniúil chomhchuibhithe, beidh siad ar fáil tríd an bpas táirge digiteach.***

Leasú 143

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 5 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. ***Gach táirge atá cumhdaithe ag*** an Rialachán seo***, sásóidh siad, sula gcuirfear ar an margadh nó sula suiteáiltear díreach iad, na ceanglais táirgí cineálacha is infheidhme go díreach a leagtar amach in Iarscríbhinn I Cuid D agus na ceanglais maidir leis an*** táirge a leagtar síos ***in Iarscríbhinn*** I ***Cuid B agus C mar a shonraítear don aicme táirgí nó don chatagóir táirgí lena mbaineann i gcomhréir le mír 2. Ní bheidh na ceanglais maidir le táirgí a leagtar síos i*** gCuid ***B*** agus i gCuid ***C*** d'Iarscríbhinn I ***infheidhme ach amháin i gcás ina bhfuil siad sonraithe i gcomhréir le mír 2***.	1. ***Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 87, lena bhforlíontar*** an Rialachán seo ***trí cheanglais*** táirge a leagtar síos i gCuid ***C1*** agus i gCuid ***C2*** d'Iarscríbhinn I ***a shonrú le haghaidh na haicme táirgí nó na catagóire táirgí faoi seach***.

Leasú 144

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 5 – mír 1 – fomhír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Sula gcuirfear ar an margadh iad, comhlíonfaidh táirgí foirgníochta a chumhdaítear leis an Rialachán seo ceanglais an táirge a shonraítear sna gníomhartha tarmligthe sin.

Leasú 145

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 5 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. ***D'fhonn*** na ceanglais maidir le táirgí a leagtar amach ***i gCuid B, i gCuid C*** agus ***i gCuid*** D ***d***'Iarscríbhinn I ***a shonrú, tugtar de chumhacht don Choimisiún an Rialachán seo a fhorlíonadh, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe*** i gcomhréir le ***hAirteagal 87, trí*** na ceanglais ***táirge*** sin a ***shonrú d'aicmí*** agus ***do chatagóirí áirithe táirgí agus trí*** na modhanna measúnaithe comhfhreagracha a leagan síos. A luaithe a bheidh na ceanglais sin maidir le táirgí sonraithe ag an gCoimisiún trí ***ghníomhartha*** tarmligthe, ***féadfaidh*** sé iarrataí ar chaighdeánú a eisiúint a bhfuil sé d'aidhm acu caighdeáin chomhchuibhithe dheonacha a mhionsaothrú lena bhforáiltear toimhde comhréireachta leis na ceanglais éigeantacha sin maidir le táirgí mar a shonraítear sna gníomhartha tarmligthe sin.	2. ***Agus*** na ceanglais maidir le táirgí a leagtar amach ***in Cuid C1*** agus ***Cuid C2*** d'Iarscríbhinn I ***á sonrú aige*** i gcomhréir le ***mír 1 den Airteagal seo, féadfaidh an Coimisiún a shainiú, i gcás aicmí agus catagóirí táirgí ar leith, cé acu de*** na ceanglais ***táirgí*** sin a ***mbeidh feidhm acu maidir leis an tacar táirgí sin nó leis an gcatagóir sin*** agus ***féadfaidh sé*** na modhanna measúnaithe comhfhreagracha a leagan síos. A luaithe a bheidh na ceanglais sin maidir le táirgí sonraithe ag an gCoimisiún trí ***bhíthin gníomhartha*** tarmligthe, ***déanfaidh*** sé iarrataí ar chaighdeánú a eisiúint a bhfuil sé d'aidhm acu caighdeáin chomhchuibhithe dheonacha a mhionsaothrú lena bhforáiltear toimhde comhréireachta leis na ceanglais éigeantacha sin maidir le táirgí mar a shonraítear sna gníomhartha tarmligthe sin. ***I gcás nach bhfuil aon chaighdeán comhchuibhithe ann, bunóidh an Coimisiún treoirlínte soiléire do mhonaróirí maidir le conas comhréireacht le ceanglais táirge a léiriú.***

Leasú 146

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 5 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. ***Tugtar*** de chumhacht don Choimisiún ***Iarscríbhinn*** I Cuid B, Cuid C agus Iarscríbhinn D a ***leasú trí bhíthin gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 87*** chun ***í*** a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil agus ***go háirithe*** chun rioscaí nua agus gnéithe comhshaoil a chumhdach.	3. ***Tabharfar*** de chumhacht don Choimisiún ***gníomhartha tarmligthe a ghlacadh*** i ***gcomhréir le hAirteagal 87 lena leasaítear*** Cuid B, Cuid C agus ***Cuid D d'***Iarscríbhinn ***I*** d***'fhonn na tosaíochtaí caighdeánaithe arna mbunú de bhun Airteagal 93a(2)*** a ***chomhlíonadh,*** chun ***é*** a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil agus chun rioscaí nua agus gnéithe comhshaoil ***nua*** a chumhdach.

Leasú 147

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 6 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Córais ***mheasúnaithe*** agus ***fíoraithe agus rialacha mionsonraithe a bhaineann go sonrach leis an táirge***	Córais ***um measúnú*** agus ***um fhíorú***

Leasú 148

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 6 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Chun cur chuige saincheaptha a chur i bhfeidhm agus chun an t-ualach a d'fhéadfadh a bheith ar mhonaróirí a íoslaghdú agus, ag an am céanna, leibhéal ard cosanta sláinte, sábháilteachta agus comhshaoil a áirithiú, tugtar de chumhacht don Choimisiún an Rialachán seo a fhorlíonadh trí bhíthin gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 87, ***tríd an gcóras measúnaithe*** agus fíoraithe is infheidhme idir iad siúd a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ***chinneadh do gach aicme táirgí nó do gach catagóir***. Féadfaidh sé córais mheasúnaithe agus fíoraithe a chinneadh freisin nach ionann iad agus an ***fhine chéanna*** táirgí nó an chatagóir chéanna táirgí nuair a dhéantar idirdhealú le buntréith nó le ceanglas maidir le táirgí.	1. Chun cur chuige saincheaptha a chur i bhfeidhm agus chun an t-ualach a d'fhéadfadh a bheith ar mhonaróirí a íoslaghdú agus, ag an am céanna, leibhéal ard cosanta sláinte, sábháilteachta agus comhshaoil a áirithiú, tugtar de chumhacht don Choimisiún an Rialachán seo a fhorlíonadh trí bhíthin gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 87, ***trína chinneadh, le haghaidh gach fine nó catagóire táirge, cad iad na córais mheasúnaithe*** agus fíoraithe is infheidhme idir iad siúd a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ***úsáidfear***. Féadfaidh sé córais mheasúnaithe agus fíoraithe a chinneadh freisin nach ionann iad agus an ***tacar céanna*** táirgí nó an chatagóir chéanna táirgí nuair a dhéantar idirdhealú le buntréith nó le ceanglas maidir le táirgí.

Leasú 149

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 6 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1a. Cinnfear córais mheasúnaithe agus fíoraithe in éineacht le sonraíochtaí teicniúla comhchuibhithe ag brath ar an úsáid atá beartaithe agus ar bhonn critéir shoiléire, intuigthe agus thrédhearcacha. Cuirfear san áireamh an damáiste a d'fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar easnaimh táirgí, an t-athrú ar fheidhmíocht i gcás ina n-imíonn coinníollacha táirgthe beagán óna chéile, an leochaileacht i leith earráidí sa phróiseas monaraíochta agus an cheist maidir le cé chomh héasca is féidir earráidí monaraíochta a aithint.

Leasú 150

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 6 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. ***D'fhonn*** cur i bhfeidhm na gceanglas nó na n-oibleagáidí atá in Iarscríbhinn V a éascú agus a chomhchuibhiú, tugtar de chumhacht don Choimisiún an Rialachán seo a fhorlíonadh, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 87, trí na ceanglais agus na hoibleagáidí sin a shonrú maidir le haicme táirgí ar leith nó maidir le catagóir ar leith táirgí	2. ***Chun*** cur i bhfeidhm na gceanglas nó na n-oibleagáidí atá in Iarscríbhinn V a éascú agus a chomhchuibhiú, tugtar de chumhacht don Choimisiún an Rialachán seo a fhorlíonadh, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 87, trí na ceanglais agus na hoibleagáidí ***measúnaithe agus fíoraithe*** sin a shonrú maidir le haicme táirgí ar leith nó maidir le catagóir ar leith táirgí

Leasú 151

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 6 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Chun neamh-chomhlíonadh córasach comhlachtaí dá dtugtar fógra nó monaróirí a chomhrac nó chun oiriúnú don dul chun cinn teicniúil, tugtar de chumhacht don Choimisiún an Rialachán seo a leasú, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 87, trí chéimeanna breise measúnaithe nó fioraithe a thabhairt isteach i gcórais Iarscríbhinn V.	***scriosta***

Leasú 152

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 6 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 6a
	Caighdeáin do tháirgí foirgníochta
	1. Bunóidh na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú caighdeáin do tháirgí foirgníochta bunaithe ar iarraidh ar chaighdeánú arna eisiúint ag an gCoimisiún.
	2. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagtar síos tacar soiléir cobhsaí rialacha don phróiseas caighdeánaithe ar fad lena n-áirítear róil, freagrachtaí, inniúlachtaí agus na sprioc-amanna nós imeachta ginearálta do na geallsealbhóirí uile lena mbaineann chomh maith leis na teimpléid atá le húsáid.
	Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin tráth nach déanaí ná [1 bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].
	Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 88(1).

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3. Arna iarraidh sin d'eagraíocht Eorpach um chaighdeánú, féadfaidh an Coimisiún tacaíocht riaracháin a sholáthar chun rannán inmheánach dlí a chur ar bun laistigh den eagraíocht Eorpach um chaighdeánú a mbeidh sé de chúram air profáil dhlíthiúil a dhéanamh ar chaighdeáin, mar aon le comhleanúnachas agus foirfeacht dhlíthiúil na gcaighdeán a áirithiú.
	4. Maidir leis na caighdeáin do tháirgí foirgníochta a leagtar síos sna gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 4(2), beidh feidhm éigeantach acu chun críocha an Rialacháin seo ó 12 mhí tar éis fhoilsiú na ngníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun mhír 9 den Airteagal seo. Féadfar iad a chur i bhfeidhm go deonach ar iarraidh ón monaróir ó dháta an fhoilsithe sin. Soláthrófar iontu na modhanna agus na critéir chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht na dtáirgí i ndáil lena mbuntréithe. Leis na caighdeáin sin, i gcás inarb iomchuí agus gan cruinneas, iontaofacht ná cobhsaíocht na dtorthaí a chur i mbaol, soláthrófar modhanna nach mbaineann ualach chomh trom leo agus a bhaineann le tástáil chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht na dtáirgí i ndáil lena mbuntréithe, lena n-aicmí, lena leibhéil tairsí nó lena gceanglais maidir leis an táirge.
	5. Is caighdeáin dheonacha a bheidh sna caighdeáin do tháirgí foirgníochta arna bhforbairt de bhun an dara habairt d'Airteagal 5(2) nó an tríú habairt d'Airteagal 22(4). Táirgí atá i gcomhréir leis na caighdeáin dheonacha arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 5(3), nó le codanna díobh, agus ar foilsíodh a dtagairtí in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, toimhdeofar go bhfuil siad i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos i gCuid C1 agus i gCuid C2 d'Iarscríbhinn I, mar a shonraítear don fhine táirgí nó don chatagóir táirgí faoi seach le sonraíochtaí teicniúla comhchuibhithe arna nglacadh i gcomhréir leis an gcéad abairt de mhír 3 d'Airteagal 5, a mhéid atá na ceanglais sin cumhdaithe ag na caighdeáin dheonacha sin agus go bhfuil an cumhdach sin sonraithe go cruinn sa chaighdeán comhchuibhithe faoi seach. Monaróirí a chomhlíonann na caighdeáin dheonacha arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 22(2), nó codanna díobh, agus ar foilsíodh a dtagairtí in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, toimhdeofar go bhfuil siad i gcomhréir leis na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 22(2), a mhéid atá na hoibleagáidí sin cumhdaithe ag na caighdeáin sin agus a mhéid atá cumhdach mar sin sonraithe go beacht sa chaighdeán faoi seach.
	6. Déanfaidh an Coimisiún, gan teip, measúnú ar chomhréireacht na gcaighdeán do tháirgí foirgníochta arna mbunú ag na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú leis na hiarrataí ábhartha ar chaighdeánú, leis an Rialachán seo agus le gníomhartha eile de chuid an Aontais.

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Déanfaidh an Coimisiún an measúnú dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo laistigh de 6 mhí tar éis an caighdeán a tharchur chuige. Ionas gur féidir leis an gCoimisiún an oibleagáid sin a chomhlíonadh laistigh den tréimhse ama ar leith, cuirfidh na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú an Coimisiún ar an eolas go rialta maidir le dul chun cinn agus ábhar an táirge caighdeánaithe is insoláthartha i gcomhréir le hAirteagal 10(5) de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012.
	7. Beidh an Coimisiún rannpháirteach, i gcás inar féidir, i bhfiosrúcháin neamhfhoirmiúla agus fhoirmiúla na n-eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú lena bhforbraítear na táirgí Eorpacha caighdeánúcháin a iarrtar, go háirithe maidir le hábhair a bhaineann le comhréireacht na dtáirgí insoláthartha caighdeánaithe leis an Rialachán seo agus le gníomhartha eile de chuid an Aontais.
	8. I gcás ina measann an Coimisiún go bhfuil caighdeán míshásúil nó a chuid míshásúil agus go gcinneann sé, dá bhrí sin, gan dul ar iontaoibh an chaighdeáin sin i ngníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun mhír 9 den Airteagal seo, cuirfidh sé a chúiseanna i scríbhinn i láthair ina leagfar amach na ceartúcháin is gá don eagraíocht Eorpach um chaighdeánú a dhéanamh laistigh de sé mhí tar éis an dréacht do chaighdeán a tharchur. I gcás den sórt sin, féadfaidh an Coimisiún sainordú a thabhairt don eagraíocht Eorpach um chaighdeánú an caighdeán a cheartú nó i gcomhréir le pointe f d'Airteagal 4(3) tabharfar de chumhacht don Choimisiún an Rialachán seo a fhorlíonadh trí ghníomhartha tarmligthe trí mhodhnú a dhéanamh ar na caighdeáin faoi seach nó ar a chuid.
	9. I gcás ina measfaidh sé go gcomhlíonann caighdeán a cuireadh i bhfeidhm de bhun iarrata arna déanamh i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 4(2) na ceanglais maidir leis an iarraidh sin ar chaighdeánú go hiomlán, glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 87 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí dhul ar iontaoibh an chaighdeáin sin.
	10. Laistigh de 90 lá tar éis measúnú dearfach a dhéanamh, foilseoidh an Coimisiún in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, nó foilseoidh sé le srianta in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, liosta na dtagairtí do na caighdeáin do tháirgí foirgníochta a nglactar leo agus atá i gcomhréir leo agus a cuireadh ar fáil ar phraghas inacmhainne.

Leasú 153

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 7 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Toimhdeofar go bhfuil an crios comhchuibhithe cuimsitheach, lena gcumhdaítear na ceanglais uile a d'fhéadfadh a bheith ann do tháirgí ***seachas iad sin a chumhdaítear faoi dhlí eile de chuid an Aontais***.	1. Toimhdeofar go bhfuil an crios comhchuibhithe cuimsitheach, lena gcumhdaítear na ceanglais uile ***reatha agus*** a d'fhéadfadh a bheith ann ***amach anseo*** do tháirgí ***foirgníochta***.

Leasú 154

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 7 – mír 2 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Beidh feidhm ag an mír seo freisin maidir le tairiscintí poiblí nó le sannadh díreach conarthaí i gcás ina ndéantar na tairiscintí poiblí sin nó na sannadh díreach sin a fhorghníomhú faoi rialú díreach nó indíreach eintiteas poiblí nó ina ndéantar iad a fhorghníomhú maidir le forálacha poiblí maidir le tairiscintí poiblí nó maidir le sannadh díreach conarthaí. Beidh feidhm ag an mír seo freisin maidir le deontais nó dreasachtaí dearfacha eile seachas dreasachtaí fioscacha. Mar sin féin, le sonraíochtaí teicniúla comhchuibhithe féadfar a cheadú nó a mholadh do Bhallstáit na cinntí maidir le sannadh tairiscintí poiblí, conarthaí nó deontas nó dreasachtaí dearfacha eile a nascadh d'fho-aicmí nó d'aicmí breise seachas na cinn sin arna mbunú i gcomhréir le hAirteagal 4(4) i gcás ina mbaineann siad fós le feidhmíochtaí comhshaoil arna measúnú i gcomhréir leis na sonraíochtaí teicniúla comhchuibhithe sin.	***scriosta***

Leasú 155

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 7 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Cuirfidh na Ballstáit in iúl do na Ballstáit eile agus don Choimisiún na ***saintréithe sár-riachtanacha*** atá ag teastáil uathu do gach ***aicme*** nó catagóir táirgí, na ceanglais táirge faoi seach agus na modhanna measúnaithe a chuireann siad i bhfeidhm. Déanfaidh ***siad tagairt do na saintréithe, ceanglais*** agus ***modhanna measúnaithe riachtanacha sin go réamhghníomhach i ngach fóram agus ar gach ócáid atá ábhartha chun Sonraíochtaí Teicniúla Comhchuibhithe a fhorbairt. Chun sonraíochtaí teicniúla comhchuibhithe a fhormhíniú, tabharfar aird ar na buntréithe, ar na buncheanglais agus ar na modhanna measúnaithe sin. Cumhdófar na saintréithe sár-riachtanacha le sonraíochtaí teicniúla comhchuibhithe a mhéid is féidir.***	3. Cuirfidh na Ballstáit in iúl do na Ballstáit eile agus don Choimisiún na ***buntréithe*** atá ag teastáil uathu do gach ***tacar*** nó catagóir táirgí, na ceanglais táirge faoi seach agus na modhanna measúnaithe a chuireann siad i bhfeidhm. ***Chun cumarsáid a éascú*** déanfaidh ***na Ballstáit gach beart rialála náisiúnta dá gcuid,*** agus ***gach beart riaracháin a imríonn tionchar díreach nó indíreach ar inúsáidteacht táirgí ar a gcríoch a chlárú sa Tairseach Aonair Dhigiteach.***

Leasú 156

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 7 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. I gcás ina measann Ballstát gur gá, ar fhorais ríthábhachtacha sláinte, sábháilteachta nó cosanta an chomhshaoil, lena n-áirítear an aeráid, ceanglais a bhunú le rialachán nó bearta riaracháin a ghlacadh i maolú ar mhír 2, tabharfaidh sé fógra don Choimisiún ina leith sin, agus tabharfaidh sé bonn cirt leis an ngá atá leis na hoibleagáidí nós imeachta arna mbunú agus míneoidh sé an riachtanas rialála a bhfuil sé mar aidhm aige aghaidh a thabhairt air agus fianaise a sholáthar maidir leis an ngá rialála atá ann agus maidir leis an easpa cumhdaigh i ndlí an chreasa chomhchuibhithe agus i ndlí eile an Aontais. Chuige sin, úsáidfidh na Ballstáit an nós imeachta um fhógra a thabhairt faoi Threoir (AE) 2015/1535, i gcás inarb infheidhme.	4. I gcás ina measann Ballstát gur gá, ***lena n-áirítear i gcásanna a bhfuil práinn ag baint leo,*** ar fhorais ríthábhachtacha sláinte, sábháilteachta nó cosanta ***daoine, mar aon le cosaint*** an chomhshaoil, lena n-áirítear an aeráid, ceanglais a bhunú le rialachán nó bearta riaracháin a ghlacadh i maolú ar mhír 2, tabharfaidh sé fógra don Choimisiún ina leith sin, agus tabharfaidh sé bonn cirt leis an ngá atá leis na hoibleagáidí nós imeachta arna mbunú agus míneoidh sé an riachtanas rialála a bhfuil sé mar aidhm aige aghaidh a thabhairt air agus fianaise a sholáthar maidir leis an ngá rialála atá ann agus maidir leis an easpa cumhdaigh i ndlí an chreasa chomhchuibhithe agus i ndlí eile an Aontais. Chuige sin, úsáidfidh na Ballstáit an nós imeachta um fhógra a thabhairt faoi Threoir (AE) 2015/1535, i gcás inarb infheidhme.

Leasú 157

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 7 – mír 5 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Údaróidh an Coimisiún, ***trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an beart*** náisiúnta ar tugadh fógra ina leith faoi mhír 4 ***más rud é***:	***Glacfaidh*** an Coimisiún ***gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 87 lena bhforlíontar an Rialachán seo***, ***tríd an mbeart*** náisiúnta ar tugadh fógra ina leith faoi mhír 4 ***den Airteagal seo a údarú sna cásanna seo a leanas***:

Leasú 158

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 7 – mír 5 – fomhír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) go bhfionnann sé ***gur dealraitheach*** go bhfuil ***call*** cuí leis an rialachán nó leis an mbeart riaracháin i bhfianaise mórchúiseanna sláinte, sábháilteachta nó cosanta an chomhshaoil dá dtagraítear i mír 4;	(a) go bhfionnann sé go bhfuil ***údar*** cuí leis an rialachán nó leis an mbeart riaracháin i bhfianaise mórchúiseanna sláinte, sábháilteachta nó cosanta an chomhshaoil dá dtagraítear i mír 4;

Leasú 159

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 7 – mír 5 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 88(2).	***scriosta***

Leasú 160

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 7 – mír 5 – fomhír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Ar mhórchúiseanna práinne cuí-réasúnaithe a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht an duine nó le cosaint an chomhshaoil, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a bheidh infheidhme láithreach i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 88(3).	***scriosta***

Leasú 161

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 7 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Cláróidh na Ballstáit gach beart rialála náisiúnta dá gcuid, agus gach beart riaracháin a imríonn tionchar díreach nó indíreach ar inúsáidteacht táirgí ar a gcríoch, isteach sa Tairseach Aonair Dhigiteach.	***scriosta***

Leasú 162

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 7 – mír 7 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
7. Ní chuireann an Rialachán seo bac ar na Ballstáit córais éigeantacha um aisíoc éarlaise a thabhairt isteach, oibleagáid a chur ar mhonaróirí táirgí a ***úsáidtear nó nach n-úsáidtear*** a thógáil ar ais go díreach nó trína n-allmhaireoirí agus ***dáileoirí*** agus oibleagáidí a bhunú maidir le táirgí ***do dhramhaíl a bhailiú agus a chóireáil***, ar choinníoll go ***gcomhlíontar gach ceann de na nithe*** seo a leanas:	7. Ní chuireann an Rialachán seo bac ar na Ballstáit córais éigeantacha um aisíoc éarlaise a thabhairt isteach, oibleagáid a chur ar mhonaróirí táirgí ***neamhchustaim*** a ***thógáil ar ais nó táirgí neamh-shaincheaptha*** a thógáil ar ais go díreach nó trína n-allmhaireoirí agus ***a ndáileoirí*** agus oibleagáidí a bhunú maidir le ***bailiú agus cóireáil*** táirgí ***le haghaidh dramhaíola***, ar choinníoll go ***gcomhlíonfar an méid*** seo a leanas ***go léir***:

Leasú 163

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 7 – mír 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
8. Féadfaidh na Ballstáit toirmeasc a chur ar scriosadh táirgí a thógtar ar ais i gcomhréir le hAirteagal 22(2), ***le litir*** (j) agus ***le hAirteagal*** 26 nó féadfaidh siad scriosadh na dtáirgí sin a chur ag brath ar iad a chur ar fáil roimh ré ar ardán bróicéireachta náisiúnta le haghaidh úsáid neamhthráchtála táirgí.	8. Féadfaidh na Ballstáit toirmeasc a chur ar scriosadh táirgí ***barrachais agus táirgí neamhdhíolta agus táirgí*** a thógtar ar ais i gcomhréir le hAirteagal 22(2), ***pointe*** (j) agus ***Airteagal*** 26 nó féadfaidh siad scriosadh na dtáirgí sin a chur ag brath ar iad a chur ar fáil roimh ré ar ardán bróicéireachta náisiúnta le haghaidh úsáid neamhthráchtála táirgí.

Leasú 164

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 8 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Chun measúnú dúbailte ar tháirgí a sheachaint, tugtar de chumhacht don Choimisiún an Rialachán seo a fhorlíonadh ***le gníomhartha*** tarmligthe arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 87 trí na coinníollacha a chinneadh faoina ***gcomhlíonann*** comhlíonadh ***na n-oibleagáidí*** faoi dhlí eile de chuid an Aontais oibleagáidí áirithe ***den*** Rialachán seo freisin***, i gcás ina ndéanfaí sin measúnú i gcomhthráth ar an ngné chéanna de shláinte, de shábháilteacht nó de chosaint an chomhshaoil faoin Rialachán seo agus faoi dhlí eile de chuid an Aontais***.	Chun measúnú dúbailte ar ***na gnéithe céanna de*** tháirgí a ***bhaineann le sláinte, sábháilteacht nó cosaint an chomhshaoil a*** sheachaint, tugtar de chumhacht don Choimisiún an Rialachán seo a fhorlíonadh ***trí ghníomhartha*** tarmligthe arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 87 trí na coinníollacha a chinneadh faoina ***gcomhlíonfaidh*** comhlíonadh ***oibleagáidí*** faoi dhlí eile de chuid an Aontais oibleagáidí áirithe ***faoin*** Rialachán seo freisin.

Leasú 165

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 8 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	I gcás ina dtiocfaidh coinbhleachtaí chun cinn idir an Rialachán seo agus Rialachán (AE) 2019/1020, Rialachán (AE) 1025/2012, Rialachán 765/2008/CE, Treoir 2001/95/CE, Treoir (AE) 2019/1937, agus [XXX] (an Rialachán maidir le hÉicidhearthóireacht do Tháirgí Inbhuanaithe), beidh forlámhas ag an Rialachán seo.

Leasú 166

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 9 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. I gcás ina bhfuil táirge cumhdaithe ag sonraíocht theicniúil chomhchuibhithe arna glacadh i gcomhréir le hAirteagal 4(2) nó (***3***), déanfaidh an monaróir an córas measúnaithe agus fíoraithe is infheidhme a leagtar amach in Iarscríbhinn V agus déanfaidh sé dearbhú feidhmíochta a tharraingt suas sula gcuirfear táirge den sórt sin ar an margadh. Féadfaidh monaróir táirge nach bhfuil cumhdaithe ag aon sonraíocht theicniúil chomhchuibhithe dearbhú feidhmíochta a eisiúint i gcomhréir leis an doiciméad ábhartha um measúnú Eorpach agus leis an measúnú teicniúil Eorpach.	1. I gcás ina bhfuil táirge ***foirgníochta*** cumhdaithe ag sonraíocht theicniúil chomhchuibhithe arna glacadh i gcomhréir le hAirteagal 4(2)***, (3)*** nó (***4***), déanfaidh an monaróir an córas measúnaithe agus fíoraithe is infheidhme a leagtar amach in Iarscríbhinn V agus déanfaidh sé dearbhú feidhmíochta a tharraingt suas sula gcuirfear táirge den sórt sin ar an margadh. Féadfaidh monaróir táirge nach bhfuil cumhdaithe ag aon sonraíocht theicniúil chomhchuibhithe dearbhú feidhmíochta a eisiúint i gcomhréir leis an doiciméad ábhartha um measúnú Eorpach agus leis an measúnú teicniúil Eorpach.

Leasú 167

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 9 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Tríd an dearbhú feidhmíochta a tharraingt suas, glacfaidh an monaróir freagracht air féin as an táirge a bheith i gcomhréir leis an bhfeidhmíocht dhearbhaithe sin agus beidh sé faoi dhliteanas i gcomhréir le dlíthe an Aontais agus le dlíthe náisiúnta maidir le dliteanas conarthach agus ***seachchonarthach, agus sin fiú mura ngníomhaigh sé go faillíoch***. In éagmais comharthaí oibiachtúla dá mhalairt, toimhdeoidh Ballstáit go bhfuil an dearbhú feidhmíochta arna tharraingt suas ag an monaróir beacht agus iontaofa.	3. Tríd an dearbhú feidhmíochta a tharraingt suas, glacfaidh an monaróir freagracht air féin as an táirge a bheith i gcomhréir leis an bhfeidhmíocht dhearbhaithe sin agus beidh sé faoi dhliteanas i gcomhréir le dlíthe an Aontais agus le dlíthe náisiúnta maidir le dliteanas conarthach agus ***seach-chonarthach***. In éagmais comharthaí oibiachtúla dá mhalairt, toimhdeoidh Ballstáit go bhfuil an dearbhú feidhmíochta arna tharraingt suas ag an monaróir beacht agus iontaofa.

Leasú 168

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 10 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) go ***bhfuil*** an táirge***, seachas le clóbhualadh 3D*** nó ***múnlaí atá ann cheana féin,*** a ***mhonaraítear go haonarach nó a*** shaincheapadh i bpróiseas neamhshraithe mar fhreagairt ar ordú sonrach, agus ***suiteáilte in obair thógála shainaitheanta amháin, ag*** monaróir atá freagrach freisin as an táirge a ionchorprú go sábháilte san obair ***thógála*** i gcomhréir leis na rialacha náisiúnta is infheidhme, agus faoi mhaoirseacht na ndaoine sin atá freagrach as na ***hoibreacha*** foirgníochta ***a ainmnítear*** faoi na rialacha náisiúnta is infheidhme ***a chur i gcrích go sábháilte***;	(a) go ***ndéantar*** an táirge ***a mhonarú*** nó a shaincheapadh ***ar leithligh*** i bpróiseas neamhshraithe mar fhreagairt ar ordú sonrach, agus ***go ndéanann*** monaróir ***é sin, ar monaróir é*** atá freagrach freisin as an táirge a ionchorprú go sábháilte san obair ***foirgníochta*** i gcomhréir leis na rialacha náisiúnta is infheidhme, agus faoi mhaoirseacht na ndaoine sin atá freagrach as ***cur i gcrích sábháilte*** na ***n-oibreacha*** foirgníochta ***arna n-ainmniú*** faoi na rialacha náisiúnta is infheidhme;

Leasú 169

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 10 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) go bhfuil an táirge seachas clóbhualadh 3D nó múnlaí atá ann cheana agus a mhonaraítear ar an láithreán foirgníochta, i bpróiseas neamhshraithe lena ionchorprú san obair thógála faoi seach i gcomhréir leis na rialacha náisiúnta is infheidhme agus faoi mhaoirseacht na ndaoine sin atá freagrach as na hoibreacha foirgníochta a dhéanamh go sábháilte, ar oibreacha iad atá ainmnithe faoi na rialacha náisiúnta is infheidhme; nó	***scriosta***

Leasú 170

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 10 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Féadfaidh Ballstát codanna d'oibreacha foirgníochta seachas táirgí a ullmhaítear lena n-athúsáid nó lena n-athmhonaraithe a dhíolmhú ó Airteagal 9(1) ar choinníoll nach gcuirfear an chuid i gcúrsaíocht lasmuigh de chríoch an Bhallstáit sin.	***scriosta***

Leasú 171

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 11 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Déanfar an dearbhú feidhmíochta a tharraingt suas ag baint úsáide as an tsamhail a leagtar amach in Iarscríbhinn II gan ***an roinn a bhaineann le comhréireacht. Cumhdófar leis an dearbhú feidhmíochta, ar a laghad, an fheidhmíocht maidir leis na buntréithe éigeantacha a liostaítear in Iarscríbhinn I Cuid A, na buntréithe atá éigeantach de bhua sonraíochtaí teicniúla comhchuibhithe nó gníomhartha tarmligthe ón gCoimisiún arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 4(3), agus an measúnú ar inbhuanaitheacht chomhshaoil dá dtagraítear in Airteagal 22(1).***	2. Déanfar an dearbhú feidhmíochta a tharraingt suas ag baint úsáide as an tsamhail a leagtar amach in Iarscríbhinn II gan ***pointí 12 agus 13c de.***

Leasú 172

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 11 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Déanfar ***an fhaisnéis*** dá dtagraítear in Airteagal 31 ***nó,*** de ***réir mar a bheidh, in Airteagal 33 de*** Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([45]) a sholáthar in éineacht leis an dearbhú feidhmíochta.	4. Déanfar ***bileoga sonraí sábháilteachta*** dá dtagraítear in Airteagal 31 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([45]) a sholáthar in éineacht leis an dearbhú feidhmíochta ***i gcás ina soláthrófar an táirge foirgníochta d'úsáideoir tionsclaíoch nó d'úsáideoir gairmiúil***. ***Cuirfear an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 33 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ar fáil do thomhaltóirí mar aon leis an dearbhú feidhmíochta.***
([45]) Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht ***Eorpaighch*** Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1.).	([45]) Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht ***Eorpach*** Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1.).

Leasú 173

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 12 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. I gcás nach mbeidh aon dearbhú feidhmíochta ar fáil do tháirge úsáidte arna eisiúint ag an monaróir tosaigh nó ag oibreoir eacnamaíoch eile de bhun an Rialacháin seo nó Rialachán (AE) 305/2011, féadfaidh oibreoir eacnamaíoch dearbhú feidhmíochta nua a eisiúint gan nós imeachta iomlán a ghlacadh i gcomhréir leis an Rialachán seo i gcás ina gcuirfidh sé teorainn leis an úsáid atá beartaithe ***do "mhaisiú"***. I gcás inar bhain an t-oibreoir eacnamaíoch úsáid as an maolú ***seo, cuirfear*** an ***lipéad "***Dearbhú Feidhmíochta ***don táirge úsáidte" ar an dearbhú feidhmíochta***.	2. I gcás nach mbeidh aon dearbhú feidhmíochta ar fáil do tháirge úsáidte arna eisiúint ag an monaróir tosaigh nó ag oibreoir eacnamaíoch eile de bhun an Rialacháin seo nó Rialachán (AE) 305/2011, féadfaidh oibreoir eacnamaíoch dearbhú feidhmíochta nua a eisiúint gan nós imeachta iomlán a ghlacadh i gcomhréir leis an Rialachán seo i gcás ina gcuirfidh sé teorainn ***chun críocha maisithe*** leis an úsáid atá beartaithe. I gcás inar bhain an t-oibreoir eacnamaíoch úsáid as an maolú ***sin, déanfar*** an dearbhú feidhmíochta ***a lipéadú 'dearbhú feidhmíochta do tháirge úsáidte chun críocha maisiúla'***.

Leasú 174

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 12 – mír 3 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Bunóidh na Ballstáit ceanglais maidir le díshuiteálaithe agus maidir leis an deimhniúchán atá le soláthar i gcomhréir leis an ***abairt dheireanach***, lena n-áirítear maidir leis an sainmhíniú ar strus a fhágann go bhfuil an táirge mí-oiriúnach.	Bunóidh na Ballstáit ceanglais maidir le díshuiteálaithe agus maidir leis an deimhniúchán atá le soláthar i gcomhréir leis an ***mír seo***, lena n-áirítear maidir leis an sainmhíniú ar strus a fhágann go bhfuil an táirge mí-oiriúnach.

Leasú 175

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 12 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Beidh feidhm ag mír 1 go mír 3 freisin maidir le táirgí athmhonaraithe, más rud é nach gcuireann an próiseas claochlaitheach***, agus iad ag dul thar dheisiú, glanadh, cothabháil rialta nó ullmhú d'athúsáid mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (16), de Threoir 2008/98/CE tar éis iad a dhíshuiteáil, comhlíonadh an Rialacháin seo nó feidhmíocht an*** táirge i ndáil leis na saintréithe ábhartha ***i mbaol toisc nach féidir leis an bpróiseas claochlaithe, de thoradh a ndearadh, tionchar diúltach a imirt ar an bhfeidhmíocht agus ar an gcomhlíonadh nó toisc go ndearnadh measúnú ar an gcuid athsholáthair a bheith coibhéiseach agus comhlíontach***. I gcás inar bhain an t-oibreoir eacnamaíoch úsáid as an maolú ***seo, déanfar*** an dearbhú feidhmíochta ***a lipéadú "Dearbhú Feidhmíochta le haghaidh táirge athmhonaraithe"***.	4. Beidh feidhm ag mír 1 go mír 3 freisin maidir le táirgí athmhonaraithe, más rud é nach gcuireann an próiseas claochlaitheach ***feidhmíocht*** an táirge i ***mbaol i*** ndáil leis na saintréithe ábhartha. I gcás inar bhain an t-oibreoir eacnamaíoch úsáid as an maolú ***sin, cuirfear*** an ***lipéad*** **'**dearbhú feidhmíochta ***don táirge athmhonaraithe' ar an dearbhú feidhmíochta***.

Leasú 176

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 12 – mír 5 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Beidh feidhm ag ***mír*** 1 go ***mír*** 4 maidir leis an méid seo a leanas ar fad:	Beidh feidhm ag ***míreanna*** 1 go 4 ***freisin*** maidir leis an méid seo a leanas ar fad:

Leasú 177

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 12 – mír 6 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Ní bheidh feidhm ag Airteagal 21(2) maidir le táirgí a thagann faoi na maoluithe i míreanna 1 go 5. Mar sin féin, cuirfidh na hoibreoirí eacnamaíocha an fhaisnéis a leagtar amach i gCuid D ***d'***Iarscríbhinn I ar fáil.	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 21(2) maidir le táirgí a thagann faoi na maoluithe i míreanna 1 go 5. Mar sin féin, cuirfidh na hoibreoirí eacnamaíocha an fhaisnéis a leagtar amach i gCuid ***C3*** d'Iarscríbhinn I ar fáil.

Leasú 178

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 12 – mír 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
9. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le táirgí úsáidte, athmhonaraithe ná barrachais nár cuireadh ar mhargadh an Aontais riamh ***nó nár suiteáladh riamh san Aontas***.	9. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le táirgí úsáidte, athmhonaraithe ná barrachais nár cuireadh ar mhargadh an Aontais riamh.

Leasú 179

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 13 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) a fhíorú go gcomhlíonann an táirge na ceanglais táirge atá i ***gCuid B*** agus ***i gCuid C*** d'Iarscríbhinn I a mhéid a bheidh siad sonraithe i ngníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 5(***2***), agus ceanglais ***an*** táirge i gCuid D ***d'***Iarscríbhinn I a chomhlíonadh;	(a) a fhíorú go gcomhlíonann an táirge na ceanglais táirge atá i ***gCodanna C1*** agus ***C2*** d'Iarscríbhinn I a mhéid a bheidh siad sonraithe i ngníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 5(***1***), agus ***na*** ceanglais ***maidir le faisnéis faoin*** táirge i gCuid ***C3*** d'Iarscríbhinn I a chomhlíonadh;

Leasú 180

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 13 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. ***Leis*** an dearbhú comhréireachta, glacfaidh an monaróir freagracht air féin ***go gcomhlíonfaidh*** an táirge ceanglais an táirge agus beidh sé faoi dhliteanas i gcomhréir leis na dlíthe náisiúnta maidir le dliteanas conarthach agus ***seachchonarthach, agus sin fiú mura ngníomhaigh sé go faillíoch***. ***I gcás neamhchomhlíonadh nó i gcás nach ann do dhearbhú comhréireachta, ní fhéadfar an táirge a chur ar fáil ar an margadh.*** In éagmais comharthaí oibiachtúla dá mhalairt, toimhdeoidh na Ballstáit go bhfuil an dearbhú comhréireachta arna tharraingt suas ag an monaróir cruinn agus iontaofa.	3. ***Tríd*** an dearbhú comhréireachta, glacfaidh an monaróir freagracht air féin ***as*** an táirge ***a bheith i gcomhréir le*** ceanglais an táirge agus beidh sé faoi dhliteanas i gcomhréir leis na dlíthe náisiúnta maidir le dliteanas conarthach agus ***seach-chonarthach***. In éagmais comharthaí oibiachtúla dá mhalairt, toimhdeoidh na Ballstáit go bhfuil an dearbhú comhréireachta arna tharraingt suas ag an monaróir cruinn agus iontaofa.

Leasú 181

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 14 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Leis an dearbhú comhréireachta, cuirfear in iúl go gcomhlíonann táirge ceanglais ***an*** táirge dá dtagraítear in Airteagal 5***(1)*** agus ***(2)***.	1. Leis an dearbhú comhréireachta, cuirfear in iúl go gcomhlíonann táirge ***na*** ceanglais táirge dá dtagraítear in Airteagal 5 agus ***na ceanglais maidir le faisnéis faoin táirge dá dtagraítear in Airteagal 4a***.

Leasú 182

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 14 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Beidh feidhm ag Airteagal ***11(2) go (4) agus ag Airteagal*** 12 maidir leis an dearbhú comhréireachta.	3. Beidh feidhm ag Airteagal 12 maidir leis an dearbhú comhréireachta.

Leasú 183

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 14 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Comhlíonfaidh an monaróir oibleagáidí an Airteagail seo amhail ***ón gcéad athbhreithniú ar an dearbhú feidhmíochta a rinne an monaróir*** tar éis dháta chur i bhfeidhm na sonraíochta teicniúla comhchuibhithe ***arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 4(1) go (3), maidir leis an bhfine nó maidir leis an gcatagóir táirgí faoi seach, ach ar a dhéanaí 3 bliana tar éis an dáta sin***.	4. Comhlíonfaidh an monaróir oibleagáidí an Airteagail seo amhail ***ó 18 mí*** tar éis dháta chur i bhfeidhm na sonraíochta teicniúla comhchuibhithe ***ábhartha***.

Leasú 184

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 15 – mír 2 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
I ***gcás ina gcuirtear an dearbhú ar fáil go*** leictreonach**,** eiseoidh an monaróir an dearbhú ***sin i bhformáid*** leictreonach ***atá inléite go coitianta, ach atá inléite go coitianta. Mar mhalairt air sin, féadfaidh an monaróir a úsáid permalink ar choinníoll go bhfuil an permalink agus an doiciméad inrochtana tríd an permalink unamendable. Beidh feidhm ag Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 157/2014 ón gCoimisiún*** [46] ***faoin Rialachán seo.***	***Is*** i ***bhformáid*** leictreonach ***mheaisín-inléite ach doleasaithe a*** eiseoidh an monaróir an dearbhú ***a chuirfear ar fáil go*** leictreonach.
	Eiseoidh an Coimisiún iarrataí ar chaighdeánú arb é is aidhm dóibh formáidí caighdeánacha a fhorbairt le haghaidh dearbhuithe meaisín-inléite do gach sonraíocht theicniúil chomhchuibhithe.
	Áiritheoidh an Coimisiún go bhforbrófar na formáidí caighdeánacha sin de réir coincheap aonfhoirmeach. Mar chuid den fhormáid leictreonach atá inléite go coitianta, féadfaidh an monaróir buan-nasc nó iompróir sonraí a úsáid ar choinníoll go mbeidh an buan-nasc nó an t-iompróir sonraí agus an doiciméad atá inrochtana tríd an mbuan-nasc nó tríd an iompróir sonraí doleasaithe. Beidh feidhm ag Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 157/2014 ón gCoimisiún [46] faoin Rialachán seo.
[46] Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 157/2014 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2013 maidir leis na coinníollacha chun dearbhú feidhmíochta ar tháirgí foirgníochta a chur ar fáil ar láithreán greásáin; IO L 52, 21.2.2014, lch. 1.	[46] Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 157/2014 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2013 maidir leis na coinníollacha chun dearbhú feidhmíochta ar tháirgí foirgníochta a chur ar fáil ar láithreán greásáin; IO L 52, 21.2.2014, lch. 1.

Leasú 185

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 15 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Is féidir a bheith sna Dearbhuithe permalinks chuig dearbhuithe doláimhsithe maidir le táirgí comhshaoil nó doiciméid eile doláimhsithe ina bhfuil an fhaisnéis a iarradh má leanann na doiciméid sin ordú agus struchtúr na ndearbhuithe nó má thugtar tábla comhghaoil a nascann ord na ndearbhuithe le hord na ndoiciméad sin in éineacht leis an permalink.	***scriosta***

Leasú 186

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 16 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Greamófar an ***comhartha*** CE de na táirgí sin a bhfuil dearbhú feidhmíochta ***nó comhréireachta*** dréachtaithe ag an monaróir ina leith i gcomhréir le hAirteagal 9 agus le ***hAirteagal*** 11 go ***hAirteagal*** 14. Greamófar an ***comhartha*** CE de phríomhchodanna. ***Ní fhéadfar an comhartha CE a ghreamú de chodanna nach páirteanna tábhachtacha iad.***	2. Greamófar an ***mharcáil*** CE de na táirgí sin a bhfuil dearbhú feidhmíochta dréachtaithe ag an monaróir ina leith***, nó,*** i ***gcás inarb infheidhme, dearbhú feidhmíochta agus comhréireachta i*** gcomhréir le hAirteagal 9 agus le ***hAirteagail*** 11 go 14. Greamófar an ***mharcáil*** CE de phríomhchodanna.

Leasú 187

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 16 – mír 5 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Ní thabharfaidh na Ballstáit aon tagairtí isteach ná ní tharraingeoidh siad siar aon tagairtí i mbearta náisiúnta do mharcáil lena bhfianaítear comhréireacht ***leis na*** ceanglais nó ***an fheidhmíocht dhearbhaithe maidir leis na*** buntréithe ***a chumhdaítear leis an gcrios comhchuibhithe***.	Ní thabharfaidh na Ballstáit aon tagairtí isteach ná ní tharraingeoidh siad siar aon tagairtí i mbearta náisiúnta do mharcáil lena bhfianaítear comhréireacht ***le*** ceanglais nó ***le*** buntréithe***, mura rud é gur leagadh síos bonn don tagairt sin i gcomhréir le hAirteagal7(5)***.

Leasú 188

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 16 – mír 6 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Ní chuirfidh Ballstát toirmeasc ná bac, laistigh dá chríoch nó faoina fhreagracht, ar chur ar fáil ar an margadh ná ar úsáid táirgí a bhfuil an ***comhartha*** CE orthu, nuair a ***fhreagraíonn*** na feidhmíochtaí dearbhaithe do na ceanglais maidir le húsáid den sórt sin sa Bhallstát sin.	Ní chuirfidh Ballstát toirmeasc ná bac, laistigh dá chríoch nó faoina fhreagracht, ar chur ar fáil ar an margadh ná ar úsáid táirgí a bhfuil an ***mharcáil*** CE orthu, nuair a ***chomhfhreagraíonn*** na feidhmíochtaí dearbhaithe do na ceanglais maidir le húsáid den sórt sin sa Bhallstát sin. ***Ní bhreithneoidh an Ballstát sin ach na ceanglais sin a chumhdaítear leis an gcrios comhchuibhithe.***

Leasú 189

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 16 – mír 6 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Ní chuirfidh Ballstát toirmeasc ná bac, laistigh dá chríoch nó faoina fhreagracht, ar chur ar fáil ar an margadh ná ar úsáid táirgí a bhfuil an ***comhartha*** CE orthu, nuair a chomhlíonann an táirge ceanglais táirge a ***bhunaítear*** sa Rialachán seo nó ***a bhunaítear leis an Rialachán*** seo, mura sonraítear sa tsonraíocht theicniúil chomhchuibhithe faoi seach nach ***bhfuil*** sna ceanglais faoi seach ***ach íoscheanglais***.	Ní chuirfidh Ballstát toirmeasc ná bac, laistigh dá chríoch nó faoina fhreagracht, ar chur ar fáil ar an margadh ná ar úsáid táirgí a bhfuil an ***mharcáil*** CE orthu, nuair a ***chomhfhreagraíonn na feidhmíochtaí dearbhaithe do na ceanglais sa Bhallstát sin nó nuair a*** chomhlíonann an táirge ceanglais táirge a ***chuirtear ar bun*** sa Rialachán seo nó ***trí bhíthin an Rialacháin*** seo, mura sonraítear sa tsonraíocht theicniúil chomhchuibhithe faoi seach nach ***ann ach íoscheanglais*** sna ceanglais faoi seach.

Leasú 190

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 17 – mír 1 – fomhír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) cód uathúil aitheantais an chineáil táirge, an ***permalink*** chuig clárú/cláruithe táirgí an mhonaróra i mbunachair sonraí an Aontais ***agus an suíomh beacht iontu i gcás inar féidir an táirge a aimsiú,***	(d) cód uathúil aitheantais an chineáil táirge, an ***buan-nasc nó an t-iompróir sonraí*** chuig clárú/cláruithe táirgí an mhonaróra i mbunachair sonraí an Aontais ***nó chuig suíomh gréasáin an mhonaróra;***

Leasú 191

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 17 – mír 2 – fomhír 1 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) an permalink chuig suíomh gréasáin an mhonaróra cur i láthair táirgí féin, más ann,	***scriosta***

Leasú 192

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 17 – mír 2 – fomhír 1 – pointe g

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(g) uimhir aitheantais an chomhlachta dá dtugtar fógra, más infheidhme.	***scriosta***

Leasú 193

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 17 – mír 2 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Maidir leis na hítimí a liostaítear i bpointí d) go f) Féadfar buan-nasc ***leis an dearbhú*** feidhmíochta agus comhréireachta le chéile (marcáil leictreonach CE) a chur ina n-ionad	Maidir leis na hítimí a liostaítear i bpointí d) go f)**,** féadfar buan-nasc ***nó iompróir sonraí chuig an ndearbhú*** feidhmíochta agus comhréireachta le chéile (marcáil leictreonach CE) a chur ina n-ionad.

Leasú 194

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 17 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Greamófar an ***comhartha*** CE sula gcuirfear an táirge ar an margadh ***nó sula ndéanfar é a shuiteáil go díreach in obair foirgníochta***. Féadfar picteagram nó marc ar bith eile lena dtaispeántar riosca nó úsáid ar leith a chur ina dhiaidh sin.	3. Greamófar an ***mharcáil*** CE sula gcuirfear an táirge ar an margadh. Féadfar picteagram nó marc ar bith eile lena dtaispeántar riosca nó úsáid ar leith a chur ina dhiaidh sin.

Leasú 195

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 18 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Ní fhéadfar marcálacha seachas an ***comhartha*** CE, lena n-áirítear ***comharthaí*** príobháideacha, a ghreamú ***ar*** tháirge ach amháin más rud é nach ***gcumhdaíonn*** siad ***sonraíochtaí teicniúla comhchuibhithe*** nó go ***ndéantar tagairt dóibh nó do cheanglais táirge nó do shaintréithe bunúsacha nó modhanna measúnaithe atá ar áireamh sa chrios comhchuibhithe***.	Ní fhéadfar marcálacha ***eile*** seachas an ***mharcáil*** CE, lena n-áirítear ***marcálacha*** príobháideacha, a ghreamú ***de*** tháirge ach amháin más rud é nach ***dtugann*** siad ***le fios ach go gcomhlíonann an táirge an fheidhmíocht dhearbhaithe*** nó ***na ceanglais táirge atá leagtha amach sa Rialachán seo, agus más rud é nach bhfuil na ceanglais sin éigeantach do mhargú nó d'úsáid táirge. Níl feidhm ag na srianta sin maidir le hÉicilipéad AE ná maidir le héicilipéad eile de chineál I a aithnítear*** go ***hoifigiúil (ISO 14024)***.

Leasú 196

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 18 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Ní fhéadfar aon mharcáil eile seachas ***an mharcáil*** a leagtar amach le reachtaíocht an Aontais a ghreamú ar ***tháirge atá fad níos lú ná fad dúbailte an mhairc CE arna thomhas ó aon phointe CE agus an mharcáil eile atá leagtha amach i ndlí an Aontais***.	***Féadfar marcálacha*** eile seachas ***na marcálacha*** a leagtar amach le reachtaíocht an Aontais a ghreamú ***de tháirge*** ar ***choinníoll nach ndéanfaidh na marcálacha sin dochar d'infheictheacht, d'inléiteacht ná do bhrí na marcála CE***.

Leasú 197

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 19 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Déanfaidh ***an t-oibreoir*** eacnamaíoch na bearta uile is gá chun a áirithiú go leanfar de bheith ag comhlíonadh an Rialacháin seo***, lena n-áirítear táirgí***. I gcás ina luaitear neamhchomhlíonadh an oibreora eacnamaíoch nó an táirge agus ina n-iarrann údarás faireachais margaidh gníomh ceartaitheach i gcomhréir le hAirteagal 70(1), cuirfidh an t-oibreoir eacnamaíoch tuarascálacha ar dhul chun cinn faoi bhráid an údaráis sin go dtí go gcinnfidh an t-údarás sin gur féidir an gníomh ceartaitheach a dhúnadh.	1. Déanfaidh ***oibreoir*** eacnamaíoch na bearta uile is gá chun a áirithiú go leanfar de bheith ag comhlíonadh an Rialacháin seo. I gcás ina luaitear neamhchomhlíonadh an oibreora eacnamaíoch nó an táirge agus ina n-iarrann údarás faireachais margaidh gníomh ceartaitheach i gcomhréir le hAirteagal 70(1), cuirfidh an t-oibreoir eacnamaíoch tuarascálacha ar dhul chun cinn faoi bhráid an údaráis sin go dtí go gcinnfidh an t-údarás sin gur féidir an gníomh ceartaitheach a dhúnadh.

Leasú 198

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 19 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. I gcás ina dtagann ráitis éagsúla maidir le neamhchomhlíonadh oibreora eacnamaíoch nó táirge agus iarrataí ar ghníomhaíocht cheartaitheach ó údaráis de chuid Ballstát éagsúil, déanfaidh oibreoir eacnamaíoch bearta difreáilte, faoi réir na gcásanna ina bhfuil sé beartaithe na táirgí a chur ar fáil ar an margadh nó a shuiteáil go díreach. Nuair nach féidir sin a dhéanamh nó i gcás ina gcuimsíonn beart is déine arna fhorchur ag Ballstát amháin an beart is lú déine arna fhorchur ag Ballstát eile, déanfar an beart is déine. I gcás nach dtiocfaidh toradh soiléir as na rialacha sin, déanfaidh na Ballstáit lena mbaineann agus an Coimisiún, agus, arna iarraidh sin dóibh, déanfaidh Ballstáit eile iarracht teacht ar réiteach comhchoiteann agus, más gá, glacfaidh siad gníomh cur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 33.	***scriosta***

Leasú 199

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 19 – mír 3 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Déanfaidh an t-oibreoir eacnamaíoch, arna iarraidh sin ***d'***údarás, aon oibreoir eacnamaíoch nó aon ghníomhaí eile a chur in iúl don údarás sin:	Déanfaidh an t-oibreoir eacnamaíoch, arna iarraidh sin ***ag an*** údarás ***inniúil***, aon oibreoir eacnamaíoch nó aon ghníomhaí eile a chur in iúl don údarás sin:

Leasú 200

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 19 – mír 3 – fomhír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) cé a bhfuil baint acu le seirbhísí airgeadais comhthaobhachta agus seirbhísí comhthaobhachta eile a bhaineann le táirgí a chur ar fáil nó a shuiteáil go díreach.	***scriosta***

Leasú 201

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 19 – mír 3 – fomhír 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Agus na hoibreoirí dá dtagraítear sa chéad fhomhír á sainaithint aige, cuirfidh an t-oibreoir eacnamaíoch an t-údarás ar an eolas ***faoi na sonraí nasctha uile, lena n-áirítear***:	Agus na hoibreoirí dá dtagraítear sa chéad fhomhír á sainaithint aige, cuirfidh an t-oibreoir eacnamaíoch an t-údarás ar an eolas ***faoin méid seo a leanas***:

Leasú 202

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 19 – mír 3 – fomhír 2 – pointe i

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(i) seoltaí na n-oibreoirí dá dtagraítear sa chéad fhomhír;	***scriosta***

Leasú 203

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 19 – mír 3 – fomhír 2 – pointe ii

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(ii) sonraí teagmhála na n-oibreoirí ***sin***;	(ii) sonraí teagmhála***,lena n-áirítear seoltaí, seoltaí ríomhphoist agus suíomhanna gréasáin*** na n-oibreoirí ***dá dtagraítear sa chéad fhomhír***;

Leasú 204

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 19 – mír 3 – fomhír 2 – pointe iii

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(iii) seoltaí ríomhphoist, suíomhanna gréasáin agus próifílí meán sóisialta na n-oibreoirí sin;	***scriosta***

Leasú 205

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 19 – mír 3 – fomhír 2 – pointe v

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(v) cuntais bhainc na n-oibreoirí sin; agus	***scriosta***

Leasú 206

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 19 – mír 3 – fomhír 2 – pointe ii

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(vi) ainmneacha, seoltaí, sonraí teagmhála daoine nádúrtha nó dlítheanacha atá ag gníomhú ***do na hoibreoirí*** sin.	(vi) ainmneacha, seoltaí, sonraí teagmhála daoine nádúrtha nó dlítheanacha atá ag gníomhú ***thar ceann na n-oibreoirí*** sin***, más ábhartha, agus, in aon chás, i gcomhréir le [RGCS]***.

Leasú 207

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 19 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Beidh oibreoir eacnamaíoch in ann ***na doiciméid*** agus an ***fhaisnéis uile*** dá dtagraítear sa Chaibidil seo a ***thíolacadh do na húdaráis*** ar feadh tréimhse ***deich*** mbliana tar éis ***dóibh*** an táirge i gceist a bheith ***i seilbh*** nó ag déileáil leis an táirge i ***dtrácht, ach amháin má tá siad ar fáil go buan tríd an mbunachar sonraí ina gclárófar táirgí nó tríd an gcóras arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 78***. Tíolacfaidh sé na doiciméid agus an fhaisnéis laistigh de 10 lá tar éis dó iarraidh a fháil ón údarás faoi seach.	4. ***Tríd an bpas digiteach do tháirgí foirgníochta,*** beidh oibreoir eacnamaíoch in ann ***an doiciméadacht ar fad, lena n-áirítear an dearbhú feidhmíochta*** agus an ***dearbhú comhréireachta, mar aon leis an bhfaisnéis*** dá dtagraítear sa Chaibidil seo***,*** a ***chur faoi bhráid na n-údarás*** ar feadh tréimhse ***10*** mbliana tar éis an táirge ***atá*** i gceist a bheith ***ina sheilbh*** nó ***a bheith*** ag déileáil leis an táirge ***atá*** i ***gceist***. Tíolacfaidh sé na doiciméid agus an fhaisnéis laistigh de 10 lá tar éis dó iarraidh a fháil ón údarás faoi seach.

Leasú 208

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 19 – mír 5 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Soláthróidh oibreoir eacnamaíoch na sonraí uile a iarradh isteach sa bhunachar sonraí nó sa chóras arna bhunú nó arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 78 laistigh de dhá mhí tar éis infhaighteacht an bhunachair sonraí nó an chórais sin a bheith luaite i bhfoilseachán den Iris Oifigiúil agus is orthu a bheidh na táillí clárúcháin nasctha leis sin. Fioróidh sé ar a laghad dhá uair sa bhliain cirte na sonraí arna soláthar.	***scriosta***

Leasú 209

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 19 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. ***Féadfaidh*** oibreoir eacnamaíoch na húdaráis ***a chur*** ar an eolas faoi aon sárú dóchúil ar an Rialachán seo. I gcás ina measfaidh an t-oibreoir eacnamaíoch sin go bhfuil riosca do shábháilteacht an duine nó don chomhshaol ag baint le táirgí neamh-chomhréireacha, cuirfidh sé údaráis inniúla na mBallstát inar chuir sé an táirge ar fáil ar an eolas láithreach ina thaobh sin, agus tabharfaidh sé mionsonraí, go háirithe, faoin neamhchomhlíonadh agus faoi aon bhearta ceartaitheacha a rinneadh.	6. ***Cuirfidh*** oibreoir eacnamaíoch na húdaráis ar an eolas faoi aon sárú dóchúil ar an Rialachán seo ***má thagann sé ar an eolas faoina leithéid***. I gcás ina measfaidh an t-oibreoir eacnamaíoch sin go bhfuil riosca do shábháilteacht an duine nó don chomhshaol ag baint le táirgí neamh-chomhréireacha, cuirfidh sé údaráis inniúla na mBallstát inar chuir sé an táirge ar fáil ar an eolas láithreach ina thaobh sin, agus tabharfaidh sé mionsonraí, go háirithe, faoin neamhchomhlíonadh agus faoi aon bhearta ceartaitheacha a rinneadh.

Leasú 210

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 20

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Airteagal 20	***scriosta***
Cearta nós imeachta na n-oibreoirí eacnamaíocha	
1. Maidir le haon bheart cinntitheach nó eatramhach, aon chinneadh nó aon ordú a dhéanfaidh na húdaráis de bhun an Rialacháin seo i gcoinne oibreora eacnamaíoch agus na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha atá ag gníomhú thar a gceann, luafar ann na forais chruinne ar a bhfuil sé bunaithe.	
2. Cuirfear aon bheart, cinneadh nó ordú den sórt sin in iúl gan mhoill don oibreoir eacnamaíoch ábhartha agus do na daoine nádúrtha nó dlítheanacha atá ag gníomhú thar a gceann, a chuirfear ar an eolas ag an am céanna faoi na leigheasanna atá ar fáil dóibh faoi dhlí an Bhallstáit lena mbaineann agus faoi na teorainneacha ama a bhfuil na leigheasanna sin faoina réir.	
3. Sula nglacfar nó sula ndéanfar beart, cinneadh nó ordú dá dtagraítear i mír 1, tabharfar deis don oibreoir eacnamaíoch lena mbaineann éisteacht a fháil laistigh de thréimhse iomchuí nach lú ná 10 lá oibre, ach amháin má tá práinn leis an mbeart, leis an gcinneadh nó leis an ordú, bunaithe ar cheanglais sláinte nó sábháilteachta nó ar fhorais eile a bhaineann leis na leasanna poiblí a chumhdaítear leis an Rialachán seo.	
4. Má ghlactar nó má dhéantar an beart, an cinneadh nó an t-ordú gan an deis a thabhairt don oibreoir eacnamaíoch éisteacht a fháil, tabharfar an deis sin don oibreoir eacnamaíoch a luaithe is féidir ina dhiaidh sin agus féadfaidh an t-údarás faireachais margaidh an beart, an cinneadh nó an t-ordú sin a athbhreithniú go pras.	
5. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfar achomharc a dhéanamh in aghaidh aon bhirt a chumhdaítear leis an Airteagal seo, le nós imeachta achomhairc riaracháin roimh ré nó gan é, os comhair cúirte inniúla. Beidh an chúirt sin inniúil freisin i ndáil le cinneadh a dhéanamh maidir le héifeacht fionraíochta an achomhairc nó na mbeart eatramhach atá le forchur ag an gcúirt i bhfianaise leas an phobail agus leasanna an oibreora eacnamaíoch araon.	

Leasú 211

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 21 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Cinnfidh an monaróir an cineál táirge, agus na teorainneacha atá leagtha síos dá bhrí sin á n-urramú ag an sainmhíniú dá bhforáiltear in Airteagal 3 pointe (31). ***Déanfar an cineál táirge a phróiseáil i gcomhréir leis an gcóras measúnaithe agus fíoraithe is infheidhme a leagtar amach in Iarscríbhinn V.*** Tarraingeoidh an monaróir suas dearbhú feidhmíochta agus dearbhú comhréireachta i gcomhréir le hAirteagal 9 agus le ***hAirteagal*** 11 go ***hAirteagal*** 15 agus déanfaidh sé an ***comhartha*** CE a ghreamú de i gcomhréir le ***hAirteagal*** 16 agus ***le hAirteagal*** 17.	1. Cinnfidh an monaróir an cineál táirge, agus na teorainneacha atá leagtha síos dá bhrí sin á n-urramú ag an sainmhíniú dá bhforáiltear in Airteagal 3 pointe (31). Tarraingeoidh an monaróir suas dearbhú feidhmíochta agus dearbhú comhréireachta i gcomhréir le hAirteagal 9 agus le ***hAirteagail*** 11 go 15 agus déanfaidh sé an ***mharcáil*** CE a ghreamú de i gcomhréir le ***hAirteagail*** 16 agus 17.

Leasú 212

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 21 – mír 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Staonfaidh an monaróir ó aon éileamh maidir le ***saintréithe*** táirge nach bhfuil bunaithe ar ***na nithe seo a leanas:***	2. Staonfaidh an monaróir ó aon éileamh maidir le ***buntréithe*** táirge nach bhfuil bunaithe ar ***an modh measúnaithe atá sa tsonraíocht theicniúil chomhchuibhithe is infheidhme.***
(a) an modh measúnaithe a bheidh i sonraíocht theicniúil chomhchuibhithe i gcás ina bhfuil an tsaintréith ábhartha cumhdaithe ag a leithéid; nó	
(b) i gcás nach ann do mhodh measúnaithe den sórt sin, modh measúnaithe a léiríonn an modh is éifeachtaí agus is airde chun measúnú cruinn a bhaint amach.	

Leasú 213

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 21 – mír 3 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Déanfaidh an monaróir, mar bhonn do na dearbhuithe dá dtagraítear i mír 1, doiciméadacht theicniúil a tharraingt suas ina mbeidh tuairisc ar an úsáid atá beartaithe, lena n-áirítear na coinníollacha ***beachta le haghaidh úsáide*** agus na ***heilimintí*** uile is gá chun feidhmíocht agus comhréireacht a léiriú.	Déanfaidh an monaróir, mar bhonn do na dearbhuithe dá dtagraítear i mír 1, doiciméadacht theicniúil a tharraingt suas ina mbeidh tuairisc ar an úsáid atá beartaithe, lena n-áirítear na coinníollacha ***maidir le húsáid*** agus na ***gnéithe*** uile is gá chun feidhmíocht agus comhréireacht a léiriú.

Leasú 214

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 21 – mír 3 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Beidh sa doiciméadacht theicniúil sin ríomh éigeantach nó roghnach an ***chomhshaoil, lena n-áirítear inbhuanaitheacht aeráide*** arna measúnú i gcomhréir le sonraíochtaí teicniúla comhchuibhithe arna nglacadh faoin Rialachán seo ***nó le gníomhartha ón gCoimisiún arna nglacadh faoin Rialachán seo***.	Beidh sa doiciméadacht theicniúil sin ríomh éigeantach nó roghnach ***na mbuntréithe a bhaineann leis*** an ***saolré*** arna measúnú i gcomhréir le sonraíochtaí teicniúla comhchuibhithe arna nglacadh faoin Rialachán seo.

Leasú 215

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 21 – mír 5 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Áiritheoidh an monaróir go mbeidh uimhir ***de chineál monaróir-shonrach agus*** baiscuimhir nó sraithuimhir ar a ***tháirge***. Mura féidir é sin a dhéanamh, cuirfear an fhaisnéis is gá ar an bpacáistíocht, ar chlib ghreamaithe nó, mar rogha dheireanach, i ndoiciméad a ghabhann leis an táirge.	Áiritheoidh an monaróir go mbeidh uimhir ***chineáil atá sonrach don mhonaróir,*** baiscuimhir nó sraithuimhir***, nó aon ghné eile lena bhféadfar iad a shainaithint*** ar a ***tháirgí***. Mura féidir é sin a dhéanamh, cuirfear an fhaisnéis is gá ar an bpacáistíocht, ar chlib ghreamaithe nó, mar rogha dheireanach, i ndoiciméad a ghabhann leis an táirge.

Leasú 216

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 21 – mír 5 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Cuirfidh an monaróir lipéad ***ar tháirge mar "***d'úsáid ghairmiúil amháin***" ar an gcaoi chéanna*** a leagtar amach sa chéad fhomhír ***mura bhfuil sé ceaptha do thomhaltóirí nó d'úsáideoirí neamhghairmiúla eile***. Táirgí nach bhfuil lipéad ***orthu "***D'úsáid ghairmiúil amháin***"***, measfar iad a bheith beartaithe freisin d'úsáideoirí ***neamhghairmiúla*** agus do thomhaltóirí de réir bhrí an Rialacháin seo agus Rialachán (AE)... [an Rialachán maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí].	***Déanfaidh*** an monaróir lipéad ***'***d'úsáid ghairmiúil amháin***'*** a ***chur ar tháirge mar a*** leagtar amach sa chéad fhomhír ***má tá saineolas de dhíth chun é a úsáid agus cuirfidh sé an lipéad ar taispeáint do chustaiméirí sula mbeidh siad faoi cheangal ag conradh díolacháin, lena n-áirítear i gcás ciandíola***. Táirgí nach bhfuil ***an*** lipéad ***'***d'úsáid ghairmiúil amháin***'*** ***orthu***, measfar iad a bheith beartaithe freisin d'úsáideoirí agus do thomhaltóirí ***neamhghairmiúla*** de réir bhrí an Rialacháin seo agus Rialachán (AE) ... [an Rialachán maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí].

Leasú 217

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 21 – mír 5 – fomhír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Déanfaidh an monaróir, ar bhealach infheicthe, an fhaisnéis a chur ar taispeáint do chustaiméirí sula gceanglaítear é le conradh díolacháin, lena n-áirítear i gcás ciandíolacháin, ar faisnéis í a dhéanfar a lipéadú de bhun an Rialacháin seo nó de bhun sonraíochtaí teicniúla comhchuibhithe.	***scriosta***

Leasú 218

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 21 – mír 6 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Agus táirge á chur ar fáil ar an margadh ***i mBallstát áirithe***, áiritheoidh an monaróir go bhfuil ag gabháil leis an táirge an fhaisnéis a leagtar amach i sonraíochtaí teicniúla comhchuibhithe agus ***in*** Iarscríbhinn I ***Cuid D*** i dteanga a chinnfidh an Ballstát lena mbaineann nó, in éagmais cinneadh den sórt sin, i dteanga is féidir le húsáideoirí a thuiscint go héasca.	Agus táirge á chur ar fáil ar an margadh, áiritheoidh an monaróir***, nach bhfuil díolmhaithe i gcomhréir le hAirteagal 10 den Rialachán seo,*** go bhfuil ag gabháil leis an táirge an fhaisnéis a leagtar amach i sonraíochtaí teicniúla comhchuibhithe agus ***i gCuid C3 d'***Iarscríbhinn I i dteanga a chinnfidh an Ballstát lena mbaineann nó, in éagmais cinneadh den sórt sin, i dteanga is féidir le húsáideoirí a thuiscint go héasca.

Leasú 219

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 21 – mír 6 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Féadfaidh an Coimisiún***, trí bhíthin*** gníomhartha cur chun feidhme***,*** an fhormáid agus an bealach ina dtarchuirfear an fhaisnéis atá le soláthar ag an monaróir a chinneadh i gcomhréir leis an gcéad fhomhír.	***Glacfaidh*** an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme ***chun*** an fhormáid ***leictreonach*** agus an bealach ina dtarchuirfear an fhaisnéis atá le soláthar ag an monaróir a chinneadh i gcomhréir leis an gcéad fhomhír.

Leasú 220

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 21 – mír 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
7. Uaslódálfaidh an monaróir sonraí an dearbhaithe feidhmíochta, an dearbhaithe comhréireachta, an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 6 agus na ***doiciméadachta teicniúla i mbunachar sonraí nó i gcóras an Aontais Eorpaigh um*** tháirgí ***a bunaíodh*** i gcomhréir le ***hAirteagal 78***.	7. Uaslódálfaidh an monaróir sonraí an dearbhaithe feidhmíochta, an dearbhaithe comhréireachta, an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 6 ***sa pas táirge digiteach do tháirgí foirgníochta*** agus ***i gclárlann*** na ***bpasanna do*** tháirgí ***foirgníochta arna bunú*** i gcomhréir le ***Caibidil IXa***.

Leasú 221

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 21 – mír 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
9. I gcás ina bhfuil riosca ag baint leis an táirge ***nó inar dócha go mbeidh riosca ag baint leis***, déanfaidh an monaróir, laistigh de ***dhá*** lá oibre, ***an t-ionadaí*** údaraithe, na hallmhaireoirí, na dáileoirí, na soláthraithe seirbhísí comhlíonta, agus na margaí ar líne a bhfuil	9. I gcás ina bhfuil riosca ag baint leis an táirge, déanfaidh an monaróir, ***gan mhoill mhíchuí agus*** laistigh de ***3*** lá oibre ***ar a dhéanaí***, ***na hionaduithe*** údaraithe, na hallmhaireoirí, na dáileoirí, na soláthraithe seirbhísí comhlíonta, agus na margaí ar líne ***uile*** a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
baint acu leis an dáileadh a chur ar an eolas, mar aon le húdaráis náisiúnta inniúla na mBallstát ina ndearna an monaróir an táirge nó – go bhfios dó – oibreoirí eacnamaíocha eile ***a chuir*** an táirge ar fáil. Chuige sin, soláthróidh an monaróir na mionsonraí úsáideacha uile agus, go háirithe, sonróidh sé an cineál neamhchomhlíonta, minicíocht na dtionóiscí nó na dteagmhas agus na bearta ceartaitheacha a rinneadh nó a moladh. I gcás rioscaí a bhaineann le táirgí a shroich ***an t-úsáideoir*** deiridh nó ***an*** tomhaltóir ***deiridh*** cheana, ***cuirfidh*** an monaróir na meáin ar an ***eolas freisin agus cuirfidh sé ar an eolas iad*** faoi bhearta iomchuí chun deireadh a chur leis na rioscaí nó, mura féidir sin, chun iad a laghdú. I gcás ***"***riosca ***thromchúisigh"*** de réir bhrí phointe (71) d'Airteagal 3, déanfaidh an monaróir an táirge a tharraingt siar agus a ***aisghlaoch*** ar a chostas féin.	bhfuil baint acu leis an dáileadh a chur ar an eolas, mar aon le húdaráis náisiúnta inniúla na mBallstát ina ndearna an monaróir an táirge nó – go bhfios dó – oibreoirí eacnamaíocha eile an táirge ***a chur*** ar fáil. Chuige sin, soláthróidh an monaróir na mionsonraí úsáideacha uile agus, go háirithe, sonróidh sé an cineál neamhchomhlíonta, minicíocht na dtionóiscí nó na dteagmhas agus na bearta ceartaitheacha a rinneadh nó a moladh. I gcás rioscaí a bhaineann le táirgí a shroich ***úsáideoir*** deiridh nó tomhaltóir cheana, ***ar úsáideoir deiridh nó tomhaltóir é nach féidir a shainaithint ná dul i dteagmháil go díreach leis, déanfaidh*** an monaróir ***faisnéis a scaipeadh, trí*** na meáin ***agus*** ar ***bhealaí iomchuí eile, agus*** an ***freastal is forleithne is féidir á áirithiú,*** faoi bhearta iomchuí chun deireadh a chur leis na rioscaí nó, mura féidir sin, chun iad a laghdú I gcás ***'***riosca ***tromchúiseach'*** de réir bhrí phointe (71) d'Airteagal 3, déanfaidh an monaróir an táirge a tharraingt siar agus a ***aisghairm*** ar a chostas féin.

Leasú 222

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 22 – mír 2 – fomhír 1 – pointe a – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) táirgí agus a bpacáistiú a dhearadh agus a mhonarú sa chaoi ***is go mbaineann a gcomhshaoil*** fhoriomlán, lena n-áirítear ***inbhuanaitheacht aeráide***, ***leibhéal úrscothachta amach,*** mura rud é go bhfuil leibhéal níos ísle ***acu***:	(a) táirgí agus a bpacáistiú a dhearadh agus a mhonarú sa chaoi ***go ndéanfar cosaint shláinte an duine agus a n-inbhuanaitheacht*** fhoriomlán ***chomhshaoil a uasmhéadú***, lena n-áirítear ***don aeráid agus don bhithéagsúlacht***, ***chomh maith le héifeachtúlacht fuinnimh agus acmhainní, cáilíocht an aeir laistigh agus substaintí ar údar imní iad a sheachaint*** mura rud é go bhfuil leibhéal níos ísle ***ann***:

Leasú 223

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 22 – mír 2 – fomhír 1 – pointe a a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(aa) faoi na coinníollacha a leagtar amach i bpointe (a)(i) agus (ii) den Airteagal seo, a áirithiú, i gcás ina bhfuil sé indéanta go teicniúil agus go heacnamaíoch agus gan tionchar a dhéanamh do shábháilteacht oibreacha foirgníochta, faoi cheann 10 mbliana tar éis aicmí feidhmíochta a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 4(4), pointe (a), nó Airteagal 5(2), go mbeidh gach táirge a chuirtear ar an margadh ag teacht faoin dá aicme feidhmíochta comhshaoil is airde a bheidh bunaithe;

Leasú 224

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 22 – mír 2 – fomhír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) faoi na coinníollacha a leagtar amach i ***litir*** (a) ***rómanitos*** (i) agus (ii) tosaíocht a thabhairt d'ábhair ***agus*** d'ábhair ***in-athchúrsáilte a fhaightear ó*** athchúrsáil;	(b) faoi na coinníollacha a leagtar amach i ***bpointe*** (a)(i) agus ***pointe*** (ii) ***agus gan bacainní gan údar a chruthú ar an margadh inmheánach,*** tosaíocht a thabhairt d'ábhair ***áitiúla, in-athúsáidte, bhithbhunaithe a fhoinsítear go hinbhuanaithe nó in-athchúrsáilte,*** d'ábhair ***a fuarthas as athúsáid nó*** athchúrsáil ***agus fotháirgí, agus na tionchair chomhshaoil agus aeráide a bhaineann le hiompar na n-ábhar sin á gcur san áireamh***;

Leasú 225

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 22 – mír 1 – fomhír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) ***urramóidh siad*** na hoibleagáidí ***ábhair*** íosta athchúrsáilte agus teorainnluachanna eile maidir le gnéithe ***den chomhshaol***, lena n-áirítear ***inbhuanaitheacht aeráide*** atá i sonraíochtaí teicniúla comhchuibhithe;	(c) na hoibleagáidí íosta ***maidir le hábhar*** athchúrsáilte agus teorainnluachanna eile ***a urramú*** maidir le gnéithe ***d'inbhuanaitheacht chomhshaoil***, lena n-áirítear ***an aeráid, an bhithéagsúlacht, agus éifeachtúlacht acmhainní agus fuinnimh,*** atá i sonraíochtaí teicniúla comhchuibhithe;

Leasú 226

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 22 – mír 1 – fomhír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) ***cosc a chur ar dhífheidhmeacht roimh am táirgí***, páirteanna iontaofa agus táirgí ***deartha iontaofa*** a ***úsáid ar bhealach nach mbeidh a*** marthanacht ***níos faide ná*** meánmharthanacht táirgí ***na catagóire*** faoi seach;	(d) ***dífheidhmeacht anabaí táirgí a chosc***, páirteanna iontaofa ***a úsáid*** agus táirgí a ***dhearadh sa chaoi go gcuirfear feabhas suntasach ar a*** marthanacht ***i gcomparáid le*** meánmharthanacht táirgí ***den chatagóir*** faoi seach ***a fhónann don chuspóir céanna***;

Leasú 227

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 22 – mír 2 – fomhír 1 – pointe f

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(f) faisnéis maidir le conas na táirgí a dheisiú agus aon fhaisnéis bhreise is gá chun iad a dheisiú, lena n-áirítear rabhaidh ábhartha, a chur ar fáil, i ***mbunachair sonraí táirgí, lena n-áirítear foláirimh ábhartha***;	(f) ***treoracha ábhartha úsáide,*** faisnéis maidir le conas na táirgí a dheisiú agus aon fhaisnéis bhreise is gá chun iad a dheisiú, lena n-áirítear rabhaidh ábhartha, a chur ar fáil, ***ar bhuan-naisc ar a laghad dá suíomhanna gréasáin féin nó trí chóid QR agus sa Phas Táirge Digiteach arna bhunú*** i ***gcomhréir le hAirteagal 78***;

Leasú 228

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 22 – mír 2 – fomhír 1 – pointe g

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(g) ***é*** féin nó dáileoirí arna n-ainmniú go speisialta nó ag monaróirí ***páirteanna spártha a chur ar fáil ar an margadh,*** le ham seachadta réasúnta gearr, ***páirteanna spártha dá dtáirgí*** ar feadh 10 mbliana tar éis an táirge deireanach den chineál faoi seach a bheith curtha ar an margadh nó suiteáilte go díreach agus a chur ar ***an eolas*** go réamhghníomhach ***faoina bhfuil ar fáil***;	(g) ***páirteanna spártha dá dtáirgí a chur ar fáil ar an margadh ar a gconlán*** féin nó ***ag*** dáileoirí arna n-ainmniú go speisialta nó ag monaróirí***, ar phraghas réasúnta agus neamh-idirdhealaitheach agus*** le ham seachadta réasúnta gearr, ar feadh 10 mbliana tar éis an táirge deireanach den chineál faoi seach a bheith curtha ar an margadh nó ***a bheith*** suiteáilte go díreach agus ***eolas*** a chur ar ***fáil*** go réamhghníomhach ***faoin infhaighteacht sin***;

Leasú 229

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 22 – mír 2 – fomhír 1 – pointe h

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(h) táirgí a dhearadh sa chaoi ***is go n-éascófar athúsáid, athmhonarú*** agus ***athchúrsáil***, eadhon trí dheighilt comhpháirteanna agus ábhar a ***éascú*** ag céim níos déanaí den athchúrsáil agus ábhair ***mheasctha, chumaiscthe nó chasta*** a sheachaint, ***ach amháin má tá baol ann do*** shábháilteacht an duine nó ***don chomhshaol lena ndéantar athmhonarú*** agus ***athchúrsáil. Sa chás sin staonfaidh an monaróir ón dearadh sin agus tabharfaidh sé rabhadh*** i ***gcoinne athmhonarú agus athchúrsáil i*** gcomhréir leis an ***litir*** seo a leanas;	(h) ***comhpháirteanna agus ábhair*** táirgí a dhearadh sa chaoi ***go mbeidh siad in-athúsáidte, in-athmhonaraithe*** agus ***in-athchúrsáilte***, eadhon trí ***éascú a dhéanamh ar*** dheighilt comhpháirteanna agus ábhar ***táirgí tráth*** a ***dhíshuiteála, a dhí-thógála agus a scartála agus*** ag céim níos déanaí den athchúrsáil agus ábhair ***agus substaintí arb údar imní iad atá measctha, cumaiscthe nó casta*** a sheachaint, ***agus, i gcás ina bhfuil riosca ag baint le hathmhonarú agus le hathchúrsáil ó thaobh*** shábháilteacht an duine nó ***an chomhshaoil de, rabhadh a thabhairt in aghaidh athmhonaraíochta*** agus ***athchúrsála*** i gcomhréir leis an ***bpointe*** seo a leanas;

Leasú 230

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 22 – mír 2 – fomhír 1 – pointe i

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(i) ***cuirfidh siad*** ar fáil, ***i mbunachair sonraí táirgí, treoracha úsáide agus*** ar a suíomhanna gréasáin féin, ***faisnéis*** maidir le conas na táirgí a athmhonarú nó a athchúrsáil agus aon fhaisnéis bhreise is gá ***chun iad a athúsáid***, ***a athmhonarú nó a athchúrsáil,*** lena n-áirítear rabhaidh ábhartha;	(i) ***faisnéis ábhartha a chur*** ar fáil, ar a suíomhanna gréasáin féin ***ar a laghad nó trí chóid QR agus sa Phas Táirge Digiteach a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 78***, maidir le conas na táirgí a athmhonarú nó a athchúrsáil agus aon fhaisnéis bhreise is gá ***le haghaidh athúsáide***, ***athmhonaraíochta nó athchúrsála,*** lena n-áirítear rabhaidh ábhartha ***agus liosta saoráidí athchúrsála***;

Leasú 231

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 22 – mír 2 – fomhír 1 – pointe j

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(j) glacadh le húinéireacht barrachais agus táirgí neamhdhíola atá i stát atá comhionann leis an gceann inar cuireadh ar an margadh iad a aisghabháil, go díreach nó trína n-allmhaireoirí agus trína ndáileoirí.	(j) glacadh le húinéireacht barrachais agus táirgí neamhdhíola atá i stát atá comhionann leis an gceann inar cuireadh ar an margadh iad a aisghabháil ***saor in aisce***, go díreach nó trína n-allmhaireoirí agus trína ndáileoirí***, ach amháin má tá níos mó ná 5 bliana caite ó cuireadh an táirge ar an margadh;***

Amendment 232

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 22 – mír 2 – fomhír 1 – pointe j a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ja) freagracht leathnaithe táirgeora a bheith orthu, i gcomhréir leis na forálacha ábhartha i dTreoir 2008/98/CE, as táirgí a chuireann siad ar fáil ar an margadh den chéad uair laistigh de chríoch Ballstáit, lena n-áirítear bailiú díreach nó indíreach, iompar, ullmhú le haghaidh athrú cuspóra agus athmhonaraíochta, cóireáil agus athchúrsáil dramhtháirgí foirgníochta a mhaoiniú agus faisnéis faoi dheireadh ré a sholáthar.

Leasú 233

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 22 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. ***D'fhonn*** na hoibleagáidí a leagtar amach i mír 2 a shonrú, ***tugtar de chumhacht don Choimisiún*** an Rialachán seo a fhorlíonadh, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 87, trí na hoibleagáidí sin a shonrú d'aicmí agus do chatagóirí áirithe táirgí. De rogha air sin, féadfaidh an Coimisiún iarrataí ar chaighdeánú a eisiúint arb é is aidhm dóibh caighdeáin chomhchuibhithe a fhorbairt lena dtugtar toimhde comhréireachta le hoibleagáidí mhír 2 maidir le haicme nó catagóir táirgí ar leith. Ní bheidh feidhm ag na hoibleagáidí atá i mír 2 sula dtiocfaidh gníomh tarmligthe den sórt sin nó caighdeán comhchuibhithe chun bheith infheidhme.	4. ***Chun*** na hoibleagáidí a leagtar amach i mír 2 ***den Airteagal seo*** a shonrú, ***déanfaidh*** an ***Coimisiún, faoi... [1 bhliain tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo], an*** Rialachán seo a fhorlíonadh, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 87, trí na hoibleagáidí sin a shonrú d'aicmí agus do chatagóirí áirithe táirgí. De rogha air sin, féadfaidh an Coimisiún iarrataí ar chaighdeánú a eisiúint arb é is aidhm dóibh caighdeáin chomhchuibhithe a fhorbairt lena dtugtar toimhde comhréireachta le hoibleagáidí mhír 2 ***den Airteagal seo*** maidir le haicme nó catagóir táirgí ar leith. Ní bheidh feidhm ag na hoibleagáidí atá i mír 2***, pointí (a), (d), (e), (g) (h), (j) agus (ja) den Airteagal seo*** sula dtiocfaidh gníomh tarmligthe den sórt sin nó caighdeán comhchuibhithe chun bheith infheidhme.

Leasú 234

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 22 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Chun trédhearcacht a áirithiú do na húsáideoirí agus chun táirgí inbhuanaithe a chur chun cinn, ***tugtar de chumhacht don Choimisiún*** an Rialachán seo a fhorlíonadh trí ghníomhartha tarmligthe arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 87 chun ceanglais shonracha maidir le lipéadú inbhuanaitheachta comhshaoil a bhunú ***lena n-áirítear "lipéadú solais tráchta" maidir*** leis na hoibleagáidí comhshaoil a leagtar amach i mír 1, ceanglais chomhshaoil a ***bhaineann le táirgí a*** leagtar amach in Iarscríbhinn I Cuid C Pointe 2, agus aicmí feidhmíochta comhshaoil arna mbunú i gcomhréir le hAirteagal 4(4), ***litir*** (a).	5. Chun trédhearcacht a áirithiú do na húsáideoirí agus chun táirgí inbhuanaithe a chur chun cinn, ***déanfaidh*** an ***Coimisiún an*** Rialachán seo a fhorlíonadh trí ghníomhartha tarmligthe arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 87 chun ceanglais shonracha maidir le lipéadú inbhuanaitheachta comhshaoil a bhunú ***le haghaidh táirgí a mhargaítear do thomhaltóirí deiridh i ndáil*** leis na hoibleagáidí comhshaoil a leagtar amach i mír 1, ceanglais chomhshaoil ***atá bunúsach do tháirgí*** a leagtar amach in Iarscríbhinn I Cuid C Pointe 2, agus aicmí feidhmíochta comhshaoil arna mbunú i gcomhréir le hAirteagal 4(4), ***pointe*** (a).

Leasú 235

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 22 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Greamóidh an monaróir an lipéad ***solais tráchta*** ar an mbealach a leagtar amach sna gníomhartha tarmligthe arna nglacadh i gcomhréir le mír 5.	6. Greamóidh an monaróir an lipéad ar an mbealach a leagtar amach sna gníomhartha tarmligthe arna nglacadh i gcomhréir le mír 5***, lena n-áirítear ar bhealach infheicthe ag an díolphointe, lena n-áirítear díolacháin ar líne, agus ar shuíomh gréasáin an mhonaróra***.

Leasú 236

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 22 – mír 6 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	6a. I gcás inarb iomchuí chun infhaighteacht táirgí a bhfuil an fheidhmíocht inbhuanaitheachta is fearr ar an margadh acu a chur chun cinn, cothóidh an Coimisiún úsáid Éicilipéad AE dá dtagraítear i Rialachán (CE) Uimh. 66/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le lipéadú na dtáirgí is fearr feidhmíochta.

Leasú 237

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 23 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Féadfaidh monaróir***, trí shainordú i scríbhinn,*** aon duine nádúrtha nó dlítheanach atá bunaithe laistigh den Aontas a cheapadh ***mar*** ionadaí údaraithe aonair. Ceapfaidh monaróir nach bhfuil bunaithe san Aontas ionadaí údaraithe aonair.	1. Féadfaidh monaróir ***atá bunaithe san Aontas*** aon duine nádúrtha nó dlítheanach atá bunaithe laistigh den Aontas a cheapadh***, trí shainordú i scríbhinn, ina*** ionadaí údaraithe aonair. Ceapfaidh monaróir nach bhfuil bunaithe san Aontas ionadaí údaraithe aonair.

Leasú 238

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 23 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Gníomhóidh ionadaithe údaraithe le cúram cuí maidir le hoibleagáidí an Rialacháin seo. Beidh siad faoi dhliteanas i leith ***mórfhaillí nó*** sárú ***comhfhiosach*** ar an Airteagal seo agus ar Airteagal 19 i gcomhréir leis an dlí náisiúnta maidir le dliteanas conarthach agus ***seachchonarthach***.	2. Gníomhóidh ionadaithe údaraithe le cúram cuí maidir le hoibleagáidí an Rialacháin seo. Beidh siad faoi dhliteanas i leith sárú ar an Airteagal seo agus ar Airteagal 19 i gcomhréir leis an dlí náisiúnta maidir le dliteanas conarthach agus ***seach-chonarthach***.

Leasú 239

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 23 – mír 1 – fomhír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) an conradh a fhoirceannadh ***i gcás ina sáraíonn*** an monaróir ***an*** Rialachán seo agus údaráis inniúla ***náisiúnta*** na mBallstát ina gcuirtear na táirgí ar an margadh agus ***an t-údarás*** inniúil náisiúnta a chur ar an eolas ***faoina áit ghnó féin***;	(c) an conradh a fhoirceannadh ***más rud é go measann sé gur ghníomhaigh*** an monaróir ***ar bhealach atá contrártha lena chuid oibleagáidí faoin*** Rialachán seo agus ***an monaróir agus*** údaráis ***náisiúnta*** inniúla na mBallstát ina gcuirtear na táirgí ar an margadh agus ***údarás*** inniúil náisiúnta a ***áite gnó féin a*** chur ar an eolas ***faoin méid sin***;

Leasú 240

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 23 – mír 1 – fomhír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) i gcás ina mbeidh cúis aige a chreidiúint go bhfuil an táirge i dtrácht neamhchomhlíontach nó go bhfuil riosca ag baint leis, cuirfidh sé údaráis inniúla náisiúnta na mBallstát ina gcuirtear na táirgí ar an margadh agus ***an t-údarás*** inniúil ***náisiúnta*** ar an eolas maidir ***lena áit ghnó féin***; agus	(d) i gcás ina mbeidh cúis aige a chreidiúint go bhfuil an táirge i dtrácht neamhchomhlíontach nó go bhfuil riosca ag baint leis, cuirfidh sé ***an monaróir agus*** údaráis inniúla náisiúnta na mBallstát ina gcuirtear na táirgí ar an margadh agus ***údarás náisiúnta*** inniúil ***a áite gnó féin*** ar an eolas maidir ***leis an méid sin***; agus

Leasú 241

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 23 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. I gcás ina ***measfaidh*** ionadaí údaraithe ***go bhfuil*** neamhchomhlíonadh ***ann dá dtagraítear*** i mír 4, iarrfaidh an t-ionadaí údaraithe ar an monaróir an neamhchomhlíonadh a leigheas. Cuirfidh an monaróir deireadh leis an gcur ar an margadh agus iarrfaidh sé ar oibreoirí eacnamaíocha eile atá bainteach leis an dáileadh stop a chur lena ngníomhaíochtaí tráchtála, go dtí go ***féachfaidh*** an ***t-ionadaí údaraithe leis na sáruithe de réir mar a leigheastar iad. I gcás nach ndéanfar an*** neamhchomhlíonadh ***a leigheas laistigh de mhí amháin agus go bhféadfar leanúint de tháirgí a chur ar fáil ar an margadh, beidh cead ag an ionadaí údaraithe a chonradh leis an monaróir a fhoirceannadh agus, ina leith sin, údaráis inniúla náisiúnta na mBallstát ina gcuirtear na táirgí ar an margadh agus údarás inniúil náisiúnta a áite gnó féin a chur ar an eolas. Comhordóidh an t-údarás inniúil gníomhaíochtaí comhpháirteacha na n-údarás inniúil uile, ach amháin má chomhaontaíonn na húdaráis inniúla náisiúnta ar údarás inniúil náisiúnta eile comhordú a dhéanamh.***	5. I gcás ina ***sainaithneoidh*** ionadaí údaraithe neamhchomhlíonadh ***a luaitear*** i mír 4, iarrfaidh an t-ionadaí údaraithe ar an monaróir an neamhchomhlíonadh a leigheas. Cuirfidh an monaróir deireadh leis an gcur ar an margadh agus iarrfaidh sé ar oibreoirí eacnamaíocha eile atá bainteach leis an dáileadh stop a chur lena ngníomhaíochtaí tráchtála, go dtí go ***leigheasfar*** an neamhchomhlíonadh.

Leasú 242

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 24 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. ***Fíoróidh*** an t-allmhaireoir go ***ndearna*** an ***monaróir an úsáid atá beartaithe don táirge a chinneadh go cruinn agus i gceart agus áiritheoidh sé go bhfuil an*** fhaisnéis a leagtar amach i sonraíochtaí teicniúla comhchuibhithe agus ***in*** Iarscríbhinn I ***Cuid D*** ag gabháil leis an táirge i dteanga is féidir ***leis an mBallstát lena mbaineann*** a thuiscint go héasca. Déanfaidh an t-allmhaireoir, ar bhealach infheicthe, an fhaisnéis a bheidh lipéadaithe de bhun an Rialacháin seo nó de bhun sonraíochtaí teicniúla comhchuibhithe a chur ar taispeáint do chustaiméirí sula mbeidh siad faoi cheangal ag conradh díolacháin, lena n-áirítear i gcás ciandíolacháin.	2. ***Áiritheoidh*** an t-allmhaireoir go ***mbeidh*** an fhaisnéis a leagtar amach i sonraíochtaí teicniúla comhchuibhithe agus ***i gCuid C3 d'***Iarscríbhinn I ag gabháil leis an táirge i dteanga ***a chinnfidh an Ballstát lena mbaineann agus*** is féidir ***le húsáideoirí*** a thuiscint go héasca. Déanfaidh an t-allmhaireoir, ar bhealach infheicthe, an fhaisnéis a bheidh lipéadaithe de bhun an Rialacháin seo nó de bhun sonraíochtaí teicniúla comhchuibhithe a chur ar taispeáint do chustaiméirí sula mbeidh siad faoi cheangal ag conradh díolacháin, lena n-áirítear i gcás ciandíolacháin.

Leasú 243

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 24 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Tar éis dó an fhaisnéis uile faoin táirge a bheidh ar fáil ón monaróir agus ón díshuiteálaí a chóimeáil, ***déanfaidh an t-allmhaireoir, go háirithe,*** grinnscrúdú ***a dhéanamh ar na táirgí a úsáidtear*** agus ***a*** athmhonaraithe***, eadhon*** maidir le damáistí nó tásca ***maidir le cailleadh*** feidhmíochta nó ***maidir le*** neamhchomhlíonadh ***agus maidir le hairíonna meicniúla nó ceimiceacha a athrú***, agus ***déanfaidh sé*** measúnú ar na rioscaí ***go léir; Más gá sin chun sábháilteacht nó cosaint an chomhshaoil a áirithiú, laghdóidh an t-allmhaireoir an úsáid atá beartaithe nó staonfaidh sé ó dhíol. Beidh feidhm ag an oibleagáid sin freisin maidir le táirgí a úsáidtear agus a athmhonaraithe nach bhfuil aon Dearbhú Feidhmíochta éigeantach ina leith.***	4. ***Déanfaidh an t-allmhaireoir,*** tar éis dó an fhaisnéis uile faoin táirge a bheidh ar fáil ón monaróir agus ón díshuiteálaí a chóimeáil, grinnscrúdú ***ar tháirgí úsáidte*** agus athmhonaraithe maidir le damáistí nó tásca ***i leith caillteanais*** feidhmíochta nó neamhchomhlíonadh, agus measúnú ***á dhéanamh aige*** ar na rioscaí ***uile.***

Leasú 244

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 24 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. I gcás ina measann allmhaireoir, nó a bhfuil cúis aige lena chreidiúint, nach bhfuil an táirge i gcomhréir leis an dearbhú feidhmíochta nó nach bhfuil sé i gcomhréir le ceanglais eile is infheidhme sa Rialachán seo, ní chuirfidh an t-allmhaireoir an táirge ar an margadh go dtí go mbeidh sé i gcomhréir leis an dearbhú feidhmíochta a ghabhann leis agus go dtí go gcomhlíonfaidh sé na ceanglais eile is infheidhme sa Rialachán seo nó go dtí go mbeidh an dearbhú feidhmíochta ceartaithe. ***Thairis*** sin, i gcás ***ina bhfuil riosca i gceist leis an táirge, cuirfidh an t-allmhaireoir an monaróir agus an t-údarás inniúil náisiúnta atá freagrach ó thaobh na geografaíochta ar an eolas faoin méid sin***.	5. I gcás ina measann allmhaireoir, nó a bhfuil cúis aige lena chreidiúint, nach bhfuil an táirge i gcomhréir leis an dearbhú feidhmíochta nó nach bhfuil sé i gcomhréir le ceanglais eile is infheidhme sa Rialachán seo, ní chuirfidh an t-allmhaireoir an táirge ar an margadh go dtí go mbeidh sé i gcomhréir leis an dearbhú feidhmíochta a ghabhann leis agus go dtí go gcomhlíonfaidh sé na ceanglais eile is infheidhme sa Rialachán seo nó go dtí go mbeidh an dearbhú feidhmíochta ceartaithe. ***I gcás inar cuireadh an táirge ar an margadh cheana, déanfaidh sé na bearta ceartaitheacha is gá chun an táirge*** sin ***a thabhairt chun comhréireachta nó***, i gcás ***inarb iomchuí, chun é a tharraingt siar nó a aisghairm***.

Leasú 245

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 25 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Agus táirge á chur ar fáil ar an margadh, comhlíonfaidh ***an dáileoir*** na hoibleagáidí atá ar allmhaireoirí i gcomhréir le hAirteagal 24(***1***) go (5) agus tuigfear gurb ionann tagairtí do ***"***cur ar an margadh***"*** agus ***"***cur ar fáil ar an margadh tuilleadh***"***.	2. Agus táirge á chur ar fáil ar an margadh, ***fióróidh dáileoirí ar leibhéal doiciméadach gur chomhlíon an monaróir agus an t-allmhaireoir na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 21(1), (5) agus (6) agus, i gcás inarb infheidhme, in Airteagal 22(2), pointí (f) agus (i), agus*** comhlíonfaidh ***siad*** na hoibleagáidí atá ar allmhaireoirí i gcomhréir le hAirteagal 24(***3***) go (5)***,*** agus tuigfear gurb ionann tagairtí do ***'***cur ar an margadh***'*** agus ***'***cur ar fáil ar an margadh tuilleadh***'***.

Leasú 246

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 25 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Áiritheoidh an dáileoir nach ndíolfar aon táirgí le tomhaltóirí ná le húsáideoirí neamhghairmiúla eile atá lipéadaithe "d'úsáid ghairmiúil amháin". Déanfar na táirgí sin, ina n-áitribh, ar líne agus ar ábhar poiblíochta páipéir, a thíolacadh mar tháirgí le haghaidh úsáide gairmiúla amháin.	***scriosta***

Leasú 247

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 26 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) níl aon mhonaróir ann de réir bhrí an Rialacháin seo;	***scriosta***

Leasú 248

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 26 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) go ***modhnaíonn*** sé táirge sa chaoi go bhféadfaí difear a dhéanamh do chomhlíonadh an dearbhaithe feidhmíochta agus comhréireachta nó do chomhlíonadh na gceanglas atá leagtha amach sa Rialachán seo agus i gcomhréir leis**,**	(c) go ***ndéanann*** sé táirge ***a stóráil nó a mhodhnú*** sa chaoi go bhféadfaí difear a dhéanamh do chomhlíonadh an dearbhaithe feidhmíochta agus comhréireachta nó do chomhlíonadh na gceanglas atá leagtha amach sa Rialachán seo agus i gcomhréir leis;

Leasú 249

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 26 – mír 1 – pointe f

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(f) maíonn sé go bhfuil saintréithe ag imeacht ó na saintréithe atá á ***maíomh*** ag an monaróir.	(f) maíonn sé go bhfuil saintréithe ag imeacht ó na saintréithe atá á ***ndearbhú*** ag an monaróir.

Leasú 250

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 26 – mír 1 – pointe f a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(fa) go ndearna sé táirge allmhairithe nó dáilte, úsáidte nó athmhonaraithe a chur faoi réir próiseas claochlaitheach a théann níos faide ná deisiú, glanadh agus cothabháil rialta tar éis a dhíshuiteála;

Leasú 251

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 26 – mír 1 – pointe f b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(fb) go n-allmhairíonn sé táirge úsáidte nó athmhonaraithe, murar cuireadh an táirge sin ar mhargadh an Aontais sular úsáideadh é;

Leasú 252

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 26 – mír 1 – pointe f c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(fc) roghnaíonn sé ról an mhonaróra a ghlacadh air féin.

Leasú 253

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 26 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Beidh feidhm ag mír 1 maidir leis an méid seo a leanas freisin:	***scriosta***
(a) allmhaireoir táirgí a úsáidtear nó a ath-mhonaraithe, murar cuireadh an táirge a úsáideadh nó an táirge athmhonaraithe ar mhargadh an Aontais sular úsáideadh é;	
(b) allmhaireoir nó dáileoir táirgí úsáidte a dhéanann ceann de na nithe seo a leanas:	
(i) gur ábhar do na táirgí sin a úsáideadh i bpróiseas claochlaitheach a théann níos faide ná deisiúchán, glanadh agus cothabháil rialta tar éis iad a dhíshuiteáil;	
(ii) roghnaíonn sé ról an mhonaróra a ghlacadh air féin.	

Leasú 254

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 26 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Ní bheidh feidhm ag mír 1 sna cásanna seo a leanas amháin:	***scriosta***
(a) aistriúcháin a chur isteach ar an bhfaisnéis arna soláthar ag an monaróir;	
(b) cuirtear an pacáistiú seachtrach in ionad táirge a cuireadh ar an margadh cheana, lena n-áirítear nuair a bheidh méid an phacáiste á athrú, má dhéantar an t-athphacáistiú ar bhealach nach féidir leis an táirge difear a dhéanamh do bhail bhunaidh an táirge agus go ndéanfar an fhaisnéis a bheidh le cur ar fáil i gcomhréir leis an Rialachán seo a chur ar fáil i gceart.	

Leasú 255

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 26 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Oibreoir eacnamaíoch a sholáthraíonn na gníomhaíochtaí a liostaítear i mír 3, cuirfidh sé an monaróir nó a ionadaí údaraithe ar an eolas faoi sin, is cuma cé acu ar leo na táirgí nó an soláthraíonn sé seirbhísí. Déanfaidh sé an t-athphacáistiú ar bhealach nach bhféadfar dochar a dhéanamh do bhail bhunaidh an táirge leis an athphacáistiú agus ionas go ndéanfar an fhaisnéis atá le soláthar i gcomhréir leis an Rialachán seo a sholáthar i gceart. Gníomhóidh an t-oibreoir eacnamaíoch leis an gcúram cuí maidir le hoibleagáidí an Rialacháin seo. Beidh sé faoi dhliteanas i leith sárú ar an Rialachán seo.	***scriosta***

Leasú 256

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 27 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
An oibleagáid atá ar sholáthraithe seirbhíse comhlíonta, ar bhróicéirí, ar mhargaí ar líne***,*** ar dhíoltóirí ar líne ***agus ar shiopaí ar líne***	An oibleagáid atá ar sholáthraithe seirbhíse comhlíonta, ar bhróicéirí, ar mhargaí ar líne ***agus*** ar dhíoltóirí ar líne

Leasú 257

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 27 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Agus rannchuidiú le táirge***, le soláthraí seirbhíse comhlíonta nó le bróicéir*** a chur ar fáil ar an margadh ***nó a shuiteáil go díreach***, gníomhóidh ***sé nó sí*** leis an gcúram is cuí i ndáil le hoibleagáidí an Rialacháin seo. Beidh sé faoi dhliteanas i leith sárú ar an Airteagal seo agus ar Airteagal 19 i gcomhréir leis an dlí náisiúnta ***ar dhliteanas*** conarthach agus ***seachchonarthach***.	1. Agus ***é ag*** rannchuidiú le táirge a chur ar fáil ar an margadh, gníomhóidh ***soláthraí seirbhíse comhlíonta nó bróicéir*** leis an gcúram is cuí i ndáil le hoibleagáidí an Rialacháin seo. Beidh sé faoi dhliteanas i leith sárú ar an Airteagal seo agus ar Airteagal 19 i gcomhréir leis an dlí náisiúnta ***maidir le dliteanas*** conarthach agus ***seach-chonarthach***.

Leasú 258

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 27 – mír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) a fhíorú gur chomhlíon an monaróir na hoibleagáidí a leagtar amach in ***Airteagal 21***(1), (3) agus (5) go (7) agus in Airteagal 22(2), i litir (f) agus i litir (i);	(b) a fhíorú ***ar leibhéal doiciméadach*** gur chomhlíon an monaróir na hoibleagáidí a leagtar amach in ***Airteagal 21***(1), (3) agus (5) go (7) agus in Airteagal 22(2), i litir (f) agus i litir (i);

Leasú 259

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 27 – mír 2 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) ***deireadh a chur leis na tairiscintí ar*** tháirgí atá neamhchomhlíontach nó ***ar dócha go mbeidh*** riosca ag baint leo de réir bhrí ***na habairte deiridh d'Airteagal 21***(9) ***ar a dtionscnamh féin nó, laistigh de dhá lá oibre, arna iarraidh sin do na húdaráis faireachais margaidh***;	(d) ***arna iarraidh sin ag na húdaráis faireachais margaidh, scor de*** tháirgí atá neamhchomhlíontach nó ***a bhfuil*** riosca ag baint leo de réir bhrí ***Airteagal 21***(9) ***a thairiscint***;

Leasú 260

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 27 – mír 3 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) freagra iomchuí a thabhairt ***gan moill mhíchuí, agus in aon chás laistigh de chúig lá oibre, sa Bhallstát ina n-oibríonn an margadh*** ar ***líne, ar*** fhógraí a bhaineann le fógra a thabhairt faoi thionóiscí agus faoi theagmhais eile ina bhfuil táirgí a fuarthas i gcomhréir le ***[hAirteagal*** 14] de Rialachán (AE) [.../...] maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha (Gníomh um Sheirbhís Dhigiteach) agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE;	(c) freagra iomchuí a thabhairt ar fhógraí a bhaineann le fógra a thabhairt faoi thionóiscí agus faoi theagmhais eile ina bhfuil táirgí a fuarthas i gcomhréir le ***[Airteagal*** 14] de Rialachán (AE) [.../...] maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha (***an*** Gníomh um Sheirbhís Dhigiteach) agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE;

Leasú 261

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 27 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Beidh feidhm ag ***mír*** 1 agus ***mír*** 2, mír 3, ***litreacha*** (b) go (i) agus ***mír*** 4 agus ***mír*** 5 freisin maidir le monaróirí, allmhaireoirí, dáileoirí nó oibreoirí eacnamaíocha eile a thairgeann táirgí ar líne gan margadh ar líne a bheith páirteach ***("siopaí ar líne")***.	6. Beidh feidhm ag ***míreanna*** 1 agus 2, mír 3, ***pointí*** (b) go (i) agus ***míreanna*** 4 agus 5 freisin maidir le monaróirí, allmhaireoirí, dáileoirí nó oibreoirí eacnamaíocha eile a thairgeann táirgí ar líne gan margadh ar líne a bheith páirteach.

Leasú 262

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 27 – mír 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
7. Beidh feidhm ag pointe (d) go pointe (h) de mhír 3 maidir le hinnill chuardaigh ar líne freisin.	***scriosta***

Leasú 263

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 27 – mír 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
8. Áiritheoidh an soláthraí seirbhíse comhlíonta nach ndéanfaidh na coinníollacha le linn trádstóráil, pacáistiú, seoladh nó seoladh, comhlíonadh na dtáirgí leis na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo a chur i mbaol.	8. Áiritheoidh an soláthraí seirbhíse comhlíonta nach ndéanfaidh na coinníollacha le linn trádstóráil, pacáistiú, seoladh nó seoladh, comhlíonadh na dtáirgí leis na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo a chur i mbaol. ***Déanfaidh monaróir nó allmhaireoir táirgí foirgníochta an fhaisnéis mhionsonraithe is gá chun stóráil shábháilte, pacáistiú, cur an tseolta, seoladh nó feidhmiú breise an táirge a áirithiú do na soláthraithe seirbhíse comhlíonta.***

Leasú 264

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 28 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Na hoibleagáidí ***atá ar sholáthraithe seirbhíse 3D-phriontála agus ar sholáthraithe múscán, tacar sonraí 3D-phriontála, agus oibleagáidí ar sholáthraithe 3D-phriontála***	Na hoibleagáidí ***maidir le priontáil táirgí foirgníochta in 3T***

Leasú 265

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 28 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Déanfaidh ***soláthraí seirbhíse 3D*** an méid seo a leanas:	1. Déanfaidh ***duine nádúrtha nó dlítheanach a phriontálann táirgí foirgníochta in 3T*** an méid seo a leanas:

Leasú 266

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 28 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) ***staonadh ó tháirgí a chur ar an margadh nó táirgí a shuiteáil go díreach do chliaint gan*** na hoibleagáidí atá ar mhonaróirí a chomhlíonadh;	(a) na hoibleagáidí atá ar mhonaróirí a chomhlíonadh ***agus a dtáirgí á gcur ar an margadh acu***;

Leasú 267

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 28 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) a ***chur in iúl dá chliaint nach bhféadfaidh siad seirbhísí clódóireachta 3D a*** úsáid ***ach chun táirgí a mhonarú dá n-úsáid féin, ach amháin má chomhlíonann siad na hoibleagáidí atá ar mhonaróirí***;	(b) ***na tacair iomchuí sonraí 3T*** a úsáid;

Leasú 268

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 28 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) a ***chliaint a chur ar an eolas*** go mbeidh na ***tacair sonraí 3D agus na*** hábhair ***a bheidh le húsáid*** tar éis dul faoi na nósanna imeachta is infheidhme maidir le táirgí faoin Rialachán seo; agus	(c) a ***áirithiú*** go mbeidh na hábhair ***arna n-úsáid*** tar éis dul faoi na nósanna imeachta is infheidhme maidir le táirgí faoin Rialachán seo; agus

Leasú 269

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 28 – mír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) a ***chliaint a chur ar an eolas*** go mbeidh an fhaisnéis a chuir an monaróir ar fáil faoin tacar sonraí ***3D*** agus an fhaisnéis a ***chuireann an*** monaróir ***ar fáil faoin ábhar priontála i gcomhthráth lena chéile agus deimhneoidh siad inúsáidteacht*** an ábhair ***don chineál sin tacar sonraí 3D agus don teicneolaíocht clódóireachta 3D atá luaite***.	(d) a ***áirithiú*** go mbeidh an fhaisnéis a chuir an monaróir ar fáil faoin tacar sonraí ***3T*** agus an fhaisnéis a ***chuir*** monaróir an ábhair ***phriontála ag teacht le chéile***.

Leasú 270

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 28 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Déanfaidh soláthraithe múnlaí agus tacair sonraí 3D a beartaíodh chun ítimí a chumhdaítear leis an Rialachán seo a tháirgeadh 10 ítim den sórt sin a tháirgeadh agus cuirfidh siad ar fáil iad don chomhlacht dá dtugtar fógra, don chomhlacht um measúnú teicniúil agus do na húdaráis arna iarraidh sin dóibh. Déanfaidh soláthraithe múnlaí agus tacair sonraí 3D a cheaptar chun ítimí a chumhdaítear leis an Rialachán seo a tháirgeadh measúnú agus doiciméadú ar chomhlíonadh cheanglais an Rialacháin seo maidir leis na hítimí a tháirgtear.	***scriosta***

Leasú 271

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 28 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Soláthraithe ábhar a bheartaítear a úsáid chun ítimí a chumhdaítear leis an Rialachán seo ar an láithreán foirgníochta nó gar dó a phriontáil ar an láithreán tógála nó gar dó, déanfaidh siad 10 ítim den sórt sin a tháirgeadh do gach úsáid a beartaíodh agus cuirfidh siad ar fáil iad don chomhlacht dá dtugtar fógra, don chomhlacht um measúnú teicniúil agus do na húdaráis arna iarraidh sin dóibh. Maidir le soláthraithe ábhar a bheartaítear a úsáid chun ítimí a chumhdaítear leis an Rialachán seo a phriontáil ar an láithreán foirgníochta nó gar dó, déanfaidh siad comhlíonadh cheanglais an Rialacháin seo maidir leis na hítimí a tháirgtear a mheasúnú agus a dhoiciméadú.	***scriosta***

Leasú 272

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 30

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Airteagal 30	***scriosta***
Oibleagáidí soláthraithe agus soláthraithe seirbhíse a bhfuil baint acu le monarú táirgí	
1. Déanfaidh soláthróir nó soláthraí seirbhíse atá páirteach i monarú táirgí an méid seo a leanas:	
(a) gach faisnéis atá ar fáil a sholáthar do mhonaróirí, do chomhlachtaí dá dtugtar fógra agus do na húdaráis maidir le hinbhuanaitheacht chomhshaoil na comhpháirte nó na seirbhíse a sholáthair siad;	
(b) a áirithiú go bhfuil an fhaisnéis sin ceart, eadhon tríd an Rialachán seo a urramú agus aon earráidí a rinneadh trí chur in iúl dá gcliaint go léir agus, má d'fhéadfadh sé a bheith úsáideach, le comhlachtaí dá dtugtar fógra agus le húdaráis dá dtugtar fógra a cheartú;	
(c) tabharfaidh siad cead dá gcustaiméirí, in éagmais na faisnéise sin, an inbhuanaitheacht chomhshaoil sin a mheasúnú ar a gcostas féin agus tacú leis an measúnacht sin, eadhon trí rochtain a thabhairt ar gach doiciméad, lena n-áirítear doiciméid de chineál tráchtála, is iomchuí maidir leis an measúnacht sin;	
(d) ceadóidh siad do chomhlachtaí dá dtugtar fógra cruinneas aon ríomha ar inbhuanaitheacht chomhshaoil a fhíorú agus tacú leis an bhfíorú sin;	
(e) ceadóidh siad do chomhlachtaí dá dtugtar fógra a fhíorú feidhmíocht agus comhlíonadh na comhpháirte nó na seirbhíse arna soláthar agus tacú leis an bhfíorú sin.	
2. I gcás inar cuireadh soláthróir nó soláthraí seirbhíse ar an eolas i gcomhréir leis an abairt dheireanach d'Airteagal 21(8), cuirfidh sé an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig a chliaint eile a fuair, le linn na 5 bliana deireanacha, comhpháirteanna nó seirbhísí atá comhionann maidir leis an tsaincheist atá i gceist. I gcás riosca tromchúiseach mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (71) nó riosca a thagann faoin abairt dheireanach d'Airteagal 21(9), cuirfidh an soláthróir nó an soláthraí seirbhíse údaráis inniúla náisiúnta na mBallstát ar an eolas freisin i gcás ina bhfuil táirgí leis an gcomhpháirt sin nó leis an tseirbhís monaraíochta sin curtha ar fáil ar an margadh nó suiteáilte go díreach; I gcás nach féidir leis na Ballstáit sin a shainaithint, cuirfidh sé na húdaráis inniúla náisiúnta ar fad ar an eolas.	

Leasú 273

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 31 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Úsáid dhúbailte agus táirgí ***súdrála***	Táirgí ***úsáide dúbailte***

Leasú 274

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 31 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Comhlíonfaidh monaróir táirgí úsáide dúbailte oibleagáidí an Rialacháin seo ***maidir leis na hítimí uile den chineál faoi seach, ach amháin má tá*** siad marcáilte ***go sonrach mar "ní le tógáil"***.	1. Comhlíonfaidh monaróir táirgí úsáide dúbailte ***agus oibreoirí eacnamaíocha eile a bhíonn ag déileáil leo*** oibleagáidí an Rialacháin seo***, mura rud é go bhfuil*** siad marcáilte ***mar 'ní don fhoirgníocht'***.

Leasú 275

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 31 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Oibreoirí eacnamaíocha eile a bhíonn ag déileáil le táirgí úsáide dúbailte, comhlíonfaidh siad na hoibleagáidí atá orthu i gcomhréir leis an Rialachán seo. Ina gconarthaí tráchtála, bunóidh siad oibleagáid ar a gcliaint an rud céanna a dhéanamh agus gan earraí a dhíol nó a úsáid le haghaidh tógála atá marcáilte mar "gan iad a thógáil".	***scriosta***

Leasú 276

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 31 – mír 3 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Maidir le ***hítimí atá oiriúnach don tógáil nach bhfuil úsáid den sórt sin beartaithe ag an monaróir dóibh riamh agus, dá bhrí sin, nár cuireadh comhartha RFC orthu ("táirgí fuíll"),*** déanfaidh oibreoirí eacnamaíocha eile an méid seo a leanas:	3. Maidir le ***táirgí úsáide dúbailte a mharcáiltear ' ní don fhoirgníocht'***, déanfaidh oibreoirí eacnamaíocha eile an méid seo a leanas:

Leasú 277

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 32 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) úsáideann an t-oibreoir eacnamaíoch airgeadra na mBallstát ***nó criptea-airgeadra a chumhdaítear le Rialachán (AE) [...]*** ([47]) ***ach amháin má dhéantar díol leis an Aontas a eisiamh go sainráite ar mhodh éifeachtach, sa chás deireanach sin,***	(b) úsáideann an t-oibreoir eacnamaíoch airgeadra na mBallstát;
([47]) ***An Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle amach anseo maidir le Margaí in Crypto-Sócmhainní, agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937, féach COM/2020/593 final.***	

Leasú 278

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 33

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Airteagal 33 ***Gníomhartha cur chun feidhme maidir le léirmhíniú oibleagáidí agus cearta oibreoirí eacnamaíocha*** ***I gcás inar gá sin chun a áirithiú go ndéanfar an Rialachán seo a chur i bhfeidhm go comhchuibhithe agus a mhéid is gá chun cosc a chur ar chleachtais éagsúla a chruthaíonn míchothrom iomaíochta d'oibreoirí eacnamaíocha, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena gcuirfear mionsonraí ar fáil maidir leis an mbealach chun oibleagáidí agus cearta oibreoirí eacnamaíocha atá sa Chaibidil seo a fhorghníomhú.*** ***Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 88(2).***	***scriosta***

Leasú 279

Togra le haghaidh rialacháin

Caibidil IV – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
CAIGHDEÁIN DO THÁIRGÍ FOIRGNÍOCHTA AGUS DOICIMÉID UM MEASÚNÚ EORPACH	DOICIMÉID UM MEASÚNÚ EORPACH

Leasú 280

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 34

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
[...]	***scriosta***

Leasú 281

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 35 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Beidh feidhm ag Airteagal 4(1) agus (4), ag Airteagal 6, ag Airteagal 9 agus ag Airteagal 11 go hAirteagal 17 maidir le doiciméid um measúnú Eorpach. I gcás ina n-eisítear an comhartha CE ar bhonn doiciméid um measúnú Eorpach agus measúnú teicniúil Eorpach, déanfar tagairt don doiciméad um measúnú Eorpach sa Dearbhú Feidhmíochta agus sa Dearbhú Comhréireachta.	***scriosta***

Leasú 282

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 35 – mír 2 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Tar éis iarraidh ar mheasúnú teicniúil Eorpach ó mhonaróir nó ó ghrúpa monaróirí nó ar thionscnamh ón gCoimisiún, féadfaidh eagraíocht comhlachtaí um measúnú teicniúil (‘***CMTanna***’) doiciméad um measúnú Eorpach a tharraingt suas agus a ghlacadh i gcomhaontú leis an gCoimisiún maidir le haon táirge nach bhfuil cumhdaithe ag:	Tar éis iarraidh ar mheasúnú teicniúil Eorpach ó mhonaróir nó ó ghrúpa monaróirí nó ar thionscnamh ón gCoimisiún, féadfaidh eagraíocht comhlachtaí um measúnú teicniúil (‘***TABanna***’) doiciméad um measúnú Eorpach a tharraingt suas agus a ghlacadh i gcomhaontú leis an gCoimisiún maidir le haon táirge nach bhfuil cumhdaithe ag:

Leasú 283

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 35 – mír 2 – fomhír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) sonraíocht theicniúil chomhchuibhithe a bheartaítear a ghlacadh ***sna*** chéad ***2 bliana*** eile amhail ó dháta an fhíoraithe leis an gCoimisiún;	(b) sonraíocht theicniúil chomhchuibhithe a bheartaítear a ghlacadh ***sa*** chéad ***bhliain*** eile amhail ó dháta an fhíoraithe leis an gCoimisiún;

Leasú 284

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 35 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Cuirfidh an Coimisiún de chúram ar EOTA agus ar CEN comhordú a dhéanamh chun a áirithiú nach mbeidh aon fhorluí idir doiciméad um measúnú Eorpach agus caighdeáin chomhchuibhithe nó codanna díobh.

Leasú 285

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 35 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Féadfaidh eagraíocht ***na CMTanna*** agus an Coimisiún iarrataí a ***chuachadh*** nó a ***dhiúltú maidir*** le doiciméad ***measúnaithe*** Eorpach a fhorbairt. ***Urramófar Airteagal 36*** leis an nós imeachta chun ***an*** doiciméad ***measúnaithe*** Eorpach a ghlacadh agus ***comhlíonfar Airteagal 37 agus Iarscríbhinn III leis***.	3. Féadfaidh eagraíocht ***TABanna*** agus an Coimisiún iarrataí a ***chur le chéile*** nó ***diúltú dóibh, ar iarrataí iad*** a ***bhaineann*** le doiciméad ***um measúnú*** Eorpach a fhorbairt. Leis an nós imeachta chun doiciméad ***um measúnú*** Eorpach a ghlacadh***, comhlíonfar Airteagal 36*** agus ***an nós imeachta a leagtar síos in Iarscríbhinn IIIa***.

Leasú 286

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 35 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3a. Beidh feidhm ag Airteagal 4(1) agus (4), ag Airteagal 6, ag Airteagal 9 agus ag Airteagail 11 go 17 maidir le doiciméid um measúnú Eorpach. I gcás ina n-eiseofar an mharcáil CE ar bhonn doiciméid um measúnú Eorpach agus measúnú teicniúil Eorpach, déanfar tagairt don doiciméad um measúnú Eorpach sa dearbhú feidhmíochta agus sa dearbhú comhréireachta.

Leasú 287

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 35 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Tugtar de chumhacht don Choimisiún ***Iarscríbhinn III*** a leasú trí ghníomh tarmligthe arna ghlacadh i gcomhréir le ***hAirteagal 87*** chun rialacha nós imeachta forlíontacha a bhunú maidir le doiciméad ***measúnaithe*** Eorpach a fhorbairt agus a ghlacadh, i gcás inar gá sin chun dea-fheidhmiú chóras na ndoiciméad ***measúnaithe*** Eorpach a áirithiú.	4. Tugtar de chumhacht don Choimisiún ***Iarscríbhinn IIIa*** a leasú trí ghníomh tarmligthe arna ghlacadh i gcomhréir le ***hAirteagal 87*** chun rialacha nós imeachta forlíontacha a bhunú maidir le doiciméad ***um measúnú*** Eorpach a fhorbairt agus a ghlacadh, i gcás inar gá sin chun dea-fheidhmiú chóras na ndoiciméad ***um measúnú*** Eorpach a áirithiú.

Leasú 288

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 36 – mír 1 – fomhír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) a ***laghad faisnéise is féidir a nochtadh agus a*** chosnaítear le cearta maoine intleachtúla, agus sicréideacht agus rúndacht tráchtála a chosaint;	(b) ***ní nochtfar an fhaisnéis*** a chosnaítear le cearta maoine intleachtúla, agus ***déanfar*** sicréideacht agus rúndacht tráchtála a chosaint;

Leasú 289

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 36 – mír 1 – fomhír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) ***ceadóidh siad ag céim ar bith do*** rannpháirtíocht leormhaith ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún;	(d) ***ceadófar leis go bhfuil*** rannpháirtíocht leormhaith ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún;

Leasú 290

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 36 – mír 1 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Má dhéantar na prionsabail a leagtar síos i ***litir*** (a) ***agus i litir*** (b) a chothromú, beifear in ann, ar a laghad, ainm an táirge a nochtadh ag ***céim fhormheasa*** agus chur in iúl ***an chláir oibre***, mar a leagtar amach ***i bpointe 3 d'Iarscríbhinn III***, agus inneachar mionsonraithe an dréachtdoiciméid um measúnú Eorpach a leagtar amach ***i bpointe 7 d'Iarscríbhinn III***.	Má dhéantar na prionsabail a leagtar síos i ***bpointí*** (a) ***agus*** (b) ***den mhír seo*** a chothromú, beifear in ann, ar a laghad, ainm an táirge a nochtadh ag ***an gcéim a dhéanfar an clár oibre a fhormheas*** agus ***a*** chur in iúl, mar a leagtar amach ***in Iarscríbhinn IIIa***, ***pointe 5,*** agus ***nochtadh*** inneachar mionsonraithe an dréachtdoiciméid um measúnú Eorpach a leagtar amach ***in Iarscríbhinn IIIa, pointe 5***.

Leasú 291

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 37 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) i gcás nach ***mbeidh*** an táirge cumhdaithe ***ag aon*** sonraíocht theicniúil chomhchuibhithe ná ***ag aon*** doiciméad um measúnú Eorpach agus i gcás nach bhfuil sé beartaithe go nglacfar sonraíocht theicniúil chomhchuibhithe den sórt sin ***sa dá*** bhliain ***atá le teacht***, nó i gcás nach ***bhfuil*** Doiciméad um Measúnú Eorpach den sórt sin ***nó Doiciméad um Measúnú Eorpach ar bith i bhfeidhm*** cheana ***féin*** de bhun ***Iarscríbhinn III, cuirfidh an CMT*** na nósanna imeachta a leagtar amach in ***Iarscríbhinn III*** nó na nósanna ***imeachta a bhunaítear*** i gcomhréir le ***hAirteagal 35***(4) i bhfeidhm.	(c) i gcás nach ***bhfuil*** an táirge cumhdaithe ***le haon*** sonraíocht theicniúil chomhchuibhithe ná ***le haon*** doiciméad um measúnú Eorpach agus i gcás nach bhfuil sé beartaithe go nglacfar sonraíocht theicniúil chomhchuibhithe den sórt sin ***an*** bhliain ***dár gcionn***, nó i gcás nach ***mbeidh*** doiciméad um measúnú Eorpach den sórt sin ***á fhorbairt*** cheana de bhun ***Iarscríbhinn IIIa, déanfaidh TAB*** na nósanna imeachta a leagtar amach in ***Iarscríbhinn IIIa*** nó na nósanna ***sin arna mbunú*** i gcomhréir le ***hAirteagal 35***(4) ***a chur*** i bhfeidhm.

Leasú 292

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 38 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Is ***iad*** na doiciméid um measúnú Eorpach dá dtagraítear sa liosta sin agus ***iad á*** bhfoilsiú ***i dteanga amháin de chuid an Aontais ar a laghad*** ag an gCoimisiún nó ag eagraíocht na ***CMTanna a údaróidh*** measúnuithe teicniúla Eorpacha a eisiúint i gcomhréir le ***hAirteagal 42*** agus ***spreagfaidh siad*** éifeachtaí dlíthiúla i gcomhréir le ***hAirteagal 42***(5), lena n-áirítear maidir leis an monaróir a d'iarr forbairt an doiciméid um measúnú Eorpach. Rachaidh éifeacht dhlíthiúil sin na ndoiciméad um measúnú Eorpach in éag deich mbliana tar éis a gcéad lua in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh ***ach amháin má dhéantar*** iad a athnuachan ***an bhliain dheireanach*** roimh dhul in éag dóibh agus ***má chinneann*** an Coimisiún an liostú a choimeád.	2. Is ***leis*** na doiciméid um measúnú Eorpach dá dtagraítear sa liosta sin agus ***arna*** bhfoilsiú ag an gCoimisiún nó ag eagraíocht na ***TABanna, agus leo siúd amháin, a údarófar*** measúnuithe teicniúla Eorpacha a eisiúint i gcomhréir le ***hAirteagal 42*** agus ***spreagfar*** éifeachtaí dlíthiúla ***leo*** i gcomhréir le ***hAirteagal 42***(5), lena n-áirítear maidir leis an monaróir a d'iarr forbairt an doiciméid um measúnú Eorpach. Rachaidh éifeacht dhlíthiúil sin na ndoiciméad um measúnú Eorpach in éag deich mbliana tar éis a gcéad lua in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh ***nó láithreach i gcás inar tarraingíodh siar an doiciméad teicniúil Eorpach, mura rud é go ndéantar*** iad a athnuachan ***le linn na bliana deireanaí*** roimh dhul in éag dóibh agus ***go gcinneann*** an Coimisiún an liostú a choimeád.

Leasú 293

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 38 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Chun ardcháilíocht na ndoiciméad um measúnú Eorpach a áirithiú agus chun freastal ar riachtanais rúndachta an iarratasóra i leith an mheasúnaithe theicniúil Eorpaigh ghaolmhair, sula ndéanfar an tagairt do dhoiciméad nua um measúnú Eorpach a lua in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, eiseofar dréacht den chéad mheasúnú teicniúil Eorpach bunaithe ar an doiciméad um measúnú Eorpach sin. Más gá, déanfar an dréacht críochnaitheach den doiciméad um measúnú Eorpach a leasú bunaithe ar an taithí a fuarthas le heisiúint an chéad mheasúnaithe theicniúil Eorpaigh. Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhpháirt le heagraíocht na TABanna, dáta lua na tagartha don doiciméad um measúnú Eorpach a chur in iúl.

Leasú 294

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 40 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) tuairisc ar an táirge a chumhdaítear**,** agus	(a) tuairisc ar an ***gcineál*** táirge ***nó ar an gcatagóir táirge*** a chumhdaítear; agus

Leasú 295

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 40 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) liosta na ***mbuntréithe***, atá ábhartha maidir leis an úsáid atá beartaithe don táirge mar atá leagtha amach ag an monaróir agus ***mar a chomhaontaigh*** monaróir agus eagraíocht na ***CMTanna iad***, agus na modhanna agus na critéir chun feidhmíocht an táirge a mheasúnú i ndáil leis na buntréithe sin.	(b) liosta ***de*** na ***buntréithe***, atá ábhartha maidir leis an úsáid atá beartaithe don ***chineál*** táirge ***nó don chatagóir táirge*** mar atá leagtha amach ag an monaróir agus ***arna gcomhaontú idir an*** monaróir agus eagraíocht na ***TABanna***, agus na modhanna agus na critéir chun feidhmíocht an táirge a mheasúnú i ndáil leis na buntréithe sin.

Leasú 296

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 40 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Déanfar na prionsabail don rialú ***táirgeachta*** is infheidhme ***sa mhonarcha atá*** le cur i bhfeidhm a leagan amach sa doiciméad ***measúnaithe*** Eorpach, agus coinníollacha phróiseas monaraíochta an táirge lena mbaineann á gcur san áireamh.	2. Déanfar na prionsabail don rialú ***ar tháirgeacht mhonarchan*** is infheidhme ***agus a bheidh*** le cur i bhfeidhm a leagan amach sa doiciméad ***um measúnú*** Eorpach, agus coinníollacha phróiseas monaraíochta an ***chineáil*** táirge ***nó na catagóire táirge*** lena mbaineann á gcur san áireamh.

Leasú 297

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 40 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. I gcás ina bhféadfar measúnú iomchuí a dhéanamh ar fheidhmíocht roinnt de bhuntréithe áirithe an táirge le modhanna agus critéir ***arna mbunú*** i sonraíochtaí teicniúla comhchuibhithe nó i ndoiciméid um Measúnú Eorpach, ***ionchorprófar*** na modhanna agus na critéir sin atá ann cheana mar chodanna den doiciméad um measúnú Eorpach***, mura bhfuil cúiseanna maithe ann imeacht ón riail sin***.	3. I gcás ina bhféadfar measúnú iomchuí a dhéanamh ar fheidhmíocht roinnt de bhuntréithe áirithe an ***chineáil*** táirge ***nó na catagóire táirge*** le modhanna agus critéir ***atá bunaithe*** i sonraíochtaí teicniúla comhchuibhithe nó i ndoiciméid um measúnú Eorpach, ***déanfar*** na modhanna agus na critéir sin atá ann cheana ***a ionchorprú*** mar chodanna den doiciméad um measúnú Eorpach.

Leasú 298

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 42 – mír 1 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Eiseoidh ***CMT an*** measúnú teicniúil Eorpach, arna iarraidh sin do mhonaróir ar bhonn doiciméid um measúnú Eorpach ***arna bhunú i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar amach in Airteagal 37 agus in Iarscríbhinn III*** ar luadh an tagairt dó in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le ***hAirteagal 38***.	Eiseoidh ***TAB*** measúnú teicniúil Eorpach, arna iarraidh sin do mhonaróir ar bhonn doiciméid um measúnú Eorpach***,*** ar luadh an tagairt dó in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le ***hAirteagal 38***.

Leasú 299

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 42 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1a. Beidh feidhm ag an nós imeachta a leagtar síos in Iarscríbhinn IIIa nuair a dhéanfar iarraidh ar mheasúnú teicniúil Eorpach.

Leasú 300

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 43

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Airteagal 43	***scriosta***
Údaráis ainmniúcháin	
1. Aon Bhallstát ar mian leo comhlachtaí um measúnú teicniúil a ainmniú, ainmneoidh siad údarás aonair a bheidh i gceannas ar chomhlachtaí measúnaithe teicniúla (dá ngairfear anseo feasta: An "údarás ainmnithe"). Comhlíonfaidh na húdaráis ainmniúcháin na ceanglais ar na húdaráis a thugann fógra atá leagtha amach in Airteagal 48(1) agus Airteagal 49. Ní bheidh an t-údarás ainmniúcháin incháilithe le haghaidh ainmniúcháin i gcomhréir le hAirteagal 44(1).	
2. Mura sonraítear a mhalairt sa Chaibidil seo, beidh feidhm ag na forálacha is infheidhme maidir leis na húdaráis a thugann fógra agus maidir le nósanna imeachta um fhógra a thabhairt maidir le húdaráis ainmniúcháin agus maidir leis na nósanna imeachta ainmniúcháin. Mar sin féin, ní fhéadfaidh na Ballstáit leas a bhaint as creidiúnú.	

Leasú 301

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 44 – mír 1 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Féadfaidh na Ballstáit Comhlachtaí um Measúnú Teicniúil (***CMTanna***) a ainmniú laistigh dá gcríocha i gcás réimse táirgí amháin nó níos mó atá liostaithe in Iarscríbhinn IV, Tábla 1. ***Tugtar de chumhacht don Choimisiún an tábla seo a leasú trí ghníomhartha tarmligthe arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 87 d'fhonn é a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil***.	Féadfaidh na Ballstáit Comhlachtaí um Measúnú Teicniúil (***TABanna***) a ainmniú laistigh dá gcríocha i gcás réimse táirgí amháin nó níos mó atá liostaithe in Iarscríbhinn IV, Tábla 1. ***Nuair a chinnfidh an Ballstát TAB a ainmniú, ceapfaidh sé aon údarás amháin a bheidh i gceannas ar chomhlachtaí um measúnú teicniúil ('an t-údarás ainmnithe')***.

Leasú 302

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 44 – mír 3 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Déanfaidh an t-údarás ***ainmniúcháin arna ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 43*** faireachán ar ghníomhaíochtaí agus ***ar*** inniúlacht ***na CMTanna*** a ainmneofar ina mBallstát faoi seach, agus i gcás inar gá ar a bhfochuideachtaí agus a bhfochonraitheoirí, agus déanfaidh sé meastóireacht orthu i ndáil leis na ceanglais faoi seach a leagtar amach sa Chaibidil seo. Tabharfaidh an t-údarás ***ainmniúcháin*** treoir do ***na CMTanna*** i gcás ina ndéantar sárú ar an dlí nó ar an gcleachtas coiteann arna chomhaontú idir na Ballstáit agus an Coimisiún. I gcás ***athshárú*** ar an dlí, féadfaidh sé ainmniú an ***CMT*** a chúlghairm.	Déanfaidh an t-údarás ***ainmnithe*** faireachán ar ghníomhaíochtaí agus inniúlacht ***TABanna*** a ainmneofar ina mBallstát faoi seach, agus i gcás inar gá ar a bhfochuideachtaí agus a bhfochonraitheoirí, agus déanfaidh sé meastóireacht orthu i ndáil leis na ceanglais faoi seach a leagtar amach sa Chaibidil seo. Tabharfaidh an t-údarás ***ainmnithe*** treoir do ***TABanna*** i gcás ina ndéantar sárú ar an dlí nó ar an gcleachtas coiteann arna chomhaontú idir na Ballstáit agus an Coimisiún. I gcás ***ina ndéantar sárú*** ar an dlí ***an athuair***, féadfaidh sé ainmniú an ***TAB*** a chúlghairm.

Leasú 303

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 44 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Féadfaidh an Coimisiún a fhiosrú an gcomhlíonann na ***CMTanna na*** ceanglais a leagtar amach sa chaibidil seo, chomh maith le comhlíonadh a n-oibleagáidí faireacháin ag na húdaráis ***ainmniúcháin*** fhreagracha.	5. Féadfaidh an Coimisiún a fhiosrú an gcomhlíonann ***TABanna*** na ceanglais a leagtar amach sa chaibidil seo, chomh maith le comhlíonadh a n-oibleagáidí faireacháin ag na húdaráis ***ainmnithe*** fhreagracha.

Leasú 304

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 44 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Soláthróidh ***na táib***, arna iarraidh sin don údarás ***ainmniúcháin*** ábhartha, gach faisnéis agus gach doiciméad ábhartha is gá ***le*** go mbeidh an t-údarás, an Coimisiún agus na Ballstáit in ann comhlíonadh a fhíorú.	6. Soláthróidh ***TABanna***, arna iarraidh sin don údarás ***ainmnithe*** ábhartha, gach faisnéis agus gach doiciméad ábhartha is gá ***chun*** go mbeidh an t-údarás, an Coimisiún agus na Ballstáit in ann comhlíonadh a fhíorú.

Leasú 305

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 46 – mír 2 – fomhír 1 – pointe i

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(i) a áirithiú go ***mbeidh*** doiciméid ***mheasúnaithe Eorpacha*** agus tagairtí do mheasúnuithe teicniúla Eorpacha ar fáil go poiblí ***i ngach teanga AE***.	(i) a áirithiú go ***ndéanfar*** doiciméid ***um measúnú Eorpach atá glactha*** agus tagairtí do mheasúnuithe teicniúla Eorpacha ***a choimeád*** ar fáil go poiblí.

Leasú 306

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 46 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Féadfaidh an Coimisiún maoiniú ***a chur ar fáil d'***eagraíocht na ***CMTanna***, beag beann ar dheontais nó tairiscintí poiblí, ***ar choinníoll go gcomhlíonfar ceanglais áirithe eagraíochtúla*** agus feidhmíochta, lena n-áirítear ceanglais maidir le dáileadh cothrom geografach ***na CMTanna***.	6. Féadfaidh an Coimisiún maoiniú eagraíocht na ***TABanna***, beag beann ar dheontais nó tairiscintí poiblí, ***a chur faoi réir chomhlíonadh na gceanglas eagraíochtúil*** agus feidhmíochta, lena n-áirítear ceanglais maidir le dáileadh cothrom geografach ***TABanna***.

Leasú 307

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 49 – mír 6 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Beidh ***dóthain pearsanra inniúil agus maoiniú leordhóthanach ar*** fáil ***don*** údarás a thugann fógra chun a chuid cúraimí a chomhlíonadh ***mar is*** cuí. ***Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos líon íosta coibhéisí lánaimseartha a mheastar a bheith leordhóthanach chun faireachán cuí a dhéanamh ar chomhlachtaí dá dtugtar fógra, i gcás inarb iomchuí maidir le cúraimí sonracha um measúnú comhréireachta. I gcás ina ndéanfaidh comhlacht creidiúnaithe náisiúnta nó comhlacht dá dtagraítear in Airteagal 48(3) faireachán, beidh feidhm ag an líon íosta sin maidir leis an gcomhlacht sin.***	Beidh fáil ***ag an*** údarás a thugann fógra ***ar dhóthain pearsanra inniúil agus ar mhaoiniú leordhóthanach*** chun a chuid cúraimí a chomhlíonadh ***go*** cuí.

Leasú 308

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 49 – mír 6 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 88(2).	***scriosta***

Leasú 309

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 50 – mír 3 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Beidh comhlacht um measúnú comhréireachta neamhspleách ar ***an eagraíocht*** nó ar an táirge a ndéanann sé measúnú ***uirthi nó*** air.	***Is*** comhlacht ***tríú páirtí a bheidh i gcomhlacht*** um measúnú comhréireachta ***agus beidh sé*** neamhspleách ar ***cheangail ghnó uile na heagraíochta*** nó ar an táirge ***foirgníochta*** a ndéanann sé measúnú air.

Leasú 310

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 50 – mír 3 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Beidh sé neamhspleách ar aon nasc gnó agus ar gach nasc gnó le heagraíochtaí a bhfuil leas acu sna táirgí a ndéanann sé measúnú orthu, le monaróirí, lena gcomhpháirtithe trádála nó lena n-infheisteoirí scairshealbhóireachta, agus le comhlachtaí eile dá dtugtar fógra agus a gcomhlachais ghnó, máthairchuideachtaí nó fochuideachtaí. Ní chuireann sé sin bac ar an gcomhlacht dá dtugtar fógra gníomhaíochtaí measúnaithe agus fíoraithe a dhéanamh do mhonaróirí atá in iomaíocht lena chéile.	***scriosta***

Leasú 311

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 50 – mír 3 – fomhír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Féadfar a mheas gur comhlacht ***neamhspleách den sórt sin é comhlacht*** a bhaineann le comhlachas gnó nó le cónaidhm ghairmiúil a dhéanann ionadaíocht ***ar ghnóthais a bhíonn ag plé le dearadh***, ***monarú, soláthar, cóimeáil,*** úsáid nó ***cothabháil*** táirgí a ndéanann sé measúnú orthu, ar choinníoll go léirítear go bhfuil sé neamhspleách agus nach bhfuil aon choinbhleacht leasa ann.	***Maidir le*** comhlacht ***um measúnú comhréireachta*** a bhaineann le comhlachas gnó nó le cónaidhm ghairmiúil a dhéanann ionadaíocht ***thar ceann gnóthais a ghabhann do dhearadh***, ***do mhonarú, do sholáthar, do chóimeáil, d'***úsáid nó ***do chothabháil*** táirgí a ndéanann sé measúnú orthu, ***féadfar a mheas gur comhlacht neamhspleách den sórt sin é,*** ar choinníoll go léirítear go bhfuil sé neamhspleách agus nach bhfuil aon choinbhleacht leasa ann.

Leasú 312

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 50 – mír 4 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Maidir le comhlacht ***dá dtugtar fógra***, lucht ***a ardbhainistíochta*** agus an ***pearsanra*** atá freagrach as cúraimí tríú páirtí a chur i gcrích sa phróiseas measúnaithe agus fíoraithe, ***ní bheidh siad ina ndearthóirí, ina*** monaróir, ***ina soláthróirí, ina n-allmhaireoir, ina*** dáileoir, ***ina*** suiteálaí, ***ina gceannaitheoir, ina n-úinéir, ina n-úsáideoir ná ina gcothabhálaí ar na táirgí*** a ndéanann ***sé*** measúnú orthu, ná ***ní bheidh siad ina n-ionadaí ar*** aon cheann de na páirtithe sin. Ní choiscfidh sé sin úsáid a bhaint as táirgí measúnaithe atá riachtanach le haghaidh oibríochtaí an chomhlachta ***dá dtugtar fógra*** ná úsáid táirgí chun críoch pearsanta.	***Ní ceadmhach,*** maidir le comhlacht ***um measúnú comhréireachta***, ***lena*** lucht ***bainistíochta ardleibhéil*** agus ***leis*** an ***bpearsanra*** atá freagrach as cúraimí tríú páirtí a chur i gcrích sa phróiseas measúnaithe agus fíoraithe, ***gurb é atá iontu ná dearthóir,*** monaróir, ***soláthróir, allmhaireoir,*** dáileoir, suiteálaí, ***ceannaitheoir, úinéir, úsáideoir ná lucht cothabhála na dtáirgí*** a ndéanann ***siad*** measúnú orthu, ná ***ionadaí*** aon cheann de na páirtithe sin. Ní choiscfidh sé sin úsáid a bhaint as táirgí measúnaithe atá riachtanach le haghaidh oibríochtaí an chomhlachta ***um measúnú comhréireachta*** ná úsáid táirgí chun críoch pearsanta.

Leasú 313

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 50 – mír 4 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Ní bheidh baint dhíreach ag comhlacht ***dá dtugtar fógra, ag a ardbhainistíocht ná ag*** an bpearsanra atá freagrach as cúraimí tríú páirtí a chur i gcrích sa phróiseas measúnaithe agus fíoraithe le dearadh, monarú ná tógáil, margú, suiteáil, ***úsáid*** ná cothabháil na dtáirgí sin, ná ní dhéanfaidh siad ionadaíocht ar ***pháirtithe a bhíonn i mbun na ngníomhaíochtaí*** sin. Ní ghabhfaidh siad d'aon ghníomhaíocht a d'fhéadfadh teacht salach ar neamhspleáchas a mbreithiúnais agus a n-ionracais i ndáil leis na gníomhaíochtaí ar tugadh fógra ***dóibh*** ina leith ná ní chuirfidh siad seirbhísí comhairliúcháin ar fáil.	***Maidir le*** comhlacht ***um measúnú comhréireachta, lena lucht bainistíochta ardleibhéil agus leis*** an bpearsanra atá freagrach as cúraimí tríú páirtí a chur i gcrích sa phróiseas measúnaithe agus fíoraithe***, ní bheidh baint dhíreach acu*** le dearadh, ***le*** monarú ná ***le*** tógáil ***na dtáirgí sin***, ***ná ní bheidh baint dhíreach acu le*** margú, ***le*** suiteáil, ***le húsáid*** ná ***le*** cothabháil na dtáirgí sin, ná ní dhéanfaidh siad ionadaíocht ar ***na páirtithe a ghabhann do na gníomhaíochtaí*** sin. Ní ghabhfaidh siad d'aon ghníomhaíocht a d'fhéadfadh teacht salach ar neamhspleáchas a mbreithiúnais agus a n-ionracais i ndáil leis na gníomhaíochtaí ar tugadh fógra ***fúthu*** ina leith ná ní chuirfidh siad seirbhísí comhairliúcháin ar fáil.

Leasú 314

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 50 – mír 4 – fomhír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Áiritheoidh comhlacht ***dá dtugtar fógra*** nach ***ndéanfar*** difear do rúndacht, d'oibiachtúlacht ***agus*** do neamhchlaontacht a ghníomhaíochtaí ***measúnaithe*** agus/nó ***fíorúcháin le gníomhaíochtaí a mháthairchuideachtaí nó a gcomhchuideachtaí, a fhochuideachtaí nó a fhochonraitheoirí***.	Áiritheoidh comhlacht ***um measúnú comhréireachta*** nach ***ndéanfaidh gníomhaíochtaí a mháthairchuideachtaí nó a chomhchuideachtaí, a fhochuideachtaí nó a fhochonraitheoirí*** difear do rúndacht, d'oibiachtúlacht ***ná*** do neamhchlaontacht a ghníomhaíochtaí ***i ndáil le measúnú*** agus/nó ***fíorú***.

Leasú 315

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 50 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. ***Cuirfidh*** comhlacht ***dá dtugtar fógra*** agus a ***chuid pearsanra*** cúraimí tríú páirtí ***i gcrích*** sa phróiseas measúnaithe agus fíoraithe ***leis an oiread*** ionracais ghairmiúil is féidir agus ***leis an inniúlacht theicniúil*** is gá sa réimse ***sonrach sin*** agus beidh ***sé*** saor ó gach ***cineál*** brú agus ***meallta***, go háirithe ***ó thaobh*** airgeadais, a ***bhféadfadh*** tionchar a ***bheith acu*** ar a mbreithiúnas nó ar thorthaí a ***gcuid gníomhaíochtaí measúnaithe*** agus/nó ***fíorúcháin***, go háirithe ó dhaoine nó ó ghrúpaí daoine a bhfuil leas acu i dtorthaí na ngníomhaíochtaí sin.	5. ***Déanfaidh*** comhlacht ***um measúnú comhréireachta,*** agus a ***phearsanra, na*** cúraimí tríú páirtí sa phróiseas measúnaithe agus fíoraithe ***a chur i gcrích de réir an leibhéil is airde*** ionracais ghairmiúil ***agus*** is féidir agus ***de réir na hinniúlachta teicniúla*** is gá sa réimse ***i dtrácht,*** agus beidh ***siad*** saor ó gach brú agus ***aslach***, go háirithe ***de chineál*** airgeadais, a ***d'fhéadfadh*** tionchar a ***imirt*** ar a mbreithiúnas nó ar thorthaí a ***ngníomhaíochtaí i ndáil le measúnú*** agus/nó ***fíorú***, go háirithe ó dhaoine nó ó ghrúpaí daoine a bhfuil leas acu i dtorthaí na ngníomhaíochtaí sin.

Leasú 316

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 50 – mír 6 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Beidh sé ***de*** chumas ***ag comhlacht dá dtugtar fógra*** na cúraimí tríú páirtí uile ***a chur i gcrích*** sa phróiseas measúnaithe agus fíoraithe a shanntar dó i gcomhréir le ***hIarscríbhinn V a bhfuil*** fógra ***tugtha dó*** ina leith, cibé acu a ***dhéanann*** an comhlacht féin ***dá dtugtar fógra*** na cúraimí sin nó a ***dhéantar iad*** thar a cheann agus faoina fhreagracht.	Beidh sé ***ar*** chumas ***comhlachta um measúnú comhréireachta*** na cúraimí tríú páirtí uile sa phróiseas measúnaithe agus fíoraithe a ***chur i gcrích, ar cúraimí iad a*** shanntar dó i gcomhréir le ***hIarscríbhinn V agus ar tugadh*** fógra ***faoi*** ina leith, cibé acu a ***chuirfidh*** an comhlacht ***um measúnú comhréireachta*** féin na cúraimí sin ***i gcrích*** nó a ***chuirfear i gcrích*** thar a cheann agus faoina fhreagracht ***iad***.

Leasú 317

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 50 – mír 6 – fomhír 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) an pearsanra is gá a bhfuil eolas teicniúil acu agus a bhfuil taithí leordhóthanach iomchuí acu chun na cúraimí tríú páirtí a chur i gcrích sa phróiseas measúnaithe agus fíoraithe***. Maidir leis an bpearsanra atá freagrach as cinntí measúnaithe a dhéanamh, fostóidh an comhlacht dá dtugtar fógra iad faoi dhlí náisiúnta an Bhallstáit atá ag tabhairt fógra, ní bheidh aon oibleagáid dílseachta nó aon choinbhleacht leasa a d'fhéadfadh a bheith ag teacht salach ar a chéile acu, beidh siad inniúil chun na measúnuithe a dhéanfaidh foireann eile, saineolaithe seachtracha nó fochonraitheoirí a fhíorú. Beidh a líon leordhóthanach chun leanúnachas gnó agus cur chuige comhsheasmhach i leith measúnuithe comhréireachta a áirithiú***;	(a) an pearsanra ***inniúil*** is gá a bhfuil eolas teicniúil acu agus a bhfuil taithí leordhóthanach iomchuí acu chun na cúraimí tríú páirtí a chur i gcrích sa phróiseas measúnaithe agus fíoraithe;

Leasú 318

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 50 – mír 6 – fomhír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) an tuairisc is gá ar na nósanna imeachta ar dá réir a dhéantar an próiseas measúnaithe, lena n-áirithítear trédhearcacht agus cumas atáirgthe na nósanna imeachta sin. ***Áireofar leis sin maitrís cháilíochta atá comhoiriúnach don phearsanra ábhartha, a stádas faoi seach*** agus ***a gcúraimí laistigh den chomhlacht um measúnú comhréireachta leis*** na cúraimí ***um measúnú comhréireachta a bhfuil*** sé i ***gceist ag an gcomhlacht*** fógra a ***thabhairt ina leith;***	(b) an tuairisc is gá ar na nósanna imeachta ar dá réir a dhéantar an próiseas measúnaithe, lena n-áirithítear trédhearcacht agus cumas atáirgthe na nósanna imeachta sin. ***Beidh beartais*** agus ***nósanna imeachta iomchuí i bhfeidhm aige lena ndéanfar idirdhealú idir*** na cúraimí ***a chuireann*** sé i ***gcrích mar chomhlacht faoina dtugtar*** fógra ***agus gníomhaíochtaí eile, agus sannfaidh sé*** a ***phearsanra do na cúraimí sin.***

Leasú 319

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 50 – mír 6 – fomhír 2 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) beartais agus nósanna imeachta iomchuí atá i bhfeidhm lena ndéantar idirdhealú idir na cúraimí a dhéanann sé mar chomhlacht dá dtugtar fógra agus gníomhaíochtaí eile;	***scriosta***

Leasú 320

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 50 – mír 6 – fomhír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Beidh na hacmhainní is gá ag comhlacht ***dá dtugtar fógra*** chun na cúraimí teicniúla agus riaracháin a bhaineann leis na gníomhaíochtaí a bhfuil sé ***i gceist aige*** fógra a thabhairt ina leith a dhéanamh ar bhealach iomchuí agus beidh rochtain aige ar an trealamh nó ar na saoráidí ***go léir*** is gá.	Beidh na hacmhainní is gá ag comhlacht ***um measúnú comhréireachta*** chun na cúraimí teicniúla agus riaracháin a bhaineann leis na gníomhaíochtaí a bhfuil sé ***beartaithe*** fógra a thabhairt ***faoi*** ina leith a dhéanamh ar bhealach iomchuí agus beidh rochtain aige ar an trealamh nó ar na saoráidí ***uile*** is gá.

Leasú 321

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 50 – mír 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
9. ***Gheobhaidh an comhlacht dá dtugtar fógra*** árachas dliteanais mura ***rud é go nglacfaidh*** an Ballstát dliteanas air féin i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, nó ***go*** bhfuil an Ballstát féin freagrach go díreach as an measúnú agus/nó as an bhfíorú a dhéantar.	9. ***Beidh*** árachas dliteanais ***ag comhlacht um measúnú comhréireachta*** mura ***nglacann*** an Ballstát ***an*** dliteanas air féin i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, nó ***mura*** bhfuil an Ballstát féin freagrach go díreach as an measúnú agus/nó as an bhfíorú a dhéantar.

Leasú 322

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 50 – mír 10

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
10. Beidh sé de cheangal ar phearsanra an chomhlachta ***dá dtugtar fógra*** rúndacht ghairmiúil a urramú maidir leis an bhfaisnéis uile a gheofar le linn a chuid cúraimí faoi ***Iarscríbhinn V*** a chur i gcrích, ach amháin i ndáil le húdaráis inniúla riaracháin an Bhallstáit ina gcuirtear a chuid gníomhaíochtaí i gcrích. ***Déanfar*** cearta dílseánaigh ***a chosaint***.	10. Beidh sé de cheangal ar phearsanra an chomhlachta ***um measúnú comhréireachta*** rúndacht ghairmiúil a urramú maidir leis an bhfaisnéis uile a gheofar le linn a chuid cúraimí faoi ***Iarscríbhinn V*** a chur i gcrích, ach amháin i ndáil le húdaráis inniúla riaracháin an Bhallstáit ina gcuirtear a chuid gníomhaíochtaí i gcrích. ***Cosnófar*** cearta dílseánaigh.

Leasú 323

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 50 – mír 11

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
11. ***Áiritheoidh*** comhlacht ***dá*** dtugtar fógra go ***bhfuil*** a phearsanra measúnaithe ar an eolas faoi na gníomhaíochtaí ***caighdeánaithe ábhartha agus beidh siad rannpháirteach i ngníomhaíochtaí ghrúpa comhordaithe an chomhlachta dá dtugtar fógra a bhunaítear faoin Rialachán seo***, agus ***áiritheoidh sé go bhfuil a phearsanra measúnaithe ar an eolas fúthu, agus*** cuirfidh sé i bhfeidhm, mar threoir ghinearálta, na cinntí riaracháin agus na doiciméid a bheidh mar thoradh ar obair ***an ghrúpa sin***.	11. ***Beidh an*** comhlacht ***um measúnú comhréireachta páirteach i ngníomhaíochtaí ábhartha caighdeánaithe agus i ngníomhaíochtaí ghrúpa comhordaithe an chomhlachta faoina*** dtugtar fógra ***a bhunaítear leis an Rialachán seo, agus áiritheoidh sé*** go ***mbeidh*** a phearsanra measúnaithe ar an eolas faoi na gníomhaíochtaí ***sin uile***, agus cuirfidh sé i bhfeidhm, mar threoir ghinearálta, na cinntí riaracháin agus na doiciméid a bheidh mar thoradh ar ***an*** obair.

Leasú 324

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 51 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Toimhde comhréireachta	Toimhde comhréireachta ***na gcomhlachtaí faoina dtugtar fógra***

Leasú 325

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 53 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Glacfaidh an comhlacht ***dá*** dtugtar fógra lánfhreagracht as na cúraimí a dhéanfaidh ***fochonraitheoir nó fochuideachta*** cibé áit ina mbeidh siad bunaithe. ***Bunóidh na comhlachtaí ábhartha dá dtugtar fógra nósanna imeachta chun faireachán leanúnach a dhéanamh ar inniúlacht, gníomhaíochtaí agus feidhmíocht a bhfochonraitheoirí nó a bhfochuideachtaí, agus an mhaitrís cháilíochta dá dtagraítear in Airteagal 50(6) litir (b) á cur san áireamh.***	2. Glacfaidh an comhlacht ***faoina*** dtugtar fógra lánfhreagracht as na cúraimí a dhéanfaidh ***fochonraitheoirí nó fochuideachtaí*** cibé áit ina mbeidh siad bunaithe.

Leasú 326

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 55 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. In éineacht leis an iarratas beidh tuairisc ar na gníomhaíochtaí a bheidh le déanamh, na próisis ***mheasúnaithe*** agus/nó ***fíorúcháin*** a maíonn an comhlacht go bhfuil sé inniúil ina leith, ***an mhaitrís cháilíochta dá dtagraítear in Airteagal 50(6),***	2. In éineacht leis an iarratas beidh tuairisc ar na gníomhaíochtaí a bheidh le déanamh, na próisis ***um measúnú*** agus/nó ***um fhíorú*** a maíonn an comhlacht go bhfuil sé inniúil ina leith, ***mar aon le*** deimhniú creidiúnaithe, más ann dó, arna eisiúint

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
litir (b), deimhniú creidiúnaithe, más ann dó, arna eisiúint ag an gcomhlacht creidiúnaithe ***náisiúnta*** de réir bhrí Rialachán (CE) Uimh. 765/2008, lena bhfianaítear go ***gcomhlíonann an comhlacht*** na ceanglais a leagtar síos in ***Airteagal 50***. Ní bhainfidh an deimhniú creidiúnaithe ach leis an gcomhlacht ***measúnaithe*** comhréireachta ***sonrach*** a chuirfidh iarratas isteach ar fhógra agus ní chuirfear san áireamh ann cumais ná pearsanra na máthairchuideachtaí nó na comhchuideachtaí. Beidh sé bunaithe, de bhreis ar na caighdeáin chomhchuibhithe ábhartha, ar na ceanglais shonracha agus ar na cúraimí measúnaithe.	ag an gcomhlacht ***náisiúnta*** creidiúnaithe de réir bhrí Rialachán (CE) Uimh. 765/2008, lena bhfianaítear go ***bhfuil*** na ceanglais a leagtar síos in ***Airteagal 50 á gcomhlíonadh ag an gcomhlacht***. Ní bhainfidh an deimhniú creidiúnaithe ach leis an gcomhlacht ***sonrach um measúnú*** comhréireachta a chuirfidh iarratas isteach ar fhógra agus ní chuirfear san áireamh ann cumais ná pearsanra na máthairchuideachtaí nó na comhchuideachtaí. Beidh sé bunaithe, de bhreis ar na caighdeáin chomhchuibhithe ábhartha, ar na ceanglais shonracha agus ar na cúraimí measúnaithe.

Leasú 327

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 58 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. I gcás ina bhfionnfaidh údarás a thugann fógra, nó i gcás ina gcuirfear in iúl dó, nach bhfuil na ***ceanglais*** a leagtar ***síos in Airteagal 50 á gcomhlíonadh*** a thuilleadh ***ag comhlacht dá dtugtar fógra***, nó go bhfuil sé ag mainneachtain a chuid oibleagáidí a chomhall, déanfaidh an t-údarás a thugann fógra an fógra a shrianadh, a chur ar fionraí nó a tharraingt siar, de réir mar is iomchuí, ag brath ar a thromchúisí atá ***mainneachtain an chomhlachta*** na ceanglais sin a chomhlíonadh nó na hoibleagáidí sin a chomhall.	1. I gcás ina bhfionnfaidh údarás a thugann fógra, nó i gcás ina gcuirfear in iúl dó, nach bhfuil ***comhlacht faoina dtugtar fógra ag comhlíonadh*** na ***gceanglas*** a leagtar ***amach in Airteagal 50*** a thuilleadh, nó go bhfuil sé ag mainneachtain a chuid oibleagáidí a chomhall, déanfaidh an t-údarás a thugann fógra an fógra a shrianadh, a chur ar fionraí***,*** nó a tharraingt siar, de réir mar is iomchuí, ***agus é sin*** ag brath ar a thromchúisí atá ***an mhainneachtain maidir leis*** na ceanglais sin a chomhlíonadh nó na hoibleagáidí sin a chomhall. ***Cuirfidh sé an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas láithreach dá réir sin.***

Leasú 328

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 59 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3a. I gcás ina bhfionnfaidh an Coimisiún nach gcomhlíonann comhlacht faoina dtugtar fógra na ceanglais maidir lena fhógra, nó nach gcomhlíonann sé a thuilleadh iad, cuirfidh sé an méid sin in iúl don Bhallstát a thugann fógra agus iarrfaidh sé air na bearta ceartaitheacha is gá a dhéanamh, lena n-áirítear an fógra a tharraingt siar, más gá sin.

Leasú 329

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 60 – mír 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
7. Áiritheoidh na comhlachtaí dá dtugtar fógra uainíocht idir an pearsanra a dhéanann cúraimí measúnaithe éagsúla.	***scriosta***

Leasú 330

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 62

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Airteagal 62 ***Gníomhartha cur chun feidhme maidir le léirmhíniú ar oibleagáidí agus ar chearta na gcomhlachtaí dá dtugtar fógra*** ***I gcás inar gá sin chun cur i bhfeidhm comhchuibhithe an Rialacháin seo a áirithiú agus a mhéid is gá chun cosc a chur ar chleachtais éagsúla as a n-eascraíonn cóir neamh-chomhionann d'oibreoirí eacnamaíocha agus lena gcruthaítear míchothrom iomaíochta d'oibreoirí eacnamaíocha, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena soláthrófar sonraí maidir leis an gcaoi ar féidir oibleagáidí na gcomhlachtaí dá dtugtar fógra atá in Airteagal 60 agus in Airteagal 61 a fhorghníomhú.*** ***Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 88(2).***	***scriosta***

Leasú 331

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 63 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Áiritheoidh an Coimisiún go ***mbeidh*** comhordú agus comhar iomchuí ***ann*** idir na comhlachtaí ***dá*** dtugtar fógra de bhun ***Airteagal 47*** agus go n-oibreofar ***mar is ceart é***, i bhfoirm grúpa comhlachtaí ***dá*** dtugtar fógra. Is é is aidhm don chomhordú agus don chomhar sna grúpaí dá dtagraítear i mír 1 cur i bhfeidhm comhchuibhithe an Rialacháin seo a áirithiú.	Áiritheoidh an Coimisiún go ***gcuirfear*** comhordú ***iomchuí*** agus comhar iomchuí ***ar bun*** idir na comhlachtaí ***faoina*** dtugtar fógra de bhun ***Airteagal 47*** agus go n-oibreofar ***an comhordú agus an comhar sin go cuí***, ***eadhon,*** i bhfoirm grúpa comhlachtaí ***faoina*** dtugtar fógra. ***Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na comhlachtaí faoina dtugann siad fógra páirteach in obair an ghrúpa sin, go díreach nó trí bhíthin ionadaithe ainmnithe.*** Is é is aidhm don chomhordú agus don chomhar sna grúpaí dá dtagraítear i mír 1 cur i bhfeidhm comhchuibhithe an Rialacháin seo a áirithiú.

Leasú 332

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 63 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Glacfaidh na comhlachtaí dá dtugtar fógra páirt in obair an ghrúpa sin, go díreach nó trí bhíthin ionadaithe ainmnithe.	***scriosta***

Leasú 333

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 63 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Cuirfidh na comhlachtaí ***dá*** dtugtar fógra ***i bhfeidhm***, mar threoir ghinearálta, na cinntí agus na doiciméid ***riaracháin arna dtáirgeadh ag an ngrúpa*** sin.	Cuirfidh na comhlachtaí ***faoina*** dtugtar fógra ***san áireamh***, mar threoir ghinearálta, na cinntí ***riaracháin*** agus na doiciméid ***a chuirfidh an grúpa*** sin ***le chéile***.

Leasú 334

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 64 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Féadfaidh monaróir ***doiciméadacht theicniúil*** iomchuí a chur in ionad ***tástála cineáil lena*** léireofar an méid seo a leanas:	1. Féadfaidh monaróir ***doiciméadúchán teicniúil*** iomchuí a chur in ionad ***cineál-tástála nó cineál-áirimh, ar doiciméadúchán é ina*** léireofar an méid seo a leanas:

Leasú 335

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 64 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) i gcás buntréith amháin nó níos mó den táirge, a chuireann an monaróir ar an margadh, meastar go bhfuil leibhéal nó aicme áirithe feidhmíochta bainte amach ag an táirge ***sin*** gan tástáil ná ***ríomh***, nó gan ***a thuilleadh*** tástála ná ***ríofa***, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach chuige sin sa tsonraíocht theicniúil chomhchuibhithe ábhartha ***nó i ngníomh ón gCoimisiún***; nó	(a) i gcás buntréith amháin nó níos mó den táirge, a chuireann an monaróir ar an margadh, ***go*** meastar go bhfuil leibhéal nó aicme áirithe feidhmíochta bainte amach ag an táirge gan tástáil ná ***áireamh***, nó gan ***tuilleadh*** tástála ná ***áirimh***, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach chuige sin sa tsonraíocht theicniúil chomhchuibhithe ábhartha; nó

Leasú 336

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 64 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) maidir leis an táirge, atá cumhdaithe ***ag*** sonraíocht theicniúil chomhchuibhithe, a chuireann an monaróir ar an margadh, ***is córas*** é atá ***déanta d'ítimí*** atá déanta de réir treoracha beachta ***a thiomsaíonn an monaróir go cuí***, lena n-áirítear critéir ***comhoiriúnachta*** i gcás ítimí aonair, arna ***dtabhairt*** ag soláthraí córais den sórt sin nó ag ***soláthraí*** comhpháirte de, a rinne tástáil cheana ar an gcóras nó ar an ***ítim*** sin le haghaidh ceann amháin nó níos mó dá bhuntréithe i gcomhréir leis an tsonraíocht theicniúil chomhchuibhithe ábhartha. Nuair a chomhlíonfar na coinníollacha sin agus nuair a bheidh sé fíoraithe go háirithe ag an monaróir go bhfuil critéir bheachta ***comhoiriúnachta*** an tsoláthraí comhlíonta aige, beidh an monaróir i dteideal feidhmíocht a dhearbhú a ***chomhfhreagraíonn*** do na torthaí tástála uile don chóras nó don mhír a ***cuireadh ar fáil dó***, nó do chuid de na torthaí tástála sin.	(b) maidir leis an táirge, atá cumhdaithe ***le*** sonraíocht theicniúil chomhchuibhithe ***nó ag measúnú teicniúil Eorpach***, a chuireann an monaróir ar an margadh, ***gurb*** é atá ***ann ná córas*** atá déanta de ***mhíreanna a chóimeálann an monaróir go cuí de*** réir treoracha beachta, lena n-áirítear critéir ***chomhoiriúnachta*** i gcás ítimí aonair, arna ***gcur ar fáil*** ag soláthraí córais den sórt sin nó ag ***soláthróir*** comhpháirte de, ***ar soláthróir é*** a rinne tástáil cheana ar an gcóras nó ar an ***mír*** sin le haghaidh ceann amháin nó níos mó dá bhuntréithe i gcomhréir leis an tsonraíocht theicniúil chomhchuibhithe ábhartha ***nó leis an measúnú teicniúil Eorpach***. Nuair a chomhlíonfar na coinníollacha sin agus nuair a bheidh sé fíoraithe go háirithe ag an monaróir go bhfuil critéir bheachta ***chomhoiriúnachta*** an tsoláthraí comhlíonta aige, beidh an monaróir i dteideal feidhmíocht a dhearbhú a ***chomhfhreagróidh*** do na torthaí tástála uile don chóras nó don mhír a ***soláthraíodh dóibh***, nó do chuid de na torthaí tástála sin***; nó***

Leasú 337

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 64 –mír 1 – pointe b a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ba) maidir leis an táirge foirgníochta, atá cumhdaithe le caighdeán comhchuibhithe, agus a chuireann an monaróir ar an margadh, go gcomhfhreagraíonn sé do chineál táirge foirgníochta eile, arna dhéanamh ag monaróir eile, ar táirge é a ndearnadh tástáil air cheana i gcomhréir leis an gcaighdeán comhchuibhithe ábhartha. Nuair a chomhlíonfar na coinníollacha sin, beidh an monaróir i dteideal feidhmíocht a dhearbhú a chomhfhreagróidh do thorthaí tástála uile an táirge eile seo nó do chuid de na torthaí tástála sin. Ní fhéadfaidh an monaróir na torthaí tástála a úsáid a gheobhaidh monaróir eile ach amháin tar éis dó údarú an mhonaróra sin a fháil roimh ré, agus leanfaidh an monaróir eile sin de bheith freagrach as cruinneas, iontaofacht agus cobhsaíocht na dtorthaí tástála sin.

Leasú 338

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 66

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Airteagal 66 ***Táirgí sainceaptha neamhshraith*** ***1. Maidir le táirgí a fholaítear le sonraíocht theicniúil chomhchuibhithe agus a mhonaraítear go leithleach nó a shaincheaptar i bpróiseas neamhshraithe mar fhreagairt ar ordú sonrach, agus atá suiteáilte in aon obair thógála shainaitheanta amháin ag monaróirí atá freagrach freisin as na táirgí sin a ionchorprú go sábháilte in oibreacha foirgníochta, féadfaidh an monaróir Doiciméadúchán Teicniúil Sonrach a chur in ionad na coda sin den chóras is infheidhme, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn V, lena léirítear go gcomhlíonann an táirge sin na ceanglais is infheidhme agus lena soláthraítear sonraí atá coibhéiseach leo sin a cheanglaítear leis an Rialachán seo agus leis na sonraíochtaí teicniúla is infheidhme. Tugtar coibhéis i gcás ina gcuirtear ar fáil nó ina gcomhlíontar ar bhonn modhanna úrscothacha na sonraí go léir is gá agus na ceanglais is infheidhme maidir leis an obair foirgníochta áirithe agus a dhíchóimeáil amach anseo, lena n-áirítear athúsáid, athmhonarú agus athchúrsáil a táirgí suiteáilte.*** ***2. Déanfaidh comhlacht dá dtugtar fógra nó CMT, sa bhreis ar na cúraimí a leagtar amach in Iarscríbhinn V, measúnú agus deimhniú ar chomhlíonadh ceart na n-oibleagáidí dá dtagraítear i mír 1.***	***scriosta***

Leasú 339

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 67 – mír 1 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Comhlacht ***dá*** dtugtar fógra (dá ngairfear anseo feasta: ***Ag aithint dó*** comhlacht ***dá*** dtugtar fógra) ***féadfaidh sé*** staonadh ó mheasúnú agus ó fhíorú ***ítime*** áirithe a bhfuil measúnú nó fíorú le déanamh uirthi i gcomhréir leis an Rialachán seo agus aitheantas a thabhairt don mheasúnú agus don fhíorú a rinne comhlacht eile ***dá*** dtugtar fógra don oibreoir eacnamaíoch céanna ***sna cásanna*** seo a leanas:	***Féadfaidh*** comhlacht ***faoina*** dtugtar fógra (dá ngairfear anseo feasta: comhlacht ***aitheantais faoina*** dtugtar fógra) staonadh ó mheasúnú agus ó fhíorú ***míre*** áirithe a bhfuil measúnú nó fíorú le déanamh uirthi i gcomhréir leis an Rialachán seo agus aitheantas a thabhairt don mheasúnú agus don fhíorú a rinne comhlacht eile ***faoina*** dtugtar fógra don oibreoir eacnamaíoch céanna ***i gcásanna a mbeidh baint ag gach ceann de na nithe*** seo a leanas ***leo***:

Leasú 340

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 67 – mír 1 – fomhír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) tá comhaontú i bhfeidhm idir an dá chomhlacht dá dtugtar fógra lena gcuirtear d'oibleagáid orthu an fhaisnéis ar fad maidir leis an measúnú agus leis an bhfíorú agus a ndeimhnithe agus a dtuarascálacha faoi seach a chomhroinnt;	***scriosta***

Leasú 341

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 68 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Bunóidh an Coimisiún córas lena gceadófar d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach gearáin nó tuarascálacha a bhaineann le neamhchomhlíonadh féideartha an Rialacháin seo a roinnt.	1. ***Gan dochar d'oibleagáidí na n-oibreoirí eacnamaíocha faoin Rialachán seo agus do ghníomhaíochtaí na n-údarás um fhaireachas margaidh faoi Rialachán (AE) 2019/1020,*** bunóidh an Coimisiún***, ina theannta sin,*** córas lena gceadófar d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach gearáin nó tuarascálacha a bhaineann le neamhchomhlíonadh féideartha an Rialacháin seo a roinnt.

Leasú 342

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 68 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. I gcás ina measann an Coimisiún go bhfuil gearán nó tuarascáil ábhartha agus go bhfuil bunús leis, sannfaidh sé d'údarás ***faireachais*** margaidh é chun obair leantach a dhéanamh leis an duine nádúrtha nó dlítheanach ábhartha i gcomhréir le ***hAirteagal 11***(7), ***litir*** (a) de Rialachán (AE) 2019/1020.	2. I gcás ina measann an Coimisiún go bhfuil gearán nó tuarascáil ábhartha agus go bhfuil bunús leis ***bunaithe ar chritéir atá sainithe go soiléir***, sannfaidh sé***, gan moill mhíchuí,*** d'údarás ***um fhaireachas*** margaidh é chun obair leantach a dhéanamh leis an duine nádúrtha nó dlítheanach ábhartha i gcomhréir le ***hAirteagal 11***(7), ***pointe*** (a) de Rialachán (AE) 2019/1020.

Leasú 343

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 68 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena mbunófar na critéir agus an amlíne dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 88(1).

Leasú 344

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 68 – mír 2 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2b. Maidir le táirgí foirgníochta a d'fhéadfadh sláinte agus sábháilteacht tomhaltóirí a chur i mbaol, beidh an deis ag aon duine nádúrtha nó dlítheanach leasmhar an Coimisiún a chur ar an eolas trí roinn ar leith den Tairseach Safety Gate. Tabharfaidh an Coimisiún aird chuí ar an bhfaisnéis a fhaightear agus, tar éis a cruinneas a fhíorú, i gcás inarb iomchuí, cuirfidh sé an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig údarás um fhaireachas margaidh an Bhallstáit ábhartha gan moill mhíchuí chun a áirithiú go ndéanfar obair leantach iomchuí ar na gearáin sin.

Leasú 345

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 69 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Ainmneoidh na Ballstáit, i measc a n-údarás inniúil, an ***"údarás*** inniúil ***náisiúnta"*** arb é an pointe ***fócasach é le haghaidh teagmhálacha le*** Ballstáit eile.	2. Ainmneoidh na Ballstáit, i measc a n-údarás inniúil, an ***'t-údarás náisiúnta*** inniúil***'*** arb é an pointe ***teagmhála aonair é chun cumarsáid a dhéanamh leis na*** Ballstáit eile.

Leasú 346

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 69 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Beidh na cumhachtaí uile a liostaítear in Airteagal 14(4) de Rialachán (AE) 2019/1020 ag na húdaráis inniúla ainmnithe. Chun críocha an Rialacháin seo, leathnófar na cumhachtaí sin chuig na hoibreoirí eacnamaíocha uile a chumhdaítear leis an Rialachán seo.

Leasú 347

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 69 – mír 2 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2b. Chun críche faireachais margaidh, imscrúdaithe agus forfheidhmithe, beidh sé de chumhacht ag údaráis inniúla faisnéis ábhartha atá ina seilbh a iarraidh ar údaráis phoiblí eile nó ar chomhlachtaí poiblí eile.

Leasú 348

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 70 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Nós imeachta chun déileáil le neamhchomhlíonadh	Nós imeachta chun déileáil le neamhchomhlíonadh

Leasú 349

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 70 – mír 1 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
I gcás ina mbeidh cúis leordhóthanach ag údarás ***faireachais*** margaidh i mBallstát amháin lena chreidiúint go bhfuil táirgí áirithe ***atá folaithe ag caighdeán táirgí foirgníochta*** nó ar eisíodh measúnú ***teicniúil*** Eorpach ina leith***,*** nó a ***mhonaróir*** neamhchomhlíontach, déanfaidh ***sé*** meastóireacht i ndáil leis na táirgí agus ***i ndáil leis*** an monaróir lena mbaineann ***lena gcumhdófar na ceanglais*** faoi seach a leagtar síos leis an Rialachán seo. De réir mar is gá, comhoibreoidh na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha leis na húdaráis um fhaireachas margaidh.	I gcás ina mbeidh cúis leordhóthanach ag údarás ***um fhaireachas*** margaidh i mBallstát amháin lena chreidiúint go bhfuil táirgí áirithe ***a chumhdaítear le sonraíocht theicniúil chomhchuibhithe*** nó ar eisíodh ***doiciméad um*** measúnú Eorpach ina leith nó a ***monaróir*** neamhchomhlíontach, déanfaidh ***siad*** meastóireacht i ndáil leis na táirgí agus an monaróir lena mbaineann ***i bhfianaise na gceanglas*** faoi seach a leagtar síos leis an Rialachán seo. De réir mar is gá, comhoibreoidh na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha leis na húdaráis um fhaireachas margaidh.

Leasú 350

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 70 – mír 1 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
I gcás ina bhfionnfaidh an t-údarás ***faireachais*** margaidh, le linn na meastóireachta sin, nach gcomhlíonann na táirgí nó a ***mhonaróir*** na ceanglais agus na hoibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo, ceanglóidh sé gan mhoill ar na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha na ***gníomhartha*** ceartaitheacha uile ***is*** iomchuí agus ***is*** comhréireach a dhéanamh chun na táirgí nó ***é féin*** a chur i gcomhréir leis na ceanglais agus na hoibleagáidí sin nó chun na táirgí a tharraingt siar ón margadh, nó iad ***uile a aisghlaoch*** laistigh de thréimhse réasúnta agus i gcomhréir le cineál agus méid an neamhchomhlíonta. D'fhéadfadh na ***gníomhartha*** a liostaítear in ***Airteagal 16***(3) de Rialachán (AE) 2019/1020 a bheith san áireamh sa ghníomhaíocht cheartaitheach a cheanglaítear ar na hoibreoirí eacnamaíocha a dhéanamh.	I gcás ina bhfionnfaidh an t-údarás ***um fhaireachas*** margaidh, le linn na meastóireachta sin, nach gcomhlíonann na táirgí nó a ***monaróir*** na ceanglais agus na hoibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo, ceanglóidh sé gan mhoill ar na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha na ***gníomhaíochtaí*** ceartaitheacha uile ***atá*** iomchuí agus comhréireach a dhéanamh chun na táirgí nó a ***monaróir a*** chur i gcomhréir leis na ceanglais agus na hoibleagáidí sin nó chun na táirgí a tharraingt siar ón margadh, nó iad ***a aisghairm,*** laistigh de thréimhse réasúnta agus ***ar tréimhse í a bheidh*** i gcomhréir le cineál agus méid an neamhchomhlíonta. D'fhéadfadh na ***gníomhaíochtaí*** a liostaítear in ***Airteagal 16***(3) de Rialachán (AE) 2019/1020 a bheith san áireamh sa ghníomhaíocht cheartaitheach a cheanglaítear ar na hoibreoirí eacnamaíocha a dhéanamh.

Leasú 351

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 70 – mír 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
7. Más rud é, laistigh de ***dhá mhí*** tar éis dóibh an fhaisnéis dá dtagraítear i ***mír 4*** a fháil, nach ***ndéanann Ballstát*** ná an Coimisiún agóid ***maidir le*** beart sealadach ***a ghlac*** Ballstát ***maidir*** leis an táirge lena mbaineann, measfar ***go bhfuil*** údar leis an mbeart sin.	7. Más rud é, laistigh de ***3 mhí*** tar éis dóibh an fhaisnéis dá dtagraítear i ***mír 4*** a fháil, nach ***bhfuil aon Bhallstát*** ná an Coimisiún ***tar éis aon*** agóid ***a dhéanamh i gcoinne*** beart sealadach ***arna dhéanamh ag*** Ballstát ***i dtaca*** leis an táirge lena mbaineann, measfar údar ***maith a bheith*** leis an mbeart sin.

Leasú 352

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 71 – mír 1 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Más rud é, tar éis an nós imeachta a leagtar amach in ***Airteagal 70*** (4) a thabhairt chun críche, go ndéanfar agóidí i gcoinne ***birt náisiúnta atá déanta*** ag Ballstát, nó más rud é go measfaidh an Coimisiún go bhfuil beart náisiúnta contrártha do reachtaíocht an Aontais, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle, gan mhoill, leis na Ballstáit agus leis na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha agus déanfaidh sé meastóireacht ar an mbeart náisiúnta. Ar bhonn thorthaí na meastóireachta sin, ***cinnfidh*** an Coimisiún***, trí bhíthin gníomh*** cur chun feidhme a ***ghlacfar*** an bhfuil údar leis an mbeart nó nach bhfuil.	Más rud é, tar éis an nós imeachta a leagtar amach in ***Airteagal 70***(4) a thabhairt chun críche, go ndéanfar agóidí i gcoinne ***beart arna dhéanamh*** ag Ballstát, nó más rud é go measfaidh an Coimisiún go bhfuil beart náisiúnta contrártha do reachtaíocht an Aontais, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle, gan mhoill, leis na Ballstáit agus leis na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha agus déanfaidh sé meastóireacht ar an mbeart náisiúnta. Ar bhonn thorthaí na meastóireachta sin, ***glacfaidh*** an Coimisiún ***gníomhartha*** cur chun feidhme***, laistigh de 4 mhí tar éis dó an fógra*** a ***fháil de bhun Airteagal 70(4), ina leagfar amach a chinneadh i dtaobh*** an bhfuil údar ***maith*** leis an mbeart nó nach bhfuil.

Leasú 353

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 71 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. I gcás ina measfar údar maith a bheith leis an mbeart náisiúnta, déanfaidh na Ballstáit uile na bearta is gá chun a áirithiú go dtarraingeofar an táirge neamhchomhlíontach siar óna margaí agus cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas dá réir sin. Má ***mheastar*** nach bhfuil ***bonn cirt*** leis an mbeart náisiúnta, déanfaidh an Ballstát lena mbaineann an beart a tharraingt siar.	2. I gcás ina measfar údar maith a bheith leis an mbeart náisiúnta, déanfaidh na Ballstáit uile***, gan mhoill,*** na bearta is gá chun a áirithiú go dtarraingeofar an táirge neamhchomhlíontach siar óna ***gcuid*** margaí agus cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas dá réir sin. Má ***mheasfar*** nach bhfuil ***údar maith*** leis an mbeart náisiúnta, déanfaidh an Ballstát lena mbaineann an beart a tharraingt siar.

Leasú 354

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 71 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3a. I gcás ina measfar údar maith a bheith leis an mbeart náisiúnta agus ina gcuirfear neamhchomhlíonadh an táirge foirgníochta i leith easnaimh i ndoiciméad um measúnú Eorpach, dá dtagraítear in Airteagal 70(5), pointe (c), cuirfidh an Coimisiún eagraíocht na TABanna ar an eolas faoin easnamh agus, más gá, iarrfaidh sé go ndéanfaí athbhreithniú ar an doiciméad um measúnú Eorpach lena mbaineann.

Leasú 355

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 73

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Airteagal 73	***scriosta***
Seiceálacha íosta agus acmhainní daonna íosta	
1. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 87 lena bhforlíontar an Rialachán seo tríd an líon íosta seiceálacha a leagan síos atá le déanamh ag údaráis um fhaireachas margaidh gach Ballstáit ar tháirgí sonracha atá cumhdaithe ag sonraíochtaí teicniúla comhchuibhithe nó i ndáil le ceanglais shonracha a leagtar amach sna bearta sin chun a áirithiú go ndéanfar seiceálacha ar scála atá leordhóthanach chun forfheidhmiú éifeachtach an Rialacháin seo a choimirciú. Féadfar a shonrú sna gníomhartha tarmligthe, i gcás inarb ábhartha, cineál na seiceálacha is gá agus na modhanna atá le húsáid.	
2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún freisin gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 87 lena bhforlíontar an Rialachán seo tríd an íosmhéid acmhainní daonna a leagan síos a bheidh le húsáid ag na Ballstáit chun críocha faireachais mhargaidh maidir le táirgí a chumhdaítear leis an Rialachán seo.	

Leasú 356

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 74 – mír 2 – fomhír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) treoirlínte a ***leagan amach maidir*** le cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú ceanglas agus oibleagáidí a leagtar amach i ***ngníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 4(3) agus (4) agus in Airteagal 5(2) agus (3) agus sna gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 22(4)***, lena n-áirítear cleachtais choiteanna agus modheolaíochtaí coiteanna le haghaidh faireachas éifeachtach margaidh.	(d) treoirlínte a ***fhorbairt*** le ***haghaidh*** cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú ceanglas agus oibleagáidí a leagtar amach i ***sonraíochtaí teicniúla comhchuibhithe arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo***, lena n-áirítear cleachtais choiteanna agus modheolaíochtaí coiteanna le haghaidh faireachas ***margaidh*** éifeachtach***, amhail líon agus cineál na seiceálacha atá le déanamh ag údaráis um fhaireachas*** margaidh;

Leasú 357

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 74 – mír 2 – fomhír 1 – pointe d a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(da) treoirlínte a fhorbairt d'oibreoirí eacnamaíocha maidir le cur i bhfeidhm comhchuibhithe an Rialacháin seo.

Leasú 358

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 75 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Beidh sé de cheart ag na húdaráis ***faireachais*** margaidh na costais a bhaineann le doiciméid a iniúchadh agus le tástáil fhisiciúil a ***dhéanamh ar tháirgí a*** aisghabháil ó oibreoirí eacnamaíocha a ***bhfuil*** táirge ***neamhchomhlíontach ina seilbh acu nó ón monaróir***.	***I gcás inar fionnadh go bhfuil táirge neamhchomhlíontach,*** beidh sé de cheart ag na húdaráis ***um fhaireachas*** margaidh na costais a bhaineann le doiciméid a iniúchadh agus le tástáil fhisiciúil ***ar an táirge*** a aisghabháil ó oibreoirí eacnamaíocha a ***chuir an*** táirge ***ar an margadh nó a chuir ar fáil ar an margadh é, agus bonn cirt leis na costais sin***.

Leasú 359

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 77 – mír 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
8. Féadfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún ***leas a bhaint as intleacht shaorga*** chun cleachtais chinnteoireachta éagsúla a bhrath.	8. Féadfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún ***córais intleachta saorga a úsáid*** chun cleachtais chinnteoireachta éagsúla a bhrath.

Leasú 360

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 78

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Airteagal 78	***scriosta***
Bunachar nó córas táirgí foirgníochta an AE	
1. Tugtar de chumhacht don Choimisiún an Rialachán seo a fhorlíonadh trí bhíthin gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 87, trí bhunachar sonraí nó córas de chuid an Aontais do tháirgí foirgníochta a chur ar bun a chuireann, a mhéid is féidir, leis an bPas do Tháirgí Digiteacha arna bhunú le Rialachán (AE)... [Rialachán maidir le héicidhearthóireacht do tháirgí inbhuanaithe].	
2. Féadfaidh oibreoirí eacnamaíocha rochtain a fháil ar an bhfaisnéis uile atá stóráilte sa bhunachar sonraí nó sa chóras sin a mheasann go sonrach iad. Féadfaidh siad a iarraidh go gceartófaí faisnéis mhícheart.	
3. Féadfaidh an Coimisiún, trí ghníomhartha cur chun feidhme, rochtain ar an mbunachar sonraí nó ar an gcóras sin a thabhairt d'údaráis áirithe tríú tíortha a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm go deonach nó a bhfuil córais rialála acu le haghaidh táirgí foirgníochta cosúil leis an Rialachán seo ar choinníoll:	
(a) rúndacht a áirithiú,	
(b) gur comhpháirtithe iad de shásra chun sonraí pearsanta a aistriú go dleathach i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 [48]***,***	
(c) gealltanas a thabhairt páirt ghníomhach a ghlacadh trí fhógra a thabhairt faoi fhíorais a d'fhéadfadh an gá le gníomhaíocht na n-údarás faireachais margaidh a spreagadh, agus	
(d) gealltanas a thabhairt gabháil a dhéanamh as a gcríoch féin i gcoinne oibreoirí eacnamaíocha a sháraíonn an Rialachán seo.	
Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 88(1).	
[48] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí), IO L 119, 4.5.2016, lch. 1-88.	

Leasú 361

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 79 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Tacóidh na Ballstáit le hoibreoirí eacnamaíocha de réir pointí teagmhála ***táirge le haghaidh tógála***. Ainmneoidh agus coinneoidh na Ballstáit pointe teagmhála ***táirge*** amháin ar a laghad ***le haghaidh tógála*** ar a gcríoch féin agus áiritheoidh siad go mbeidh cumhachtaí leordhóthanacha agus acmhainní ***leordhóthanacha*** ag a bpointí teagmhála táirgí ***le haghaidh foirgníochta*** chun a gcúraimí a chomhlíonadh mar is ceart ***agus ar aon ráta coibhéise lánaimseartha amháin ar a laghad in aghaidh an Bhallstáit agus coibhéis lánaimseartha bhreise amháin in aghaidh gach deich milliún áitritheoir***. Áiritheoidh siad go soláthróidh pointí teagmhála táirgí ***le haghaidh foirgníochta*** a gcuid seirbhísí i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1724 ([49]) agus go ***gcomhordóidh*** siad leis na pointí teagmhála le haghaidh ***aitheantais fhrithpháirtigh a bunaíodh le hAirteagal 9***(1) de Rialachán (AE) 2019/515 ([50]).	1. Tacóidh na Ballstáit le hoibreoirí eacnamaíocha de réir pointí teagmhála ***táirgí don fhoirgníocht***. Ainmneoidh agus coinneoidh na Ballstáit pointe teagmhála ***táirgí*** amháin ar a laghad ***don fhoirgníocht*** ar a gcríoch féin agus áiritheoidh siad go mbeidh cumhachtaí leordhóthanacha agus acmhainní ***leormhaithe*** ag a bpointí teagmhála táirgí ***don fhoirgníocht*** chun a gcúraimí a chomhlíonadh mar is ceart. Áiritheoidh siad go soláthróidh pointí teagmhála táirgí ***don fhoirgníocht*** a gcuid seirbhísí i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1724 ([49]) agus go ***gcomhoibreoidh*** siad leis na pointí teagmhála le haghaidh ***aitheantas frithpháirteach arna mbunú le hAirteagal 9***(1) de Rialachán (AE) 2019/515 ([50]). ([49])
([49]) Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ***an 2 Deireadh Fómhair 2018*** maidir le ***tairseach*** aonair ***dhigiteach*** a bhunú chun rochtain ar fhaisnéis, ***ar*** nósanna imeachta agus ***ar sheirbhísí*** cúnaimh agus réitigh fadhbanna a sholáthar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 ***(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE). IO L 295***, 21.11.2018, ***lch***. 1-38.	([49]) Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ***an 2 Deireadh Fómhair 2018*** maidir le ***pointe rochtana*** aonair ***digiteach*** a bhunú chun rochtain ar fhaisnéis, nósanna imeachta agus ***seirbhísí*** cúnaimh agus réitigh fadhbanna a sholáthar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012***; IO L 295***, 21.11.2018, ***lgh***. 1-38.
([50]) Rialachán (AE) 2019/515 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ***an 19 Márta 2019*** maidir le haitheantas frithpháirteach earraí atá ar an margadh go dleathach i mBallstát eile agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 764/2008 ***(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE); IO L 91***, 29.3.2019, ***lch***. 1–18.	([50]) Rialachán (AE) 2019/515 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ***an 19 Márta 2019*** maidir le haitheantas frithpháirteach earraí atá ar an margadh go dleathach i mBallstát eile agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 764/2008***; IO L 91***, 29.3.2019, ***lgh***. 1–18.

Leasú 362

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 79 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. ***Tabharfaidh*** pointí teagmhála táirgí ***le haghaidh tógála*** freagra laistigh de ***15 lá*** oibre tar éis dóibh aon ***iarratas*** faoi ***mhír 3*** a fháil.	3. ***Maidir le*** pointí teagmhála táirgí ***don fhoirgníocht, tabharfaidh siad*** freagra ***nó soláthróidh siad faisnéis saor in aisce*** laistigh de ***15 lá*** oibre tar éis dóibh aon ***iarraidh*** faoi ***mhír 3*** a fháil.

Leasú 363

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 79 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Ní ghearrfaidh pointí teagmhála táirgí le haghaidh foirgníochta aon táille ar sholáthar na faisnéise faoi mhír 3.	***scriosta***

Leasú 364

Togra le haghaidh rialacháin

Caibidil IX a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Caibidil IXa
	Pas táirge digiteach le haghaidh táirgí foirgníochta agus clárlann na bpasanna um tháirgí foirgníochta
	Airteagal 81a
	An pas táirge digiteach le haghaidh táirgí foirgníochta a bhunú
	1. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 87 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí phas táirge digiteach le haghaidh táirgí foirgníochta a chur ar bun i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach sa Chaibidil seo.
	Beidh an pas táirge digiteach le haghaidh táirgí foirgníochta comhoiriúnach agus idir-inoibritheach leis an bpas táirge digiteach arna bhunú le Rialachán (AE) [Rialachán maidir le héicidhearthóireacht le haghaidh táirgí inbhuanaithe], gan an idir-inoibritheacht le Samhaltú Faisnéise Foirgneamh (BIM) a chur i mbaol trí na saintréithe agus na ceanglais shonracha a bhaineann le táirgí foirgníochta a chur san áireamh.
	2. Is éard a bheidh sa phas táirge digiteach le haghaidh táirgí foirgníochta:
	(a) an dearbhú feidhmíochta nó an comhdhearbhú feidhmíochta agus comhréireachta;

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(b) an fhaisnéis faoin táirge a leagtar síos in Iarscríbhinn I, Cuid D; agus
	(c) an doiciméadacht theicniúil dá dtagraítear in Airteagail 64(1), 65(1), 66(1) agus in Iarscríbhinn II pointe 11(b).
	3. Beidh rochtain ar an bpas táirge digiteach le haghaidh táirgí foirgníochta trí mheán leictreonach tríd an iompróir sonraí.
	4. Féadfar na hiompróirí sonraí seo a leanas nó modhanna comhchosúla a úsáid chun rochtain a fháil ar an bpas táirge digiteach le haghaidh táirgí foirgníochta:
	(a) cód QR;
	(b) barrachód;
	(c) slis RFID;
	(d) buan-nasc.
	5. Beidh rochtain saor in aisce ar an bpas táirge digiteach le haghaidh táirgí foirgníochta ag gach oibreoir eacnamaíoch, cliant, úsáideoir agus údarás tríd an iompróir sonraí. Féadfar leibhéil éagsúla rochtana a chur ar fáil agus aird á tabhairt ar an ngá atá le cearta maoine intleachtúla agus faisnéis atá íogair ó thaobh tráchtála de a chosaint nó le sábháilteacht oibreacha foirgníochta a áirithiú.
	6. Cuirfear pasanna táirge digiteacha le haghaidh táirgí foirgníochta ar fáil ar shuíomh gréasáin an mhonaróra, ar bhunachar sonraí an mhonaróra nó ar ardán ar líne arna roghnú ag monaróir na dtáirgí faoi seach go ceann 10 mbliana tar éis an táirge dheireanaigh a chur ar an margadh. Tar éis na tréimhse ama sin, leanfaidh an monaróir den fhaisnéis a chur ar fáil nó aistreofar í chuig clárlann láraithe an Choimisiúin arna mbunú i gcomhréir le hAirteagal 81d.
	7. Déanfaidh an monaróir cruinneas na faisnéise atá sa phas táirge digiteach le haghaidh táirgí foirgníochta a fhíorú go débhliantúil ar a laghad.
	8. A luaithe a chuirfear táirge foirgníochta ar an margadh, ní fhéadfar an fhaisnéis sa phas táirge digiteach le haghaidh táirgí foirgníochta a bhaineann leis a mhodhnú ach amháin chun botúin chléireachais a cheartú. Beidh gach modhnú ar fáil agus úsáid á baint as an iompróir sonraí céanna agus beidh faisnéis mhionsonraithe ann faoin leagan nua agus faoi na cúiseanna atá leis an nuashonrú.

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 81b
	Ceanglais ghinearálta maidir leis an bpas táirge digiteach le haghaidh táirgí foirgníochta
	1. Le pas táirge digiteach le haghaidh táirgí foirgníochta, comhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:
	(a) déanfar é a nascadh trí iompróir sonraí amháin nó níos mó le cód aitheantais uathúil an chineáil táirge;
	(b) déanfar an t-iompróir sonraí a ghreamú ar an táirge nó ar lipéad a bheidh ceangailte leis ar bhealach infheicthe, inléite agus do-ite. I gcás nach gceadaítear nó nach ráthaítear é sin le cineál an táirge, léireofar é ar an bpacáistíocht nó ar na doiciméid a ghabhann leis;
	(c) comhlíonfaidh an t-iompróir sonraí caighdeán ('ISO/IEC') 15459:2015;
	(d) beidh an fhaisnéis uile a chuimsítear sa phas táirge digiteach le haghaidh táirgí foirgníochta bunaithe ar chaighdeáin oscailte, forbartha le formáid idir-inoibritheach agus beidh sí inléite ag meaisín, struchtúrtha agus inchuardaithe, i gcomhréir leis na buncheanglais a leagtar amach in Airteagal 81c; Díolmhófar an doiciméadacht theicniúil dá dtagraítear in Airteagal 81d(2)(c) ón oibleagáid sin nuair atá údar maith leis ar chúiseanna teicniúla;
	(e) tagróidh an fhaisnéis a chuimsítear sa phas táirge digiteach le haghaidh táirgí foirgníochta don táirge a chomhfhreagraíonn do chód aitheantais uathúil an chineáil táirge.
	Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 87 chun an chéad fhomhír, pointe (c), den Airteagal seo a leasú i bhfianaise dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch tríd an gcaighdeán dá dtagraítear sa phointe sin a ionadú nó trí chaighdeáin Eorpacha nó idirnáisiúnta eile a chur leis a gcomhlíonfaidh an t-iompróir sonraí agus na haitheantóirí uathúla iad chun na coinníollacha a leagtar amach san Airteagal seo a chomhlíonadh.
	2. Déanfaidh an t-oibreoir eacnamaíoch a chuireann an táirge ar an margadh cóip dhigiteach den iompróir sonraí a sholáthar d'oibreoirí eacnamaíocha eile chun go mbeidh an t-oibreoir eacnamaíoch eile in ann é a dhéanamh inrochtana do chustaiméirí i gcás nach féidir leo rochtain a fháil ar an táirge go fisiciúil. Déanfaidh an t-oibreoir eacnamaíoch a chuireann an táirge ar an margadh an chóip dhigiteach sin a sholáthar saor in aisce agus laistigh de 5 lá oibre ón lá arna iarraidh sin don oibreoir eacnamaíoch eile.

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 81c
	Dearadh teicniúil agus oibriú an phas táirge dhigitigh le haghaidh táirgí foirgníochta
	Le dearadh teicniúil agus oibriú an phas táirge dhigitigh le haghaidh táirgí foirgníochta, comhlíonfar na buncheanglais seo a leanas:
	(a) beidh pasanna táirge digiteacha le haghaidh táirgí foirgníochta go hiomlán idir-inoibritheach le pasanna táirge digiteacha eile le haghaidh táirgí foirgníochta i ndáil le gnéithe teicniúla, séimeantacha agus eagraíochtúla na cumarsáide ó cheann go ceann agus an aistrithe sonraí;
	(b) déanfaidh na monaróirí atá freagrach as cruthú an phas táirge dhigitigh le haghaidh táirgí foirgníochta nó oibreoirí atá údaraithe chun gníomhú thar a gceann na sonraí a chuimsítear sa phas a stóráil;
	(c) más rud é go ndéanann oibreoirí atá údaraithe chun gníomhú thar a gceann na sonraí a chuimsítear sa phas táirge digiteach le haghaidh táirgí foirgníochta a stóráil nó a phróiseáil ar bhealach eile, ní bheidh cead ag na hoibreoirí sin na sonraí sin a dhíol, a athúsáid ná a phróiseáil, go hiomlán nó go páirteach, thar a bhfuil riachtanach chun na seirbhísí stórála nó próiseála ábhartha a sholáthar;
	(d) beidh an pas táirge digiteach le haghaidh táirgí foirgníochta ar fáil go ceann 10 mbliana ar a laghad tar éis an táirge foirgníochta faoi seach a chur ar an margadh den uair dheireanach, lena n-áirítear tar éis dócmhainneachta, leachtaithe nó scor gníomhaíocht san Aontas de chuid an oibreora eacnamaíoch a chruthaigh an pas táirge; tar éis na tréimhse ama sin, leanfaidh an monaróir den fhaisnéis a chur ar fáil nó aistreofar í chuig clárlann láraithe an Choimisiúin;
	(e) áiritheofar fíordheimhniú, iontaofacht agus sláine sonraí;
	(f) déanfar pasanna táirge digiteacha le haghaidh táirgí foirgníochta a dhearadh agus a oibriú ionas go n-áiritheofar ardleibhéal slándála agus príobháideachais agus go seachnófar calaois.
	Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 87 chun na buncheanglais a shonraítear san Airteagal seo a leasú i bhfianaise dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch.

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 81d ***Clárlann na bpasanna um tháirgí foirgníochta*** ***1. Déanfaidh an Coimisiún clárlann a bhunú agus a choinneáil ar bun ina stórálfar faisnéis a chuimsítear sna pasanna táirge le haghaidh táirgí foirgníochta trí bhíthin gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagal 87.*** ***Áireofar an méid seo a leanas, ar a laghad, sa chlárlann dá dtagraítear sa chéad fhomhír:*** ***(a) liosta de na hiompróirí sonraí agus de na haitheantóirí uathúla táirgí dá dtagraítear in Airteagal 81b(1), pointe (a);*** ***(b) an fhaisnéis a leagtar amach in Airteagal 81a(2), mar a d'aistrigh an monaróir í.*** ***Áiritheoidh an Coimisiún go ndéanfar an fhaisnéis atá stóráilte sa chlárlann dá dtagraítear sa chéad fhomhír a phróiseáil ar bhealach slán agus i gcomhréir le dlí an Aontais, lena n-áirítear na rialacha is infheidhme maidir le cosaint sonraí pearsanta.*** ***2. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe de bhun Airteagal 87 lena bhforlíontar an Rialachán seo tríd an bhfaisnéis a stórálfar sa chlárlann dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a shonrú, ar faisnéis í a chuimsítear sa phas táirge chomh maith, agus na critéir seo a leanas ar a laghad á gcur san áireamh:*** ***(a) an gá atá le fíorú bharántúlacht an phas táirge a cheadú;*** ***(b) ábharthacht na faisnéise chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht na seiceálacha ar fhaireachas margaidh agus na rialuithe custaim i ndáil le táirgí foirgníochta;*** ***(c) an gá atá ann ualach díréireach riaracháin ar oibreoirí eacnamaíocha a sheachaint.*** ***3. Maidir leis an bhfreagracht atá ar an gCoimisiún an chlárlann dá dtagraítear i mír 1 a bhunú agus a bhainistiú agus aon sonraí pearsanta a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar an ngníomhaíocht sin a phróiseáil, measfar gur rialaitheoir mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (8), de Rialachán (AE) 2018/1725 é an Coimisiún.*** ***4. Déanfaidh an t-oibreoir eacnamaíoch a chuireann an táirge ar an margadh an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 a uaslódáil sa chlárlann dá dtagraítear i mír 1.***

Leasú 365

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 82 – mír 1 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) ábhair eolaíocha, teicniúla agus rialála a bhfuil sé d'aidhm acu sábháilteacht táirgí nó cosaint an chomhshaoil a fheabhsú;	(e) ábhair eolaíocha, teicniúla agus rialála a bhfuil sé d'aidhm acu sábháilteacht táirgí nó cosaint an chomhshaoil ***agus tomhaltóirí*** a fheabhsú;

Leasú 366

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 82 – mír 1 – fomhír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit ar an eolas go tráthrialta faoi na gníomhaíochtaí comhair le tríú tíortha nó le heagraíochtaí idirnáisiúnta a dhéanann sé de bhun na chéad fhomhíre.

Leasú 367

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 82 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Féadfaidh an Coimisiún faisnéis roghnaithe a sholáthar do thríú tíortha nó d'eagraíochtaí idirnáisiúnta ón ***mbunachar sonraí*** táirgí ***nó*** ón gcóras dá dtagraítear in ***Airteagal 78, chuig an gcóras dá dtagraítear in Airteagal 77*** agus ***chuig an bhfaisnéis a mhalartófar*** idir na húdaráis i gcomhréir leis an Rialachán seo agus féadfaidh sé faisnéis ábhartha a fháil faoi tháirgí agus faoi bhearta coisctheacha, sriantacha agus ceartaitheacha arna ndéanamh ag na tríú tíortha sin nó ag na heagraíochtaí idirnáisiúnta sin. Roinnfidh an Coimisiún faisnéis ***den sórt*** sin leis na húdaráis náisiúnta, i gcás inarb ábhartha.	2. Féadfaidh an Coimisiún***, tar éis dó dul i gcomhairle leis na Ballstáit,*** faisnéis roghnaithe a sholáthar do thríú tíortha nó d'eagraíochtaí idirnáisiúnta***, ar faisnéis í a thagann*** ón ***bpas digiteach le haghaidh*** táirgí ***foirgníochta,*** ón gcóras dá dtagraítear in ***Airteagal 77*** agus ***ón malartú faisnéise*** idir na húdaráis i gcomhréir leis an Rialachán seo***,*** agus féadfaidh sé faisnéis ábhartha a fháil faoi tháirgí agus faoi bhearta coisctheacha, sriantacha agus ceartaitheacha arna ndéanamh ag na tríú tíortha sin nó ag na heagraíochtaí idirnáisiúnta sin. Roinnfidh an Coimisiún ***an*** faisnéis sin leis na húdaráis náisiúnta, i gcás inarb ábhartha.

Leasú 368

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 82 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. I gcás ina gceadaíonn comhaontuithe le tríú tíortha an tacaíocht fhrithpháirteach ó thaobh an fhorfheidhmithe de, féadfaidh na Ballstáit, tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún, leas a bhaint as na cumhachtuithe a leagtar amach i gCaibidil VIII freisin le haghaidh gníomhaíochta i gcoinne oibreoirí eacnamaíocha a ghníomhaíonn go neamhdhleathach i dtríú tíortha nó i leith tríú tíortha, ar choinníoll go n-urramaíonn na tríú tíortha na luachanna bunúsacha dá dtagraítear in Airteagal 2 CAE, lena n-áirítear an smacht reachta. Féadfaidh na Ballstáit iarraidh tríd an gCoimisiún ar thríú tíortha bearta a ghlactar i gcomhréir le Caibidil VIII a fhorfheidhmiú. Ní tharlóidh aon chomhar faoin mír seo i gcás nach mbeidh aon chómhalartacht de facto ann nó i gcás ina gcuirfidh an Coimisiún ábhair imní eile in iúl, eadhon maidir leis na coinníollacha dlíthiúla a leagtar amach san Airteagal seo nó maidir le rúndacht sonraí.	***scriosta***

Leasú 369

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 83 – mír 1 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
I gcás ina ***dtabharfaidh*** na Ballstáit dreasachtaí do chatagóir táirgí a chumhdaítear le ***gníomh tarmligthe lena mbunaítear aicmí*** feidhmíochta i gcomhréir le ***hAirteagal 4(4), litir (a) nó "lipéadú solais tráchta"*** i gcomhréir le ***hAirteagal 22***(5), ***beidh*** na dreasachtaí sin ***dírithe*** ar an dá ***aicme/cóid datha*** is airde***, nó ar aicmí níos airde/cóid dathanna níos fearr***.	I gcás ina ***soláthróidh*** na Ballstáit dreasachtaí do chatagóir táirgí a chumhdaítear le ***haicmí*** feidhmíochta ***arna mbunú*** i gcomhréir le ***hAirteagal 4 nó lipéad*** i gcomhréir le ***hAirteagal 22***(5), ***díreoidh*** na dreasachtaí sin ar an dá ***aicme*** is airde.

Leasú 370

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 83 – mír 1 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
I gcás ina ***sainítear, le gníomh tarmligthe,*** aicmí feidhmíochta ***maidir*** le níos mó ná paraiméadar ***amháin*** inbhuanaitheachta amháin, cuirfear in iúl ***ann*** an paraiméadar ar cheart an tAirteagal seo a chur chun feidhme ina leith.	I gcás ina ***saineofar*** aicmí feidhmíochta ***i ndáil*** le níos mó ná paraiméadar inbhuanaitheachta amháin, cuirfear in iúl ***iontu*** an paraiméadar ar cheart an tAirteagal seo a chur chun feidhme ina leith.

Leasú 371

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 83 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. I gcás nach nglacfar aon ghníomh tarmligthe de bhun Airteagal 4(4), féadfaidh an Coimisiún a shonrú sna gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagal 4(3), na leibhéil feidhmíochta a bhainfidh le paraiméadair táirgí a bheidh ina n-ábhar imní do dhreasachtaí na mBallstát. ***Agus é sin á dhéanamh aige, cuirfidh an Coimisiún na critéir seo a leanas san áireamh:*** ***(a) inacmhainneacht choibhneasta na dtáirgí ag brath ar a leibhéal feidhmíochta;*** ***(b) an gá atá ann a áirithiú go mbeidh éileamh leordhóthanach ar tháirgí atá níos inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.***	***scriosta***

Leasú 372

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 83 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Féadfaidh na Ballstáit dreasachtaí a sholáthar freisin chun táirgí foirgníochta atá neamhdhíobhálach don chomhshaol agus inbhuanaithe a chur chun cinn, ar táirgí iad nach gcumhdaítear le sonraíochtaí teicniúla comhchuibhithe i gcomhréir leis na rialacha maidir leis an státchabhair.

Leasú 373

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 84 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Tugtar de chumhacht don Choimisiún an Rialachán seo ***a fhorlíonadh le gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 87*** trí cheanglais inbhuanaitheachta a bhunú ***is infheidhme*** maidir le conarthaí poiblí, ***lena n-áirítear cur*** chun feidhme***,*** faireachán agus tuairisciú na ***gceanglas sin ag na*** Ballstáit.	1. ***Gan dochar do Threoracha 2014/24/AE agus 2014/25/AE,*** tugtar de chumhacht don Choimisiún ***gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 87 lena bhforlíontar*** an Rialachán seo trí cheanglais inbhuanaitheachta a bhunú ***a chuirfidh na Ballstáit i bhfeidhm*** maidir le conarthaí poiblí ***a thairgtear go sonrach mar chonarthaí soláthair phoiblí ghlais***, ***agus na ceanglais sin á gcur*** chun feidhme ***ag na Ballstáit agus*** faireachán agus tuairisciú ***á ndéanamh acu orthu. Glacfaidh an Coimisiún an chéad ghníomh tarmligthe faoin 31 Nollaig 2026. Cuirfidh*** na Ballstáit ***agus an Coimisiún cúnamh teicniúil agus airgeadais ar fáil d'údaráis náisiúnta chonarthacha chun an fhoireann atá i gceannas ar sholáthar poiblí glas a uas-sciliú agus a athsciliú***.

Leasú 374

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 84 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Maidir le ceanglais arna ***nglacadh*** de bhun ***mhír 1 do chonarthaí poiblí*** arna ndámhachtain ag údaráis chonarthacha, mar a shainmhínítear ***iad in Airteagal 2***(1) de ***Threoir 2014/24/AE*** nó in ***Airteagal 3, pointe*** (1) de ***Threoir 2014/25/AE***, nó eintitis chonarthacha, mar a shainmhínítear in ***Airteagal 4***(1) de ***Threoir 2014/25/AE***, féadfaidh siad a bheith i bhfoirm sonraíochtaí teicniúla éigeantacha, ***critéir roghnúcháin***, ***critéir dhámhachtana, clásail fheidhmíochta conarthaí, nó spriocanna,*** de réir mar is iomchuí.	2. Maidir le ceanglais ***inbhuanaitheachta*** arna ***mbunú*** de bhun ***mhír 1 le haghaidh conarthaí soláthair phoiblí ghlais*** arna ndámhachtain ag údaráis chonarthacha, mar a shainmhínítear ***in Airteagal 2***(1) de ***Threoir 2014/24/AE*** nó in ***Airteagal 3, pointe*** (1) de ***Threoir 2014/25/AE***, nó ***ag*** eintitis chonarthacha, mar a shainmhínítear in ***Airteagal 4***(1) de ***Threoir 2014/25/AE***, féadfaidh siad a bheith i bhfoirm ***leibhéal feidhmíochta éigeantach nó*** sonraíochtaí teicniúla éigeantacha, ***nó***, de réir mar is iomchuí***, i bhfoirm critéar roghnúcháin, critéar dámhachtana nó clásal feidhmíochta conartha, agus riachtanais agus srianta sonracha na n-údarás áitiúil beag agus FBManna á gcur san áireamh***.

Leasú 375

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 84 – mír 3 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Agus ceanglais ***maidir le conarthaí poiblí*** á mbunú de bhun ***mhír 1, cuirfidh*** an Coimisiún na critéir seo a leanas san áireamh:	3. Agus ceanglais ***inbhuanaitheachta*** á mbunú de bhun ***mhír 1 le haghaidh conarthaí soláthair phoiblí ghlais, rachaidh*** an Coimisiún***, i gcomhréir le míreanna 13 agus 28 de Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr, i gcomhairle le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát agus le geallsealbhóirí ábhartha, déanfaidh sé measúnú tionchar agus cuirfidh sé*** na critéir seo a leanas ***ar a laghad*** san áireamh:

Leasú 376

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 84 – mír 3 – pointe a a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(aa) sochair chomhshaoil a bhaineann le glacadh táirgí sa dá aicme feidhmíochta is airde;

Leasú 377

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 84 – mír 3 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) ***féidearthacht eacnamaíoch na n-údarás conarthach*** nó na ***n-eintiteas conarthach*** táirgí níos inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a cheannach, gan costais dhíréireacha a bheith i gceist.	(c) ***a indéanta atá sé go heacnamaíoch do na húdaráis chonarthacha*** nó ***do*** na ***heintitis chonarthacha*** táirgí ***atá*** níos inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a cheannach, gan costais dhíréireacha a bheith i gceist ***leo agus infhaighteacht na dtáirgí sin ar an margadh á cur san áireamh***.

Leasú 378

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 84 – mír 3 – pointe c a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ca) riachtanais rialála na mBallstát agus dálaí éagsúla aeráide;

Leasú 379

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 84 – mír 3 – pointe c b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(cb) an tionchar ar FBManna agus na riachtanais atá acu.

Leasú 380

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 84 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3a. Ní chuirfidh ceanglais inbhuanaitheachta arna mbunú de bhun mhír 1 le haghaidh conarthaí don soláthar poiblí glas cosc ar na Ballstáit ceanglais níos uaillmhianaí a bhunú.

Leasú 381

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 84 – mír 3 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3b. D'ainneoin mhír 1 agus mhír 2, féadfaidh na Ballstáit leas a bhaint as Éicilipéad an Aontais agus as scéimeanna náisiúnta nó réigiúnacha eile éicilipéadú chineál I EN ISO 4024 a aithnítear go hoifigiúil i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán (CE) 66/2010 mar chritéir dhámhachtana, mar shonraíochtaí teicniúla nó mar cheanglais feidhmíochta conartha, i gcomhréir le hAirteagal 43 de Threoir 2014/24/AE.

Leasú 382

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 88 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. ***Tabharfaidh an Coiste*** um Tháirgí Foirgníochta ***cúnamh don Choimisiún***. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 (an nós imeachta comhairliúcháin).	1. ***Beidh an Coimisiún faoi threoir an Choiste*** um Tháirgí Foirgníochta. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 (an nós imeachta comhairliúcháin).

Leasú 383

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 89 – mír 2 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Is féidir an doiciméadacht uile a cheanglaítear le hAirteagal 19(7),***Airteagal*** 21(3), ***Airteagal*** 64 go hAirteagal 66 agus ***Iarscríbhinn V a chur*** ar ***fáil ar*** pháipéar nó i bhformáid leictreonach a úsáidtear go coitianta agus ar bhealach ***a cheadaíonn*** íoslódálacha trí naisc ***neamh-inoiriúnaithe*** (***permalinks***).	Is féidir an doiciméadacht uile a cheanglaítear le hAirteagal 19(7), ***le hAirteagal*** 21(3), ***le hAirteagal*** 64 go hAirteagal 66 agus ***le hIarscríbhinn V a sholáthar*** ar pháipéar nó i bhformáid leictreonach a úsáidtear go coitianta agus ar bhealach ***lena gceadaítear*** íoslódálacha trí naisc ***neamh-inmhódnaithe (buan-naisc nó nó iompróirí eile sonraí***).

Leasú 384

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 89 – mír 2 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Na hoibleagáidí uile ***maidir le faisnéis*** arna ***gcur ar bun*** le hAirteagal 7(3)***,*** (4) ***agus (6)***, Airteagal 19(1), (3), (5) agus (6), Airteagal ***20(2) agus (3), Airteagal*** 21(6) go (9), Airteagal 22(2), ***pointí*** (f) agus (i), Airteagal 23(5), Airteagal 24(6), Airteagal 25(2), Airteagal ***26(4), Airteagal*** 27(2), Airteagail ***28*** go 39, Airteagal 41(3), Airteagal 44(3), (4), (6) agus (7), Airteagal 45(3), Airteagal ***45(3), Airteagal*** 46(2), Airteagal 47, Airteagal ***49–4***), ***Mar sin féin, an fhaisnéis atá le soláthar i gcomhréir le hIarscríbhinn I Cuid D*** agus ***sonraíochtaí teicniúla comhchuibhithe lena sonraítear í, cuirfear ar fáil ar pháipéar í i gcás táirgí nach bhfuil an lipéad "not for consumers" orthu nó "i gcomhair úsáide gairmiúla amháin". Ina theannta sin, féadfaidh tomhaltóirí a iarraidh go gcuirfí aon fhaisnéis eile ar fáil ar pháipéar.***	Na hoibleagáidí ***faisnéise*** uile arna ***mbunú*** le hAirteagal 7(3) ***agus*** (4), Airteagal 19(1), (3), (5) agus (6), Airteagal 21(6) go (9), Airteagal 22(2), ***pointe*** (f) agus ***pointe*** (i), Airteagal 23(5), Airteagal 24(6), Airteagal 25(2), Airteagal 27(2), ***Airteagal 28, Airteagal 29, Airteagal 31, Airteagal 32,*** Airteagail ***34*** go 39, Airteagal 41(3), Airteagal 44(3), (4), (6) agus (7), Airteagal 45(3), Airteagal 46(2), Airteagal 47, Airteagal ***49(5***), ***Airteagal 50(11), is féidir Airteagal 53(1), Airteagal 58(1), Airteagal 59(2), Airteagal 61, Airteagal 70(1), (2), (4)*** agus ***(6), Airteagal 71(2), Airteagal 72(1), (3) agus (5), Airteagal 76, Airteagal 77, Airteagal 79(2), Airteagal 79(3), Airteagal 80(2), Airteagal 82(1) go (3), (6) agus (7) agus Airteagal 91 a shásamh trí mheán leictreonach.*** Faisnéis atá le soláthar i gcomhréir le hIarscríbhinn I Cuid C3, chomh maith le haon fhaisnéis eile, soláthrófar í i bhformáid pháipéir saor in aisce laistigh d'aon mhí amháin, má iarrann an tomhaltóir uirthi tráth an cheannaigh.

Leasú 385

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 90 – mír 2 – pointe d a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(da) sonraí nó doiciméid theicniúla a choinneáil siar a bhféadfadh aisghair an táirge foirgníochta nó a chomhpháirteanna nó diúltú nó tarraingt siar an dearbhaithe comhréireachta a bheith mar thoradh orthu;

Leasú 386

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 90 – mír 2 – pointe e a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ea) ráitis bhréagacha a dhéanamh le linn na nósanna imeachta measúnaithe agus fíoraithe d'fhonn na dearbhuithe feidhmíochta agus comhréireachta a tharraingt suas;

Leasú 387

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 90 – mír 2 – pointe f a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(fa) falsú a dhéanamh ar thorthaí tástála le haghaidh comhréireachta nó le haghaidh faireachas margaidh;

Leasú 388

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 90 – mír 2 – pointe g

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(g) go bhfuil an fhaisnéis atá le soláthar i gcomhréir le Cuid D ***d'***Iarscríbhinn I agus na sonraíochtaí teicniúla comhchuibhithe ar iarraidh, neamhiomlán nó mícheart;	(g) go bhfuil an fhaisnéis atá le soláthar i gcomhréir le Cuid ***C3*** d'Iarscríbhinn I agus na sonraíochtaí teicniúla comhchuibhithe ar iarraidh, neamhiomlán nó mícheart;

Leasú 389

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 90 – mír 2 – pointe m

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(m) Cuirtear seirbhísí clódóireachta 3T ar fáil faoi shárú Airteagal 28.	***scriosta***

Leasú 390

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 90 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Tugtar de chumhacht don Choimisiún an Rialachán seo a fhorlíonadh trí ghníomh tarmligthe arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 87 d'fhonn íosphionóis chomhréireacha a bhunú, lena ndíreofar ar na hoibreoirí eacnamaíocha go léir, ar na TABanna agus ar na comhlachtaí dá dtugtar fógra a bhfuil baint dhíreach nó indíreach acu le sárú oibleagáidí an Rialacháin seo.	***scriosta***

Leasú 391

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 91 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Tráth nach luaithe ná ***8 mbliana*** tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán seo agus ar a rannchuidiú le feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh agus ar inbhuanaitheacht chomhshaoil táirgí, oibreacha foirgníochta agus comhshaoil thógtha a fheabhsú. Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ar na príomhthorthaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Choiste na Réigiún. Cuirfidh na Ballstáit ar fáil don Choimisiún an fhaisnéis is gá chun an tuarascáil sin a ullmhú.	Tráth nach luaithe ná ***5 bliana*** tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán seo agus ar a rannchuidiú le feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh agus ar inbhuanaitheacht chomhshaoil táirgí, oibreacha foirgníochta agus comhshaoil thógtha a fheabhsú. ***Sa mheastóireacht déanfar, inter alia, measúnú ar chomhghaolmhaireacht an Rialacháin athbhreithnithe um Tháirgí Foirgníochta le Rialachán (AE)... (Éicidhearthóireacht don Rialachán maidir le Táirgí Inbhuanaithe).*** Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ar na príomhthorthaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Choiste na Réigiún. Cuirfidh na Ballstáit ar fáil don Choimisiún an fhaisnéis is gá chun an tuarascáil sin a ullmhú.

Leasú 392

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 92 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Aisghairtear Rialachán (AE) 305/2011 le héifeacht ón ***1 Eanáir 2045***.	Aisghairtear Rialachán (AE) 305/2011 le héifeacht ón ***[dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], cé is moite d'Airteagail 2 go 9, 11, 27 agus 28, a aisghairtear le héifeacht ón [10 mbliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]***.

Leasú 393

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 92 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Ní bheidh feidhm ag na hAirteagail a liostaítear sa chéad fhomhír ach amháin maidir le doiciméid um measúnú Eorpach agus caighdeáin chomhchuibhithe a luaitear i gcomhréir le Rialachán (AE) 305/2011 agus nach dtarraingítear siar ina dhiaidh sin.

Leasú 394

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 93 – mír 3 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Tá na caighdeáin seo a leanas go fóill bailí faoin Rialachán seo, mar chaighdeáin dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 4(2):	3. Leanfaidh gach caighdeán a bheidh i bhfeidhm an [dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo] de bheith bailí go dtí go ndéanfaidh an Coimisiún iad a tharraingt siar nó go n-aisghairfear ar shlí eile iad.

Leasú 395

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 93 – mír 3 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a)	***scriosta***

Leasú 396

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 93 – mír 3 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b)	***scriosta***

Leasú 397

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 93 – mír 3 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) [le cur isteach le linn idirbheartaíocht na reachtóirí].	***scriosta***

Leasú 398

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 93 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Leanfaidh doiciméid um measúnú Eorpach a eisítear roimh ***[1 bhliain tar éis an teacht*** i bhfeidhm] de bheith bailí go dtí ***[3 bliana*** tar éis an teacht i bhfeidhm], ach amháin má tá siad imithe in éag ar chúiseanna eile. Féadfar táirgí a chuirtear ar an margadh ar bhonn na dtáirgí sin a chur ar fáil tuilleadh ar an margadh go ceann cúig bliana eile.	4. Leanfaidh doiciméid um measúnú Eorpach a eisítear roimh ***[theacht*** i bhfeidhm] de bheith bailí go dtí ***[5 bliana*** tar éis an teacht i bhfeidhm], ach amháin má tá siad imithe in éag ar chúiseanna eile. Féadfar táirgí a chuirtear ar an margadh ar bhonn na dtáirgí sin a chur ar fáil tuilleadh ar an margadh go ceann cúig bliana eile.

Leasú 399

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 93 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Beidh deimhnithe ***nó tuarascálacha tástála*** na gcomhlachtaí dá dtugtar fógra agus measúnuithe teicniúla Eorpacha arna n-eisiúint faoi Rialachán (AE) 305/2011 fós bailí go ceann cúig bliana tar éis theacht i bhfeidhm na sonraíochtaí teicniúla comhchuibhithe maidir leis an bhfine táirgí nó maidir leis an gcatagóir faoi seach a glacadh i gcomhréir le hAirteagal 4(2), ach amháin má tá na doiciméid sin dulta in éag ar chúiseanna eile. Féadfar táirgí a chuirtear ar an margadh ar bhonn na ndoiciméad sin a chur ar fáil tuilleadh ar an margadh go ceann cúig bliana eile.	5. Beidh deimhnithe na gcomhlachtaí dá dtugtar fógra agus measúnuithe teicniúla Eorpacha arna n-eisiúint faoi Rialachán (AE) 305/2011 fós bailí go ceann cúig bliana tar éis theacht i bhfeidhm na sonraíochtaí teicniúla comhchuibhithe maidir leis an bhfine táirgí nó maidir leis an gcatagóir faoi seach a glacadh i gcomhréir le hAirteagal 4(2), ach amháin má tá na doiciméid sin dulta in éag ar chúiseanna eile. Féadfar táirgí a chuirtear ar an margadh ar bhonn na ndoiciméad sin a chur ar fáil tuilleadh ar an margadh go ceann cúig bliana eile.

Leasú 400

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 93 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 93a
	Plean oibre maidir le tosaíochtaí i ndáil leis an aistriú agus leis an gcaighdeánú
	1. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná [6 mhí tar éis an teacht i bhfeidhm], plean oibre a bhunú lena gcumhdófar ar a laghad an tréimhse 3 bliana ina dhiaidh sin.
	Gheobhaidh an Coimisiún tacaíocht ó ghrúpa saineolaithe ina mbeidh saineolaithe arna n-ainmniú ag na Ballstáit agus ionadaithe ó eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú agus ó eagraíochtaí geallsealbhóirí Eorpacha ábhartha a fhaigheann maoiniú ón Aontas faoi Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 (' Sainghrúpa Acquis RFC').***
	Beidh an plean oibre dá dtagraítear sa chéad fhomhír ar fáil go poiblí. Déanfaidh an Coimisiún athnuachan ar an bplean oibre agus é a thabhairt cothrom le dáta don tréimhse 3 bliana ina dhiaidh sin 1 bhliain sula rachaidh sé in éag fad a leanfaidh an Rialachán seo de bheith infheidhme.

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Má mheasann an Coimisiún nach féidir leis na spriocanna a leagtar amach sa phlean oibre a bhaint amach, leasóidh sé é dá réir sin gan moill mhíchuí.
	2. Sa phlean oibre, beidh liosta d'fhinte táirgí nó catagóirí a mheastar a bheith ina dtosaíochtaí maidir le sonraíochtaí teicniúla comhchuibhithe a fhorbairt agus iarrataí ar chaighdeánú a eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 4(2), le hAirteagal 4a agus le hAirteagal 5 den Rialachán seo. Tabharfar an liosta sin cothrom le dáta gach bliain tar éis dul i gcomhairle le sainghrúpa Acquis RFC.
	3. Agus na tosaíochtaí faoi mhír 2 den Airteagal seo á mbunú aige, tabharfaidh an Coimisiún aird ar leith ar ionadú a dhéanamh ar shonraíochtaí teicniúla comhchuibhithe arna nglacadh faoi Rialachán (AE) 305/2011, ar riachtanais rialála na mBallstát, ar shaincheisteanna sábháilteachta a bhaineann le hoibreacha agus táirgí foirgníochta agus ar spriocanna an Aontais maidir leis an aeráid agus leis an ngeilleagar ciorclach. Úsáidfidh an Coimisiún modheolaíocht thrédhearcach chothrom a fhoilseofar in éineacht leis an bplean oibre.
	4. Tar éis bhunú an phlean oibre, cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún na buntréithe a bheidh ag teastáil uathu don aicme táirge foirgníochta ábhartha nó don chatagóir táirgí foirgníochta ábhartha, lena n-áirítear na modhanna measúnaithe a chuireann siad i bhfeidhm agus aon leibhéil tairsí nó aicmí feidhmíochta a mheasann siad a bheith riachtanach, chomh maith le ceanglais eile táirgí.
	Nuair a chuirfidh na Ballstáit a riachtanais rialála in iúl don Choimisiún de bhun na chéad fhomhíre, déanfaidh an Coimisiún iad a chomhtháthú san iarraidh ar chaighdeánú laistigh de 12 mhí. Soláthróidh an Coimisiún ráiteas ar na cúiseanna i gcás ina ndiúltaíonn sé na riachtanais rialála sin a chomhtháthú.
	5. Uair sa bhliain, tuairisceoidh an Coimisiún do na Ballstáit agus do Pharlaimint na hEorpa maidir leis an dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme an phlean oibre, lena n-áirítear na hiarrataí ar chaighdeánú arna n-eisiúint agus, i gcás inarb iomchuí, moilleanna ar chur chun feidhme agus na cúiseanna leis sin. Áireofar sa tuarascáil sin faisnéis faoi líon na gcaighdeán arna moladh ag na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú, an meán-am is gá chun caighdeáin a mheasúnú ag an gCoimisiún, agus an cóimheas idir caighdeáin ar ghlac an Coimisiún leo agus ar dhiúltaigh sé dóibh.

Leasú 401

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn I — teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Riachtanais	Ceanglais maidir le hoibreacha agus táirgí foirgníochta

Leasú 402

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn I — Cuid A — teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Buncheanglais maidir le hoibreacha foirgníochta ***agus buntréithe atá le cumhdach***	Buncheanglais maidir le hoibreacha foirgníochta

Leasú 403

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn I — Cuid A — pointe 1 — mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Buncheanglais maidir le hoibreacha foirgníochta	***scriosta***

Leasú 404

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn I — Cuid A — pointe 1 — pointe 1.1 — mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Déanfar na hoibreacha foirgníochta agus ***aon chuid*** díobh a dhearadh, a thógáil, a úsáid, a chothabháil agus a scartáil sa chaoi go ndéanfar na hualaí iomchuí uile agus aon teaglaim díobh a choinneáil agus a tharchur go sábháilte ar an talamh agus gan sraonadh ná dífhoirmiú a dhéanamh ar aon chuid de na hoibreacha foirgníochta, ná gluaiseacht an talaimh ar shlí a chuirfeadh isteach ar mharthanacht, ar fhriotaíocht struchtúrach, ar sheirbhíseacht agus ar stóinseacht na n-oibreacha foirgníochta.	Déanfar na hoibreacha foirgníochta agus ***na codanna ábhartha*** díobh a dhearadh, a thógáil, a úsáid, a chothabháil agus a scartáil sa chaoi go ndéanfar na hualaí iomchuí uile agus aon teaglaim díobh a choinneáil agus a tharchur go sábháilte ar an talamh agus gan sraonadh ná dífhoirmiú a dhéanamh ar aon chuid de na hoibreacha foirgníochta, ná gluaiseacht an talaimh ar shlí a chuirfeadh isteach ar mharthanacht, ar fhriotaíocht struchtúrach, ar sheirbhíseacht agus ar stóinseacht na n-oibreacha foirgníochta.

Leasú 405

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn I — Cuid A — pointe 1 — pointe 1.2 — mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Déanfar na hoibreacha foirgníochta agus ***aon chuid díobh*** a dhearadh, a dhéanamh, a úsáid, a chothabháil agus a scartáil sa chaoi go gcoiscfear dóiteán mar is iomchuí. I gcás dóiteáin, déanfar an dóiteán a bhrath agus cuirfear aláraim nó foláireamh ar siúl gan mhoill. Déanfar an dóiteán agus an deatach a choimeád agus a rialú, agus déanfar áititheoirí na n oibreacha foirgníochta a chosaint ar dhóiteán agus ar dheatach. Beidh socruithe iomchuí ann chun a áirithiú go n éalóidh agus go n aslonnófar na hoibreacha foirgníochta go sábháilte dá áititheoirí go léir.	Déanfar na hoibreacha foirgníochta agus ***na codanna ábhartha*** a dhearadh, a dhéanamh, a úsáid, a chothabháil agus a scartáil sa chaoi go gcoiscfear dóiteán mar is iomchuí. I gcás dóiteáin, déanfar an dóiteán a bhrath agus cuirfear aláraim nó foláireamh ar siúl gan mhoill. Déanfar an dóiteán agus an deatach a choimeád agus a rialú, agus déanfar áititheoirí na n oibreacha foirgníochta a chosaint ar dhóiteán agus ar dheatach. Beidh socruithe iomchuí ann chun a áirithiú go n éalóidh agus go n aslonnófar na hoibreacha foirgníochta go sábháilte dá áititheoirí go léir.

Leasú 406

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn I — Cuid A — pointe 1 — pointe 1.3 — mír 2 — an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Déanfar na hoibreacha foirgníochta agus aon chuid díobh a dhearadh, a ***dhéanamh***, a úsáid, a chothabháil agus a scartáil ***ar shlí*** nach ***mbeidh*** siad, le linn a saolré, ***ina mbagairt ghéar nó ainsealach ar*** shláinte agus ***sábháilteacht*** oibrithe, áititheoirí nó comharsana mar ***gheall*** ar aon cheann díobh seo a leanas:	Déanfar na hoibreacha foirgníochta agus aon chuid díobh a dhearadh, a ***thógáil***, a úsáid, a chothabháil agus a scartáil ***sa chaoi*** nach ***ndéanfaidh*** siad, le linn a saolré, ***dochar do shláinteachas ná do*** shláinte agus ***do shábháilteacht*** oibrithe, áititheoirí nó comharsana mar ***thoradh*** ar aon cheann díobh seo a leanas:

Leasú 407

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn I — Cuid A — pointe 1 — pointe 1.3 — mír 2 — pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) astú substaintí guaiseacha, comhdhúile ***so ghalaithe*** orgánacha nó cáithníní guaiseacha san aer laistigh;	(a) astú substaintí guaiseacha, comhdhúile ***soghalaithe*** orgánacha***, bolaithe*** nó cáithníní guaiseacha san aer laistigh;

Leasú 408

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn I — Cuid A — pointe 1 — pointe 1.3 — mír 2 — pointe e a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ea) scaoileadh micreaphlaistigh;

Leasú 409

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn I — Cuid A — pointe 1 — pointe 1.3 — mír 2 — pointe e b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(eb) a oiread agus is féidir, substaintí ar údar imní iad a scaoileadh san aer nó san uisce laistigh;

Leasú 410

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn I — Cuid A — pointe 1 — pointe 1.7 — mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Astú guaiseach oibreacha foirgníochta isteach sa timpeallacht ***taobh amuigh***	***Astaíochtaí ó*** oibreacha foirgníochta isteach sa timpeallacht ***lasmuigh***

Leasú 411

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn I — Cuid A — pointe 1 — pointe 1.7 — mír 2 — pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) ***scaoileadh*** substaintí guaiseacha nó ***radaíochta isteach i*** screamhuisce, uiscí mara nó uiscí dromchla nó ithir;	(a) substaintí guaiseacha***, micreaphlaistigh*** nó ***radaíocht a scaoileadh san aer, sa*** screamhuisce, ***in*** uiscí mara nó uiscí dromchla nó ***san*** ithir;

Leasú 412

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn I — Cuid A — pointe 1 — pointe 1.7 — mír 2 — pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) ***glanastaíochtaí*** gás ceaptha teasa isteach san atmaisféar ***a scaoileadh***.	(d) ***astaíochtaí*** gás ceaptha teasa ***a scaoileadh*** isteach san atmaisféar.

Leasú 413

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn I — Cuid A — pointe 1 — pointe 1.8 — mír 2 — pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) ***amhábhair*** agus ábhair thánaisteacha a bhfuil inbhuanaitheacht chomhshaoil ***ard acu a úsáid*** agus ***dá bhrí sin ag*** a bhfuil lorg íseal comhshaoil;	(a) ***an leas is fearr is féidir a bhaint as seachtháirgí*** agus ***as*** ábhair thánaisteacha***, ísealcharbóin, bhithbhunaithe nó áitiúla*** a ***fhaightear go hinbhuanaithe, atá tíosach ar acmhainní, chomh maith le hamhábhair a*** bhfuil inbhuanaitheacht ***ard*** chomhshaoil ***acu*** agus a bhfuil lorg íseal comhshaoil ***acu dá bhrí sin***;

Leasú 414

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn I — Cuid A — pointe 1 — pointe 1.8 — mír 2 — pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) íoslaghdú a dhéanamh ar mhéid foriomlán na n amhábhar a úsáideadh;	(b) íoslaghdú a dhéanamh ar mhéid foriomlán na n amhábhar a úsáideadh ***agus an úsáid is mó is féidir a bhaint as ábhair thánaisteacha i gcás inarb infheidhme***;

Leasú 415

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn I — Cuid A — pointe 1 — pointe 1.8 — mír 2 — pointe c a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ca) íoslaghdú a dhéanamh ar mhéideanna foriomlána na dramhaíola a ghintear;

Leasú 416

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn I — Cuid A — pointe 1 — pointe 1.8 — mír 2 — pointe e a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ea) ábhair a fhaightear go hinbhuanaithe, a úsáidtear agus a athchúrsáiltear a dhífhoirgniú go héasca, a úsáid agus a athchúrsáil.

Leasú 417

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn I — Cuid A — pointe 2 — teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Na buntréithe ***a chumhdófar***	***CUID B: Na buntréithe comhshaoil táirgí foirgníochta***

Leasú 418

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn I — Cuid A — pointe 2 — mír 2 — an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
A mhéid is féidir, clúdóidh sonraíochtaí teicniúla comhchuibhithe na buntréithe seo a leanas a bhaineann le measúnú saolré:	***Cumhdóidh*** sonraíochtaí teicniúla comhchuibhithe na buntréithe seo a leanas a bhaineann le measúnú saolré:

Leasú 419

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn I — Cuid A — pointe 2 — mír 2 — pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) ***éifeachtaí an athraithe aeráide*** (éigeantach);	(a) ***Iomlán na hacmhainneachta téite domhanda*** (éigeantach);

Leasú 420

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn I — Cuid A — pointe 2 — mír 2 — pointe a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(aa) Acmhainneacht téite domhanda breosla iontaise (éigeantach);

Leasú 421

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn I — Cuid A — pointe 2 — mír 2 — pointe a b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ab) Acmhainneacht téite domhanda bithghineach (éigeantach);

Leasú 422

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn I — Cuid A — pointe 2 — mír 2 — pointe a c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ac) Acmhainneacht téite domhanda úsáid talún agus athrú ar úsáid talún (éigeantach);

Leasú 423

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn I — Cuid A — pointe 2 — mír 2 — pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) ***substaintí a ídíonn an t ózón:***	(b) acmhainneacht ídithe an chisil strataisféaraigh ózóin (éigeantach);

Leasú 424

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn I — Cuid A — pointe 2 — mír 2 — pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) acmhainneacht aigéadaithe;	(c) acmhainneacht aigéadaithe***, Sárú Carntha (éigeantach)***;

Leasú 425

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn I — Cuid A — pointe 2 — mír 2 — pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) fionnuisce ***uisceach eotrófaithe***;	(d) ***acmhainneacht eotrófaithe, codán de na cothaithigh a bhaineann urrann deiridh*** fionnuisce ***amach (éigeantach)***;

Leasú 426

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn I — Cuid A — pointe 2 — mír 2 — pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) ***eotrófú*** mara ***uisceach***;	(e) ***acmhainneacht eotrófaithe, codán de na cothaithigh a bhaineann urrann deiridh*** mara ***amach (éigeantach)***;

Leasú 427

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn I — Cuid A — pointe 2 — mír 2 — pointe f

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(f) ***eotrófú talún***;	(f) ***acmhainneacht eotrófaithe, Sárú Carntha (éigeantach)***;

Leasú 428

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn I — Cuid A — pointe 2 — mír 2 — pointe g

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(g) ***ózón fótacheimiceach***;	(g) ***acmhainneacht foirmithe ózóin tropaisféaraigh (éigeantach)***;

Leasú 429

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn I — Cuid A — pointe 2 — mír 2 — pointe h

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(h) ***ídiú aibitheach – mianraí, miotail;***	(h) ***acmhainneacht ídithe aibitheach le haghaidh acmhainní neamhiontaise***

Leasú 430

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn I — Cuid A — pointe 2 — mír 2 — pointe i

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(i) ídiú aibitheach – ***breoslaí*** iontaise;	(i) ídiú aibitheach ***le haghaidh acmhainneacht acmhainní*** iontaise ***(éigeantach)***;

Leasú 431

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn I — Cuid A — pointe 2 — mír 2 — pointe j

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(j) ***úsáid*** uisce;	(j) ***acmhainneacht díothachta*** uisce ***(úsáideora), ídiú uisce ualaithe ó thaobh díothachta (éigeantach)***;

Leasú 432

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn I — Cuid A — pointe 2 — mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Léireoidh sonraíochtaí teicniúla comhchuibhithe go bhfuil sé éigeantach don mhonaróir feidhmíocht an táirge a dhearbhú ***i gcás na buntréith d'éifeachtaí an athraithe aeráide faoi phointe (a)*** mar a leagtar amach in Airteagal 11(2) agus in Airteagal 22(1).	***Maidir leis na buntréithe sa chéad fhomhír faoi phointe (a) go pointe (j), léireofar le*** sonraíochtaí teicniúla comhchuibhithe go bhfuil sé éigeantach don mhonaróir feidhmíocht an táirge a dhearbhú mar a leagtar amach in Airteagal 11(2) agus in Airteagal 22(1). ***Faoi... [5 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], beidh sé éigeantach don mhonaróir na buntréithe faoi phointí (k) go (p) a dhearbhú.***

Leasú 433

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn I — Cuid B — teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	CUID C: Ceanglais táirge
CUID B: Ceanglais lena n áirithítear feidhmiú agus feidhmíocht iomchuí táirgí	***CUID C1***: Ceanglais lena n áirithítear feidhmiú agus feidhmíocht iomchuí táirgí

Leasú 434

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn I — Cuid C — teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
CUID C: Ceanglais bhunúsacha maidir le táirgí	***CUID C2***: Ceanglais bhunúsacha maidir le táirgí

Leasú 435

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn I — Cuid C — pointe 1 — pointe 1.2 — mír 2 — pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) i gcás nach féidir rioscaí a sheachaint, déanfar rioscaí a laghdú, a mhaolú agus aghaidh a thabhairt orthu trí rabhaidh a thabhairt maidir leis an táirge, maidir lena phacáistíocht agus sna treoracha úsáide;	(c) i gcás nach féidir rioscaí a sheachaint, déanfar rioscaí a laghdú, a mhaolú agus aghaidh a thabhairt orthu trí rabhaidh a thabhairt maidir leis an táirge, maidir lena phacáistíocht agus sna treoracha úsáide***, i gcás nach gceanglaítear na rabhaidh sin cheana féin le gníomhartha dlí eile de chuid an Aontais is infheidhme***;

Leasú 436

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn I — Cuid C — pointe 2 — mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Baineann an comhshaol le heastóscadh agus monarú na ***n ábhar***, monarú an táirge, cothabháil an táirge, an cumas atá ann fanacht chomh fada agus is féidir laistigh de gheilleagar ciorclach agus a chéim dheiridh saoil.	Baineann an comhshaol le heastóscadh agus monarú na ***n-ábhar***, monarú an táirge, ***le hiompar ábhar agus táirgí,*** cothabháil an táirge, an cumas atá ann fanacht chomh fada agus is féidir laistigh de gheilleagar ciorclach agus a chéim dheiridh saoil.

Leasú 437

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn I — Cuid C — pointe 2 — pointe 2.1 — an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2.1. Déanfar ***na*** táirgí a dhearadh, a mhonarú***,*** agus a phacáistiú sa chaoi ***is*** go dtabharfar aghaidh ar na gnéithe comhshaoil ***táirgí*** seo a leanas ***i gcomhréir le staid na teicneolaíochta***:	2.1. Déanfar táirgí a dhearadh, a mhonarú agus a phacáistiú sa chaoi go dtabharfar aghaidh***, nuair is féidir,*** ar na gnéithe ***bunúsacha*** comhshaoil seo a leanas ***do na táirgí gan caillteanas sábháilteachta***:

Leasú 438

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn I — Cuid C — pointe 2 — pointe 2.1 — pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) an ***mharthanacht*** a uasmhéadú maidir leis an meántréimhse saoil a bhfuiltear ag súil ***léi, leis*** an íostréimhse saoil a bhfuiltear ag súil ***leis*** faoi ***dhálaí*** is measa ach ***le dálaí*** atá fós ***réadúil***, agus ***maidir leis na híoscheanglais maidir le saolré***;	(a) ***marthanacht agus iontaofacht*** an ***táirge nó*** a ***chomhpháirteanna a*** uasmhéadú ***mar a chuirtear in iúl trí shaolré ráthaithe táirge, trí fhaisnéis*** maidir ***le saolré theicniúil a thaispeáint maidir*** leis an ***táirge, trí fhriotaíocht in aghaidh struis nó trí shásraí aosaithe chun síneadh a chur le saolré foirgneamh agus lena gcéim úsáide agus i dtéarmaí na*** meántréimhse saoil a bhfuiltear ag súil ***leis,*** an íostréimhse saoil a bhfuiltear ag súil ***léi*** faoi ***na dálaí*** is measa ach atá fós ***réalaíoch***, agus ***i dtéarmaí na gceanglas íosta saoil. Ba cheart astaíochtaí ó shíntí saolré a mheasúnú agus a chur i gcomparáid le hastaíochtaí scartála agus atógála trí iniúchtaí réamh-scartála***;

Leasú 439

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn I — Cuid C — pointe 2 — pointe 2.1 — pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) an ***t-inneachar*** athchúrsáilte a uasmhéadú ***nuair is féidir gan aon chaillteanas sábháilteachta nó tionchar diúltach ar an gcomhshaol a bheith aige***;	(c) an ***t-ábhar athúsáidte,*** athchúrsáilte ***in-athnuaite agus fotháirge*** a uasmhéadú;

Leasú 440

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn I — Cuid C — pointe 2 — pointe 2.1 — pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) ***roghnú*** substaintí atá ***sábháilte*** agus ***díniteach*** ó thaobh an chomhshaoil de;	(d) substaintí ***sábháilte,*** atá ***inbhuanaithe trína ndearadh*** agus ***atá neamhurchóideach*** ó thaobh an chomhshaoil de ***a roghnú***;

Leasú 441

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn I — Cuid C — pointe 2 — pointe 2.1 — pointe f

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(f) éifeachtúlacht acmhainní;	(f) éifeachtúlacht ***ábhair agus*** acmhainní***, lena n-áirítear úsáid ábhar in-athnuaite a uasmhéadú***;

Leasú 442

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn I — Cuid C — pointe 2 — pointe 2.1 — pointe f a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(fa) modúlacht;

Leasú 443

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn I — Cuid C — pointe 2 — pointe 2.1 — pointe i

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(i) ***indeisitheacht*** le linn na tréimhse saoil a bhfuiltear ag ***súil leis***;	(i) ***éascaíocht indeisitheachta*** le linn na tréimhse saoil a bhfuiltear ag ***dréim léi***;

Leasú 444

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn I — Cuid C — pointe 2 — pointe 2.1 — pointe j

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(j) ***féidearthacht cothabhála*** agus athchóirithe le linn na tréimhse saoil a bhfuiltear ag ***súil leis***;	(j) ***éascaíocht chothabhála*** agus athchóirithe le linn na tréimhse saoil a bhfuiltear ag ***dréim léi***;

Leasú 445

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn I — Cuid C — pointe 2 — pointe 2.1 — pointe l a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(la) foinsiú inbhuanaithe, mar a léirítear le ráitis díchill chuí agus le deimhniú foinsithe inbhuanaithe, i gcás inarb ábhartha;

Leasú 446

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn I — Cuid C — pointe 2 — pointe 2.1 — pointe l b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(lb) cóimheas táirge-go-phacáistiú a íoslaghdú;

Leasú 447

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn I — Cuid C — pointe 2 — pointe 2.1 — pointe l c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(lc) bolaithe nó substaintí a bhfuil éifeachtaí díobhálacha acu ar shláinte an duine a scaoileadh isteach san aer laistigh;

Leasú 448

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn I — Cuid C — pointe 2 — pointe 2.1 — pointe l d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ld) scaoileadh micreaphlaisteach;

Leasú 449

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn I — Cuid C — pointe 2 — pointe 2.1 — pointe l e (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(le) méideanna na dramhaíola a ghintear, go háirithe dramhaíl ghuaiseach agus dramhaíl gan cóireáil athchúrsála aitheanta;

Leasú 450

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn I — Cuid C — pointe 2 — pointe 2.1 — pointe l f (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(lf) easpa dramhaíola a d'fhéadfaí a athúsáid nó a athchúrsáil ar shlí eile a chóireáil lena diúscairt go críochnaitheach, lena n-áirítear loscadh le haisghabháil fuinnimh, nó aislíonadh.

Leasú 451

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn I — Cuid C — pointe 2 — pointe 2.2 — mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Sonrófar sna ***sonraíochtaí teicniúla comhchuibhithe***, de réir mar is iomchuí, na ceanglais bhunúsacha chomhshaoil ***do tháirgí***, a ***d'fhéadfadh*** baint a bheith acu leis an táirge ach ***a d'fhéadfadh a bheith*** neamhspleách go bunúsach ***ón*** gcéim ***ina ndéantar an táirge a shuiteáil in oibreacha foirgníochta***.	Sonrófar sna ***gníomhartha tarmligthe arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 5(2)***, de réir mar is iomchuí, na ceanglais bhunúsacha chomhshaoil ***sin maidir le táirgí i gcás aicmí nó catagóirí táirgí***, a ***bhféadfadh*** baint a bheith acu leis an ***gcéim inar suiteáladh an*** táirge ***isteach in oibreacha foirgníochta*** ach ***atá*** neamhspleách go bunúsach ***ar an*** gcéim ***sin***.

Leasú 452

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn I — Cuid C — pointe 2 — pointe 2.2 — mír 2 — an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Agus na ceanglais chomhshaoil ***táirgí intreacha*** á sonrú, ***clúdóidh*** na ***sonraíochtaí teicniúla comhchuibhithe na*** heilimintí seo a leanas ar a laghad:	Agus na ceanglais ***bhunúsacha*** chomhshaoil ***maidir leis an táirge*** á sonrú, ***cumhdóidh gníomhartha tarmligthe*** na heilimintí seo a leanas ar a laghad:

Leasú 453

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn I — Cuid C — pointe 2 — pointe 2.2 — mír 2 — pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) ***más féidir, an úrscothacht*** a shainiú ***chun aghaidh a thabhairt ar na gnéithe comhshaoil*** maidir leis an gcatagóir táirgí faoi seach, lena ***n áirítear an t íosmhéid inneachair*** athchúrsáilte;	(a) ***gnéithe comhshaoil*** a shainiú maidir leis an gcatagóir táirgí faoi seach, lena ***n-áireofar ar a laghad astaíochtaí gás ceaptha teasa ar feadh na saolré iomláine, éifeachtúlacht acmhainní, lena n-áirítear an t-íosábhar*** athchúrsáilte***, agus ath-inúsáidteacht***;

Leasú 454

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn I — Cuid C — pointe 2 — pointe 2.2 — mír 2 — pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) i gcás nach féidir an tseachaint a dhéanamh, déanfar éifeachtaí diúltacha agus rioscaí a laghdú, a mhaolú agus aghaidh ***a thabhairt*** orthu le rabhaidh ar an táirge, ar a phacáistíocht agus i dtreoracha úsáide.	(c) i gcás nach féidir an tseachaint a dhéanamh, déanfar éifeachtaí diúltacha agus rioscaí a ***eascraíonn as aon chineál feidhmíochta táirge a*** laghdú, a mhaolú agus ***tabharfar*** aghaidh orthu le rabhaidh ar an táirge, ar a phacáistíocht agus i dtreoracha úsáide.

Leasú 455

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn I — Cuid C — pointe 2 — pointe 2.2 — mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Agus ceanglais chomhshaoil na dtáirgí á sonrú, féadfar idirdhealú a dhéanamh idir na sonraíochtaí teicniúla comhchuibhithe sin i gcomhréir le ***haicmí*** feidhmíochta.	***Cinnfear le gníomhartha tarmligthe arna nglacadh*** i gcomhréir le ***hAirteagal 5(2), i gcás inarb infheidhme, leibhéil tairsí éigeantacha agus aicmí*** feidhmíochta ***éigeantacha i gcás aicmí agus catagóirí áirithe táirgí i ndáil leis na ceanglais bhunúsacha maidir leis an gcomhshaol dá dtagraítear i mír 2***.

Leasú 456

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn I — Cuid D — teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
CUID ***D***: Ceanglais maidir le faisnéis faoin táirge	CUID ***C3***: Ceanglais maidir le faisnéis faoin táirge

Leasú 457

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn I — Cuid D — pointe 1 — an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Beidh an fhaisnéis seo a leanas ag gabháil le táirgí:	1. Beidh an fhaisnéis seo a leanas ag gabháil le táirgí***, i gcás inarb iomchuí***:

Leasú 458

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn I — Cuid D — pointe 1 — pointe 1.3 — an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1.3. Rialacha iompair, suiteála, cothabhála, ***tógála*** agus scartála:	1.3. Rialacha iompair, suiteála, cothabhála, ***díthógáil, díshuiteála*** agus scartála***, i gcás inarb infheidhme***:

Leasú 459

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn I — Cuid D — pointe 1 — pointe 1.3 — pointe a — an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) Sábháilteacht le linn iompair, suiteála, cothabhála, ***tógála*** agus scartála:	(a) Sábháilteacht le linn iompair, suiteála, ***díshuiteála,*** cothabhála, ***díthógála*** agus scartála:

Leasú 460

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn I — Cuid D — pointe 1 — pointe 1.3 — pointe c — pointe ii

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(ii) cineál agus minicíocht na gcigireachtaí agus na cothabhála is gá ar chúiseanna sábháilteachta agus, i gcás inarb iomchuí, na páirteanna atá faoi réir caithimh agus na critéir lena n athsholáthar;	(ii) cineál agus minicíocht na gcigireachtaí agus na cothabhála is gá ar chúiseanna sábháilteachta agus ***marthanachta agus***, i gcás inarb iomchuí, na páirteanna atá faoi réir caithimh agus na critéir lena n athsholáthar;

Leasú 461

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn I — Cuid D — pointe 1 — pointe 1.6 — mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	I gcás ina mbeidh sí ar fáil, faisnéis maidir le feidhmíocht an táirge arna thomhas i dtéarmaí na gceanglas bunúsach maidir leis an gcomhshaol i leith an táirge.

Leasú 462

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn II – pointe 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) clárú nó clárú táirgí an mhonaróra i mbunachair sonraí an Aontais Eorpaigh, agus ***an suíomh beacht inar féidir teacht ar an táirge, agus ar*** a shuíomh gréasáin ***chun a tháirgí*** féin ***a chur*** i láthair;	(a) clárú nó clárú táirgí an mhonaróra i mbunachair sonraí an Aontais Eorpaigh, agus a shuíomh gréasáin féin ***maidir le cur*** i láthair ***táirgí***;

Leasú 463

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn II – pointe 3 – pointe h

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(h) sonraí teagmhála ar ***na meáin shóisialta***;	(h) sonraí teagmhála ***na meán sóisialta, i gcás ina bhfuil siad*** ar ***fáil***;

Leasú 464

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn II – pointe 4 – pointe h

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(h) sonraí teagmhála ar ***na meáin shóisialta***;	(h) sonraí teagmhála ***na meán sóisialta, i gcás ina bhfuil siad*** ar ***fáil***;

Leasú 465

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn II – pointe 5 – pointe h

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(h) sonraí teagmhála ar ***na meáin shóisialta***.	(h) sonraí teagmhála ***na meán sóisialta, i gcás ina bhfuil siad*** ar ***fáil***.

Leasú 466

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn II – pointe 6 – pointe h

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(h) sonraí teagmhála ar ***na meáin shóisialta***.	(h) sonraí teagmhála ***na meán sóisialta, i gcás ina bhfuil siad*** ar ***fáil***.

Leasú 467

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn II – pointe 11 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) liosta na saintréithe bunriachtanacha, arna gcinneadh sa tsonraíocht theicniúil chomhchuibhithe nó sa doiciméad um measúnú Eorpach maidir leis an gcatagóir táirgí lena mbaineann a ndearbhaítear feidhmíocht ina leith.	(a) liosta na saintréithe bunriachtanacha, arna gcinneadh sa tsonraíocht theicniúil chomhchuibhithe nó sa doiciméad um measúnú Eorpach maidir leis an gcatagóir táirgí lena mbaineann a ndearbhaítear feidhmíocht ina leith. ***Nuair nach ndearbhaítear aon fheidhmíocht maidir le saintréith bhunriachtanach amháin, is féidir a hainm a liostú fós agus fanann an áit ina bhféadfaí an fheidhmíocht a thabhairt folamh.***

Leasú 468

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn III – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Nós imeachta ***chun doiciméad um*** measúnú Eorpach ***a ghlacadh***	Nós imeachta ***i dtaca le*** measúnú ***teicniúil*** Eorpach

Leasú 469

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn III – pointe 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) Mura n-iarrtar measúnú teicniúil Eorpach, nuair a chuirfidh an Coimisiún tús le doiciméad um measúnú Eorpach a fhorbairt, cuirfidh sé comhad teicniúil ar fáil d'eagraíocht na TABanna ina ndéanfar cur síos ar an táirge, ar a úsáid agus ar shonraí an rialaithe táirgeachta sa mhonarcha. ***Roghnaíonn*** an ***Coimisiún an*** TAB chun ***gníomhú mar TAB freagrach, tar éis dó dul i gcomhairle le heagraíocht na TABanna***.	(c) Mura n-iarrtar measúnú teicniúil Eorpach, nuair a chuirfidh an Coimisiún tús le doiciméad um measúnú Eorpach a fhorbairt, cuirfidh sé comhad teicniúil ar fáil d'eagraíocht na TABanna ina ndéanfar cur síos ar an táirge, ar a úsáid agus ar shonraí an rialaithe táirgeachta sa mhonarcha. ***Is í eagraíocht na TABanna a ainmneoidh*** an TAB ***freagrach*** chun ***an doiciméad um measúnú Eorpach a fhorbairt***.

Leasú 470

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn III — pointe 1 — pointe c a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ca) In éagmais iarraidh ar mheasúnú teicniúil Eorpach, féadfaidh eagraíocht na TABanna forbairt doiciméid um measúnú Eorpach a thionscnamh. Sa chás sin, déanfaidh sí comhad teicniúil a sheachadadh chuig an meitheal atá freagrach as forbairt an doiciméid um measúnú Eorpach ina mbeidh cur síos ar an táirge, ar a úsáid agus ar shonraí maidir le rialú ar tháirgeadh monarchan a bheidh infheidhme. Is í eagraíocht na TABanna a ainmneoidh an TAB freagrach a bheidh ina chathaoirleach ar an meitheal chun an doiciméad um measúnú Eorpach a fhorbairt.

Leasú 471

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn III – pointe 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Clár oibre ***Tar éis an conradh leis an monaróir nó an Grúpa a thabhairt i gcrích, cuirfidh eagraíocht na TABanna an Coimisiún ar an eolas faoin bplean oibre chun an Doiciméad um Measúnú Eorpach a tharraingt suas, faoin sceideal maidir leis an bplean oibre sin a chur i bhfeidhm agus maidir le léiriú a thabhairt ar an gclár measúnaithe. Cuirfear an méid sin in iúl don Choimisiún laistigh de thrí mhí ón dáta a bhfaighfear an iarraidh ar Mheasúnú Teicniúil Eorpach.***	***scriosta***

Leasú 472

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn III – pointe 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. An dréacht-doiciméad um measúnú Eorpach ***Cuirfidh eagraíocht na TABanna bailchríoch ar dhréacht-doiciméad um measúnú Eorpach trí bhíthin na meithle a bheidh comhordaithe ag an TAB freagrach agus cuirfidh sí an dréacht sin chuig na páirtithe lena mbaineann laistigh de 6 mhí ón dáta ar cuireadh an Coimisiún ar an eolas faoin gclár oibre sna cásanna dá bhforáiltear i bpointí 1(a) agus 1(b) nó ón dáta a chuir an Coimisiún a bharúlacha ar an gclár oibre in iúl don TAB freagrach sa chás dá bhforáiltear i bpointe 1(c).***	***scriosta***

Leasú 473

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn III – pointe 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Rannpháirtíocht an Choimisiúin ***Féadfaidh ionadaí ón gCoimisiún a bheith rannpháirteach, mar bhreathnadóir, i ngach cuid de chur i bhfeidhm an chláir oibre. Féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar eagraíocht na TABanna, tráth ar bith, an fhorbairt ar Dhoiciméad um Measúnú Eorpach áirithe a thréigean nó a mhodhnú, lena n áirítear é a chumasc nó a dheighilt.***	***scriosta***

Leasú 474

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn III – pointe 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Comhairliúcháin leis na Ballstáit ***Sa chás dá bhforáiltear i bpointe 1(c), cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit ar an eolas faoi fhorbairt an doiciméid um measúnú Eorpach tar éis bailchríoch a chur ar an gclár oibre dó. Nuair a iarrtar sin orthu, féadfaidh na Ballstáit páirt a ghlacadh i bhfeidhmiú an chláir oibre i gcás inarb iomchuí.***	***scriosta***

Leasú 475

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn III – pointe 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
7. Fadú agus moill	***scriosta***
Maidir leis na teorainneacha ama a leagtar amach i bpointí 1 go 4 den Iarscríbhinn seo, tuairisceoidh an mheitheal aon mhoill chuig eagraíocht na TABanna agus chuig an gCoimisiún.	
Más rud é go mbeidh údar maith le fad a chur leis na teorainneacha ama a bhaineann leis an Doiciméad um Measúnú Eorpach a fhorbairt, go háirithe mar nach mbeidh cinneadh ón gCoimisiún ann maidir leis an gcóras infheidhme measúnaithe agus fíoraithe don táirge, nó gur gá modh tástála nua a fhorbairt, leagfaidh an Coimisiún amach teorainn ama níos faide.	

Leasú 476

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn III – pointe 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
8. Doiciméad um Measúnú Eorpach a leasú agus a ghlacadh	***scriosta***
8.1. I gcásanna dá bhforáiltear i bpointí 1(a) agus 1(b), cuirfidh an TAB freagrach an dréacht-doiciméad um measúnú Eorpach chuig an monaróir nó chuig an ngrúpa, faoi seach, ag a mbeidh 15 lá oibre chun freagra a thabhairt air. Déanfaidh eagraíocht na TABanna na nithe seo a leanas dá éis sin:	
(a) más infheidhme, cuirfidh sí an monaróir nó an grúpa ar an eolas faoin mbealach ar cuireadh a dtuairimí san áireamh;	
(b) glacfaidh sí an dréacht-doiciméad um measúnú Eorpach;	

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) seolfaidh sí cóip de chuig an gCoimisiún.	
8.2. Sa chás dá bhforáiltear i bpointe 1.(c), déanfaidh an TAB freagrach an méid seo a leanas:	
(a) glacfaidh sí an dréacht-doiciméad um measúnú Eorpach;	
(b) seolfaidh sí cóip de chuig an gCoimisiún.	
Más rud é, laistigh de 30 lá oibre tar éis dó é sin a fháil, go gcuireann an Coimisiún a bharúlacha ar an dréacht-doiciméad um measúnú Eorpach chuig eagraíocht na TABanna, agus tar éis di an deis a bheith aici ráiteas a thabhairt, leasóidh eagraíocht na TABanna an dréacht dá réir sin, agus cuirfidh sí cóip den doiciméad um measúnú Eorpach a bheidh glactha aici sna cásanna dá bhforáiltear i bpointí 1(a) agus 1(b) chuig an monaróir nó chuig an ngrúpa, faoi seach, agus i ngach cás chuig an gCoimisiún.	

Leasú 477

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn III – pointe 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
9. An doiciméad críochnaitheach um measúnú Eorpach atá le foilsiú	***scriosta***
Glacfaidh eagraíocht na TABanna an doiciméad críochnaitheach um measúnú Eorpach agus seolfaidh sí cóip de chuig an gCoimisiún, mar aon le haistriúchán ar theideal an doiciméid um measúnú Eorpach i dteangacha oifigiúla uile an Aontais, chun go bhfoilseofar tagairt an doiciméid sin in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. Foilseoidh eagraíocht na TABanna an doiciméad um measúnú Eorpach.	

Leasú 478

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn III a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Iarscríbhinn III a
	Nós imeachta chun doiciméad um measúnú Eorpach a ghlacadh
	1. Clár oibre
	Sna cásanna dá bhforáiltear i bpointe 1(a) agus i bpointe 1(b) d'Iarscríbhinn III, tar éis comhaontú leis an monaróir nó leis an nGrúpa faoi seach, cuirfidh eagraíocht na TABanna an Coimisiún ar an eolas faoin gclár oibre chun an doiciméad um measúnú Eorpach a dhréachtú agus faoin sceideal maidir leis an gclár oibre sin a chur i bhfeidhm, lena sonrófar an clár measúnaithe. Cuirfear an méid sin in iúl laistigh de 3 mhí tar éis don TAB an iarraidh ar mheasúnú teicniúil Eorpach a fháil, agus tionscnóidh an TAB an nós imeachta mar a leagtar síos i bpointe 1(a) agus i bpointe 1(b) d'Iarscríbhinn III.
	Sa chás dá bhforáiltear i bpointe 1(c) d'Iarscríbhinn III, cuirfidh eagraíocht na TABanna an clár oibre faoi bhráid an Choimisiúin, ar clár oibre é chun an doiciméad um measúnú Eorpach a dhréachtú ina mbeidh an t-ábhar céanna agus a chuirfear in iúl laistigh den spriocdháta céanna mar a shonraítear e san fhomhír roimhe seo. Ansin, cuirfidh an Coimisiún a bharúlacha maidir leis an gclár oibre in iúl d'eagraíocht na TABanna laistigh de 30 lá oibre. Tar éis an deis a bheith aige ráiteas a thabhairt, leasóidh an TAB freagrach nó eagraíocht na TABanna, faoi seach, an clár oibre dá réir sin.
	Sa chás dá bhforáiltear i bpointe 1(d) d'Iarscríbhinn III, cuirfidh eagraíocht na TABanna an Coimisiún ar an eolas faoin gclár oibre chun an doiciméad um measúnú Eorpach a dhréachtú, faoin sceideal maidir leis an gclár oibre sin a chur i bhfeidhm agus maidir le léiriú a thabhairt ar an gclár measúnaithe.
	2. An dréacht-doiciméad um measúnú Eorpach
	Cuirfidh eagraíocht na TABanna bailchríoch ar dhréacht-doiciméad um measúnú Eorpach trí bhíthin na meithle a bheidh comhordaithe ag an TAB freagrach agus cuirfidh sí an dréacht sin chuig na páirtithe lena mbaineann laistigh de 6 mhí ón dáta ar cuireadh an Coimisiún ar an eolas faoin gclár oibre sna cásanna dá bhforáiltear i bpointí 1(a) agus 1(b) d'Iarscríbhinn III nó ón dáta a chuir an Coimisiún a bharúlacha ar an gclár oibre in iúl don TAB freagrach sa chás dá bhforáiltear i bpointe 1(c) d'Iarscríbhinn III.

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3. Rannpháirtíocht an Choimisiúin
	Féadfaidh ionadaí ón gCoimisiún a bheith rannpháirteach, mar bhreathnadóir, i ngach cuid de chur i bhfeidhm an chláir oibre. Féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar eagraíocht na TABanna, tráth ar bith, an fhorbairt ar dhoiciméad um measúnú Eorpach áirithe a mhodhnú, lena n-áirítear é a chumasc nó a dheighilt.
	4. Comhairliúcháin leis na Ballstáit
	Sa chás dá bhforáiltear i bpointe 1(c) d'Iarscríbhinn III, cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit ar an eolas faoi fhorbairt an doiciméid um measúnú Eorpach tar éis bailchríoch a chur ar an gclár oibre dó. Nuair a iarrtar sin orthu, féadfaidh na Ballstáit páirt a ghlacadh i bhfeidhmiú an chláir oibre i gcás inarb iomchuí.
	Maidir le barúlacha ó na Ballstáit, ba cheart go gcuirfí in iúl don Choimisiún iad agus go ndéileálfadh sé leo. Cuirfidh an Coimisiún eagraíocht na TABanna ar an eolas maidir le haon athrú ar an gclár oibre, ar athrú é a éileoidh an Coimisiún agus a chomhaontóidh sé, laistigh den tréimhse ama a thabharfar don Choimisiún chun trácht a dhéanamh ar an gclár oibre sula gcuirfear tús le forbairt an doiciméid um measúnú Eorpach.
	5. Fadú agus moill
	Maidir leis na teorainneacha ama a leagtar amach i bpointe 2 d'Iarscríbhinn III nó i bpointe 1 agus i bpointe 2 den Iarscríbhinn seo, tuairisceoidh an mheitheal aon mhoill chuig eagraíocht na TABanna agus chuig an gCoimisiún.
	Más rud é go mbeidh údar maith le fad a chur leis na teorainneacha ama a bhaineann leis an Doiciméad um Measúnú Eorpach a fhorbairt, go háirithe mar nach mbeidh cinneadh ón gCoimisiún ann maidir leis an gcóras infheidhme measúnaithe agus fioraithe don táirge, nó gur gá modh tástála nua a fhorbairt, leagfaidh an Coimisiún amach teorainn ama níos faide.
	6. Doiciméad um Measúnú Eorpach a leasú agus a ghlacadh
	6.1 Sna cásanna dá bhforáiltear i bpointe 1(a) agus i bpointe 1(b) d'Iarscríbhinn III, cuirfidh an TAB freagrach an dréacht-doiciméad um measúnú Eorpach chuig an monaróir nó chuig an ngrúpa, faoi seach, ag a mbeidh 15 lá oibre chun freagra a thabhairt air. Déanfaidh eagraíocht na TABanna na nithe seo a leanas dá éis sin:
	(a) más infheidhme, cuirfidh sí an monaróir nó an grúpa ar an eolas faoin mbealach ar cuireadh a dtuairimí san áireamh;

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(b) glacfaidh sí an dréacht-doiciméad um measúnú Eorpach; agus
	(c) seolfaidh sí cóip de chuig an gCoimisiún.
	6.2 Sna cásanna dá bhforáiltear i bpointe 1(c) agus i bpointe 1(d) d'Iarscríbhinn III, déanfaidh an TAB freagrach an méid seo a leanas:
	(a) glacfaidh sí an dréacht-doiciméad um measúnú Eorpach; agus
	(b) seolfaidh sí cóip de chuig an gCoimisiún.
	Más rud é, laistigh de 30 lá oibre tar éis dó é sin a fháil, go gcuireann an Coimisiún a bharúlacha ar an dréacht-doiciméad um measúnú Eorpach chuig eagraíocht na TABanna, agus tar éis di an deis a bheith aici ráiteas a thabhairt, leasóidh eagraíocht na TABanna an dréacht dá réir sin, agus cuirfidh sí cóip den doiciméad um measúnú Eorpach a bheidh glactha aici sna cásanna dá bhforáiltear i bpointí 1(a) agus 1(b) chuig an monaróir nó chuig an ngrúpa, faoi seach, agus i ngach cás chuig an gCoimisiún.
	Mura bhfaighfear aon bharúil ón gCoimisiún laistigh de 2 mhí, measfar gur ghlac sé leis an doiciméad um measúnú Eorpach.
	7. An doiciméad críochnaitheach um measúnú Eorpach atá le foilsiú
	Glacfaidh eagraíocht na TABanna an doiciméad críochnaitheach um measúnú Eorpach agus seolfaidh sí cóip de chuig an gCoimisiún, mar aon le haistriúchán ar theideal an doiciméid um measúnú Eorpach i dteangacha oifigiúla uile an Aontais, chun go bhfoilseofar tagairt an doiciméid sin in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. Déanfar an foilsiú sin laistigh de 90 lá. Foilseoidh eagraíocht na TABanna an doiciméad um measúnú Eorpach.
	Chun an tagairt do leasú ar dhoiciméad um measúnú Eorpach a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh a thagann in ionad an leagain den doiciméad um measúnú Eorpach a luadh roimhe seo, molfaidh eagraíocht na TABanna tréimhse chómhaireachtála don Choimisiún. Fógraí ó chomhlachtaí dá dtugtar fógra bunaithe ar thagairt gur cuireadh leasú in ionad an doiciméid um measúnú Eorpach in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, ní rachaidh siad in éag agus leanfaidh siad de bheith bailí faoi choinníollacha Airteagail 58 agus 59.

Leasú 479

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn IV — Tábla 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Tábla 1 — Réimsí táirgí

CÓD AN RÉIMSE	RÉIMSE TÁIRGÍ
1	GNÁTH THÁIRGÍ COINCRÉITE RÉAMHTHEILGTHE/TÁIRGÍ COINCRÉITE ÉADROMA/TÁIRGÍ COINCRÉITE UATHCHLÁBTHA AERAITHE.
2	DOIRSE, FUINNEOGA, COMHLAÍ, GEATAÍ AGUS CRUA EARRAÍ GAOLMHARA.
3	SCANNÁIN, LENA n ÁIRÍTEAR LEACHT ARNA CHUR AGUS TREALAMH FEISTIÚCHÁIN (d'UISCE AGUS/NÓ RIALÚ GALUISCE).
4	TÁIRGÍ INSLITHE THEIRMIGH. TREALAMH FEISTIÚCHÁIN/CÓRAIS UM INSLIÚ COMHCHODACH.
5	IMTHACAÍ STRUCHTÚRACHA. PIONNAÍ DO SHIÚNTAÍ STRUCHTÚRACHA.
6	SIMLÉIR, MÚCHÁIN AGUS TÁIRGÍ SONRACHA.
7	TÁIRGÍ GIPSIM.
8	GEOITEICSTÍLÍ, GEOSCANNÁIN, AGUS TÁIRGÍ GAOLMHARA.
9	IMBHALLA/CUMHDACH/GLOINIÚ SÉALAITHE STRUCHTÚRACH.
10	TREALAMH COMHRAICTHE DÓITEÁIN FEISTITHE (TÁIRGÍ ALÁRAIM DHÓITEÁIN/BRAITE DÓITEÁIN, COMHRAICTHE DÓITEÁIN FEISTITHE, RIALAITHE DÓITEÁIN AGUS DEATAIGH, AGUS TÁIRGÍ PLÚCHTA PLÉISCE.)
11	TÁIRGÍ ADHMAID STRUCHTÚRACHA/EILIMINTÍ AGUS GABHÁLAIS STRUCHTÚRACHA.
12	PAINÉIL AGUS EILIMINTÍ ADHMADBHUNAITHE.
13	STROIGHIN, AOLTA TÓGÁLA AGUS GREAMAITHEOIRÍ HIODRÁLACHA EILE.
14	CRUACH THREISIÚCHÁIN AGUS RÉAMHSTRUSÁLA DO CHOINCRÉIT (AGUS GABHÁLAIS), TREALAMH TEANNTA CUAILLÍ.
15	SAOIRSEACHT AGUS TÁIRGÍ GAOLMHARA. AONAID SAOIRSEACHTA, MOIRTÉIL, GABHÁLAIS.
16	TÁIRGÍ INNEALTÓIREACHTA FUÍOLLUISCE.
17	URLÁRLAIGH.
18	TÁIRGÍ MIOTALACHA STRUCHTÚRACHA AGUS A nGABHÁLAIS.

CÓD AN RÉIMSE	RÉIMSE TÁIRGÍ
19	BAILCHRÍOCHA DO BHALLAÍ INMHEÁNACHA AGUS SEACHTRACHA AGUS DO SHÍLEÁLACHA. TREALAMH FEISTEÁIN SPIARA INMHEÁNAIGH.
20	CLÚDAIGH DÍN, SOILSE DÍN, FUINNEOGA DÍN, AGUS TÁIRGÍ COIMHDEACHA, FEISTEÁIN DO DHÍONTA.
21	TÁIRGÍ TÓGÁLA BÓITHRE.
22	COMHIOMLÁIN.
23	GREAMACHÁIN FOIRGNÍOCHTA.
24	TÁIRGÍ A BHAINEANN LE COINCRÉIT, LE MOIRTÉAL AGUS LE LEACHTMHOIRTÉAL.
25	FEARAIS UM SPÁS A THÉAMH.
26	PÍOPAÍ UMAIR AGUS A nGABHÁLAIS NACH bhFUIL I dTEAGMHÁIL LE hUISCE ATÁ CEAPTHA MAR UISCE LENA CHAITHEAMH AG AN DUINE.
27	GLOINE CHOTHROM, GLOINE PHRÓIFILITHE, TÁIRGÍ BLOIC GHLOINE.
28	CÁBLAÍ CUMHACHTA, RIALAITHE AGUS CUMARSÁIDE.
29	SÉALTÁIN DO SHIÚNTAÍ.
30	SUITIGH.
31	FEISTEÁIN FOIRGNÍOCHTA, AONAID FOIRGNÍOCHTA, GNÉITHE FOIRGNÍOCHTA RÉAMHDHÉANTA.
32	TÁIRGÍ COISCTHE, DÚNTA AGUS COSANTA DÓITEÁIN, TÁIRGÍ TINEMHOILLITHEACHA.
33	TÁIRGÍ FOIRGNÍOCHTA NACH N ÁIRÍTEAR SNA RÉIMSÍ TÁIRGÍ THUAS.

Leasú

Tábla 1 — Réimsí táirgí

CÓD AN RÉIMSE	RÉIMSE TÁIRGÍ
1	GNÁTH THÁIRGÍ COINCRÉITE RÉAMHTHEILGTHE/TÁIRGÍ COINCRÉITE ÉADROMA/TÁIRGÍ COINCRÉITE UATHCHLÁBTHA AERAITHE.
2	DOIRSE, FUINNEOGA, COMHLAÍ, GEATAÍ AGUS CRUA EARRAÍ GAOLMHARA.
3	SCANNÁIN, LENA n ÁIRÍTEAR LEACHT ARNA CHUR AGUS TREALAMH FEISTIÚCHÁIN (d'UISCE AGUS/NÓ RIALÚ GALUISCE).
4	TÁIRGÍ INSLITHE THEIRMIGH. TREALAMH FEISTIÚCHÁIN/CÓRAIS UM INSLIÚ COMHCHODACH.

CÓD AN RÉIMSE	RÉIMSE TÁIRGÍ
5	IMTHACAÍ STRUCHTÚRACHA. PIONNAÍ DO SHIÚNTAÍ STRUCHTÚRACHA.
6	SIMLÉIR, MÚCHÁIN AGUS TÁIRGÍ SONRACHA.
7	TÁIRGÍ GIPSIM.
8	GEOITEICSTÍLÍ, GEOSCANNÁIN, AGUS TÁIRGÍ GAOLMHARA.
9	IMBHALLA/CUMHDACH/GLOINIÚ SÉALAITHE STRUCHTÚRACH.
10	TREALAMH COMHRAICTHE DÓITEÁIN FEISTITHE (TÁIRGÍ ALÁRAIM DHÓITEÁIN/BRAITE DÓITEÁIN, COMHRAICTHE DÓITEÁIN FEISTITHE, RIALAITHE DÓITEÁIN AGUS DEATAIGH, AGUS TÁIRGÍ PLÚCHTA PLÉISCE.)
11	TÁIRGÍ ADHMAID STRUCHTÚRACHA/EILIMINTÍ AGUS GABHÁLAIS STRUCHTÚRACHA.
12	PAINÉIL AGUS EILIMINTÍ ADHMADBHUNAITHE.
13	STROIGHIN, AOLTA TÓGÁLA AGUS GREAMAITHEOIRÍ HIODRÁLACHA EILE.
14	CRUACH THREISIÚCHÁIN AGUS RÉAMHSTRUSÁLA DO CHOINCRÉIT (AGUS GABHÁLAIS), TREALAMH TEANNTA CUAILLÍ.
15	SAOIRSEACHT AGUS TÁIRGÍ GAOLMHARA. AONAID SAOIRSEACHTA, MOIRTÉIL, GABHÁLAIS.
16	TÁIRGÍ INNEALTÓIREACHTA FUÍOLLUISCE.
17	URLÁRLAIGH.
18	TÁIRGÍ MIOTALACHA STRUCHTÚRACHA AGUS A nGABHÁLAIS.
19	BAILCHRÍOCHA DO BHALLAÍ INMHEÁNACHA AGUS SEACHTRACHA AGUS DO SHÍLEÁLACHA. TREALAMH FEISTEÁIN SPIARA INMHEÁNAIGH.
20	CLÚDAIGH DÍN, SOILSE DÍN, FUINNEOGA DÍN, AGUS TÁIRGÍ COIMHDEACHA, FEISTEÁIN DO DHÍONTA.
21	TÁIRGÍ TÓGÁLA BÓITHRE.
22	COMHIOMLÁIN.
23	GREAMACHÁIN FOIRGNÍOCHTA.
24	TÁIRGÍ A BHAINEANN LE COINCRÉIT, LE MOIRTÉAL AGUS LE LEACHTMHOIRTÉAL.
25	FEARAIS UM SPÁS A THÉAMH.
26	PÍOPAÍ UMAIR AGUS A nGABHÁLAIS NACH bhFUIL I dTEAGMHÁIL LE hUISCE ATÁ CEAPTHA MAR UISCE LENA CHAITHEAMH AG AN DUINE.
27	GLOINE CHOTHROM, GLOINE PHRÓIFILITHE, TÁIRGÍ BLOIC GHLOINE.
28	CÁBLAÍ CUMHACHTA, RIALAITHE AGUS CUMARSÁIDE.

CÓD AN RÉIMSE	RÉIMSE TÁIRGÍ
29	SÉALTÁIN DO SHIÚNTAÍ.
30	SUITIGH.
31	FEISTEÁIN FOIRGNÍOCHTA, AONAID FOIRGNÍOCHTA, GNÉITHE FOIRGNÍOCHTA RÉAMHDHÉANTA.
32	TÁIRGÍ COISCTHE, DÚNTA AGUS COSANTA DÓITEÁIN, TÁIRGÍ TINEMHOILLITHEACHA.
32a	***DRÉIMIRÍ CEANGAILTE***
33	TÁIRGÍ FOIRGNÍOCHTA NACH N ÁIRÍTEAR SNA RÉIMSÍ TÁIRGÍ THUAS.

Leasú 480

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn V — mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Cinnfidh an monaróir an cineál táirge i gceart de bhun Airteagal 3, pointe 31, agus an chatagóir táirge chomhfhreagrach ar bhonn na sonraíochta teicniúla comhchuibhithe is infheidhme. I gcás ina bhfuil baint ag comhlacht ***dá*** dtugtar fógra le measúnú agus ***le*** fíorú, fíoróidh an comhlacht ***dá*** dtugtar fógra na cinntí sin***, lena n áirítear fíorú nach ndearbhaítear aon ítimí comhionanna a bheith de chineál difriúil***.	Cinnfidh an monaróir an cineál táirge i gceart de bhun Airteagal 3, pointe 31, agus an chatagóir táirge chomhfhreagrach ar bhonn na sonraíochta teicniúla comhchuibhithe is infheidhme. I gcás ina bhfuil baint ag comhlacht ***faoina*** dtugtar fógra le measúnú agus fíorú, fíoróidh an comhlacht ***faoina*** dtugtar fógra na cinntí sin.

Leasú 481

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn V — pointe 1 — pointe b — an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) Déanfaidh an comhlacht dá dtugtar fógra deimhniú feidhmíochta agus comhréireachta a eisiúint ar bhonn an méid seo a leanas:	(b) Déanfaidh an comhlacht dá dtugtar fógra deimhniú ***seasmhachta*** feidhmíochta agus comhréireachta a eisiúint ar bhonn an méid seo a leanas:

Leasú 482

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn V — pointe 1 — pointe b — pointe ii

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(ii) measúnú ar fheidhmíocht an táirge ar bhonn cineál tástála (lena n áirítear sampláil ar an mír/na míreanna atá le glacadh mar mhír ionadaíoch don chineál), cineál áirimh nó luachanna táblaithe agus, i ngach cás díobh sin, athbhreithniú ar dhoiciméadú an táirge;	(ii) measúnú ar fheidhmíocht an táirge ar bhonn cineál tástála (lena n áirítear sampláil ar an mír/na míreanna atá le glacadh mar mhír ionadaíoch don chineál), cineál áirimh nó luachanna táblaithe ***nó doiciméadacht ina dtugtar tuairisc ar an táirge*** agus, i ngach cás díobh sin, athbhreithniú ar dhoiciméadú an táirge;

Leasú 483

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn V — pointe 1 — pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) Cuirfidh an comhlacht dá dtugtar fógra faireachas, measúnú agus meastóireacht leanúnach ar fáil ar rialú táirgeachta sa mhonarcha. ***An uair sin, déanfaidh sé seiceáil ar 50 phointe randamach a thagann faoi mhíreanna (a) (ii) go (iv) agus aistarraingeoidh sé an deimhniú i gcás ina mbraithfidh sé neamhchomhlíonadh níos mó ná 2 neamhchomhlíonadh nó neamhchomhlíonadh thar a bheith tromchúiseach, as measc na 50 phointe sin agus na fíoruithe eile atá le déanamh i gcomhréir leis an mír seo.***	(c) Cuirfidh an comhlacht dá dtugtar fógra faireachas, measúnú agus meastóireacht leanúnach ar fáil ar rialú táirgeachta sa mhonarcha.

Leasú 484

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn V — pointe 2 — pointe b — an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) Déanfaidh an comhlacht dá dtugtar fógra deimhniú feidhmíochta agus comhréireachta a eisiúint ar bhonn an méid seo a leanas:	(b) Déanfaidh an comhlacht dá dtugtar fógra deimhniú ***seasmhachta*** feidhmíochta agus comhréireachta a eisiúint ar bhonn an méid seo a leanas:

Leasú 485

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn V — pointe 2 — pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) Cuirfidh an comhlacht dá dtugtar fógra faireachas, measúnú agus meastóireacht leanúnach ar fáil ar rialú táirgeachta sa mhonarcha. ***Ar an ócáid sin, déanfaidh sé seiceáil ar 40 phointe randamach a thig faoi mhíreanna (a) (ii) go (iv) agus aistarraingeoidh sé an tuarascáil nó an deimhniú i gcás ina mbraithfidh sé neamhchomhlíonadh níos mó ná 2 neamhchomhlíonadh nó neamhchomhlíonadh thar a bheith tromchúiseach, as measc na 40 phointe sin agus na bhfíoruithe eile atá le déanamh i gcomhréir leis an mír seo.***	(c) Cuirfidh an comhlacht dá dtugtar fógra faireachas, measúnú agus meastóireacht leanúnach ar fáil ar rialú táirgeachta sa mhonarcha.

Leasú 486

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn V — pointe 3 — pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) Cuirfidh an comhlacht dá dtugtar fógra faireachas, measúnú agus meastóireacht leanúnach ar fáil ar rialú táirgeachta sa mhonarcha. ***An uair sin, déanfaidh sé seiceáil ar 30 phointe randamach a thagann faoi mhíreanna (a) (iii) go (v) agus aistarraingeoidh sé an deimhniú i gcás ina mbraithfidh sé neamhchomhlíonadh níos mó ná 2 neamhchomhlíonadh nó neamhchomhlíonadh thar a bheith tromchúiseach, as measc na 30 phointe sin agus na fíoruithe eile atá le déanamh i gcomhréir leis an mír seo.***	(c) Cuirfidh an comhlacht dá dtugtar fógra faireachas, measúnú agus meastóireacht leanúnach ar fáil ar rialú táirgeachta sa mhonarcha.

Leasú 487

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn V — pointe 5 — pointe a — pointe i

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(i) measúnú ar fheidhmíocht an táirge ar bhonn tástála (lena n áirítear sampláil ar an mír/na míreanna a ghlacfar mar mhír (eanna) ionadaíoch don chineál), cineál áirimh, luachanna táblaithe nó doiciméadúchán tuairisciúil an táirge sin;	***scriosta***

Leasú 488

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn V — pointe 5 — pointe b — pointe i

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(i) ***dearbhú*** ar ***chinneadh ceart*** an ***chineáil táirge agus na catagóire táirge agus dearbhú*** ar ***an measúnú ceart ar fheidhmíocht an táirge ar*** bhonn ***cineál*** tástála (bunaithe ar shampláil ***a rinne*** an monaróir), ***cineál áirimh nó*** luachanna táblaithe ***agus, i ngach ceann de na cásanna sin, athbhreithniú ar dhoiciméadú*** an táirge;	(i) ***measúnú*** ar an ***bhfeidhmíocht*** ar bhonn tástála ***arna déanamh ag saotharlann tástála faoina dtugtar fógra*** (bunaithe ar shampláil ***arna déanamh ag*** an monaróir), ***ríomh,*** luachanna táblaithe ***nó doiciméadacht thuairisciúil*** an táirge ***foirgníochta***;

Leasú 489

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn V — pointe 5 — pointe b — pointe ii

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(ii) ***seiceáil a dhéanamh ar 20 phointe randamacha a thagann faoi mhíreanna (a) (iii)*** agus ***(iv) agus diúltú deimhniú a eisiúint i gcás ina mbraithfidh sé neamhchomhlíonadh nó neamhchomhlíonadh thar a bheith tromchúiseach, as measc na 20 phointe sin agus na fíoruithe eile atá le déanamh i gcomhréir leis an mír seo***.	(ii) ***dearbhú gur cinneadh i gceart an cineál táirge*** agus ***an chatagóir táirge***.

Leasú 490

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn V — pointe 7 — pointe a — an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) Cuimseoidh an t iniúchadh ar an ngléasra monaraíochta an chuid theicniúil ar fad den ghléasra, maidir leis ***na gnéithe*** seo a leanas ar a laghad, lena n áiritheofar próiseas leanúnach ordúil monaraíochta:	(a) ***I gcás chórais 1+, 1 agus 2+, cumhdóidh cigireacht,*** cuimseoidh an t iniúchadh ar an ngléasra monaraíochta an chuid theicniúil ar fad den ghléasra, maidir leis ***an ngné*** seo a leanas ar a laghad, lena n áiritheofar próiseas leanúnach ordúil monaraíochta:

Leasú 491

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn V — pointe 7 — pointe a — pointe i

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(i) ***inniúlacht iomchuí an phearsanra***;	(i) ***an rialú táirgeachta sa mhonarcha lena sonraítear na bearta agus na miníochtaí dá bhforáiltear chun seasmhacht feidhmíochta a áirithiú, lena n-áirítear na cinn atá criticiúil maidir le paraiméadair feidhmíochta***;

Leasú 492

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn V — pointe 7 — pointe a — pointe ii

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(ii) oiriúnacht an trealaimh theicniúil;	***scriosta***

Leasú 493

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn V — pointe 7 — pointe a — pointe iii

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(iii) oiriúnacht na saoráidí agus coinníollacha eile a bhfuil tionchar acu ar an monarú;	***scriosta***

Leasú 494

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn V — pointe 7 — pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) Cuimseofar le rialú táirgeachta sa mhonarcha an próiseas ó na hamhábhair agus na comhpháirteanna a fháil go dtí seoladh an táirge a luaithe a chuirtear tús leis an táirgeadh (cur chuige 'geata go geata'). Déanfaidh sé measúnú an bhfuil an próiseas sin deartha agus barrfheabhsaithe i bhfianaise na sprice go gcomhlíonann na táirgí an cineál táirge agus go mbaineann siad amach, dá bhrí sin, na feidhmíochtaí a dhearbhaítear sa dearbhú feidhmíochta agus go gcomhlíonann siad na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo nó faoin Rialachán seo.	(b) Cuimseofar le rialú táirgeachta sa mhonarcha an próiseas ó na hamhábhair agus na comhpháirteanna a fháil go dtí seoladh an táirge a luaithe a chuirtear tús leis an táirgeadh (cur chuige 'geata go geata') ***agus áireofar ann ar a laghad na paraiméadair chriticiúla maidir le feidhmíocht. I gcás chórais 1+, 1 agus 2+,*** déanfaidh ***an comhlacht faoina dtugtar fógra, déanfaidh*** sé measúnú an bhfuil an próiseas sin deartha agus barrfheabhsaithe i bhfianaise na sprice go gcomhlíonann na táirgí an cineál táirge agus go mbaineann siad amach, dá bhrí sin, na feidhmíochtaí a dhearbhaítear sa dearbhú feidhmíochta agus go gcomhlíonann siad na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo nó faoin Rialachán seo.

Leasú 495

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn V — pointe 7 — pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) Maidir le ***hítimí*** a fhíorú, ***beidh siad, go 50 %, spriocítimí is dóchúla a mbeidh easnaimh iontu,*** agus***, go 50 % eile, spriocítimí a roghnaítear go randamach***.	(d) ***I gcás chóras 3+, is éard a bheidh san fhíorú na ríomhanna agus na sonraí ionchuir uile a fhíorú. Sa chomhthéacs sin, fióróidh an comhlacht dá dtugtar fógra an gcomhlíontar na rialacha is infheidhme*** maidir le ***samhaltú agus ríomh*** a ***leagtar síos sa tsonraíocht theicniúil chomhchuibhithe nó sa mhodheolaíocht is infheidhme arna soláthar ag an gCoimisiún agus an léirítear an próiseas táirgthe leis an tsamhail ríofa agus leis na sonraí ionchuir. I gcás ina n úsáidfear uirlis TF arna soláthar ag an gCoimisiún, díreofar san*** fhíorú ***ar úsáid cheart na huirlise. I gcás ina n úsáidfear sonraí tánaisteacha, seiceálfaidh an comhlacht faoina dtugtar fógra an bhfuil úsáid á baint as na tacair sonraí chearta, arna bhforordú leis na rialacha is infheidhme maidir le ríomh atá sonrach ó thaobh an táirge de*** agus ***atá sa tsonraíocht theicniúil chomhchuibhithe nó sa mhodheolaíocht a chuir an Coimisiún ar fáil. I gcás ina n úsáidtear sonraí atá sonrach don chuideachta, déanfar iontaofacht na sonraí sin a fhíorú. Chuige sin, féadfaidh an comhlacht faoina dtugtar fógra iniúchadh a dhéanamh ar an ngléasra monaraíochta dá dtagraíonn na sonraí, agus scrúdóidh sé an doiciméadacht chun iontaofacht na sonraí a fhíorú.***

Leasú 496

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn V — pointe 7 — pointe f

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(f) I gcás ***ina*** bhfuil ***foghail*** déanta ***ar na rátaí mainneachtana thuasluaite nó i gcás ina mbraitear earráid mhór nó an rún atá ann caitheamh***, diúltóidh an comhlacht ***dá*** dtugtar fógra deimhniú a eisiúint ar feadh bliana ***amháin*** ar a laghad nó tarraingeoidh sé siar an deimhniú agus ***ní cheadóidh*** sé ach ***uair*** amháin tar éis ***bliain amháin nua a eisiúint***.	(f) ***Más rud é,*** i gcás ***chóras 1+, 1, 2+ nó 3+, go*** bhfuil ***fianaise ann nach bhfuil a chúram*** déanta ***i gceart ag an monaróir nó nach gcomhlíonann feidhmíocht an táirge na feidhmíochtaí dearbhaithe***, diúltóidh an comhlacht ***faoina*** dtugtar fógra deimhniú a eisiúint ar feadh bliana ar a laghad nó tarraingeoidh sé siar an deimhniú agus ***ceadóidh*** sé ***deimhniú nua a eisiúint*** ach amháin tar éis ***na heasnaimh a leigheas***.